



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0032/2023**

16.2.2023

**\*\*\*I**

# **TUARSACÁIL**

ar an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú)  
(COM(2021)0804 – C9-0470/2021 – 2021/0424(COD))

An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir don tuairim: Jerzy Buzek

(Athmhúnlú – Riail 110 de na Rialacha Nós Imeachta)

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	204
IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....	207
LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA .....	209
IARSCRÍBHINN: TUAIRIM Ó MHEITHEAL CHOMHAIRLEACH SHEIRBHÍSÍ DLÍ PHARLAIMINT NA hEORPA, NA COMHAIRLE AGUS AN CHOIMISIÚIN.....	211
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..	213
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH.....	217
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	219



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú) (COM(2021)0804 – C9-0470/2021 – 2021/0424(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach - athmhúnlú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0804),
  - ag féachaint d’Airteagail 294(2) agus 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0470/2021),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Teach Teachtaí na Seice agus Seanad na Seice, faoi chuimsiú Phrótaicail Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
  - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Bealtaine 2022<sup>1</sup>,
  - ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 10 Deireadh Fómhair 2022<sup>2</sup>,
  - ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha theicníocht an athmhúnlaithe do ghníomhartha reachtacha<sup>3</sup>,
  - ag féachaint do litir an 2 Feabhra 2023 a sheol an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla chuig an gCoiste um Thionscal, um Thaighde agus um Fhuinneamh i gcomhréir le Rialail 110(3) dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint do Rialacha 110 agus 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0032/2023),
- A. de bhrí, i gcomhréir le Meitheal Chomhairleach sheirbhísí dlíthiúla Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, nach bhfuil aon leasuithe substainteacha i

<sup>1</sup> IO C 323, 26.8.2022, lch. 101.

<sup>2</sup> IO C 498, 30.12.2022, lch. 83.

<sup>3</sup> IO C 77, 28.3.2002, lch. 1.

gceist leis an togra ón gCoimisiún, seachas na leasuithe sin a shaináithnítear sa togra mar leasuithe den sórt sin, agus de bhrí, a mhéid a bhaineann le códú na bhforálacha neamhathraithe ó na gníomhartha roimhe sin in éineacht leis na leasuithe sin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar na téacsanna atá cheana ann, gan aon athrú ina substaint;

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é, ag áireamh mholtaí Mheitheal Oibre sheirbhís dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún;
3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## Leasú 1

### LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA\*

ar an togra ón gCoimisiún

-----

2021/0424 (COD)

Togra le haghaidh

### RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh *gás* in-athnuaite agus *gás* nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,  
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh , agus go háirithe Airteagal  
194 (2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

---

\* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ■ .

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>4</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>5</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup> a leasú go suntasach roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Rialachán, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.
- (2) Is é is aidhm don mhargadh inmheánach sa ghás, atá á chur chun feidhme de réir a chéile ó 1999 ar aghaidh, ná fíor-rogha, deiseanna nua gnó agus tuilleadh trádála trasteorann a thabhairt do na tomhaltóirí uile san Aontas, cibé acu saoránaigh nó gnóthaí, chun éifeachtúlacht a mhéadú, chun praghsanna iomaíocha agus caighdeán níos airde seirbhíse a bhaint amach agus chun rannchuidiú le slándáil an tsoláthair agus leis an inbhuanaitheacht.
- (3) ***Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’ agus i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup>, leagtar síos an sprioc don Aontas a chuid astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéal 1990 faoi 2030 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar bhealach lena rannchuideofar le hiomaíochas, fás agus poist san Aontas. Ba cheart go rannchuideodh an Rialachán seo leis na spriocanna sin a bhaint amach.*** Le go mbunófar margaí gáis dícharbónaithe agus le go gcuirfear leis an aistriú fuinnimh, tá gá le sciar i bhfad níos mó d’fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh agus is gá ranníocaíocht ghníomhach tomhaltóirí i margaí iomaíocha a bheith ag gabháil leis.

---

<sup>4</sup> IO C [...], [...], lch. [...].

<sup>5</sup> IO C [...], [...], lch. [...].

<sup>6</sup> Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

<sup>7</sup> ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘an Dlí Aeráide Eorpach’) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

- (3a) *Agus aitheantas á thabhairt do na luaineachtaí a chruthaítear le róspleáchas an Aontais ar allmhairí gás nádúrtha, go háirithe maidir le soláthróir monaplach, agus a thionchar geopholaitiúil, slándála agus eacnamaíoch níos leithne, ní mór go n-áiríteofar le creat éifeachtach beartais agus rialála maidir le dul i bhfód an gháis in-athnuaite agus an gháis ísealcharbóin sa mhargadh inmheánach, agus go háirithe hidrigin, go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar an riosca go mbeadh luaineachtaí agus spleácha marthanacha nó nua ar sholáthraithe seachtracha ann. Chuige sin, ní mór aird chuí a thabhairt, sa nuachóiriú agus coimisiúnú bonneagair allmhairithe nua a nascann na Ballstáit agus an margadh inmheánach le tríú tíortha agus le soláthróirí seachtracha, ar an ngá atá le cinnteacht an tsoláthair maidir le héagsúlú na mbealaí agus na soláthróirí, lena n-áirítear trí róspleáchas aon Bhallstáit ar thír onnmhairiúcháin aonair a sheachaint.*
- (3b) *I bhfianaise fhogha míleata gan chúis agus gan údar Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus chun rioscaí ar shlándáil fuinnimh an Aontais a chosc, ba cheart gás nádúrtha, gás in-athnuaite agus gás ísealcharbóin de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó de thionscnamh comhlachtaí eile arna rialú ag daoine nó gnóthais nádúrtha nó dlítheanacha na Rúise atá bunaithe i gCónaidhm na Rúise a eisiamh ó allmhairí na mBallstát agus an Aontais.*
- (4) *Is é is aidhm don Rialachán seo córais fuinnimh dhícharbónaithe, éifeachtúla agus chomhtháite a éascú atá comhsheasmhach le teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 8 Iúil 2020 dar teideal ‘Powering a climate-neutral economy: An EU Strategy for Energy System Integration’ [Geilleagar aeráidneodrach a chumhachtú: Straitéis Eorpach um Lánpháirtíú Córas Fuinnimh] (Straitéis Eorpach um Lánpháirtíú Córas Fuinnimh), agus ‘A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe’ [Straitéis hidrigine um Eoraip aeráidneodrach], agus Moladh (AE) 2021/1749 ón gCoimisiún<sup>8</sup>. Éilítear leis na tionscnaimh sin go ndéanfar aistriú chuig córas fuinnimh níos ciorclaí a mbeidh éifeachtúlacht fuinnimh ina chroílár, go ndéanfar leictriú díreach níos mó ar earnálacha úsáide deiridh, agus tús áite á*

---

<sup>8</sup> *Moladh (AE) 2021/1749 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 dar teideal Tús áite don Éifeachtúlacht Fuinnimh: ó phrionsabail go cleachtas — Treoirilnte agus samplaí dá chur chun feidhme sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin (IO L 350, 4.10.2021, lch. 9).*



*thabhairt do réitigh atá dírithe ar an éileamh aon uair a bheidh siad níos costéifeachtaí ná infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh, agus ina n-úsáidfear breoslaí in-athnuaite, lena n-áirítear hidrigin, le haghaidh feidhmeanna úsáide deiridh i gcás nach féidir leictriú a dhéanamh, nach bhfuil sé éifeachtúil nó ina mbaineann costais níos airde leis. Dá bhrí sin, ba cheart go n-éascódh an Rialachán seo dul i bhfód an gháis in-athnuaite agus an gháis ísealcharbóin isteach sa chóras fuinnimh, rud lena gcumasófaí aistriú ón ngás iontaise, chun gur féidir ról tábhachtach a bheith ag an ngás nua sin maidir le cuspóirí aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur le haon bhacainní míchuí ina leith sin. Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo freisin creat rialála a chur ar bun a chuirfidh ar chumas na rannpháirtithe uile sa mhargadh, agus iad a dhreasú chuige, ról idirthréimhseach an gháis iontaise a chur san áireamh nuair a dhéanann na rannpháirtithe sin a ngníomhaíochtaí a phleanáil chun éifeachtaí glasála a sheachaint agus chun a áirithiú go gcuirfear deireadh de réir a chéile agus go tráthúil le húsáid an gháis iontaise, go háirithe i ngach earnáil thionsclaíoch ábhartha agus chun críoch téimh aonair, agus an bhochtaineacht mhéadaitheach fuinnimh á maolú.*

- (5) Aithnítear i straitéis hidrigin an Aontais, ós rud é nach ionann acmhainneacht Bhallstáit éagsúla an Aontais hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh, go bhfuil buntáistí tábhachtacha ag baint le margadh oscailte iomaíoch an Aontais ina bhfuil trádáil trasteorann gan bhac, ar buntáistí iad ó thaobh na hiomaíochta, na hinacmhainneachta agus cinnteacht soláthair de. Thairis sin, cuirtear i dtábhacht sa straitéis sin go n-éascófaí teacht isteach táirgeoirí nua trí bhogadh i dtreo margadh leachtach ina bhfuil an trádáil hidrigin bunaithe ar thráchtearraí agus go mbeadh sé tairbheach do chomhtháthú níos doimhne le hiompróirí fuinnimh eile. Chruthófaí leis sin comharthaí praghais inmharthana le haghaidh infheistíochtaí agus cinntí oibríochtúla. Dá bhrí sin, leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart cuidiú le margaí hidrigin, moil trádála hidrigin bunaithe ar thráchtearraí agus moil trádála leachtacha teacht chun cinn agus ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur le haon bhacainní míchuí ina leith sin. Agus aitheantas á thabhairt do na difríochtaí bunúsacha, ba cheart na rialacha atá ann cheana lena cumasaíodh oibríochtaí tráchtála éifeachtúla, oibríochtaí a forbraíodh le haghaidh na margaí leictreachais

agus gáis, agus le haghaidh trádála, ba cheart na rialacha sin a mheas le haghaidh margadh hidrigine.

- (6) [Leis an Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] déantar foráil maidir le leis an bhféidearthacht go mbeidh oibreoir comhcheangailte córas tarchurtha agus dáileacháin ann. Dá réir sin, ní éilíonn na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo go ndéanfar modhnú ar eagrú na gcóras náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin atá i gcomhréir le forálacha ábhartha na Treorach sin.
- (7) Is gá na critéir a shonrú a gcinnfear na taraifí maidir le rochtain ar an ngréasán dá réir, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad go hiomlán prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus riachtanais an mhargaidh inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith agus chun go gcuirfear san áireamh ina iomláine an gá atá le sláine an chórais agus go léireofar na costais iarbhir a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus inchomparáide go struchtúrach agus a mhéid atá na costais trédhearcach, agus, ag an am céanna, fáltas iomchuí ó infheistíocht á áireamh ann, agus comhtháthú *an ghás* in-athnuaite agus *an gháis* ísealcharbóin a chumasú. Comhlánaítear na rialacha maidir le taraifí um rochtain ar an ngréasán atá sa Rialachán seo le tuilleadh rialacha maidir le taraifí um rochtain ar an ngréasán, go sonrach sna cóid ghréasáin agus treoirlínte a glacadh ar bhonn an Rialacháin seo, [in TEN-E Rialachán arna mholadh in COM(2020) 824 final], [an Rialachán maidir le Meatán arna mholadh in COM(2021) xxx], Treoir (AE) 2018/2001 agus [an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh arna moladh in COM(2021) 558 final].
- (8) Go ginearálta, is é is éifeachtúla an bonneagar a mhaoiniú leis an ioncam a fhaightear ó úsáideoirí an bhonneagair sin agus tras-fhóirdheontais a sheachaint. Thairis sin, bheadh tras-fhóirdheontais den sórt sin, i gcás sócmhainní rialáilte, ar neamhréir le prionsabal ginearálta na dtaraifí costas-léiritheacha. I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh na tras-fhóirdheontais sin sochair shoचाíoचा a thabhairt, go háirithe le linn na gcéimeanna is luaithe d'fhorbairt an ghréasáin i gcás nach leor an acmhainn chonarthaigh i gcomparáid leis an acmhainn theicniúil agus i gcás ina bhfuil éiginnteacht shuntasach ann maidir le cé huair a thiocfaidh an t-éileamh ar acmhainn a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tras-fhóirdheontais rannchuidiú le taraifí réasúnta agus intuairthe d'úsáideoirí gréasán luatha agus leis an riosca a

bhaint d’infheistíochtaí d’oibreoirí gréasáin, **rud a** d’fhéadfadh, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le timpeallacht infheistíochta lena dtacófaí le cuspóirí dícharbónaithe **an Aontais. Chun tras-fhóirdheontais mhíchuí agus iomarcacha a sheachaint i measc na gcead úsáideoirí gréasán hidrigine agus ina measc siúd a bheith ann amach anseo, ba cheart d’oibreoirí gréasán hidrigine a bheith in ann costais forbartha gréasáin a roinnt thar thréimhse ama trína ligean do na Ballstáit foráil a dhéanamh don fhéidearthacht go n-íocfadh úsáideoirí amach anseo cuid de na costais tosaigh, trí bhíthin sásra um leithdháileadh idir-ama costas. Ba cheart modheolaíocht agus gnéithe an tsásra sin a bheith formheasta ag an údarás rialála. Ba cheart go mbeadh ráthaíocht Stáit ag gabháil leis an sásra chun riosca airgeadais na n-oibreoirí gréasán hidrigine a chumhdach. Mar rogha dheiridh i gcás nach bhfuil roghanna níos costéifeachtúla ar fáil, ba cheart go mbeadh an t-údarás rialála in ann, ar bhonn measúnú tionchair, aistrithe airgeadais a cheadú idir seirbhísí rialála ar leithligh ó ghréasáin gháis agus hidrigine.** Níor cheart d’úsáideoirí líonra i mBallstáit eile tras-fhóirdheontais a mhaoiniú **agus**, dá bhrí sin, is iomchuí maoiniú a bhailiú do thras-fhóirdheontais ó phointí imeachta chuig custaiméirí deiridh laistigh den Bhallstát céanna, agus ó na pointí sin amháin. Thairis sin, ós rud é gurb eisceachtúil na tras-fhóirdheontais, ba cheart a áirithiú go bhfuil siad comhréarach, trédhearcach, teoranta ó thaobh ama agus ba cheart iad a shocrú faoi mhaoirseacht rialála, **faoi réir fógra a thabhairt don Choimisiún agus moladh a fháil ó ACER.**

- (9) Ní mór úsáid socruithe margadh-bhunaithe, amhail ceantanna, chun taraifí a chinneadh a bheith comhoiriúnach leis na forálacha sa Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx agus i Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún.
- (10) Is gá sraith íosta chomhchoiteann seirbhísí rochtana tríú páirtí chun comhchaighdeán íosta rochtana a sholáthar go praiticiúil ar fud an Aontais , chun a áirithiú go bhfuil na seirbhísí rochtana tríú páirtí sách comhoiriúnach lena chéile agus le gur féidir na sochair a fhabhróidh ó mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha atá ag feidhmiú go maith a shaothrú.
- (11) Ba cheart socruithe maidir le rochtain tríú páirtithe a bheith bunaithe ar na prionsabail a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba dhíol sásaimh cheana d’Fhóram

Mhaidrid XXIV i mí Dheireadh Fómhair eagrú na gcóras isteach-amach, lenar féidir gás a leithdháileadh saor in aisce ar bhonn acmhainn dhocht. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhíniú a thabhairt isteach ar chóras isteach-amach agus comhtháthú leibhéal an chórais dáileacháin sa chrios comhardúcháin a áirithiú, rud a chuideodh le cothrom iomaíochta a bhaint amach don **ghás** in-athnuaite agus don **ghás** ísealcharbóin atá nasctha leis an leibhéal tarchuir nó dáileacháin. Ba cheart socrú taraife na n-oibreoirí córais dáileacháin agus eagrú an leithdháileacháin acmhainne idir an córas tarchurtha agus dáileacháin a fhágáil faoi na húdaráis rialála ar bhonn na bprionsabal a chumhdaítear [sa Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx].

- (12) Ba cheart rochtain ar an gcóras iontrála-scoir a bheith bunaithe go ginearálta ar acmhainneacht dhocht. Ba cheart ceangal a bheith ar oibreoirí gréasáin comhoibriú ar bhealach lena n-uasmhéadaítear an tairiscint d'acmhainn dhocht, rud a chuireann ar chumas d'úsáideoirí gréasán an gás atá ag teacht isteach nó ag imeacht ar bhonn acmhainn dhocht a leithdháileadh go héasca ar aon phointe iontrála nó scoir sa chóras iontrála-scoir céanna.
- (13) Ba cheart acmhainn choinníollach a thairiscint nuair nach bhfuil oibreoirí gréasáin in ann acmhainn dhocht a thairiscint, agus sa chás sin amháin. Ba cheart d'oibreoirí gréasáin na coinníollacha maidir le hacmhainn choinníollach a shainiú ar bhonn srianta oibríochtúla ar bhealach trédhearcach soiléir. Ba cheart don údarás rialála a áirithiú go bhfuil teorainn le líon **agus cineál** na dtáirgí acmhainne coinníollaí chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint agus chun a áirithiú go comhlíontar an prionsabal maidir le rochtain éifeachtúil tríú páirtí a áirithiú a sholáthar.
- (14) Ba cheart go mbainfí amach leibhéal dóthanach maidir le hacmhainn idirnáisc trasteorann gáis agus go gcuirfí comhtháthú chun cinn chun an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chomhlánú.
- (14a) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 dar teideal 'REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach le haghaidh fuinneamh atá níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe', iarrtar (iarann RePowerEU) go ndéanfaí gníomhaíocht go práinneach chun maolú a dhéanamh ar thionchar mhéadú na bpraghsanna fuinnimh, chun soláthar gáis an Aontais a éagsúlú agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Chun go mbeidh gás in-**

*athnuaite, amhail bithmheatán agus bithghás, in ann a ról tábhachtach a imirt chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach táirgeadh 35 bhilliún méadar ciúbach (bcm) de bhithmheatán in aghaidh na bliana laistigh den Aontas a bhaint amach faoi 2030. Ach an méid sin a bhaint amach, ba cheart go bhféadfaí 20 % d'allmhairí an gháis nádúrtha ón Rúis a ionadú le rogha mhalartach atá inbhuanaithe, níos saoire agus a tháirgtear go háitiúil, chomh maith le córas fuinnimh níos athléimní agus níos inbhuanaithe a chur ar fáil don Aontas. Tá sprioc 2030 don bhithmheatán bunaithe ar na réamh-mheastacháin tosaigh ar acmhainneacht an táirgthe bithgháis agus bithmheatáin<sup>9</sup>, agus cuirtear san áireamh léi athruithe móra i réimse an fhuinnimh amhail praghsanna arda reatha an gháis nádúrtha agus sraith leathan beart breise a chuirtear i láthair i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 15 Bealtaine 2022 dar teideal 'Implementing the RepowerEU action plan: investment needs, hydrogen accelerator and achieving the bio-methane targets'[Plean gníomhaíochta RepowerEU a chur chun feidhme: riachtanais infheistíochta, luasaire hidrigine agus na spriocanna bithmheatáin a bhaint amach] ina ndírítear ar tháirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe agus ar a húsáid a leathnú. Chun go ndéanfar an t-uas-scálú sin go 35 bcm, ní hé hamháin gur cheart comhtháthú margaidh an gháis inathnuaite a chothú, ach ba cheart an bonneagar is gá a fhorbairt in am trátha freisin. Go sonrach, is é atá i gceist leis sin cur chuige straitéiseach a fhorbairt, bunaithe ar léarscáileanna réigiúnacha ina sainaithearnáir na ceantair is mó acmhainneacht chun bithghás agus bithmheatán inbhuanaithe a tháirgeadh ó bhithmhais, chun na bacainní teicniúla atá ann cheana a shárú chun borradh a chur faoin mbithmheatán inbhuanaithe laistigh den Aontas agus chun bithmheatán a chomhtháthú go hiomlán sa chóras gáis atá ann faoi láthair.*

- (15) Tá gá le comhar agus comhordú méadaithe idir na hoibreoírí córais tarchurtha agus, i gcás inarb ábhartha, oibreoírí córais dáileacháin, chun cóid ghréasáin a chruthú lena

---

<sup>9</sup> *Staidéar 'Assistance to assessing options improving market conditions for bio-methane and gas market rules'[Cúnamh chun measúnú a dhéanamh ar roghanna lena bhfeabhsaítear dálaí margaidh do rialacha margaidh an bhithmheatáin agus an gháis] a rinneadh chun tacú leis an measúnú tionchair ar an bpacáiste dícharbónaithe hidrigine agus gáis. [https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/d24343db-5ee8-11ec-9c6c-01aa75ed71a1/language-en?pk\\_campaign=ENER%20Newsletter%20December%202021](https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/d24343db-5ee8-11ec-9c6c-01aa75ed71a1/language-en?pk_campaign=ENER%20Newsletter%20December%202021)*

soláthrófar agus lena mbainisteofar rochtain éifeachtach agus thrédhearcach ar na gréasáin tarchurtha thar theorainneacha, agus chun pleanáil atá comhordaithe agus réamhbhreathnaitheach go leor agus forás fóna teicniúil a áirithiú don chóras gáis nádúrtha san Aontas, lena n-áirítear acmhainní idirnáisc a chruthú, ag féachaint go cuí don chomhshaol. Ba cheart go mbeadh na cóid ghréasáin sin i gcomhréir leis na creat-treoirlínte ar de chineál neamhcheangailteach iad (creat-treoirlínte) agus a d'fhorbair Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) arna bunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>10</sup>. Ba cheart ról a bheith ag ACER maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtchóid ghréasáin de réir ábhair fíoras, lena n-áirítear athbhreithniú i dtaobh an gcomhlíonann siad na creat-treoirlínte, agus ba cheart ACER a chumasú chun a mholadh don Choimisiún na dréachtchóid ghréasáin sin a ghlacadh. Ba cheart do ACER measúnú a dhéanamh ar leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na cóid ghréasáin agus ba cheart ACER a chumasú chun a mholadh don Choimisiún na cóid ghréasáin a ghlacadh. Ba cheart go n-oibreodh oibreoirí córas tarchurtha a ngréasáin i gcomhréir leis na cóid ghréasáin sin..

- (16) Chun go n-áiritheofar bainistiú optamach an ghréasáin tarchurtha gáis san Aontas, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le **comheagraíocht AE** d'Oibreoirí Córas Tarchurtha **Gáis agus d'Oibreoirí Gréasáin Hidrigine (ENTSOG&H)**. Ba cheart go gcuirfí cúraimí **ENTSOG&H** i gcrích i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais is infheidhme maidir le cinntí **ENTSOG&H**. Ba cheart cúraimí **ENTSOG&H** a shainiú ar bhealach soiléir agus ba cheart a áirithiú lena mhodh oibre éifeachtúlacht, cineál ionadaíoch agus trédhearcacht **ENTSOG&H**. Níl sé beartaithe go ngabhfadh na cóid ghréasáin a ullmhaíonn **ENTSOG&H** ionad na gcód gréasáin náisiúnta atá riachtanach maidir le saincheisteanna nach saincheisteanna trasteorann iad. De bhrí go bhféadfar dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh trí chur chuige ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha struchtúir réigiúnacha a chur ar bun laistigh den struchtúr comhair foriomlán, agus go n-áiritheofaí ag an am céanna go mbeadh na torthaí ar an leibhéal réigiúnach comhoiriúnach le cóid ghréasáin agus le pleananna forbartha gréasáin neamhcheangailteacha deich mbliana **don ghás agus**

---

<sup>10</sup> Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.

*don hidrigin ar* leibhéal an Aontais. Maidir le comhar laistigh de struchtúir réigiúnacha den sórt sin, glactar leis go bhfuil díchuachadh éifeachtach á dhéanamh amhail idir gníomhaíochtaí gréasáin agus gníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair. In éagmais díchuachadh den sórt sin, tá riosca iompair frithiomaíochta ann mar gheall ar chomhar réigiúnach idir oibreoirí córais tarchurtha. Ba cheart do na Ballstáit an comhar ar leibhéal réigiúnach a chur chun cinn mar aon le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an ghréasáin ar an leibhéal sin. Ba cheart go mbeadh an comhar ar leibhéal réigiúnach comhoiriúnach leis an dul chun cinn i ndáil le margadh inmheánach iomaíoch agus éifeachtúil a bhaint amach i gcúrsaí gás.

- (17) D’fhonn breis trédhearcachta a áirithiú maidir le forbairt an ghréasáin iomláin tarchurtha gáis san Aontas, ba cheart do **ENTSOG&H** plean forbartha gréasáin uile-Aontais neamhcheangailteach deich mbliana *don ghás agus don hidrigin* ar bhonn cás comhpháirteach agus ar bhonn na samhla idirnasctha a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a uasdátú go rialta (plean forbartha gréasáin uile-Aontais). ***Ba cheart an plean forbartha gréasáin uile-Aontais a fhorbairt tar éis próiseas trédhearcach lena mbaineann comhairliúchán poiblí fóinteach, agus beidh sé bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus eolaíocha. Chuige sin, ba cheart do ENTSOG&H ról a thabhairt do chomhlachtaí eolaíocha neamhspleácha, amhail an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/1119, i bhforbairt pleananna.*** Ba cheart go ndéanfaí gréasáin inmharthana tarchurtha gáis agus na hidirnaisc réigiúnacha is gá, atá ábhartha ó thaobh tráchtála nó chinnteacht soláthair de, a chur san áireamh sa phlean forbartha gréasáin sin. ***Leis an bplean forbartha gréasáin, ba cheart go ndéanfaí bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus comhtháthú an chórais fuinnimh a chur chun cinn, agus ba cheart go rannchuideofaí le húsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha agus le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach.***
- (18) Chun iomaíocht a fheabhsú trí mhargaí mórdhíola leachtacha sa ghás, tá sé ríthábhachtach go bhféadfaí an gás a thrádáil go neamhspleách ar an suíomh atá aige sa chóras. An t-aon slí chun é seo a dhéanamh is ea trí shaoirse a thabhairt d’úsáideoirí an ghréasáin acmhainn iontrála sa chóras agus acmhainn scoir as an gcóras a chur in áirithe go neamhspleách ar a chéile, agus sa chaoi sin iompar gáis a chruthú trí chriosanna seachas trí chonairí conarthacha. Chun saoirse na hacmhainne



áirithinte a áirithiú go neamhspleách ag pointí iontrála agus scoir, níor cheart, dá bhri sin, taraifí arna socrú do phointe iontrála amháin a bheith bainteach leis an taraif a socraíodh do phointe scoir amháin, agus vice versa, agus ba cheart iad a thairiscint i dtaca leis na pointí sin ar leithligh agus gan na muirir iontrála agus scoir a chur le chéile sa taraif i bpraghas aonair.

- (19) Cé go ndéantar, le Rialachán (AE) 312/2014 ón gCoimisiún lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Ghréasáin Tarchurtha, foráil maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le rialacha teicniúla a bhunú lena bhforbraítear réimis chomhardúcháin, fágann sé roghanna éagsúla maidir le dearadh gach réimis chomhardúcháin a chuirtear i bhfeidhm i gcóras sonrach iontrála-scoir. Mar thoradh ar an meascán roghanna a dhéanfar, d'fhéadfadh sé go mbeadh réimeas comhardúcháin sonrach ann is infheidhme maidir le córas sonrach iontrála-scoir agus a dtugann aird ar chríocha na mBallstát den chuid is mó faoi láthair.
- (20) Is ar úsáideoirí an ghréasáin a bheidh an fhreagracht a n-ionchuir a chothromú le hais an mhéid a thógann siad ó ardáin trádála a bhunaítear chun an trádáil gáis idir úsáideoirí an ghréasáin a éascú ar bhealach níos fearr. Chun **gás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin a chomhtháthú níos fearr laistigh den chóras isteach-amach, ba cheart leibhéal an chórais dáileacháin a chumhdach, **a mhéid is féidir**, sa chrios comhardúcháin freisin. Ba cheart an pointe trádála fíorúil a úsáid chun gás a mhalartú idir cuntais chomhardaithe úsáideoirí an ghréasáin.
- (21) Ní chiallaíonn tagairtí do chonarthaí comhchuiibhithe iompair i gcomhthéacs na rochtana neamh-idirdhealaithí ar ghréasán oibreoirí na gcóras tarchurtha gur gá gurb ionann téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí iompair atá ag oibreoir córais ar leith i mBallstát amháin agus téarmaí agus coinníollacha oibreora eile córais sa Bhallstát sin nó i mBallstát eile, mura rud é go leagtar síos ceanglais íosta nach mór iad a chomhlíonadh sna conarthaí iompair uile.
- (22) Tá gá le rochtain chomhionann ar fhaisnéis maidir le stádas fisiceach agus le héifeachtúlacht an chórais ionas go mbeidh rannpháirtithe uile an mhargaidh in ann staid fhoriomlán an éilimh agus an tsoláthair a mheasúnú agus go mbeidh siad in ann na cúiseanna leis na hathruithe ar an bpraghas mórdhíola a shainithint. Áirítear leis sin, faisnéis níos cruinne ar sholáthar agus ar éileamh, ar acmhainn an ghréasáin ar shreabha agus ar chothabháil, ar cothromú agus ar infhaighteacht agus úsáid stórála.



Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis sin d'fheidhmiú an mhargaidh, is gá maolú ar na srianta atá ann cheana ar fhoilsiú ar chúiseanna rúndachta.

- (23) Maidir le ceanglais rúndachta i leith faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, tá siad ábhartha go háirithe i gcás ina mbaineann siad le sonraí de chineál straitéiseach ó thaobh tráchtála don chuideachta lena mbaineann, i gcás nach bhfuil ach úsáideoir aonair amháin ann do shaoráid stórála, nó i gcás ina mbaineann sonraí le pointí scoir laistigh de chóras nó d'fhochóras nach bhfuil nasctha le córas tarchurtha ná dáileacháin eile ach atá nasctha le custaiméir deiridh tráchtála aonair, i gcás ina nochtadh foilsiú sonraí den sórt sin faisnéis rúnda maidir le próiseas táirgthe an chustaiméara sin.
- (24) D'fhonn muinín sa mhargadh a fheabhsú, ní foláir do na rannpháirtithe a bheith cinnte go bhféadfar iad siúd a ghabhann do mhí-úsáid a chur faoi réir pionós atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart go dtabharfaí an inniúlacht do na húdaráis inniúla chun líomhaintí maidir le mí-úsáid an mhargaidh a fhiosrú go héifeachtach. Chun na críche sin, is gá rochtain a bheith ag na húdaráis inniúla ar shonraí ina bhfuil faisnéis maidir le cinntí oibríochtúla a ghlacann gnóthais soláthair. I margadh an gháis, déantar na cinntí sin go léir a chur in iúl do na hoibreoirí córais i bhfoirm forchoimeádas acmhainne, ainmniúcháin agus sreabha réadaithe, Ba cheart d'oibreoirí córais faisnéis i dtaca leis sin a choimeád ar fáil do na húdaráis inniúla, agus rochtain éasca a bheith ag na húdaráis sin uirthi, go ceann tréimhse socraithe. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanadh na húdaráis inniúla faireachán go tráthrialta ar chomhlíonadh na rialacha ar thaobh na n-oibreoirí córais tarchurtha.
- (25) Ní leor an rochtain atá ann ar shaoráidí stórála gáis nádúrtha, saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) **agus saoráidí hidrigine, nó ní ann dóibh**, i roinnt Ballstát, agus is gá, dá bhrí sin, cur chun feidhme na rialacha atá ann cheana a fheabhsú **maidir le trédhearcacht agus le cuspóirí theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 maidir le Plean REPowerEU ('Plean REPowerEU')**, go háirithe **spleáchas an Aontais ar acmhainní fuinnimh na Rúise a laghdú go mear**. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an bhfeabhas sin acmhainneacht agus glacadh **an gháis** in-athnuaite agus **an gháis ísealcharbóin, go háirithe hidrigin agus bithmheatán,**

maidir leis na saoráidí sin sa mhargadh inmheánach *agus réitigh ar thaobh an éilimh*. Is é an tátal a baineadh as faireachán Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Leictreachas agus Ghás ná nach gcuirtear i bhfeidhm go leordhóthanach na treoirlínte deonacha maidir le cleachtas rochtana tríú páirtí le haghaidh oibreoirí na gcóras stórála, ar treoirlínte iad ar chomhaontaigh na geallsealbhóirí go léir orthu ag Fóram Mhaidrid, agus nach mór, dá bhrí sin, na treoirlínte sin a bheith ceangailteach.

- (26) nua Is sásraí tábhachtacha iad córais chomhardúcháin neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha maidir le gás nádúrtha a oibríonn oibreoirí na gcóras tarchurtha, go háirithe maidir le hiontrálaithe nua ar an margadh a bhféadfadh níos mó deacrachta a bheith acu a bpunann fhoriomlán díolacháin a chomhardú ná mar atá ag cuideachtaí atá bunaithe cheana laistigh den mhargadh ábhartha. Is gá, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos chun a áirithiú go n-oibreoidh oibreoirí na gcóras tarchurtha sásraí den sórt sin ar dhóigh atá comhoiriúnach le coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha agus éifeachtacha rochtana ar an ngréasán.
- (27) Ba cheart go n-áiritheodh na hÚdaráis rialála comhlíonadh na rialacha atá sa Rialachán seo agus na gcód agus na dtreoirlínte gréasáin arna nglacadh dá bhun.
- (28) Sna treoirlínte atá i gceangal leis an Rialachán seo, sainítear rialacha níos mionsonraithe. I gcás inarb iomchuí, ba cheart go dtiocfadh éabhlóid ar na rialacha sin le himeacht ama, agus na difríochtaí idir na córais náisiúnta gáis á gcur san áireamh mar aon lena bhforbairt.
- (29) Le linn leasú ar na Treoirlínte atá san Iarscríbhinn atá i gceangal leis an Rialachán seo a mholadh, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go rachfaí i gcomhairle roimh ré leis na páirtithe ábhartha uile a bhfuil baint acu leis na Treoirlínte, arb iad na heagraíochtaí gairmiúla a n-ionadaithe, agus leis na Ballstáit laistigh d'Fhóram Mhaidrid.
- (30) Ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit agus ar na húdaráis náisiúnta inniúla, *arna iarraidh sin*, faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún. *Ba cheart go n-áireofaí san iarraidh ar an bhfaisnéis na cúiseanna leis an bhfaisnéis a bheith riachtanach chun an Rialachán seo a chur chun feidhme*. Ba cheart don Choimisiún déileáil le faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda.

- (31) Beidh an Rialachán seo agus na cóid ghréasáin agus na treoirlínte a ghlacfar i gcomhréir leis gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht.
- (32) Ba cheart do na Ballstáit agus do Chomhpháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh dul i ndlúthchomhar ar chúrsaí a bhaineann le réigiún comhtháite trádála gáis a fhorbairt agus níor cheart dóibh aon bheart a dhéanamh a chuirfeadh comhtháthú breise na margáí gáis nádúrtha, ná cinnteacht soláthair na mBallstát agus na gComhpháirtithe Conarthacha, i mbaol.
- (33) D'fhéadfaí a cheadú d'oibreoirí córais tarchurtha stóráil gáis nádúrtha a chur in áirithe chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích agus chun críocha chinnteacht an tsoláthair agus chun na críche sin amháin. D'fhéadfaí na stoic straitéiseacha sin a líonadh trí bhíthin ceannach comhphárteach trí úsáid a bhaint as an ardán trádála a luaitear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais. Ionas nach gcuirfí isteach ar fheidhmiú rialta an mhargaidh, ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha a bheith in ann gáis nádúrtha a aistarraingt chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích nó i gcás staid éigeandála fógartha, mar a luaitear in Airteagal 11(1) den Rialachán sin, agus sna cásanna sin amháin.
- (34) I gcás ina ndéantar margáí réigiúnacha a chomhtháthú, ba cheart do na hoibreoirí córais tarchurtha agus do na húdaráis rialála ábhartha aghaidh a thabhairt ar shaincheistean a bhfuil tionchar trasteorann acu, amhail struchtúir taraifí, réimeas cothromúcháin, acmhainní ag na pointí trasteorann atá fágtha, pleananna infheistíochta agus comhlíonadh chúraimí na n-oibreoirí córais tarchurtha agus na n-údarás rialála.
- (35) Leis an aistriú fuinnimh agus comhtháthú leanúnach an mhargaidh, éileofar tuilleadh trédhearcachta maidir le hioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam an oibreora córais tarchurtha. Déanfar roinnt cinntí a bhaineann le líonraí gáis nádúrtha bunaithe de réir na faisnéise sin. Mar shampla, tá gá le níos mó trédhearcachta ná mar atá ann faoi láthair chun sócmhainní tarchuir a aistriú ó ghréasán gáis nádúrtha chuig gréasán hidrigine nó chun sásra cúitimh idir-OCT (ITC) a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tá gá le soiléireacht maidir leis an éileamh ar ghás nádúrtha agus na réamh-mheastacháin costais araon le haghaidh an mheasúnaithe ar fhorbairt na dtaraifí go

fadtéarmach. Leis an trédhearcacht, ba cheart na measúnaithe ar fhorbairt na dtaraifí go fadtéarmach a bheith indéanta. Ba cheart do na húdaráis rialála, go sonrach, faisnéis a sholáthar faoin modheolaíocht a úsáidtear chun ioncam na n-oibreoírí córais tarchurtha a ríomh, luach a sócmhainbhunú rialála agus a dímheas le himeacht ama, luach an chaiteachais oibríochtúil, costas an chaipitil a chuirtear i bhfeidhm ar oibreoírí córais tarchurtha agus na dreasachtaí agus na préimheanna a chuirtear i bhfeidhm.

- (36) Is costais sheasta den chuid is mó iad caiteachais na n-oibreoírí córais tarchurtha. Tá a samhail ghnó agus na creataí rialála náisiúnta atá ann faoi láthair bunaithe ar an toimhde go n-úsáidfead go fadtéarmach a ngréasáin lena mbaineann tréimhsí fada dímheasa (30 go 60 bliana). I gcomhthéacs an aistriúcháin fuinnimh, ba cheart na húdaráis rialála a bheith in ann an t-éileamh ar ghás a réamh-mheas chun na socruithe rialála a mhodhnú in am trátha agus chun cosc a chur ar an gcás ina mbeadh aisghabháil costas na n-oibreoírí córais tarchurtha trí tharaifí ina bhgairt ar an inacmhainneacht le haghaidh tomhaltóirí mar gheall ar chóimheas méadaitheach costas socraithe leis an éileamh ar ghás. I gcás inar gá, d'fhéadfaí, mar shampla, próifíl dímheasa nó íocaíocht na sócmhainní tarchuir a mhodhnú.
- (37) Ba cheart an trédhearcacht maidir le hoibreoírí córais tarchurtha a cheadaítear nó maidir leis an sprioc-ioncam a mhéadú chun gur féidir le húsáideoirí gréasáin tagarmharcáil agus measúnú a dhéanamh. Chomh maith leis sin, ba cheart leis an trédhearcacht mhéadaithe comhar trasteorann agus bunú sásraí ITC idir oibreoírí a éascú ar mhaithe le comhtháthú réigiúnach ■ .

■

- (40) Chun an éifeachtúlacht a mhéadú i ngréasáin dáileacháin gáis nádúrtha san Aontas agus chun an dlúthchomhar le hoibreoírí córais tarchurtha agus leis an **ENTSO-G&H** a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh d'eintiteas Eorpach d'oibreoírí córais dáileacháin san Aontas ('eintiteas AE do OCDanna'), lena n-áirítear oibreoírí córais tarchurtha gáis nádúrtha. Ba cheart cúraimí an eintitis AE do OCDanna a shainiú ar bhealach soiléir agus ba cheart lena mhodh oibre éifeachtúlacht, trédhearcacht agus ionadaíocht a áirithiú i measc oibreoírí córais tarchurtha an Aontais. Ba cheart don eintiteas AE do OCDanna dul i ndlúthchomhar leis an **ENTSO-G&H** maidir leis na cóid ghréasáin a ullmhú agus a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme sin, agus

ba cheart dó oibriú chun treoir a thabhairt maidir le comhtháthú inter alia ar ghiniúint dháilte i réimsí eile a bhaineann le bainistiú na ngréasán dáileacháin.

- (41) Tá ról tábhachtach ag oibreoírí córais dáileacháin maidir le **gás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin a chomhtháthú sa chóras, mar shampla, tá thart ar leath den acmhainn táirgthe bithmheatáin nasctha leis an eangach dáileacháin. Chun rannpháirtíocht **an gháis sin** sa mhargadh mórdhíola a éascú, ba cheart rochtain ar an bpointe trádála fíorúil a bheith ag saoráidí táirgthe atá nasctha leis an eangach dáileacháin i ngach Ballstát. Ina theannta sin, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, ba cheart d'oibreoírí córais dáileacháin agus d'oibreoírí córais tarchurtha oibriú le chéile chun sreafaí cultreo ón dáileadh go dtí an gréasán tarchurtha a chumasú nó chun comhtháthú an chórais dáileacháin a áirithiú trí mhodhanna malartacha, arb ionann an éifeachtacht leo, chun comhtháthú margaidh **gáis** in-athnuaite agus **gáis** ísealcharbóin a éascú.
- (42) Le comhtháthú líon méadaitheach **gáis** in-athnuaite agus **gáis** ísealcharbóin i gcóras gáis nádúrtha na hEorpa, athrófar cáilíocht an gháis nádúrtha a iompraítear agus a ídítear san Eoraip. Chun sreabhadh trasteorann gáis nádúrtha gan bhac a áirithiú, idir-inoibritheacht na margáí a choinneáil ar bun agus comhtháthú margaidh a chumasú, is gá an trédhearcacht a mhéadú maidir le cáilíocht an gháis agus maidir leis na costais a bhaineann lena bhainistiú, is gá foráil a dhéanamh do chur chuige comhchuibhithe maidir le róil agus freagrachtaí na n-údarás rialála agus na n-oibreoírí córais agus an comhordú trasteorann a threisiú. Agus cur chuige comhchuibhithe á áirithiú le haghaidh pointí idirnáisc trasteorann maidir le cáilíocht an gháis, ba cheart solúbthacht na mBallstát a choinneáil ar bun maidir le caighdeáin cháilíochta gáis a chur i bhfeidhm ina gcórais intíre gáis nádúrtha.
- (43) ***Ba cheart go mbeadh hidrigin a chumasc sa chóras gáis nádúrtha ina réiteach rogha deireanaí***, toisc nach bhfuil sé chomh héifeachtúil i gcomparáid le húsáid hidrigine ina foirm íon, agus go laghdaítear luach na hidrigine leis. Tá tionchar aige sin freisin ar oibriú an bhonneagair gáis, ar fheidhmiú ar leibhéal na n-úsáideoirí deiridh, agus ar idir-inoibritheacht na gcóras trasteorann. ***Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgeadh agus a úsáid ina bhfoirm íon sna hearnálacha atá deacair a dhícharbónú, amhail i bhfeidhmeanna tionscail agus iompair.*** Ba cheart ***gach***

*iarracht a dhéanamh, áfach, úsáid hidrigine a sheachaint le haghaidh feidhmeanna a bhfuil roghanna malartacha atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de ann ina leith, amhail téamh foirgneamh, agus táirgeadh uisce the le haghaidh úsáide sláintíochta agus teasa ar ghrád íseal le haghaidh próisis thionsclaíocha. Leis an Rialachán seo, ba cheart na húsáidí hidrigine is éifeachtúla a chur chun cinn, ach ba cheart do na Ballstáit an deis a choinneáil cinneadh a dhéanamh maidir le cumasc a chur i bhfeidhm. **Dá bhrí sin**, mhaolófaí an riosca deighilte margaidh le rialacha comhchuibhithe maidir le comhordú ar shrianta trasteorann de bharr difríochtaí sna leibhéil chumaisc hidrigine. ■*

- (44) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh próiseas láidir trasteorann ann idir na hoibreoírí córais tarchurtha maidir le cáilíocht an gháis, lena n-áirítear bithmheatán agus cumaisc hidrigine, ionas go n-éascófar iompar éifeachtúil an gháis nádúrtha ar fud na gcóras gáis nádúrtha laistigh den Aontas agus ar an gcaoi sin aistriú i dtreo comhtháthú níos mó ar an margadh inmheánach. Le ceanglais trédhearcachta fheabhsaithe maidir le paraiméadair cháilíochta gáis, lena n-áirítear maidir le holl-luach calrach, Innéacs Wobbe agus cion ocsaigine, agus cumaisc hidrigine agus a bhforbairt le himeacht ama in éineacht le hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe, ba cheart cur le dea-fheidhmiú margaidh inmheánaigh an gháis nádúrtha atá oscailte éifeachtúil.
- (45) Chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i ndáil le heilimintí neamhriachtanacha de réimsí sonracha áirithe a bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leo maidir le comhtháthú margaidh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>11</sup>. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú agus gníomhartha tharmligthe á n-ullmhú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gach doiciméad a fháil ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart cead a

<sup>11</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

bheith ag a gcuid saineolaithe i gcónaí freastal ar chruinnithe grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin atá ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. **Ba cheart don Choimisiún a áirithiú freisin go mbeidh rochtain ag an bpobal ar na doiciméid uile a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin i dtaca leis na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.**

- (46) Le Rialachán (AE) 2015/703<sup>12</sup> ón gCoimisiún, leagtar amach rialacha maidir le hidir-inoibritheacht agus malartú sonraí le haghaidh an chórais gáis nádúrtha, go háirithe i ndáil le comhaontuithe idirnáisc, lena n-áirítear rialacha maidir le rialú sreafa, prionsabail tomhais le haghaidh cainníocht agus cáilíocht gáis, rialacha maidir leis an bpróiseas meaitseála agus cainníochtaí gáis a leithdháileadh, nósanna imeachta cumarsáide i gcás imeachtaí eisceachtúla; tacar chomhchoiteann aonad, cáilíocht an gháis, lena n-áirítear rialacha maidir le srianta trádála trasteorann a bhainistiú i ngeall ar dhifriochtaí i gcáilíocht an gháis i geleachtais bholaíthe, san fhaireachán gearrthéarmach agus fadtéarmach ar cháilíocht an gháis agus i soláthar faisnéise; malartú sonraí, agus tuairisciú ar cháilíocht an gháis; an trédhearcacht, an chumarsáid, an soláthar faisnéise agus comhar idir rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh.
- (47) Chun go n-áiritheofar bainistiú optamach an ghréasáin tarchurtha hidrigine agus chun go mbeifear in ann trádáil a dhéanamh sa hidrigin agus í a sholáthar thar theorainneacha san Aontas, ba cheart go ***n-athainmneofaí an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSO-G) mar chomheagraíocht AE d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis agus d'Oibreoirí Gréasáin Hidrigine (ENTSO-G&H) agus ba cheart Oibreoirí Gréasáin Hidrigine a ionchorprú ina bhallaíocht, agus ba cheart a chúraimí a leathnú chun gníomhaíochtaí hidrigine a áireamh ann.*** Ba cheart na cúraimí **sin** a dhéanamh i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais, ba cheart go saineofaí go maith iad agus ***ba cheart go gcuirfí i gcrích iad ar bhealach ionadaíoch do ghás agus do hidrigin.*** Ba cheart a áirithiú le modh oibre ***ENTSO-G&H*** éifeachtúlacht ***agus*** trédhearcacht **sin**. Níor cheart go ngabhfaidh na cóid ghréasáin a ullmhaíonn an ***ENTSO-G&H*** in ionad na gcód

---

<sup>12</sup> Rialachán ón gCoimisiún (AE) 2015/703 an 30 Aibreán 2015 lena mbunaítear cóid gréasáin maidir le hidir-inoibritheacht agus rialacha maidir le malartú sonraí (IO L 113, 1.5.2015, lch. 13).

gréasáin náisiúnta atá riachtanach maidir le saincheistean nach saincheistean trasteorann iad.

(49) D'fhonn **an trédhearcacht agus an éifeachtúlacht** a áirithiú maidir le forbairt an ghréasáin iomláin tarchurtha hidrigine san Aontas, ba cheart don **ENTSO-G&H** plean forbartha gréasáin uile-Aontais **aonair** neamhcheangailteach deich mbliana le haghaidh **gáis agus** hidrigine a bhunú, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, **agus aird chuí á tabhairt ar** na riachtanais a bhaineann **leis an dá chineál gáis agus** le margaí hidrigine a fhorbairt. Ba cheart gréasáin inmharthana tarchurtha hidrigine agus na hidirnaisc réigiúnacha is gá, atá ábhartha ó thaobh tráchtála de, a chur san áireamh sa phlean forbartha gréasáin sin. Ba cheart **go leanfadh an ENTSO-G&H** de bheith rannpháirteach i bhforbairt na measúnaithe costais is tairbhe ar fud an chórais fuinnimh – lena n-áirítear an margadh fuinnimh idirnasctha agus an tsamhail ghréasáin, lena n-áirítear an bonneagar iompair leictreachais, gáis agus hidrigine chomh maith le stóráil, GNL agus leictrilítí, cásanna na bpleananna forbartha gréasáin deich mbliana agus an tuarascáil maidir le bearnaí sa bonneagar a shainaithint mar a leagtar amach in Airteagail 11, 12 agus 13 de Rialachán (AE) **2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**<sup>13</sup> chun liostaí tionscadail leasa choitinn a fhorbairt. Chun na críche sin, ba cheart don **ENTSO-G&H** dul i ndlúthchomhar leis an ENTSO don Leictreachas chun an comhtháthú córas a éascú.

(50) Tá leas ag rannpháirtithe uile an mhargaidh san obair a bhfuiltear ag dréim léi ón **ENTSO-G&H**. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh próiseas comhairliúcháin éifeachtach ann. Ar an iomlán, ba cheart don **ENTSO-G&H** féachaint lena thaithí oibre le pleanáil, forbairt agus oibriú bonneagair a fhorbairt agus a chomhtháthú i gcomhar le rannpháirtithe ábhartha eile sa mhargadh agus a gcomhlachais.

<sup>13</sup> **Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).**



- (51) De bhí go bhféadfar dul chun cinn níos éifeachtaí a dhéanamh trí chur chuige ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart d'oibreoirí gréasáin hidrigine struchtúir réigiúnacha a chur ar bun laistigh den struchtúr comhair foriomlán, agus go n-áireofaí ag an am céanna go mbeadh na torthaí ar an leibhéal réigiúnach comhoiriúnach le cóid ghréasáin agus le pleananna forbartha gréasáin neamhcheangailteacha deich mbliana ar fud an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit an comhar ar an leibhéal réigiúnach a chur chun cinn mar aon le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an ghréasáin ar an leibhéal sin.
- (52) Tá gá le ceanglais trédhearcachta chun a áirithiú gur féidir muinín rannpháirtithe an mhargaidh a chothú sna margaí hidrigine atá ag teacht chun cinn san Aontas. Tá gá le rochtain chomhionann ar fhaisnéis maidir le stádas fisiceach agus feidhmiú an chórais hidrigine ionas go mbeidh rannpháirtithe uile an mhargaidh in ann staid fhoriomlán an éilimh agus an tsoláthair a mheasúnú agus na cúiseanna le hathruithe ar an bpraghas margaidh a shainaithint. Ba cheart faisnéis a nochtadh i gcónaí ar bhealach bríoch ar dhóigh atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
- (53) Leis an *ENTSO-G&H*, bunófar ardán lárnach gréasánbhunaithe chun na sonraí uile atá ábhartha do rannpháirtithe sa mhargadh ionas go bhfaighidh siad rochtain éifeachtach ar an ngréasán.
- (53a) *D'fhonn comhtháthú foriomlán an chórais fuinnimh, comhtháthú earnálacha agus méadú ar éifeachtúlacht agus sineirgí a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha fuinnimh, oibreoidh an ENTSO-G&H agus an ENTSO-E i ndlúthchomhar le chéile. Áireofar leis sin, go háirithe, comhar i dtaobh measúnú costais is tairbhe ar an gcóras fuinnimh ina iomláine a fhorbairt, ceanglais acmhainneachta feadh na córas fuinnimh, agus na margaí fuinnimh idirnasctha agus samhaltú gréasáin, lena n-áirítear an bonneagar iompair leictreachais, gáis agus hidrigine chomh maith le stóráil, cuspóirí aeráide agus éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais, GNL agus críochoirt hidrigine agus leictirlítí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2022/869, cásanna na bPleananna Forbartha Gréasáin Deich mBliana dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2022/869 agus sainaitheant bearnaí sa bhonneagar dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/869.*

- (53b) *Tá sé ríthábhachtach go mbainfear amach spriocanna Phlean REPowerEU maidir le forbairt gaoithe amach ón gcósta chun dlús a chur leis an dícharbónú agus chun margadh na hidrigine in-athnuaite a fhorbairt. Dá bhrí sin, i gcás inar féidir sin go teicniúil, ba cheart don ENTSO-G&H agus ENTSO-E a gcuid oibre a chomhchuihbhiú faoin bPlean Eorpach do Chonairí Tosaíochta le haghaidh Hidrigin (atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/869 agus atreisiódh le Plean REPowerEU) agus pleananna straitéiseacha comhtháite ardleibhéil maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2022/869 chun a áirithiú go mbeidh suíomh agus méid na bpointí insteallta hidrigine ar fud an dá chóras iomchuí.*
- (54) Leis na coinníollacha le haghaidh rochtana ar ghréasáin hidrigine ag luathchéim fhorbairt an mhargaidh, ba cheart feidhmiú éifeachtúil, an neamh-idirdhealú agus an trédhearcacht a áirithiú le haghaidh úsáideoirí gréasáin mar aon le dóthain solúbthachta a fhágáil d'oibreoirí san am céanna. Ach teorainn a chur le huastréimhse na gconarthaí acmhainne, ba cheart an riosca a mhaolú maidir le plódú conarthach agus cnapaireacht acmhainneachta.
- (55) Ba cheart coinníollacha ginearálta a leagan amach maidir le rochtain tríú páirtí ar shaoráidí stórála hidrigine agus ar chríochfoirt hidrigine chun rochtain neamh-idirdhealaitheach agus an trédhearcacht a áirithiú le haghaidh úsáideoirí gréasáin.
- (56) Ba cheart d'oibreoirí gréasáin hidrigine comhoibriú le chéile chun cóid ghréasáin a chruthú maidir le soláthar agus bainistiú rochtain thrédhearcach neamh-idirdhealaitheach ar na gréasáin thar theorainneacha agus chun forbairt chomhordaithe an ghréasáin san Aontas a áirithiú, lena n-áirítear acmhainní idirnáise a chruthú. Ba cheart na cóid ghréasáin sin a bheith i gcomhréir leis na creat-treoirlínte neamhcheangailteacha a d'fhorbair ACER. Ba cheart ról a bheith ag ACER maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtchóid ghréasáin de réir ábhair fíoras, lena n-áirítear athbhreithniú i dtaobh an gcomhlíonann siad na creat-treoirlínte, agus ba cheart ACER a chumasú chun a mholadh don Choimisiún na dréachtchóid ghréasáin sin a ghlacadh. Ba cheart do ACER measúnú a dhéanamh ar leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na cóid ghréasáin agus ba cheart ACER a chumasú chun a mholadh don Choimisiún na cóid ghréasáin a ghlacadh. Ba cheart

d'oibreoírí gréasáin hidrigine a ngréasáin a oibriú i gcomhréir leis na cóid ghréasáin sin.

- (57) Níl sé beartaithe go ngabhfadh na cóid ghréasáin arna ullmhú ag an *ENTSO-G&H* ionad na gcód gréasáin náisiúnta atá riachtanach maidir le saincheisteanna nach saincheisteanna trasteorann iad.
- (58) Is féidir cáilíocht na hidrigine a iompraítear agus a ídítear san Eoraip a bheith éagsúil de réir na teicneolaíochta táirgthe a ghabhann leis agus a saineúlachtaí iompair. Dá bhrí sin, ba cheart an sreabhadh trasteorann hidrigine agus comhtháthú an mhargaidh a bheith mar thoradh ar chur chuige comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais maidir le bainistiú cáilíochta hidrigine ag idirnascairí trasteorann.
- (59) Más rud é go measann an t-údarás rialála gur gá sin, d'fhéadfadh oibreoírí gréasáin hidrigine a bheith freagrach as cáilíocht hidrigine a bhainistiú ina ngréasáin féin, faoi chuimsiú na gcaighdeán cáilíochta hidrigine is infheidhme, chun cáilíocht hidrigine iontaofa agus chobhsaí a áirithiú le haghaidh tomhaltóirí deiridh.
- (60) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh próiseas láidir comhordaithe trasteorann agus réitithe díospóidí ann idir oibreoírí córais hidrigine chun iompar hidrigine a éascú ar fud na ngréasán hidrigine laistigh den Aontas agus ar an gcaoi sin bogadh i dtreo comhtháthú níos fearr sa mhargadh inmheánach. Le ceanglais fheabhsaithe trédhearcachta maidir le paraiméadair cháilíochta hidrigine agus maidir lena bhforbairt le himeacht ama in éineacht le hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe, ba cheart cur le dea-fheidhmiú margaidh inmheánaigh hidrigine atá oscailte agus éifeachtúil.
- (61) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>14</sup>.
- (62) Chun feidhmiú éifeachtúil ghréasáin hidrigine na hEorpa a áirithiú, ba cheart d'oibreoírí gréasáin hidrigine a bheith freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt an

---

<sup>14</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

ghríasáin iompair hidrigine i ndlúthchomhar le hoibreoirí gréasáin hidrigine eile mar aon le hoibreoirí córais eile a bhfuil a ngréasáin nasctha leo, lena n-áirítear comhtháthú córas fuinnimh a éascú.

- (63) Is fearr a fheidhmeoidh an margadh inmheánach a bhuí le caighdeáin arna gcomhchuihbhiú ar leibhéal an Aontais. A luaithe a fhoilseofar an tagairt don chaighdeán sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, le comhlíonadh an chaighdeáin ba cheart comhréireacht a thiomhdiú leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach sa bheart cur chun feidhme a glacadh ar bhonn an Rialacháin seo, cé gur cheart bealaí eile a cheadú chun an chomhréireacht sin a léiriú. I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1025/2012, is féidir leis an gCoimisiún Eorpach iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú sonraíochtaí teicniúla, caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe a fhorbairt. Ba cheart é a bheith de phríomhróil ag caighdeáin chomhchuibhithe cabhrú le hoibreoirí maidir le cur i bhfeidhm na mbearta cur chun feidhme a glacadh faoin Rialachán seo agus faoin Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx.
- (64) D'fhonn ceanglais cháilíochta úsáideoirí deiridh hidrigine a chur san áireamh go hiomlán, ní mór féachaint sna sonraíochtaí teicniúla agus caighdeáin maidir le cáilíocht hidrigine sa ghréasán hidrigine ar na caighdeáin atá ann cheana lena leagtar síos ceanglais úsáideoirí deiridh den chineál sin (mar shampla, caighdeán EN 17124).
- (65) Ba cheart d'oibreoirí córais hidrigine leibhéal leordhóthanach acmhainne trasteorann a thógáil chun hidrigin a iompar lena bhfreastalófar ar na héilimh uile ar acmhainn, éilimh atá réasúnta ó thaobh na heacnamaíochta de agus atá indéanta go teicniúil, agus ar an gcaoi sin cumasófar comhtháthú margaidh.
- (66) Ba cheart do ACER tuarascáil faireacháin ar stádas an phlódaithe a fhoilsiú.
- (67) I bhfianaise na hacmhainneachta a bhaineann leis an hidrigin mar iompróir fuinnimh agus i bhfianaise na féidearthachta go rachaidh na Ballstáit i mbun trádála sa hidrigin le tríú tíortha, is gá a shoiléiriú go n-áirítear i gcomhaontuithe idir-rialtasacha i réimse an fhuinnimh a bhaineann le gás atá faoi réir oibleagáidí fógartha i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/684, comhaontuithe idir-rialtasacha a bhaineann le hidrigin, lena n-áirítear comhdhúile hidrigine amhail amóinia agus iompróirí leachtacha hidrigine orgánaí.

- (67a) *Ní leor na cumhachtuithe reatha a dhílsítear do ACER le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>15</sup> agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún<sup>16</sup> (dá ngairtear ‘REMIT’) chun tacar sonraí iomlán agus cuimsitheach a chruthú de sheachadtaí GNL uile isteach san Aontas. Mar sin féin, is gá tacar sonraí cuimsitheach agus iomlán den sórt sin le haghaidh measúnú laethúil ar phraghsanna GNL chun go ndéanfaidh an tAontas bainistíocht, de mheon dlúthpháirtíochta, ar a bheartais soláthair le haghaidh allmhairí idirnáisiúnta GNL, go háirithe le linn na géarchéime atá ar siúl. Tá gá le sonraí agus faisnéis ábhartha maidir le conarthaí GNL freisin chun faireachán ar fhorbairtí praghsanna a áirithiú agus chun rialú cáilíochta sonraí agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh. Cé gur ghá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh mar gheall ar an ngéarchéim a d’eascair as fogha míleata gan chúis agus gan údar Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear cumhachtaí agus cúraimí breise a thabhairt do ACER faoi Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle<sup>17</sup>, ba cheart bunú measúnaithe laethúil ar phraghas GNL agus tagarmhairc GNL ar bhonn buan a chur san áireamh.*
- (68) Mar fhreagairt do na méaduithe suntasacha a tháinig ar phraghsanna fuinnimh *uile-Aontais* a chonacthas i bhfómhar 2021 agus an tionchar diúltach a bhí acu, sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal ‘Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh méadaitheacha: bosca uirlisí don ghníomhaíocht agus don tacaíocht] leagadh béim ar a thábhachtaí atá margadh inmheánach fuinnimh atá éifeachtach agus a fheidhmíonn go maith agus úsáid éifeachtach stórála gáis san Eoraip ar fud an Mhargaidh Aonair. Leagadh béim sa Teachtaireacht *sin* freisin ar an tábhacht a

---

<sup>15</sup> *Rialachán (AE) Uimh 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh fuinnimh mhórdhíola (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1).*

<sup>16</sup> *Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 maidir le sonraí a thuairisciú i dtaca le cur chun feidhme Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 363, 18.12.2014, lch. 121).*

<sup>17</sup> *Rialachán (AE) 2022/2576 an 19 Nollaig 2022 lena cuirtear feabhas ar dhlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr ar cheannacháin gáis, ar thagarmharcanna praghais iontaofacha agus ar aistrúithe gáis thar teoireannacha (IO L 335, 29.12.2022, lch. 1).*

bhaineann le comhordú níos fearr ar shlándáil an tsoláthair thar theorainneacha chun go mbeidh teacht aniar ann in aghaidh turraingí a bheidh ann amach anseo. An 20/21 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí lena n-iarrtar ar an gCoimisiún bearta a mheas go pras lena méadaítear athléimneacht chóras fuinnimh *an Aontais* agus mhargadh inmheánach an fhuinnimh, lena n-áirítear bearta feabhsaithe shlándáil an tsoláthair. *Mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, chuir an Coimisiún Plean REPowerEU i láthair an 8 Márta 2022 chun spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a chéimniú amach agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan.* Chun rannchuidiú le freagairt chomhsheasmhach thráthuil ar an ngéarchéim sin agus ar ghéarchéim nua a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais, ba cheart rialacha sonracha a thabhairt isteach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/1938 chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an athléimneacht, *go háirithe* maidir le rialacha stórála agus dlúthpháirtíochta atá comhordaithe ar bhealach níos fearr, *lena gcomhlánaítear an t-íosleibhéal éigeantach gáis i saoráidí stórála.*

- (69) Ba cheart an anailís ar fheidhmiú na n-acmhainní stórála sna measúnuithe riosca comhchoiteanna réigiúnacha a bheith bunaithe ar mheasúnuithe oibiachtúla ar na riachtanais maidir le slándáil an tsoláthair, agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhar trasteorann agus na hoibleagáidí dlúthpháirtíochta faoin Rialachán seo. Ba cheart é a chur san áireamh ann freisin *acmhainneacht iomlán na mbeartas éifeachtúlachta fuinnimh agus an choigiltis fuinnimh agus* a thábhachtaí atá sé sócmhainní sáinnithe a sheachaint san aistriú chuig fuinneamh glan agus an sprioc maidir le spleáchas an Aontais *ar* sholáthraithe breoslaí iontaise seachtracha a laghdú. Ba cheart measúnú ar na rioscaí a bhaineann le *húinéireacht dhíreach nó indíreach nó* rialú eintiteas tríú tíortha ar an mbonneagar stórála a áireamh san anailís. Ba cheart an fhéidearthacht saoráidí stórála a úsáid i mBallstáit eile a chur san áireamh san anailís mar aon leis an bhféidearthacht maidir le hoibreoirí córais tarchurtha chun soláthar comhpháirteach *gáis* a bhunú ar choinníoll go ndéantar coinníollacha an Rialacháin seo a urramú. Ba cheart na measúnuithe riosca comhchoiteanna réigiúnacha agus na measúnuithe riosca náisiúnta a bheith comhsheasmhach le chéile ionas go sainaithnítear bearta na bpleananna coisctheacha agus éigeandála náisiúnta atá i gcomhréir leis an Rialachán seo, chun a áirithiú nach ndéanfar, le haon bhearta a dhéantar, dochar do shlándáil an tsoláthair i mBallstáit eile agus nach gcuirfear bac

míchuí ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh gáis. Mar shampla, níor cheart bac ná srian a chur ar úsáid acmhainní iompair trasteorann.

- (70) Leis an gcomhar idir na Ballstáit agus na Páirtithe Conarthacha sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh<sup>18</sup> a bhfuil acmhainní móra stórála acu, d'fhéadfaí tacú le gníomhaíochtaí i gcás nach indéanta ná costéifeachtach an stóráil san Aontas. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an fhéidearthacht a mheas sa mheasúnú riosca comhchoiteann ábhartha na hacmhainní stórála sin atá lonnaithe lasmuigh den Aontas a úsáid. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh ar na grúpaí riosca réigiúnacha ábhartha iarraidh ar shaineolaithe ón tríú tír chuig seisiúin ad hoc na ngrúpaí riosca réigiúnacha gan fasach a chruthú maidir le rannpháirtíocht rialta iomlán.
- (71) Ba cheart soláthar comhpháirteach **gáis** ag roinnt oibreoirí tarchurtha de chuid Ballstáit éagsúla **nó gnóthais eile arna n-ainmniú ag na Ballstáit** a cheapadh ar bhealach inar féidir **iad** a úsáid i gcás éigeandála ar fud an Aontais nó i gcás éigeandála réigiúnaí mar chuid de na gníomhaíochtaí a chomhordaíonn an Coimisiún de bhun Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2017/1938. **Ba cheart** go n-áiritheofaí leis na hoibreoirí córais tarchurtha **nó gnóthais eile arna n-ainmniú ag na Ballstáit** a bhíonn ag gabháil do sholáthar comhpháirteach **gáis** go gcomhlíonfaidh aon chomhaontú comhcheannaigh rialacha iomaíochta an **Aontais**, agus go háirithe ceanglais Airteagal 101 CFAE. Tá an fógra **a thugtar** maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh **an tsásra dheonaigh atá beartaithe le haghaidh soláthar comhpháirteach gáis leis an** Rialacháin seo gan dochar don fhógra maidir le cabhair arna ndeonú ag na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, faoi Airteagal 108(3) CFAE.
- (71a) ***Ionaid trádála a tháirgeann díorthaigh tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh, is minic a ligeann siad isteach le haghaidh rannpháirtíochta gnólachtaí fuinnimh éagsúla ó na Ballstáit uile. Braitheann gnólachtaí fuinnimh den sórt sin go mór ar dhíorthaigh a thrádáiltear ar ionaid trádála den sórt sin chun soláthairtí ríthábhachtacha gáis agus leictreachais ar fud an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, déanann gluaiseachtaí iomarcacha praghsanna a tharlaíonn in ionaid trádála díorthaigh tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh difear d'oibriú gnólachtaí fuinnimh ar fud an Aontais ina iomláine, rud a dhéanann difear do thomhaltóirí deiridh freisin. Dá bhrí sin, de mheon na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, ba***

---

<sup>18</sup> IO L 198, 20.7.2006, lch. 18.



*cheart cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an tsásra um bainistíocht luaineachta ionlae a chomhordú, chun a áirithiú go dtairbheoidh oibreoírí atá bunriachtanach do shlándáil an tsoláthair fuinnimh sna Ballstáit uile de choimircí i gcoinne gluaiseachtaí móra praghsanna a dhéanann dochar d'oibriú leanúnach a ngnó, rud a dhéanadh dochar freisin do na tomhaltóirí deiridh.*

(71b) *Leis an sásra um bainistíocht luaineachta ionlae, ba cheart a áirithiú go gcuirfear cosc ar ghluaiseachtaí iomarcacha praghsanna laistigh de lá trádála. Ba cheart an sásra a bheith bunaithe ar an bpraghas margaidh breathnaithe go tráthrialta. I bhfianaise éagsúlacht leathan na n-ionstraimí i margáí na ndíorthach fuinnimh agus i bhfianaise shaintréithe na n-ionad trádála a bhaineann le hionstraimí den sórt sin, ba cheart na sásraí um bainistíocht luaineachta ionlae a chur in oiriúint do shainiúlachtaí na n-ionstraimí agus na margáí sin. Dá bhrí sin, ba cheart d'ionaid trádála teorainneacha praghsanna a bhunú agus sainiúlachtaí gach díorthaigh tráchtearraí ábhartha a bhaineann le fuinneamh, próifíl leachtachta an mhargaidh le haghaidh díorthach den sórt sin agus a phróifíl luaineachta á gcur san áireamh.*

(72) Tá athrú tábhachtach ag teacht ar earnáil fuinnimh na hEorpa i dtreo geilleagair dhícharbónaithe *an-éifeachtúil bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite*, agus slándáil an tsoláthair agus an t-iomaíochas á n-áirithiú san am céanna. Cé go bhfuiltear ag déanamh dul chun cinn maidir leis an gcibearshlándáil i bhfo-earnáil an leictreachais i ndáil le cód gréasáin maidir le sreabhadh trasteorann leictreachais, tá gá le rialacha éigeantacha earnáilsonracha don fho-earnáil gáis chun slándáil chóras fuinnimh na hEorpa a áirithiú.

(73) Mar a léiríodh san ionsamhlúchán ar fud an Aontais in 2017 agus 2021, tá comhar réigiúnach agus bearta dlúthpháirtíochta bunriachtanach chun athléimneacht an Aontais a áirithiú i gcás ina dtagann meath tromchúiseach ar staid an tsoláthair. Le bearta dlúthpháirtíochta, ba cheart soláthar na gcustaiméirí dlúthpháirtíochta atá faoi chosaint a áirithiú i ngach cás, amhail teaghlaigh thar teorainneacha. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun na forálacha a bhaineann leis an sásra dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí na Ballstáit lena mbaineann a theacht ar chomhaontú faoi shocruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar mhionsonraí na socrúithe sin ina gcuid



pleananna éigeandála. I gcás Ballstát nár chomhaontaigh don chomhaontú déthaobhach is gá, ba cheart feidhm a bheith ag teimpléad réamhshocraithe an Rialacháin seo chun dlúthpháirtíocht éifeachtach den sórt sin a áirithiú.

(74) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na bearta sin a bheith ina gcúis le hoibleagáid a bheith ar Bhallstát cúiteamh a íoc leo siúd a ndéanann na bearta dá chuid difear dóibh. Chun a áirithiú gur cothrom réasúnach an cúiteamh a íocann an Ballstát a bhfuil dlúthpháirtíocht á hiarraidh aige leis an mBallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht, ba cheart an chumhacht a bheith ag an údarás rialála náisiúnta fuinnimh nó ag an údarás iomaíochta náisiúnta, mar údarás neamhspleách, iniúchadh a dhéanamh ar an méid cúitimh a iarrtar agus a íoctar, agus ceartú a iarraidh más gá.

*(74a) Tá sé tábhachtach don Choimisiún agus do na Ballstáit léargas soiléir a bheith acu ar chonarthaí soláthair gáis atá beartaithe agus atá tugtha i gcrích ar fud an Aontais, chun a mheas an mbaintear amach cuspóirí shlándáil an tsoláthair agus na dlúthpháirtíochta fuinnimh. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais nó d'údaráis na mBallstát an Coimisiún agus na Ballstáit ina bhfuil na gnóthais sin bunaithe a chur ar an eolas faoi cheannacháin mhóra gháis atá beartaithe os cionn 5 TWh in aghaidh na bliana. Ba cheart feidhm a bheith aige sin go háirithe maidir le faisnéis bhunúsach i ndáil le conarthaí nua nó athnuaithe. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún moltaí a eisiúint chuig gnóthais gháis nádúrtha nó chuig údaráis na mBallstát ábhartha, go háirithe i gcás ina bhféadfadh tuilleadh comhordúcháin feabhas a chur ar fheidhmiú an cheannaigh chomhpháirtigh nó i gcás ina bhféadfadh seoladh na tairisceana le haghaidh ceannach gháis nó ceannacháin phleanáilte gháis tionchar diúltach a bheith acu ar shlándáil an tsoláthair, an margadh inmheánach nó dlúthpháirtíocht fuinnimh. Níor cheart go gcuirfeadh eisiúint molta cosc ar ghnóthais gháis nádúrtha ná ar údaráis gháis nádúrtha na mBallstát ábhartha dul ar aghaidh leis an gcaibidlíocht idir an dá linn.*

*(74b) I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an gCoimisiún lena mheas gur tharla imthosca urghnácha nach féidir cinnteacht soláthair an Aontais nó réigiúin ar leith nó Ballstáit a áirithiú go hiomlán gan aghaidh a thabhairt ar na naisc atá in easnamh, agus aird á tabhairt go háirithe ar aidhm an Aontais deireadh a chur leis an spleáchas ar sholáthróir aonair, moltar dó sainordú a thabhairt don*

*ENTSO-G anailís thrédhearcach dhomhain a dhéanamh ar na rioscaí sainaitheanta do shlándáil an tsoláthair agus ar na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt air. Ar bhonn anailís ENTSO-G, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le slándáil fuinnimh agus dlúthpháirtíocht an Aontais a chur chun cinn, féadfaidh an Coimisiún, trí dheireadh a chur go tapa leis an spleáchas ar sholáthróir aonair agus trí scrogaill ghaolmhara sa mhargadh inmheánach fuinnimh a sháru, naisc atá in easnamh a shainaithint d'fhonn na rioscaí sainaitheanta maidir le slándáil an tsoláthair a réiteach nó a mhaolú. Féadfaidh an Coimisiún modhanna a shainaithint freisin chun tacú le forbairt na dtionscadal infheistíochta sin, lena n-áirítear trí nós imeachta ceadaithe brostaithe agus trí chúnamh airgeadais. Tá sé tábhachtach go mbeidh aon tionscadal den sórt sin slán i bhfad na haimsire agus go mbeidh sé comhoiriúnach do chuspóirí an Aontais maidir le haeráidneodracht a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 agus nach mbeidh sócmhainní tréigthe mar thoradh air.*

- (75) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha córa a leagan síos maidir le coinníollacha rochtana ar ghréasáin tarchurtha gáis nádúrtha, saoráidí stórála agus GNL, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr, mar gheall ar scála nó éifeacht na gníomhaíochta den sórt sin, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## Caibidil I

### **Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe**

#### Airteagal 1

#### Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo:

- (a) socraítear rialacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le coinníollacha rochtana ar chórais tarchurtha gáis nádúrtha agus hidrigine agus saintréithe speisialta na margaí

náisiúnta agus na margáí réigiúnacha á gcur san áireamh, d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh sa ghás a áirithiú **chomh maith le rannchuidiú le solúbthacht fhadtéarmach an chórais leictreachais;** ■

- (aa) **spreagtar bearta coisctheacha lena laghdaítear éileamh ar gháis iontaise trí chur chun feidhme bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh as a dtiocfaidh coigilteas fuinnimh, leictriú díreach méadaithe mar chuid de chóras fuinnimh lán-chomhtháite, agus úsáid mhéadaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus rannchuidiú le húsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha agus le baint amach spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais; agus**
- (b) éascaítear teacht chun cinn margaidh mórdhíola ar margadh é a bheidh trédhearcach agus a fheidhmeoidh go maith agus a mbeidh leibhéal ard cinnteachta soláthair **gáis** aige agus soláthraítear sásraí chun comhchuibhiú a dhéanamh ar rialacha rochtana gréasáin do mhalartuithe trasteorann **sa ghás**.

Áireofar sna cuspóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír seo prionsabail chomhchuibhithe a shocrú i gcomhair tarairfí, nó le haghaidh na modheolaíochtaí is bun lena ríomh, le haghaidh rochtain ar an ngréasán gáis nádúrtha, ach ní ar shaoráidí stórála, seirbhísí rochtana a bhunú do thríú páirtithe agus prionsabail chomhchuibhithe a bhaineann le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú, ceanglais trédhearcachta, rialacha comhardúcháin agus muirir i leith éagothroime a chinneadh agus trádáil in acmhainn a éascú.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, cé is moite d'Airteagal 31(5) ach maidir le saoráidí stórála gáis nádúrtha agus hidrigine a thagann faoi Airteagal 29(3) nó (4) den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx .

Féadfaidh na Ballstáit eintiteas nó comhlacht a bhunú i gcomhréir leis an Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna cur i láthair in COM xxx chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a leagtar de ghnáth ar an oibreoir córais tarchurtha nó ar an oibreoir gréasáin hidrigine, a chur i gcrích agus beidh an t-eintiteas nó an comhlacht sin faoi réir cheanglais an Rialacháin seo. Beidh an t-eintiteas nó an comhlacht sin faoi réir deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo agus beidh sé faoi réir ainmniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 65 den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx.

Airteagal 2  
Sainmhínte

1. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
  - (1) ciallaíonn ‘sócmhainnbhunú rialála’ sócmhainní gréasáin uile oibreora gréasáin a úsáidtear chun seirbhísí gréasáin rialáilte a chur ar fáil a chuirtear san áireamh agus ioncam seirbhísí gréasánbhunaithe á ríomh;
  - (2) ciallaíonn ‘tarchur’ *tarchur mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (16) den [Treoir athmhúnlaíthe maidir le Gás, COD 2021/0425]*;
  - (3) ciallaíonn ‘conradh iompair’ conradh a chuir an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine i gcrích le húsáideoir gréasáin d’fhonn seirbhísí iompair le haghaidh *gáis* a chur ar fáil;
  - (4) ciallaíonn ‘acmhainn’ an sreabhadh uasta, arna shloinneadh i méadair chiúbacha in aghaidh an aonaid ama nó in aonad fuinnimh in aghaidh an aonaid ama, arb é an sreabhadh é a bhfuil úsáideoir an ghréasáin i dteideal é a bheith aige i gcomhréir le forálacha an chonartha iompair;
  - (5) ciallaíonn ‘acmhainn neamhúsáidte’ acmhainn dhocht a fuair úsáideoir gréasáin faoi chonradh iompair ach nár ainmnigh an t-úsáideoir roimh an spriocdháta a sonraíodh sa chonradh;
  - (6) ciallaíonn ‘bainistiú ar phlódú’ bainistiú phunann acmhainne an oibreora córais tarchurtha d’fhonn an úsáid optamach agus an úsáid uasta a bhaint as an acmhainn theicniúil agus brath tráthúil a dhéanamh ar na pointí plódúcháin agus sáithiúcháin amach anseo;
  - (7) ciallaíonn ‘margadh tánaisteach’ margadh na hacmhainne a ndéantar trádáil uirthi seachas ar an margadh príomha;
  - (8) ciallaíonn ‘ainmniúchán’ an tuairisciú roimh ré a dhéanann úsáideoir an ghréasáin chuig an oibreoir córais tarchurtha maidir leis an sreabhadh iarbhír ar mian le húsáideoir an ghréasáin a instealladh isteach sa chóras nó a bhaint uaidh;

I

- (10) ciallaíonn ‘sláine córais’ aon staid ina bhfanann brú agus cáilíocht an gháis nádúrtha nó na hidrigine laistigh de na teorainneacha íosta agus uasta , ionas go ráthaítear iompar an gháis nádúrtha nó na hidrigine ón taobh teicniúil;
- (11) ciallaíonn ‘tréimhse chothromúcháin’ an tréimhse inar gá do gach úsáideoir gréasáin aistarraingt méid *gáis*, arna shloinneadh in aonaid fuinnimh, a fhritháireamh tríd an oiread céanna *gáis* i gcomhréir leis an gcód gréasáin;
- (12) ciallaíonn ‘úsáideoir gréasáin’ custaiméir nó custaiméir a d’fhéadfadh a bheith ann de chuid oibreora córais *tarchurtha nó oibreora gréasáin hidrigine, agus* oibreoírí córais *tarchurtha nó oibreoírí líonraí hidrigine* iad féin, a mhéid is gá dóibh a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích maidir le hiompar gáis nádúrtha agus hidrigine;
- (13) ciallaíonn ‘seirbhísí in-idirbhriste’ seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine i dtaca le hacmhainn in-idirbhriste;
- (14) ciallaíonn ‘acmhainn in-idirbhriste’ acmhainn tarchurtha gáis a fhéadfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine a idirbhreiseadh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chonradh iompair;
- (15) ciallaíonn ‘seirbhísí fadtéarmacha’ seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ar bliain amháin nó níos faide a ré;
- (16) ciallaíonn ‘seirbhísí gearrthéarmacha’ seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ar bliain amháin nó níos giorra a ré;
- (17) ciallaíonn ‘acmhainn dhocht’ acmhainn tarchurtha gáis ar ina leith, de réir conartha, a ráthaíonn an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine go bhfuil sí do-idirbhriste;
- (18) ciallaíonn ‘seirbhísí dochta’ seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine i dtaca le hacmhainn in-idirbhriste;

- (19) ciallaíonn ‘acmhainn theicniúil’ an acmhainn dhocht uasta ar féidir a thairiscint do na húsáideoirí gréasáin, agus sláine an chórais agus riachtanais oibríochtúla an ghréasáin hidrigine nó an chórais tarchurtha á gcur san áireamh;
- (20) ciallaíonn ‘acmhainn chonarhach’ an acmhainn a leithdháil eadh d'úsáideoir gréasáin trí bhíthin conartha iompair;
- (21) ciallaíonn ‘acmhainn atá ar fáil’ an chuid den acmhainn theicniúil nach bhfuil leithdháilte agus atá ar fáil i gcónaí ag an gcóras an tráth sin;
- (22) ciallaíonn ‘plódú conarhach’ staid inar mó leibhéal na hacmhainne doichte ná an acmhainn theicniúil;
- (23) ciallaíonn ‘margadh príomha’ margadh na hacmhainne a dhéanann an t-oibreoir córais tarchurtha nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine a thrádáil go díreach;
- █
- (25) ciallaíonn ‘acmhainn saoráide GNL’ acmhainn a bheadh ag críochfort gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) do leachtú gáis nádúrtha nó d'allmhairiú, do dhí-ualú, do sheirbhísí coimhdeacha, do stóráil shealadach agus d'athghású GNL;
- (26) ciallaíonn ‘spás’ an toirt gáis atá úsáideoir saoráide stórála i dteideal a úsáid chun gás a stóráil;
- (27) ciallaíonn ‘inseachadacht’ an ráta ag a bhfuil úsáideoir na saoráide stórála i dteideal gás a aistarraingt as an tsaoráid stórála;
- (28) ciallaíonn ‘in-insteallacht’ an ráta ag a bhfuil úsáideoir na saoráide stórála i dteideal gás a instealladh isteach sa tsaoráid stórála;
- (29) ciallaíonn ‘acmhainn stórála’ aon teaghlaim spáis, in-insteallachta agus inseachadachta;
- (30) ciallaíonn ‘córas isteach-amach’ *samhail rochtana do chórais* tarchurtha *nó dáileacháin gáis nádúrtha ina gcuireann úsáideoirí córais a n-acmhainneacht in áirithe go neamhspleách ar phointí iontrála agus scoir*;
- (31) ciallaíonn ‘crios comhardúcháin’ córas iontrála-scoir a bhfuil feidhm ag réimeas comhardúcháin ina leith;

- (32) ciallaíonn ‘pointe trádála fíorúil’ pointe tráchtála neamh-fhisiceach laistigh de chóras iontrála-scoir ina ndéantar **gás** a mhalartú idir díoltóir agus ceannaitheoir gan an gá acmhainneacht tarchurtha nó dáileacháin a chur in áirithint;
- (33) ciallaíonn ‘pointe iontrála’ pointe atá faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí líonra lena dtugtar rochtain ar **chóras iontrála-imeachta, lena gcumasaítear sreafaí gáis sa** chóras iontrála-scoir;
- (34) ciallaíonn ‘pointe imeachta’ pointe atá faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí líonra **lena dtugtar rochtain ar chóras iontrála/scoir,** lena gcumasaítear sreafaí gáis amach as an gcóras iontrála scoir;
- (35) ciallaíonn ‘acmhainn choinníollach’ acmhainn dhocht lena mbaineann coinníollacha trédhearcacha réamhshainithe maidir le rochtain a sholáthar isteach sa phointe trádála fíorúil nó amach as nó in-leithdháilteacht theoranta;
- (36) ciallaíonn ‘in-leithdháilteacht’ teaghlaim lánroghnach aon acmhainn iontrála agus aon acmhainn scoir nó a mhalairt;
- (37) ciallaíonn ‘ioncam ceadaithe’ suim an ioncaim ó sheirbhísí tarchurtha agus seirbhísí neamhtharchurtha le haghaidh seirbhísí a sholáthraíonn an t-oibreoir córais tarchurtha ar feadh tréimhse shonrach ama laistigh de thréimhse rialála ar leith ar ioncam é a bhfuil an t-oibreoir córais tarchurtha i dteideal a fháil faoi chóras praghsála gan uasteorainneacha agus a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 72(7), pointe (a), den Treoir athmhunlaithe maidir le Gáis arna mholadh in COM(2021)xxx;
- (38) ciallaíonn ‘bonneagar nua’ bonneagar nár críochnaíodh faoin ... **[teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];**
- (38a) ciallaíonn ‘gás nádúrtha’ gás nádúrtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];**
- (38b) ciallaíonn ‘gás in-athnuaite’ gás in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425]**
- (38c) ciallaíonn ‘gás’ gás mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];**

- (38d) ciallaíonn ‘córas gáis nádúrtha’ córas gáis nádúrtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38e) ciallaíonn ‘córas hidrigine’ córas hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38f) ciallaíonn ‘saoráid stórála hidrigine’ saoráid hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38g) ciallaíonn ‘oibreoir stórála hidrigine’ oibreoir stórála hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6a) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38h) ciallaíonn ‘críochfort hidrigine’ críochfort hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38i) ciallaíonn ‘oibreoir críochfoirt hidrigine’ oibreoir críochfoirt hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8a) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38j) ciallaíonn ‘cáilíocht hidrigine’ cáilíocht hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38k) ciallaíonn ‘gás ísealcharbóin’ gás ísealcharbóin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38l) ciallaíonn ‘oibreoir córais tarchurtha’ oibreoir córais tarchurtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (17) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38m) ciallaíonn ‘dáileadh’ dáileadh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*



- (38n) ciallaíonn ‘oibreoir córais dáileacháin’ oibreoir córais dáileacháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (19) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38o) ciallaíonn ‘gréasán hidrigine’ gréasán hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (20) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38p) ciallaíonn ‘iompar hidrigine’ iompar hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (21) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38q) ciallaíonn ‘oibreoir gréasáin hidrigine’ oibreoir gréasáin hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (22) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38r) ciallaíonn ‘soláthar’ soláthar mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (23) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38s) ciallaíonn ‘saoráid stórála’ saoráid stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (25) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38t) ciallaíonn ‘oibreoir córais stórála’ oibreoir córais stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (26) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38u) ciallaíonn ‘saoráid GNL’ saoráid GNL mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (27) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38v) ciallaíonn ‘oibreoir córais GNL’ oibreoir córais GNL mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (28) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38w) ciallaíonn ‘córas’ córas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (29) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38x) ciallaíonn ‘seirbhísí coimhdeacha’ seirbhísí coimhdeacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (30) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*

- (38y) ciallaíonn ‘idirnascaire’ idirnascaire mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (33) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38z) ciallaíonn ‘idirnascaire hidrigine’ idirnascaire hidrigine mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (34) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38aa) ciallaíonn ‘úsáideoir córais’ úsáideoir córais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (40) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38ab) ciallaíonn ‘custaiméir’ custaiméir mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (41) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38ac) ciallaíonn ‘custaiméir deiridh’ custaiméir deiridh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (44) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38ad) ciallaíonn ‘slándáil’ slándáil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (48) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38ae) ciallaíonn ‘rialú’ rialú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (51) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38af) ciallaíonn ‘pointe idirnaisc’ pointe idirnaisc mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (58) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38ag) ciallaíonn ‘pointe idirnaisc fíorúil’ pointe idirnaisc fíorúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (59) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38ah) ciallaíonn ‘rannpháirtí sa mhargadh’ rannpháirtí sa mhargadh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (60) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*
- (38ai) ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’ idir-inoibritheacht mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (66) den [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás, COD 2021/0425];*

*(38aj) ciallaíonn ‘bochtaineacht fuinnimh’ bochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (69) den [Treoir athmhúnlaith maidir le Gás, COD 2021/0425];*

*(38ak) ciallaíonn ‘bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh’ bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2018/1999;*

*(38al) ciallaíonn ‘athrú cuspóra’ athrú cuspóra mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán 2022/869;*

2.

Ar an gcuma chéanna, tá feidhm ag na sainmhínte i dtaca le tarchur a thugtar i *mír 1*, pointí 4 go 23 de mhír 23 maidir le saoráidí stórála agus GNL.

## CAIBIDIL II

# RIALACHA GINEARÁLTA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS NA CÓRAIS GÁIS NÁDÚRTHA AGUS HIDRIGINE

## Roinn 1

### RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE HEAGRÚ ROCHTANA AR NA MARGAÍ AGUS AR AN MBONNEAGAR

#### Airteagal 3

#### Prionsabail Ghinearálta

Áiritheoidh na Ballstáit, údarais rialála, oibreoirí córas tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin, oibreoirí stórais, oibreoirí GNL, oibreoirí córas hidrigine, agus oibreoirí tarmligthe amhail oibreoirí limistéir margaidh nó oibreoirí ardáin áirithinte go ndéanfar margaí *gáis* a oibriú i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

- (a) bunófar praghsanna *gáis* ar bhonn éilimh agus soláthair;
- (b) oibreoidh oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin i gcomhar le chéile chun an tsaoirse chun acmhainn iontrála agus scoir a chur in áirithint go neamhspleách a chur

ar fáil d'úsáideoirí. Déanfar gás a iompar tríd an gcóras iontrála-scoir seachas ar feadh conairí conarthacha;

- (c) déanfar taraifí a ghearrtar ag na pointí iontrála agus scoir a struchtúrú ar bhealach ina rannchuideofar le comhtháthú margaidh, agus an chinnteacht soláthair á feabhsú agus an t-idirnasc idir na gréasáin gháis á chur chun cinn;
- (d) déanfaidh gnóthais atá gníomhach sa chóras iontrála-scoir céanna gás a mhalartú ag an bpointe trádála fíorúil;
- (e) beidh úsáideoirí gréasáin freagrach as a bpunanna comhardúcháin a chomhardú chun íosmhéadú a dhéanamh ar an ngá atá le hoibreoirí córais tarchurtha dul i mbun gníomhaíochtaí comhardúcháin;
- (f) déanfar gníomhaíochtaí comhardúcháin ar bhonn táirgí caighdeánaithe agus ar ardán trádála;
- (g) le rialacha margaidh seachnófar gníomhaíochtaí lena gcuirtear cosc ar phraghasmhúnlú ar bhonn éilimh ar *ghás* agus a soláthair;
- (ga) áiríteoidh rialacha margaidh cur chuige sa mhargadh gáis nádúrtha agus hidrigine a bheidh dírithe ar an tomhaltóir agus tíosach ar fhuinneamh;**
- (h) le rialacha margaidh déanfar an trádáil leachtach i *ngás* a chothú agus a fheidhmiú, agus praghasmhúnlú agus trédhearcacht phraghais á gcothú;
- (i) le rialacha margaidh, cumasófar dícharbónú chórais an gháis nádúrtha agus na hidrigine, lena n-áirítear trí chomhtháthú *gáis* isteach sa mhargadh ar gás é ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, trí dhreasachtaí a thabhairt don *choigilteas agus éifeachtúlacht fuinnimh, trí chomhtháthú córas fuinnimh a chothú, trí rannchuidiú le húsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha agus trí ghnóthú spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a éascú;*
- (j) le rialacha margaidh, soláthrófar dreasachtaí infheistíochta iomchuí *mar aon le dreasachtaí le haghaidh idirghabhálacha nach mbeidh infheistíochtaí bonneagair ag teastáil ina leith i gcás ina mbeidh siad níos éifeachtúla*, go háirithe infheistíochtaí fadtéarmacha i gcóras gáis dícharbónaithe agus inbhuanaithe, do stóráil fuinnimh, d'éifeachtúlacht fuinnimh, don fhreagairt don éileamh chun freastal ar riachtanais an mhargaidh, agus chun iomaíocht chóir agus cinnteacht an tsoláthair

a éascú, agus dreasachtaí infheistíochta as a n-eascraíonn sócmhainní tréigthe á seachaint;

- (ja) *le rialacha margaidh, tabharfar tús áite d'úsáid hidrigine do chustaiméirí tionsclaíocha in earnálacha ar deacair iad a dhícharbónú, lena n-áirítear earnáil an iompair tromshaothair, ag a bhfuil an acmhainneacht laghdaithe gás ceaptha teasa is airde, i gcás nach bhfuil roghanna níos fuinneamhéifeachtúla agus níos costéifeachtaí ar fáil;*
- (k) cuirfear deireadh le bacainní ar shreafaí gáis trasteorann, más ann dóibh, idir córais iontrála-scoir;
- (l) le rialacha margaidh éascófar an comhar agus an comhtháthú réigiúnach.

### ***Airteagal 3a***

#### ***Oibleagáid maidir le héagsúlú soláthairtí gáis***

*Chun slándáil an tsoláthair fuinnimh agus leasanna bunúsacha slándála an Aontais a choimirciú i gcomhréir le cuspóirí an Phlean REPowerEU, déanfaidh na Ballstáit a soláthairtí gáis a éagsúlú agus áiritheoidh siad nach ó Chónaidhm na Rúise a thiocfaidh allmhairí gáis nádúrtha chomh maith le hallmhairí gáis in-athnuaite agus gáis ísealcharbóin trí phíblínte agus críochfoirt GNL.*

### ***Airteagal 3b***

#### ***Uas-scálú ar ghás in-athnuaite agus ísealcharbóin i réigiúin ar mór a lorg guail agus carbóin***

1. *Tacóidh an Coimisiún le dreasachtaí agus cuirfidh sé ar fáil iad chun dul i bhfód gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, go háirithe hidrigin agus bithmheatán, a spreagadh i gcóras fuinnimh an Aontais, go háirithe i réigiúin ar mór a lorg guail agus carbóin de bhun Rialachán (AE) 2021/1056, trí bhíthin creat cumasúcháin a chumasú. Áireofar an méid seo a leanas sa chreat sin:*
  - (a) *infheistíochtaí chun aistriú cothrom na réigiún sin a éascú agus é mar aidhm leis sciar an gháis in-athnuaite agus an gháis ísealcharbóin a mhéadú, go háirithe i bpróisis tionsclaíocha, téamh ceantair agus stóráil fuinnimh chun solúbthacht an chórais fuinnimh a fheabhsú;*
  - (b) *bearta tacaíochta éifeachtacha chun dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise soladacha in earnálacha tionsclaíocha agus in*

*earnálacha téimh ceantair trí infheistíochtaí a dhéanamh ina nuachóiriú, ina nuálaíocht agus ina bhforbairt agus chun dícharbónú a dhéanamh ar láithreáin táirgthe hidrigine iontaise-bhunaithe atá ann cheana;*

- (c) cláir agus tionscadail breisoiliúna agus athscilíthe arb é is aidhm dóibh fórsa saothair atá réidh do hidrigin a chruthú agus a neartú;*
- (d) cur chun feidhme gleannta hidrigine nó, i gcás inarb iomchuí, tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leasanna coiteanna na hEorpa (IPCEI), go háirithe tionscadail nuálaíochta lena gcumasaítear an t-athrú ó bhreoslaí iontaise go hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán.*

### *Airteagal 3c*

#### *Príomhshruthú bithmheatáin sa chóras gáis*

*Chun tacú le táirgeadh inbhuanaithe bithmheatáin chun slándáil an tsoláthair gáis san Aontas a chosaint agus chun laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar allmhairí gáis nádúrtha iontaise, áiritheoidh na Ballstáit i dteannta a chéile, faoin 31 Nollaig 2030, go ndéanfar ar a laghad 35 bcm de bhithmheatán inbhuanaithe a chomhlíonann Treoir (AE) 2018/2001 a tháirgeadh agus a instealladh isteach sa chóras gáis nádúrtha ar leibhéal na n-oibreoirí córais tarchurtha nó na n-oibreoirí córais dáileacháin.*

### *Airteagal 4*

#### *Scaradh bonn sócmhainní rialála*

1. I gcás ina soláthraíonn oibreoir córais tarchurtha nó oibreoir gréasáin hidrigine seirbhísí rialáilte le haghaidh gáis, hidrigine **nó** leictreachais comhlíonfaidh sé an ceanglas maidir le díchuachadh cuntas mar a leagtar síos in Airteagal 69 de [Treoir athmhúnlaith maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagal 56 de Threoir (AE) 2019/944 agus beidh bonn sócmhainní rialála **ar leithligh** aige le haghaidh sócmhainní gáis, leictreachais nó hidrigine. Le sócmhainní rialála ar leith áiritheofar:
  - (a) nach féidir ioncam seirbhísí a fhaightear ó sholáthar seirbhísí rialáilte ar leith a úsáid **ach amháin** le haghaidh aisghabháil an chaiteachais caipitil agus oibríochtúil a bhaineann leis na sócmhainní a chuimsítear sna sócmhainnbhunú **riallaitheacha** ar a soláthraítear na seirbhísí rialáilte;

(b) nuair a aistrítear sócmhainní chuig bonn sócmhainní rialála eile, bunófar a luach. Beidh an luach a shocrófar le haghaidh na sócmhainne aistrithe faoi réir iniúchadh agus formheas ag an údarás rialála inniúil. Is é a bheidh sa luach a bhunófar luach nach dtarlóidh tras-fhóirdheontais dá bharr.

2. *Ní dhéanfaidh* Ballstát aistrithe airgeadais a cheadú idir seirbhísí rialáilte ar seirbhísí ar leithligh iad de réir bhrí *mhír 1*.

2a. *Chun tras-fhóirdheontais mhíchuí agus iomarcacha a sheachaint i measc na gcead úsáideoirí gréasán hidrigine agus ina measc siúd a bheith ann amach anseo, féadfaidh na Ballstáit a cheadú d'oibreoirí gréasáin hidrigine costais forbartha gréasáin a roinnt thar thréimhse ama trína áirithiú go n-íocfadh úsáideoirí amach anseo cuid de na costais tosaigh. Beidh sásra den sórt sin um leithdháileadh idir-ama costas agus a bhunmhodheolaíocht faoi réir a bhformheasta ag an údarás rialála inniúil dá dtagraítear in Airteagal 70 den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit sásra den sórt sin i bhfeidhm, cuirfidh siad ráthaíocht Stáit ar bun chun riosca airgeadais oibreoirí gréasáin hidrigine a chumhdach.*

2b. *De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás rialála dá dtagraítear in Airteagal 70 den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás aistrithe airgeadais a cheadú, mar rogha dheireanach, i gcás nach mbeidh roghanna níos costéifeachtaí ar fáil, idir seirbhísí rialáilte atá ar leithligh de réir bhrí mhír 1. Ní dhéanfaidh an t-údarás rialála cinneadh den sórt sin ach amháin ar bhonn measúnú tionchair lena léirítear tionchar na n-aistrithe airgeadais sin ar thras-fhóirdheonú idir úsáideoirí gréasán gáis agus úsáideoirí gréasán hidrigine agus lena ndeimhnítear costéifeachtúlacht na n-aistrithe airgeadais sin, go gcaomhnaítear cothrom iomaíochta ar fud na mBallstát agus nach ndéanann na taraifí gréasáin gáis a eascraíonn as sin saobhadh míréasúnta ar thrádáil trasteorann.*

2c. *Má thacaíonn an measúnú tionchair dá dtagraítear i mír 2b leis, féadfaidh Ballstát aistrithe airgeadais a cheadú idir seirbhísí rialáilte atá ar leithligh de réir bhrí mhír 1, ar choinníoll:*

(a) *gur mar mhuirear tiomanta a bhaileofar an t-ioncam go léir is gá le haghaidh an aistrithe airgeadais;*

- (b) *nach mbaileofar an muirear tiomanta ach amháin ó phointí scoir chuig custaiméirí deiridh atá lonnaithe laistigh de na Ballstáit chéanna ina bhfuil tairbhí an aistriú airgeadais;*
- (c) *go ndéanfar an t-údarás rialála dá dtagraítear in Airteagal 70 den Treoir athmhúnlaith maidir le Gás an muirear tiomnaithe agus an t-aistriú airgeadais nó na modheolaíochtaí is bunús lena ríomh a fhorghnó sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm agus go gcuirfear tús lena gcur chun feidhme ag tús bliana sainithe gáis;*
- (d) *go bhfoilseofar an muirear agus an t-aistriú airgeadais tiomanta formheasta agus na modheolaíochtaí i gcás ina bhformheastar na modheolaíochtaí sula gcuirfear chun feidhme iad;*
- (e) *gur eisigh ACER moladh, i gcomhréir le mír 4, agus gur tugadh fógra don Choimisiún faoi na muirir thiomnaithe.*

3. Ní fhéadfaidh an t-údarás rialála aistriú airgeadais agus muirear tiomanta dá dtagraítear i mír **2b** a fhorghnó ach amháin ar choinníoll:

- (a) go ngearrtar taraifí rochtana gréasáin ar úsáideoirí an bhoinn sócmhainní rialála a bhaineann tairbhe as aistriú airgeadais;
- (b) maidir le suim na n-aistriú airgeadais agus an ioncaim seirbhísí a bhailítear trí bhíthin taraifí rochtana gréasáin, nach mó í ná an t-ioncam a cheadaítear;
- (c) go bhformheasfar aistriú airgeadais ar feadh tréimhse ama teoranta agus nach bhféadfaidh sé a bheith níos faide ná trian de thréimhse dímheasa an bhonneagair lena mbaineann.

**3a. *Ní mheasfar gur aistriú airgeadais idir sócmhainní rialáilte iad costais a bhaineann le staidéir indéantachta a mhéid a bhaineann le hathrú cuspóra na ngréasán go hidrigin.***

4. By ... [*bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] eiseoidh ACER moltaí chuig *oibreoirí córais* tarchurtha nó oibreoirí gréasáin *hidrigine* agus údarais rialála maidir leis na *critéir chun leithdháileadh idir-ama costas forbartha gréasáin a cheadú agus a chinneadh i measc úsáideoirí gréasáin hidrigine. I gcás inar gá, eiseoidh ACER modheolaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas:*



- (a) cinneadh luach na sócmhainní a aistrítear chuig sócmhainnbhúnú *rialaitheach* eile agus ceann scríbe aon bhrabús agus cailteanas a d'fhéadfadh tarlú dá bharr sin;
- (b) ríomh mhéid agus fhad uasta agus aistrithe airgeadais agus an mhuirir thiomanta;
- (c) na gcritéar maidir le ranníocaíochtaí a leithdháileadh ar an muirear tiomanta idir na custaiméirí deiridh a mbaineann an bonn sócmhainní rialála leo.

Déanfaidh Acer na moltaí *dá dtagraítear sa chéad fhomhír* a thabhairt cothrom le dáta uair amháin gach 2 bhliain ar a laghad.

#### Article 5

Seirbhísí rochtana tríú páirtithe a bhaineann le hoibreoírí na gcóras tarchurtha

1. Déanfaidh oibreoírí na gcóras tarchurtha an méid seo a leanas:
  - (a) áiritheoidh siad go dtairgfídh siad acmhainn agus seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do na húsáideoírí gréasáin uile;
  - (b) déanfaidh siad acmhainn atá docht agus in-idirbhriste araon a sholáthar. Léireofar i bpraghas na hacmhainne in-idirbhriste an dóchúlacht go dtarlóidh idirbhrieadh;
  - (c) tairgfídh siad acmhainn fhadtéarmach agus ghearrthéarmach d'úsáideoírí na ngréasán.

Maidir le pointe (a) den chéad fhomhír, i gcás ina mbeidh an tseirbhís chéanna á tairiscint ag oibreoír córais tarchurtha do chustaiméirí éagsúla, déanfaidh sé amhlaidh faoi théarmaí conarthacha coibhéiseacha agus faoi choinníollacha conarthacha coibhéiseacha, agus conarthaí comhchuibhithe iompair nó cód coiteann gréasáin arna fhorghas ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 72 nó 73 den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx á n-úsáid aige.

- 1a. Ní ghearrfar aon taraifí de bhun Airteagal 15 ar rochtain ar chórais tarchurtha ag pointí idirnáisc idir na Ballstáit ach amháin má thagann na húdaráis rialála lena mbaineann ar chomhaontú maidir le córas taraifí don rochtain sin. In éagmais comhaontú idir na húdaráis rialála lena mbaineann, déanfaidh ACER cinneadh*

*maidir leis an gcóras taraifí, lena n-áirítear an fhéidearthacht cur i bhfeidhm taraifí a sheachaint, i gcomhréir le hAirteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcóras taraifí sin, áiritheoidh na húdaráis rialála lena mbaineann nó ACER toradh iomchuí ar an infheistíocht agus go gcumhdófar an caiteachas oibríochtúil a thabhoíd na hoibreoírí gréasáin tarchurtha gáis i ndáil leis an bpointe idirnáisc sonrath.*

2. Ní bheidh de thoradh ar chonarthaí iompair a síníodh agus dátaí tosaithe neamhchaighdeánacha acu nó ar giorra a ré ná ré conartha chaighdeánaigh bhliantúil iompair, go mbeidh taraifí ann atá níos airde nó níos ísle go treallach ar taraifí iad nach léiríonn luach margaidh na seirbhíse, i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 15(1).

3. I gcás ina ndéanfaidh dhá phointe idirnáisc nó níos mó an dá chóras iontrála-scoir chónagaracha chéanna a nascadh, déanfaidh na hoibreoírí córais tarchurtha lena mbaineann an acmhainn a bheidh ar fáil ag na pointí idirnáisc a thairiscint ag aon phointe idirnáisc fíorúil amháin. Déanfar aon toilleadh ag na pointí idirnáisc, gan beann ar an dáta dul in éag, a aistriú chuig an bpointe idirnáisc fíorúil.

Ní dhéanfar pointe idirnáisc fíorúil a bhunú ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go mbeidh an toilleadh teicniúil iomlán ag na pointí fíorúla idirnáisc cothrom le nó níos airde ná suim na dtoilltí teicniúla ag gach ceann de na pointí idirnáisc a bheidh ag rannchuidiú leis na pointí idirnáisc fíorúla;
- (b) éascaíonn an pointe idirnáisc úsáid eacnamaíoch agus éifeachtúil an chórais lena n-áirítear na rialacha a leagtar amach in Airteagail 9 agus 10 den Rialachán seo ach níl sé teoranta do na rialacha sin.

4. I gcás inarb iomchuí, féadfar seirbhísí rochtana tríú páirtithe a dheonú, faoi réir ráthaíochtaí iomchuí ó úsáideoírí an ghréasáin maidir le creidmheasacht na n-úsáideoírí sin. Ní bheidh ráthaíochtaí den sórt sin ina mbacainní míchuí ar iontráil sa mhargadh agus beidh siad neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.

5. Beidh rochtain ag oibreoírí córais tarchuir, más gá sin, chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh lena n-áirítear maidir le tarchur trasteorann, ar ghréasán de chuid oibreoírí córais tarchurtha eile.

## Airteagal 6

Seirbhísí rochtana tríú páirtithe a bhaineann le hoibreoírí gréasáin hidrigine

1. Táirgfidh oibreoírí gréasáin a seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do na húsáideoírí gréasáin uile. Nuair a thairgtear an tseirbhís chéanna do chustaiméirí difriúla, tairgfear í faoi théarmaí agus coinníollacha conartha coibhéiseacha. Foilseoidh oibreoírí gréasáin hidrigine na téarmaí conarthacha agus na taraífi a mhuirearaítear ar rochtain gréasáin agus, más infheidhme, muirir chomhardúcháin, ar a suíomh gréasáin.
2. Cuirfear uasmhéid acmhainne gréasáin hidrigine ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine agus oibriú an chórais á gcur san áireamh.
3. Is 20 bliain an fad uasta le haghaidh conarthaí acmhainneachta i dtaca le bonneagar arna thógáil faoin [dáta theacht i bhfeidhm] agus 15 bliana i dtaca le bonneagar arna thógáil tar éis an dáta sin. Beidh an ceart ag údaráis rialála chun fad uasta níos giorra a fhorchur más gá chun feidhmiú an mhargaidh a áirithiú, chun an iomaíocht a chaomhnú agus chun an comhtháthú trasteorann a áirithiú sa todhchaí. ***Nuair a bheidh cinneadh á ghlacadh acu maidir le huastréimhse níos giorra a fhorchur, cuirfidh na húdaráis rialála san áireamh, inter alia, gealltanais ó úsáideoírí maoiniú gréasáin a dhaingniú, impleachtaí diúltacha ar phleanáil agus féidearthachtaí athmhaoinithe.***
4. Cuirfidh oibreoírí gréasáin hidrigine chun feidhme agus foilseoidh siad nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha um bainistiú ar phlódú ar nósanna imeachta iad a éascóidh malartuithe trasteorann hidrigine chomh maith ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
5. Déanfaidh oibreoírí gréasáin hidrigine measúnú rialta ar an éileamh atá sa mhargadh ar infheistíocht nua, agus an chinnteacht soláthair agus éifeachtúlacht úsáidí deiridh hidrigine á gcur san áireamh.
- 5a. ***I gcás ina mbeidh níos lú acmhainneachta ná úsáideoírí ionchasacha ann, tabharfaidh oibreoírí gréasáin hidrigine, i gcomhar leis na húdaráis rialála ábhartha agus le húsáideoírí ionchasacha araon, rochtain tosaíochta d'úsáideoírí ar féidir leo an acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa is airde in aghaidh an tona hidrigine arna thomhailt a léiriú agus i gcás nach mbeidh roghanna níos fuinneamhéifeachtúla agus níos costéifeachtaí ar fáil. Ní bheidh***

*feidhm ag an mír seo maidir le rochtain ar an ngréasán hidrigine a deonaíodh cheana.*

6. Amhail ón 1 Eanáir 2031, is mar chórais iontrála-scoir a eagrófar gréasáin hidrigine.
7. Amhail ón 1 Eanáir 2031, beidh feidhm ag Airteagal 15 ar tharaifí ar rochtain ar ghréasáin hidrigine chomh maith. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 16 ná ag Airteagal 17. ***Ón 1 Eanáir 2031, ní ghearrfar aon taraifí de bhun Airteagal 15 ar rochtain ar ghréasáin hidrigine ag pointí idirnáise idir na Ballstáit, ach amháin má thagann na húdaráis rialála lena mbaineann ar chomhaontú maidir le córas taraifí don rochtain sin. In éagmais comhaontú idir na húdaráis rialála lena mbaineann, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an gcóras taraifí, lena n-áirítear an fhéidearthacht cur i bhfeidhm taraifí a sheachaint, i gcomhréir le hAirteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcóras taraifí sin, áiritheoidh na húdaráis rialála lena mbaineann nó ACER toradh iomchuí ar infheistíocht agus go gcumhdófar an caiteachas oibríochtúil a thabhoídh na hoibreoírí gréasáin tarchurtha hidrigine i ndáil leis an bpointe idirnáise ar leith.*** I gcás ina gcinneann Ballstát rochtain rialáilte ar ghréasáin hidrigine do thríú páirtithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 31 de [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás] roimh an 1 Eanáir 2031, beidh feidhm ag **■** Airteagal **15(1) den Rialachán seo** maidir le taraif rochtana ar ghréasáin hidrigine sa Bhallstát sin.
8. Amhail ón 1 Eanáir 2031, comhlíonfaidh oibreoírí gréasáin hidrigine na ceanglais maidir le hoibreoírí córais traschurtha de bhun Airteagail 5, 9 agus 12 agus a seirbhísí á dtairiscint acu, agus foilseoidh siad taraifí le haghaidh gach pointe gréasáin ar ardán ar líne arna oibriú ag an **ENTSO-G&H**. Go dtí go nglacfar le cód gréasáin maidir le leithdháileadh acmhainne le haghaidh gréasáin hidrigine de bhun Airteagal 54(2), pointe (d) agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, féadfar an foilsiú sin a dhéanamh trí naisc chuig foilsiú taraifí ar shuíomhanna gréasáin oibreoírí gréasáin hidrigine.

## Airteagal 7

Seirbhísí rochtana tríú páirtí a bhaineann le stóráil gáis nádúrtha , críochfoirt hidrigine agus saoráidí GNL agus saoráidí stórála hidrigine

1. Déanfaidh oibreoírí saoráidí GNL agus oibreoírí críochfort hidrigine, oibreoírí saoráidí stórála hidrigine agus oibreoírí córais stórála gáis nádúrtha:
  - (a) tairgfídh siad seirbhísí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach do gach aon úsáideoir gréasáin a dhéanfaidh freastal ar éileamh an mhargaidh; go háirithe i gcás ina soláthróidh oibreoír saoráidí LNG nó críochfort hidrigine , saoráide stórála hidrigine nó córais stórála gáis nádúrtha an tseirbhís chéanna do chustaiméirí éagsúla, déanfaidh sé amhlaidh de réir téarmaí agus coinníollacha conarthacha coibhéiseacha;
  - (b) tairgfídh siad seirbhísí atá comhoiriúnach le húsáid córais iompair gáis nádúrtha agus hidrigine agus éascóidh siad rochtain trí bhíthin comhoibrithe leis an oibreoír córais tarchurtha nó leis an oibreoír gréasáin hidrigine; agus
  - (c) poibleoidh siad aon fhaisnéis ábhartha, go háirithe sonraí maidir le húsáid agus maidir le hinfhaighteacht seirbhísí, i dtréimhse ama atá comhoiriúnach le riachtanais réasúnta tráchtála úsáideoirí saoráidí GNL nó stórála, críochfort hidrigine nó saoráidí stórála hidrigine , atá faoi réir faireachán ar an bpoibliú sin ag an údarás rialála.
2. Déanfaidh gach oibreoír córais stórála an méid seo a leanas:
  - (a) déanfaidh sé seirbhísí rochtana atá docht agus in-idirbhriste araon a sholáthar do thríú páirtithe; Léireofar i bpraghas na hacmhainne in-idirbhriste an dóchúlacht go dtarlóidh idirbhriseadh;
  - (b) déanfaidh sé seirbhísí fadtéarmacha agus seirbhísí gearrthéarmacha a thairiscint d'úsáideoirí na saoráidí stórála;
  - (c) déanfaidh sé seirbhísí cuachta agus seirbhísí díchuachta spáis stórála, in-insteallachta agus ineachadachta a thairiscint d'úsáideoirí na saoráidí stórála.
3. Gach oibreoír córais GNL, tairgfídh sé d'úsáideoirí saoráide GNL seirbhísí cuachta agus seirbhísí díchuachta araon laistigh den tsaoráid GNL ag brath ar na riachtanais a léiríonn úsáideoirí na saoráide GNL.

4. Ní bheidh de thoradh ar chonarthaí saoráide stórála GNL agus gáis nádúrtha go mbeidh taraifí níos airde ann go treallach i gcásanna ina síneofar iad:
  - (a) lasmuigh de bhliain gháis nádúrtha a bhfuil dátaí tosaigh neamhchaighdeánacha aici; nó
  - (b) ar feadh ré is giorra ná an ré a bheadh i gceist le Conradh Caighdeánach GNL agus stórála ar bhonn bliantúil.

Maidir le saoráid stórála hidrigine agus conarthaí críochfoirt hidrigine ar giorra a ré ná an ré a bheadh i gceist le Conradh Caighdeánach GNL agus saoráide stórála ar bhonn bliantúil, ní thiocfaidh as an méid sin taraifí níos airde go treallach.

5. I gcás inarb iomchuí, féadfar seirbhísí rochtana tríú páirtithe a dheonú, faoi réir ráthaíochtaí iomchuí ó úsáideoirí an ghréasáin maidir le creidmheasacht na n-úsáideoirí sin. Ní bheidh ráthaíochtaí den sórt sin ina mbacainní míchuí ar iontráil sa mhargadh agus beidh siad neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.
6. Beidh údar maith, agus é bunaithe ar shrianta teicniúla, leis na teorainneacha conarthacha ar an íosmhéid is gá d'acmhainneacht saoráide GNL nó críochfort hidrigine agus d'acmhainneacht stórála gáis nádúrtha nó hidrigine, agus ceadóidh siad d'úsáideoirí stórála beagmhéide rochtain a fháil ar sheirbhísí stórála.

#### Airteagal 8

Measúnú ar an margadh i **ngáis** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin ag oibreoirí GNL agus córais stórála

Déanfaidh oibreoirí GNL agus córais stórála, **i gcomhar le húdaráis rialála ábhartha agus** gach dhá bhliain ar a laghad, measúnú ar an éileamh ar infheistíocht nua sa mhargadh, lena bhféadfaí **gás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin a úsáid sna saoráidí, **lena n-áirítear athrú cuspóra le haghaidh díorthaigh hidrigine agus críochfoirt hidrigine**. Agus infheistíochtaí nua á bpleanáil, déanfaidh oibreoirí GNL agus córais stórála measúnú ar an éileamh sa mhargadh agus cuirfidh siad cinnteacht an tsoláthair, **chomh maith leis an éileamh sa mhargadh le haghaidh hidrigin leachtach agus infheistíochtaí gaolmhara nua** san áireamh. Cuirfidh oibreoirí GNL agus córais stórála ar fáil go poiblí aon phleananna maidir le hinfeistíocht nua lena bhféadfaí **tosaíocht a thabhairt do ghás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin a úsáid sna saoráidí.

## Airteagal 9

Prionsabail maidir le sásraí do leithdháileadh acmhainneachta agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú a bhaineann le hoibreoirí na gcóras tarchurtha

1. Déanfar an acmhainneacht uasta ag na pointí ábhartha uile dá dtagraítear in Airteagal 30(3) a chur ar fáil do na rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine an chórais agus oibriú éifeachtúil an ghréasáin á gcur san áireamh.
2. Déanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha sásraí neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha leithdháilte acmhainneachta a chur chun feidhme agus foilseoidh sé iad agus déanfar mar a leanas leis na sásraí sin:
  - (a) cuirfidh siad comharthaí iomchuí eacnamaíocha ar fáil maidir le húsáid éifeachtúil agus uasta na hacmhainneachta teicniúla agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua agus éascóidh siad malartuithe trasteorann sa ghás nádúrtha, ***ú chur san áireamh infheistíochtaí i ndíchoimisiúnú, coigilteas a bhaineann le costais ó athchuspóru a dhéanamh go hidrigin agus infheistíochtaí i réitigh mhalartacha ar thaobh an éilimh nach n-éilíonn infheistíochtaí bonneagair nua;***
  - (b) beidh siad comhoiriúnach leis na sásraí margaidh, lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála, agus beidh siad solúbtha agus beidh ar a gcumas, an tráth céanna, iad féin a chur in oiriúint d'imthosca margaidh atá i mbun forbartha; agus
  - (c) beidh siad comhoiriúnach le córais na mBallstát um rochtain ar ghréasáin.
3. Cuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha chun feidhme agus foilseoidh sé nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha trédhearcacha um bainistiú ar phlódú ar nósanna imeachta iad a éascóidh malartuithe trasteorann sa ghás nádúrtha ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus a bheidh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:
  - (a) i gcás plódaithe chonarthaigh, go dtairgfídh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainneacht atá gan úsáid ar an margadh príomha ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad; agus
  - (b) go mbeidh úsáideoirí gréasán ar mian leo an acmhainneacht chonarthach gan úsáid atá acu a athdhíol nó a fholigeán ar an margadh tánaisteach i dteideal déanamh amhlaidh.

Maidir gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh Ballstát a cheangal go dtabharfaidh úsáideoirí gréasáin fógra nó faisnéis d'oibreoir an chórais tarchurtha.

4. Déanfaidh oibreoirí córais traschurtha measúnú go rialta ar an éileamh atá sa mhargadh ar infheistíocht nua agus aird á tabhairt ar an gcás comhchoiteann de réir mar a forbraíodh le haghaidh an phlean forbartha gréasáin chomhtháite bunaithe ar Airteagal 51 de [Treoir athmhúnlaite maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx] agus ar an gcinnteacht soláthair.

#### Airteagal 10

Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú a bhaineann le stóráil gáis nádúrtha, críochfoirt hidrigine, saoráidí stórála hidrigine agus saoráidí GNL

1. Cuirfear an t-uasmhéid acmhainneachta stórála gáis nádúrtha agus GNL nó acmhainneachta stórála hidrigine mar aon le huasmhéid acmhainneachta stórála críochfort hidrigine ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh, agus sláine agus oibriú an chórais á gcur san áireamh.
2. Déanfaidh saoráidí stórála GNL agus hidrigine chomh maith le hoibreoirí críochfoirt hidrigine agus oibreoirí córais stórála gáis nádúrtha sásraí neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha leithdháilte acmhainneachta a chur chun feidhme agus foilseoidh sé iad, agus déanfar mar a leanas leis na sásraí sin:
  - (a) cuirfidh siad comharthaí iomchuí eacnamaíocha ar fáil maidir le húsáid éifeachtúil agus uasta na hacmhainneachta agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua;
  - (b) beidh siad comhoiriúnach leis na sásraí margaidh, lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála, agus beidh siad solúbtha agus beidh ar a gcumas, an tráth céanna, iad féin a chur in oiriúint d'imthosca margaidh atá i mbun forbartha;
  - (c) beidh siad comhoiriúnach leis na córais idirnasctha um rochtain ar ghréasáin.
3. I gconarthaí le haghaidh críochfort GNL, críochfort hidrigine, agus le haghaidh saoráidí stórála hidrigine agus gáis nádúrtha, áireofar bearta chun bac a chur le cnapaireacht acmhainneachta a chosc, trí na prionsabail seo a leanas a chur san áireamh, a mbeidh feidhm acu i gcásanna plódaithe chonarthaigh:



- (a) déanfaidh an t-oibreoir córais an acmhainneacht saoráide GNL, críochfoirt hidrigine agus an acmhainneacht stórála nach bhfuil in úsáid sa mhargadh príomha a thairiscint gan mhoill; i gcás na saoráidí stórála, tarlóidh sé seo ar bhonn lá roimh ré agus ar bhonn in-idirbhriste ar a laghad;
- (b) beidh úsáideoirí saoráidí GNL, críochfoirt hidrigine agus saoráidí stórála ar mian leo a n-acmhainneacht chonarthaigh a athdhíol ar an margadh tánaisteach i dteideal déanamh amhlaidh; Áiritheoidh oibreoirí córais GNL, críochfoirt agus córais stórála hidrigine, ar leithligh nó go réigiúnach, go mbeidh ann ardán áirithinte thrédhearcach neamh-idirdhealaitheach le haghaidh úsáideoirí saoráidí GNL, críochfoirt hidrigine agus saoráidí stórála chun a n-acmhainneacht chonarthaigh a thrádáil ar an margadh tánaisteach tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

## Airteagal 11

### Trádáil i gcearta acmhainneachta

Glacfaidh gach oibreoir córais tarchurtha, córais stórála, córais GNL agus hidrigine bearta réasúnta chun go bhféadfar na cearta acmhainneachta a thrádáil faoi shaoirse agus chun an trádáil sin a éascú ar shlí thrédhearcach neamh-idirdhealaitheach. Déanfaidh gach oibreoir den sórt sin conarthaí, agus nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le hiompar, saoráidí GNL, críochfoirt hidrigine agus saoráidí stórála gáis nádúrtha agus hidrigine a fhorbairt ar an margadh príomha chun trádáil thánaisteach acmhainneachta a éascú agus tabharfaidh sé aitheantas d'aistriú na gcearta acmhainneachta príomha i gcás ina dtabharfaidh úsáideoirí an chórais fógra dóibh faoi.

Tabharfar fógra do na húdaráis rialála faoi na conarthaí agus na nósanna imeachta comhchuibhithe .

## Airteagal 12

### Rialacha comhardúcháin agus muirir i leith éagthroime

1. Déanfar na rialacha comhardúcháin a cheapadh ar bhealach cóir, neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla. Léireoidh na rialacha comhardúcháin fíor-riachtanais an chórais, agus na hacmhainní atá ar fáil ag oibreoir an chórais tarchurtha á gcur san áireamh. Beidh na rialacha comhardúcháin bunaithe ar an margadh.

2. Chun go n-éascófar glacadh tráthúil beart ceartaitheach ag úsáideoirí gréasán, soláthróidh oibreoir córais tarchurtha faisnéis leordhóthanach, thráthúil, iontaofa ar-líne maidir le stádas comhardúcháin na n-úsáideoirí gréasán.

Léireoidh an fhaisnéis a sholáthrófar an leibhéal faisnéise atá ar fáil d'oibreoir an chórais tarchurtha agus an tréimhse shocraíochta dá ríomhtar muirir i leith éagothroime.

Ní ghearrfar aon táille ar sholáthar faisnéise faoin mhír seo.

3. Beidh na muirir i leith éagothroime costas-léiritheach, a oiread is féidir, agus an tráth céanna beidh dreasachtaí ann d'úsáideoirí gréasán a n-ionchur gáis agus a n-aistarraingt gáis a chomhardú. Seachnóidh siad an trasfhóirdheontasú idir úsáideoirí gréasán agus ní chuirfidh siad bac ar iontrálaithe nua sa mhargadh.

Maidir le haon mhodheolaíocht chun muirir i leith éagothroime, chomh maith leis na luachanna deiridh, a ríomh, poibleoidh na húdaráis inniúla nó oibreoir an chórais tarchurtha iad, de réir mar is iomchuí.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha a ndícheall chun comhchuíbhiú a dhéanamh ar na réimis chomhardúcháin agus chun sruthlíniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar leibhéil na muirear comhardúcháin chun an trádáil sa ghás a dhéantar ag an bpointe trádála fíorúil a éascú.

### Airteagal 13

Deimhniú oibreoirí na gcóras tarchurtha agus oibreoirí gréasáin hidrigine

1. A luaithe is a fhaightear é, scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córas tarchurtha nó oibreora gréasáin hidrigine mar a leagtar síos é in Airteagal 65(6) de [Treoir athmhúnlaithé maidir le gás arna moladh in COM(2021)xxx] . Laistigh de 2 mhí ón lá a bhfaighidh sé an fógra sin, tabharfaidh an Coimisiún a thuairim don údarás rialála ábhartha i dtaca lena chomhoiriúnacht le hAirteagal 65(2) nó le hAirteagal 66, agus le hAirteagal 54 den Treoir Athmhúnlaithé maidir le Gás le haghaidh oibreoirí córais traschurtha, agus Airteagal 65 den Treoir sin le haghaidh oibreoirí gréasáin hidrigine .

Nuair atá an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír á hullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ACER a tuairim a thabhairt ar chinneadh an údaráis rialála

náisiúnta. I gcás den sórt sin, déanfar an tréimhse 2 mhí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhadú 2 mhí eile.

In éagmais tuairime ón gCoimisiún laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír, measfar nach bhfuil aon agóid ag an gCoimisiún i gcoinne chinneadh an údaráis rialála.

2. Laistigh de 2 mhí ón tráth a fhaightear tuairim ón gCoimisiún, glacfaidh an t-údarás rialála a chinneadh críochnaitheach maidir le deimhniúchán an oibreora córas tarchurtha nó an oibreora gréasáin hidrigine, agus an aird is mó is féidir á tabhairt ar an tuairim sin. Foilseofar cinneadh an údaráis rialála agus tuairim an Choimisiúin in éineacht lena chéile.
3. Féadfaidh na húdaráis rialála nó an Coimisiún, tráth ar bith le linn an nós imeachta, a iarraidh ar oibreoir córais tarchurtha, oibreoir gréasáin hidrigine agus/nó ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna giniúna nó soláthair, aon fhaisnéis a sholáthar atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoin Airteagal seo.
4. Déanfaidh na húdaráis rialála agus an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise íogaire tráchtála a chaomhnú.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 treoirlínte a ghlacadh lena leagtar amach mionsonraí an nós imeachta a bheidh le leanúint chun mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.
6. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún fógra faoi chinneadh ar dheimhniúchán oibreora córais tarchurtha faoi Airteagal 54(10) den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh ag COM(2021) xxx , déanfaidh sé cinneadh a bhaineann le deimhniúchán. Comhlíonfaidh an t-údarás rialála cinneadh an Choimisiúin.

#### Airteagal 14

##### Cúraimí na n-oibreoirí córas tarchurtha

1. Comhoibreoidh oibreoirí córais tarchurtha le hoibreoirí córas tarchurtha agus bonneagair eile chun cothabháil a ngréasán faoi seach a chomhordú chun aon chur isteach ar sheirbhísí tarchurtha a íoslaghdú d'úsáideoirí gréasáin agus d'oibreoirí córas tarchurtha i gceantair eile.

2. Oibreoidh oibreoirí córais traschurtha i gcomhar le chéile agus le hoibreoirí bonneagair eile agus é mar chuspóir acu an acmhainneacht theicniúil a uasmhéadú laistigh den chóras iontrála-scoir agus úsáid an gháis bhreosla a íosmhéadú a mhéid is féidir.

## Roinn 2

### ROCHTAIN AR GHRÉASÁN

#### Airteagal 15

##### Taraifí chun rochtain a fháil ar ghréasáin

1. Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí na gcóras tarchurtha agus arna bhformheas ag na húdaráis rialála de bhun Airteagal 72(7) den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás, chomh maith leis na taraifí arna bhfoilsíú de bhun Airteagal 27(1) den Treoir sin, beidh siad trédhearcach, cuirfear san áireamh iontu an gá atá le sláine an chórais agus le feabhas a chur ar shláine an chórais agus déanfaidh siad léiriú a thabhairt ar na costais iarbhír a thabhaítear, a mhéid a fhreagraíonn na costais sin do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus atá inchomparáide ó thaobh struchtúir de, agus a mhéid atá na costais sin trédhearcach, agus cuirfidh siad san áireamh toradh iomchuí ar infheistíochtaí. Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, cuirfear i bhfeidhm ar shlí neamh-idirdhealaitheach iad.

Maidir le taraifí, féadfar iad a chinneadh freisin trí shocruithe margadhbhunaithe amhail ceantanna, ar choinníoll go mbeidh na socruithe sin agus an t-ioncam a eascróidh astu formheasta ag an údarás rialúcháin.

Maidir leis na taraifí, nó na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad a ríomh, éascóidh siad an trádáil éifeachtúil sa ghás agus éascóidh siad an iomaíocht, agus ag am céanna seachnóidh siad crossfhóirdheontais idir úsáideoirí gréasán agus soláthróidh siad dreasachtaí don infheistíocht agus chun an idir-inoibritheacht a chothabháil nó a chruthú do ghréasáin tarchurtha. ***Beidh sé d'aidhm acu gan dreasachtaí a chruthú don chleachtas maidir le hidrigin a chumasc isteach sa chóras gáis nádúrtha chun méid an gháis nádúrtha a iompraítear nó a stóráiltear a mhéadú nó chun fad a chur le saolré an bhonneagair gáis nádúrtha.***

Beidh na taraifí le haghaidh úsáideoirí gréasán neamh-idirdhealaitheach agus socrófar iad go leithleach le haghaidh gach pointe iontrála ar an gcóras tarchurtha agus gach pointe scoir as. Formheasfaidh na húdaráis rialála na sásraí chun costais a leithdháileadh agus an mhodheolaíocht chun rátaí a shocrú maidir le pointí iontrála agus pointí scoir. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar muirir ghréasáin a ríomh ar bhonn conairí conartha.

2. Maidir leis na taraifí ar rochtain ar ghréasáin, ní shrianfaidh siad leachtacht an mhargaidh ná ní dhéanfaidh siad saobhadh ar an trádáil thar theorainneacha córas éagsúil tarchurtha. I gcás ina gcuirfeadh difríochtaí idir struchtúir taraifí isteach ar an trádáil thar chórais tarchurtha, agus ainneoin Airteagal 72(7) den Treoir athmhúnlaithhe maidir le Gás, déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha rompu, i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, an cóineasú ar struchtúir taraifí agus ar phrionsabail mhuirearúcháin a shaothrú go gníomhach.

- 2a. ***Féadfaidh an t-údarás rialála lascaine suas le 100 % a chur i bhfeidhm ar tharaifí tarchurtha acmhainneachtbhunaithe agus ar tharaifí dáileacháin ag pointí iontrála ó shaoráidí stórála faoi thalamh agus ag pointí scoir chucu, agus ó shaoráidí GNL, ach amháin má úsáidtear saoráid stórála atá nasctha le níos mó ná gréasán tarchurtha amháin nó gréasán dáileacháin amháin, agus a mhéid a úsáidfean an tsaoráid stórála sin, chun dul in iomaíocht le pointe idirnáisc. Déanfaidh an Coimisiún an lascaine taraife sin a athscrúdú faoin... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún measúnú le féachaint an bhfuil leibhéal an lascaine a leagtar amach sa mhír seo fós leordhóthanach chun críche cinnteacht an tsoláthair a mhéadú agus i bhfianaise na hoibleagáide stórála de bhun Airteagal 6a de Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>19</sup>.***

---

<sup>19</sup> ***Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1).***

## Airteagal 16

Lascaíní taraife ar **ghás** in-athnuaite agus ar **ghás** ísealcharbóin

***Déanfaidh na húdaráis rialála measúnú i dtaobh ar cheart tacaíocht a chur ar fáil chun costais nasctha eangaí agus táillí do shaoráidí táirgthe gáis in-athnuaite agus do shaoráidí táirgthe gáis ísealcharbóin a ísliú.***

## Airteagal 17

Comhar idir oibreoirí córais tarchurtha

1. Amhail ón [1 bhliain tar éis an trasuí], áiritheoidh an t-údarás rialála ábhartha an trédhearcacht maidir leis na modheolaíochtaí, paraiméadair agus luachanna a úsáidtear chun ioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam oibreoirí córais tarchurtha a chinneadh. Foilseoidh an t-údarás rialála an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, nó ceanglóidh sé ar an oibreoir córais tarchurtha ábhartha an foilsiú sin a dhéanamh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhformáid atá éasca don úsáideoir, agus a mhéid is féidir, i dteanga amháin nó níos mó a thuigtear go coiteann.
2. Beidh costais an oibreora córais tarchurtha faoi réir ag comparáid éifeachtúlachta idir oibreoirí córais tarchurtha an Aontais, agus déanfaidh ACER iad a shainiú go hiomchuí. Foilseoidh ACER an [3 bliana tar éis an trasuí] agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin staidéar ina ndéanfar comparáid idir costais oibreoirí córais tarchurtha an Aontais. Cuirfidh na húdaráis rialála ábhartha agus na hoibreoirí córais tarchurtha na sonraí uile is gá le haghaidh na comparáide sin ar fáil do ACER. Tabharfaidh na húdaráis rialála ábhartha torthaí na comparáide sin ar aird, chomh maith leis na himthosca náisiúnta, nuair a bheidh ioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam na n-oibreoirí córais tarchurtha á socrú acu.
3. Déanfaidh na húdaráis rialála ábhartha measúnú ar fhorbairt fhadtéarmach na dtaraifí tarchurtha bunaithe ar na hathruithe ionchasacha ar an ioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam agus ar an éileamh ar ghás go dtí 2050. Chun an measúnú sin a dhéanamh cuirfidh an t-údarás rialála san áireamh an fhaisnéis maidir leis an straitéis a dtugtar tuairisc uirthi i bplean fuinnimh agus i bplean aeráide an Bhallstáit ar leith agus na cásanna is bonn leis an bplean forbartha gréasáin comhtháite arna fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 51 de [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx].

## *Airteagal 17a*

### *Naisc bhithmheatáin agus anailís fhéideartha a éascú*

- 1. Faoin ... [1 bhliain tar éis spriocdháta an trasuí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), an chéad fhomhír, de Threoir RED III [COD 2021/0218]], bunóidh na Ballstáit léarscáileanna réigiúnacha lena sainaitheofar na limistéir a bhfuil an fhéidearthacht is mó acu maidir le bithghás agus bithmheatán inbhuanaithe a tháirgeadh ó bhreoslaí bithmhaise, de bharr infhaighteacht na n-amhábhair, amhail dramhail nó iarmhair, nó de bharr gléasraí oibriúcháin bithgháis nó bithmheatáin atá ann cheana. Comhlíonfaidh breoslaí bithmhaise den sórt sin na critéir inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001. Sula mbunófar na léarscáileanna réigiúnacha sin, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis an údarás rialála inniuil, leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, leis na hoibreoírí córas tarchurtha agus leis na hoibreoírí córas dáileacháin agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Féadfar léarscáileanna réigiúnacha a thabhairt cothrom le dáta chun foinsí nua amhábhair inbhuanaithe do tháirgeadh bithgháis agus bithmheatáin a mheas.*
- 2. Déanfaidh oibreoírí córas dáileacháin agus oibreoírí córas tarchurtha féidearthacht naisc a mhapáil ar bhonn na hacmhainneachta atá ann cheana agus na hacmhainneachta a bhfuiltear ag súil léi chun iarrataí ar cheangal a éascú, ag cur san áireamh an acmhainneacht atá ann do mhéadú ar tháirgeadh bithgháis inbhuanaithe agus bithmheatáin ó bhreoslaí bithmhaise dá dtagraítear i mír 1.*
- 3. Faoin ... [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus na léarscáileanna réigiúnacha dá dtagraítear i mír 1 á gcur san áireamh, bunóidh gach Ballstát straitéisí náisiúnta maidir le táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin inbhuanaithe agus maidir lena n-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun bithghás agus bithmheatán inbhuanaithe a tháirgeadh, déanfaidh siad meastóireacht ar aon bhacainní ar tháirgeadh nó ar instealladh bithmheatáin san eangach chomh maith le conair a bhunú chun na féidearthachtaí náisiúnta sainaitheanta a bhaint amach faoi 2030 agus 2050. Beidh dlúthnasc idir straitéisí náisiúnta na mBallstát agus a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999. Tuairisceoidh na Ballstáit ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena rannchuidiú*

*le sprioc 35 bcm an Aontais a bhaint amach mar chuid dá dtuairisciú débhlíantúil de bhun Rialachán (AE) 2018/1999.*

4. *Faoi 2024 agus go rialta ina dhiaidh sin, eiseoidh na húdaráis rialála, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le táirgeadh, iompar agus glacadh bithmheatáin.*
5. *Glacfaidh an comhlacht náisiúnta um chaighdeánú caighdeáin iomchuí cáilíochta gáis, bunaithe ar na caighdeáin Eorpacha arna nglacadh ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), lena bhféadfar bithmheatán a instealladh sna gréasáin gháis atá ann cheana agus sláine an chórais á háirithiú ag an am céanna.*

### Roinn 3

## OIBRIÚ CÓRAIS TARCHURTHA, STÓRÁLA, GNL AGUS CRÍOCHFOIRT HIDRIGINE

### Airteagal 18

Acmhainneacht dhocht le haghaidh **gás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin chuig an gcóras tarchurtha

1. Áiritheoidh na hoibreoirí córais tarchurtha go mbeidh ann d'acmhainneacht dhocht le haghaidh na rochtana ag saoráidí táirgthe **gás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin ar a n-eangach. Chun an críche sin, **forbróidh** na hoibreoirí córais tarchurtha, i gcomhar leis na hoibreoirí córais dáileacháin, nósanna imeachta agus socrúithe, lena n-áirítear infheistíochtaí, chun sreabhadh cúltreo a áirithiú **ón ngréasán** dáileacháin go dtí **an gréasán tarchurtha, agus pleananna treisithe gréasáin chun treisiú gréasáin a áirithiú, i gcás inarb iomchuí.**
2. Beidh mír 1 gan dochar don deis atá ag oibreoirí córais tarchurtha roghanna atá malartach ar infheistíochtaí cúltreo a fhorbairt, amhail réitigh eangaí cliste nó nasc le hoibreoirí córais eile. Ní fhéadfar rochtain dhocht a theorannú ach amháin chun acmhainní atá faoi réir srianta oibríochtúla, d'fhonn **sábháilteacht bonneagair agus éifeachtúlacht eacnamaíoch** a áirithiú. Beidh an t-údarás rialála **freagrach as athbhreithniú agus formheas a dhéanamh ar choinníollacha na n-oibreoirí córas tarchurtha maidir le hacmhainneacht choinníollach agus áiritheoidh sé go ndéanfar aon srianta in acmhainneacht dhocht nó aon srianta oibríochtúla a thabhairt isteach ar bhonn nósanna imeachta trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha**



agus nach gcruthóidh na srianta sin bacainní míchuí ar dhul isteach sa mhargadh. I gás ina seasann an tsaoráid táirgthe na costais a bhaineann leis an acmhainneacht dhocht a áirithiú, ní bheidh feidhm ar aon srian.

**2a. *Chun nascadh eangaí le táirgeadh gáis inathnuaite a chur chun feidhme go tapa, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:***

- (a) *go gcloífidh an t-oibreoir córais tarchurtha le teorainneacha réasúnta ama chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí ar an tealladh gáis in-athnuaite, chun tairiscint a dhéanamh agus chun an nascadh a chur chun feidhme, agus faireachán á dhéanamh ag an údarás rialála náisiúnta arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 37 agus Airteagal 72(1), pointe (t) de [Treoir athmhúnlaithé maidir le gás arna moladh in COM(2021)xxx];***
- (b) *nach gcuirfear bac ar nósanna imeachta ceadaithe chun an nasc a chur chun feidhme mar gheall ar easpa acmhainneachta riaracháin agus nach gcruthófar bac leo ar bhaint amach na sprice náisiúnta maidir le fuinneamh in-athnuaite.***

#### Airteagal 19

Comhar trasteorann maidir le cáilíocht gháis sa chóras gáis nádúrtha

1. Maidir le srianta ar shreafaí trasteorann de dheasca difríochtaí cáilíochta gáis ag pointí idirnáise idir ■ Ballstáit an Aontais, oibreoidh oibreoirí córais tarchurtha i gcomhar le chéile chun na srianta sin a sheachaint. ***Agus iad ag comhoibriú, cuirfidh oibreoirí córais tarchurtha saintréithe suiteálacha na gcustaiméirí gáis deiridh san áireamh.***
  - 1a. Ní ghlacfaidh oibreoirí córais tarchurtha ach le sreafaí gáis ina bhfuil cion hidrigine suas le 3 % de réir toirte ag pointí idirnáise idir Ballstáit sa chóras gáis nádúrtha, faoi réir chríochnú an nós imeachta a dtugtar tuairisc air san Airteagal seo.***
  - 1b. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfear sonraíochtaí teicniúla éagsúla, lena n-áirítear paraiméadair cáilíochta gáis, amhail cion ocsaigine agus cumasc hidrigine sa chóras gáis nádúrtha, chun srian a chur ar shreafaí gáis trasteorann.***
2. I gás nach féidir le hoibreoirí córais tarchurtha, ina ngnáthoibríochtaí, srian ar shreabhadh trasteorann de dheasca difríochtaí cáilíochtaí gáis a sheachaint, cuirfidh

siad sin in iúl do na húdaráis rialála lena mbaineann gan mhoill. San fhaisnéis sin beidh tuairisc agus réasúnú cuí le haon bheart atá déanta cheana féin ag na hoibreoírí córais tarchurtha.

3. Tiocfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann ar chomhaontú go comhpháirteach laistigh de 6 mhí maidir le haitheantas a thabhairt don srian.
4. I gás ina dtugann na húdaráis rialála **lena mbaineann** aitheantas don srian, iarrfaidh siad ar na hoibreoírí córais tarchurtha lena mbaineann na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh ceann i ndiaidh a chéile, laistigh 12 mhí ón uair a thugtar an t-aitheantas:
  - (a) dul i gcomhar chun roghanna atá féideartha go teicniúil a fhorbairt chun an srian sainaitheanta a bhaint, gan na sonraíochtaí cáilíochta gáis, lenar féidir gealltanais sreafa agus cóireáil gáis a áireamh, a athrú, **agus faisnéis arna soláthar ag custaiméirí deiridh atá nasctha go díreach le heangach an oibreora córais tarchurtha, le hoibreoír córais dáileacháin nó le aon gheallsealbhóir eile a bhféadfadh an próiseas sin difear a dhéanamh dóibh á cur san áireamh;**
  - (b) measúnú costais is tairbhe ar na roghanna atá féideartha go teicniúil a dhéanamh go comhpháirteach chun réitigh atá éifeachtúil go heacnamaíoch a shainiú, lena sonrú miondealú ar na costais agus na tairbhí idir na catagóirí éagsúla páirtithe a ndéanfar difear dóibh;
  - (c) meastachán a dhéanamh ar an méid ama a thógfar chun gach rogha fhéideartha a chur chun feidhme;
  - (d) comhairliúchán poiblí a sheoladh, **go háirithe leis na custaiméirí deiridh a ndéantar difear dóibh agus atá nasctha leis an ngréasán tarchurtha**, maidir le réitigh fhéideartha shainaitheanta agus torthaí an chomhairliúcháin a chur san áireamh;
  - (e) togra comhpháirteach, bunaithe ar an measúnú costas is tairbhe agus ar an gcomhairliúchán poiblí, le haghaidh réitigh lena mbaintear an srian aitheanta, lena n-áirítear an tráthchlár le haghaidh a chur chun feidhme, a chur faoi bhráid na n-údaráis rialála ar leith lena fhorghéallú agus faoi bhráid údaráis náisiúnta rialála gach Ballstáit lena mbaineann mar eolas.

5. I gcás nach dtagann na hoibreoirí córais tarchurtha lena mbaineann ar chomhaontú faoi réiteach, cuirfidh gach oibreoir córais tarchurtha a údarás rialála ar an eolas gan mhoill.
6. Déanfaidh na húdaráis rialála **lena mbaineann** cinneadh comhpháirteach comhordaithe maidir leis an srian aitheanta **a bhaint nó a choinneáil**, agus, san am céanna, aird á tabhairt ar an measúnú costais is tairbhe arna hullmhú ag na hoibreoirí córais tarchurtha agus ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí laistigh de 6 mhí mar a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. **Déanfar athbhreithniú gach 4 bliana ar aon chinneadh an srian aitheanta a choinneáil.**
7. Sa chinneadh comhpháirteach comhordaithe a dhéanfaidh na húdaráis lena mbaineann áireofar cinneadh maidir le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le seasamh ag gach oibreoir córais traschurtha a thiocfaidh as cur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, chomh maith lena gcur san áireamh i dtaraifí, agus aird á tabhairt ar chostais agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil an réitigh sa Bhallstát lena mbaineann.
8. Féadfaidh ACER moltaí a chur chuig na húdaráis rialála maidir le mionsonraí na gcinntí leithdháilte costais sin dá dtagraítear i mír 7.
9. I gás nach féidir leis na húdaráis rialála lena mbaineann teacht ar chomhaontú dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an srian, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. I gcás ina dtugann ACER aitheantas don srian iarrfaidh sé ar na hoibreoirí córais tarchurtha na gníomhartha dá dtagraítear i mír 4 pointí (a) go (e) a dhéanamh, laistigh de 12 mhí, ceann i ndiaidh a chéile.
10. I gcás nach féidir leis na húdaráis rialála **lena mbaineann** teacht ar chinneadh comhordaithe dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an réiteach i ndáil leis an srian a bhaint **nó a choinneáil** agus i ndáil le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le seasamh ag gach oibreoir córais tarchurtha le haghaidh chur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. **Déanfar athbhreithniú gach 4 bliana ar aon chinneadh an srian aitheanta a choinneáil.**
11. Maidir le mionsonraí breise is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme **lena** n-áirítear mionsonraí ar an anailís costais is tairbhe **agus ar shonraíocht**

*chomhchoiteann cheangailteach maidir le cáilíocht hidrigine le haghaidh idirnascairí gás nádúrtha trasteorann, déanfar an méid sin a shocrú i gcód gréasáin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 53* ■ .

## Airteagal 21

### ***Comheagraíocht AE d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis agus Oibreoirí Gréasáin Hidrigine***

Comhoibreoidh na hoibreoirí córais tarchurtha *gáis agus na hoibreoirí gréasáin hidrigine* uile ar leibhéal an Aontais trí ***Chomheagraíocht AE d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis agus Oibreoirí Gréasáin Hidrigine (ENTSO-G&H)***, chun comhlánú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha *agus hidrigin* agus trádáil trasteorann a chur chun cinn agus chun bainistiú optamach, oibríocht chomhordaithe agus forás fóna teicniúil an ghréasáin tarchurtha don ghás nádúrtha *agus an ghréasáin hidrigine* a áirithiú.

## Airteagal 22

### Eagrúchán ***ENTSO-G&H***

1. ***Faoin 1 Meán Fómhair 2024, foilseoidh ENTSO-G&H agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin*** agus ACER dréacht-reathanna, liosta comhaltaí *agus iarrthóirí atá ag fanacht ar dheimhniúchán mar oibreoir gréasáin hidrigine*, agus dréacht-rialacha nós imeachta, lena n-áirítear rialacha na nósanna imeachta i ndáil le comhairliúchán le geallsealbhóirí eile, le ***ENTSO-G&H*** i gcás athruithe ar na doiciméid sin nó iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún nó ACER.
- 1a. ***Sula gcuirfidh ENTSO-G & H na doiciméid faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER de bhun mhír 1 den Airteagal seo, seolfaidh ENTSO-G & H comhairliúchán poiblí le geallsealbhóirí i gcomhréir le hAirteagal 26. Beidh an comhairliúchán éifeachtach agus fairsing agus déanfar é ar bhealach tráthúil, oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach. Beidh rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí sa chomhairliúchán deonach agus tabharfar cuireadh do na geallsealbhóirí ábhartha uile. Cuirfidh ENTSO-G&H san áireamh go cuí torthaí an chomhairliúcháin sin.***
2. Laistigh de 4 mhí ón lá a bhfaighfear iad, tar éis dó dul i gcomhairle go foirmiúil le heagraíochtaí atá ionadaíoch ar na geallsealbhóirí uile, go háirithe úsáideoirí an chórais, lena n-áirítear custaiméirí, soláthróidh ACER tuairim don Choimisiún maidir

leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta comhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta.

3. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis na dréacht-reachtanna, maidir le liosta na gcomhaltaí agus maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta, agus aird á tabhairt aige ar thuairim ACER dá dtagraítear i mír 2, agus déanfar amhlaidh laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ó ACER .

4. Laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ón gCoimisiún, déanfaidh **ENTSO-G&H** reachtanna agus nósanna imeachta athbhreithnithe **ENTSO-G&H** a ghlacadh agus a fhoilsiú.

**4a. Áiritheofar le reachtanna ENTSO-G&H dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas:**

**(a) tá rannpháirtíocht in obair ENTSO-G&H teoranta d'oibreoírí gréasáin hidrigine cláraithe agus d'oibreoírí córais tarchurtha nó do gheallsealbhóirí ábhartha eile chun cúraimí rialála ENTSO-G&H a chomhlánú;**

**(b) glacann bord ENTSO-G&H cinntí straitéiseacha maidir le gníomhaíochtaí ENTSO-G&H chomh maith le treoirlínte beartais do bhord ENTSO-G&H;**

**(c) cumasófar le cinntí ón gcomhthionól ginearálta cuspóir ENTSO-G&H a bhaint amach;**

**(d) is é an tionól ginearálta a thoghann comhaltaí bhord ENTSO-G&H le haghaidh shainordú 4 bliana ar a mhéad;**

**(e) is é an bord a ainmníonn an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán as comhaltaí bhord ENTSO-G&H;**

**(f) is faoi stiúir bhord ENTSO-G&H atá an comhar idir oibreoírí córais tarchurtha d'oibreoírí gréasáin gáis agus hidrigine de bhun Airteagal 21;**

**(g) bunaithe ar thogra ó bhord ENTSO-G&H, ceapann an tionól ginearálta an tArd-Stiúrthóir le haghaidh shainordú 4 bliana, ar féidir é a athnuachan aon uair amháin;**

**(h) foilseoidh ENTSO-G&H miontuairiscí a chuid cruinnithe tionóil agus cruinnithe boird, agus coinneoidh sé eolas leis an bpobal ar bhonn rialta faoina chinnteoireacht agus faoina ghníomhaíochtaí.**

- 4b. *Leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 1, déanfar a choimirciú go gcaithfear go cothrom agus go comhréireach lena chomhaltaí agus léireofar struchtúr éagsúil geografach, déimeagrafach, eacnamaíoch agus earnálach a chomhaltaí. Go háirithe, forálfaidh siad go mbeidh an bord comhdhéanta díobh seo a leanas:*
- (a) *Uachtarán agus Leas-Uachtarán a ainmneofar ó ghrúpaí na n-oibreoirí gréasáin hidrigine agus na n-oibreoirí córais tarchurtha faoi seach agus ar théarma rothlach trí bliana, nó a mhalairt leis na ról sin ag malartú idir na hoibreoirí córais tarchurtha agus na hoibreoirí gréasáin hidrigine; agus*
- (b) *líon comhionann comhaltaí boird a ainmnítear ó ionadaithe na n-oibreoirí córais tarchurtha agus ó ionadaithe na n-oibreoirí gréasáin hidrigine araon, rud a áiríteoidh go mbeidh cothromaíocht chóir ann idir oibreoirí gréasáin hidrigine agus oibreoirí na gcóras tarchurtha. Beidh líon comhionann comhaltaí boird in aghaidh na hearnála i reachtanna ENTSO-G&H. Sroichfear an líon comhionann comhaltaí boird a luaithe a bheidh líon leordhóthanach oibreoirí gréasáin hidrigine deimhnithe ó Bhallstáit éagsúla ann.*
- 4c. *Déanfar foráil i reachtanna ENTSO-G &H maidir le rialacha eagrúcháin soiléire, lena n-áirítear rialacha maidir leis an mbuiséad atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí córais tarchurtha agus do ghníomhaíochtaí oibreoirí gréasáin hidrigine, laistigh den ENTSO-G&H agus, ag an am céanna, áiritheofar go mbeidh seirbhísí éifeachtúla agus comhroinnte á soláthar ag foireann ENTSO-G&H d'oibreoirí córais tarchurtha gáis agus d'oibreoirí córais tarchurtha hidrigine araon.*
- 4d. *Forálfar leis na reachtanna freisin do rialacha eagrúcháin soiléire maidir le grúpaí oibre a bhunú agus maidir lena raon feidhme agus a ngníomhaíocht a shainiú, á choimirciú go gcaithfear go cothrom agus go comhréireach le comhaltaí na heagraíochta. Cruthófar grúpaí oibre sonracha chun díriú go sonrach ar bhonneagar hidrigine a fhorbairt lena gcumhdófar ionchais cháilíochta, soláthair agus éilimh chomh maith le riachtanais bhonneagair.*

## Airteagal 23

### Cúraimí *ENTSO-G&H*

1. ***Forbróidh ENTSO-G&H*** cóid ghréasáin sna réimsí ***a leagtar amach in Airteagal 53 agus Airteagal 54***, ar iarradh ón gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 53(9) ***nó Airteagal 54(9)***.
2. Féadfaidh ***ENTSO-G&H*** cóid ghréasáin a ***fhorbairt*** sna réimsí a leagtar amach in ***Airteagal 53 agus Airteagal 54*** d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21 a bhaint amach, i gcás nach mbainfidh na cóid sin le réimsí a chumhdaítear leis an iarraidh a dhíreoidh an Coimisiún chuige. Cuirfear na cóid ghréasáin sin faoi bhráid ACER le go dtabharfaidh sé tuairim ina leith. Tabharfaidh ***ENTSO-G&H*** aird chuí ar an tuairim sin.
3. Déanfaidh ***ENTSO-G&H*** an méid seo a leanas a ghlacadh ***agus a fhoilsiú***:
  - (a) uirlisí coiteanna d'oibriú an ghréasáin, lena áirithiú go ndéanfar comhordú ar oibriú an ghréasáin i ngnáthdhálaí agus i ndálaí éigeandála, lena n-áirítear scála coiteann chun teagmhais a aicmiú agus pleananna taighde;
  - (b) plean forbartha gréasán neamhcheangailteach deich mbliana uile-Aontais (plean forbartha gréasán uile-Aontais) ***do ghréasáin gáis agus hidrigine*** lena n-áirítear ***Plean Eorpach do Chonairí Tosaíochta le haghaidh Hidrigine atá i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/869 agus arna athneartú ag Plean REPowerEU, agus*** tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair, gach dhá bhliain; ***déanfar an plean forbartha gréasáin uile-Aontais a fhorbairt i gcomhréir leis na húdaráis rialála agus, i gcás inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil, déanfar é a chomhchuíbhíú leis an bplean forbartha gréasáin uile-Aontais don leictreachas;***
  - (c) moltaí maidir le comhordú an chomhair theicniúil idir oibreoirí córas tarchurtha san Aontas agus oibreoirí córas tarchurtha i dtríú tíortha ***agus oibreoirí gréasáin hidrigine i dtríú tíortha;***
  - (ca) ***moltaí a bhaineann le comhordú an chomhair theicniúil san Aontas idir oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis ar thaobh amháin agus oibreoirí gréasáin hidrigine ar an taobh eile;***
  - (d) clár oibre bliantúil;



- (e) tuarascáil bhliantúil;
- (f) tuar bliantúil ar leordhóthanacht soláthair an tsamhraidh agus an gheimhridh;
- (fa) tuar bliantúil maidir leis an soláthar hidrigine lena gcumhdófar na Ballstáit ina n-úsáidtear hidrigin chun leictreachas a ghiniúint nó a sholáthar;**
- (g) tuarascáil um fhaireachán cáilíochta gáis **agus um dhícharbónú** faoin 15 Bealtaine 2024 **agus tuarascáil um fhaireachán ar cháilíocht gáis agus hidrigine agus um dhícharbónú faoin 15 Bealtaine 2026** ar a dhéanaí agus gach dhá bhliain **ina dhiaidh sin**, lena n-áirítear forbairtí ar pharaiméadair cáilíochta gáis, forbairtí ar leibhéal agus ar thoirt **an gháis in-athnuaithe agus ísealcharbóin a chuirtear isteach sa chóras gáis chomh maith le ar leibhéal agus toirt na hidrigine** a chumasctar sa chóras gáis nádúrtha, tuartha maidir le forbairt ionchasach na bparaiméadar cáilíochta gáis agus maidir leis an méid hidrigine a chumasctar sa chóras gáis náisiúnta, an tionchar atá ag hidrigin a chumasc ar shreafaí trasteorann chomh maith le faisnéis ar chásanna a bhaineann le difríochtaí i sonraíochtaí cáilíochta gáis agus i sonraíochtaí i ndáil le leibhéal cumaise agus an chaoi a socraítear na cásanna sin **d’fhonn riachtanais cháilíochta an dá fheidhmchlár éagsúla úsáide deiridh a chomhlíonadh;**
- (h) an tuarascáil um fhaireachán cáilíochta gáis **agus hidrigine agus um dhícharbónú, lena** gcumhdófar freisin an fhorbairt le haghaidh na limistéir a liostaítear i bpointe (g) a mhéid is ábhartha don ghréasán leithdháilte, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag eintiteas na n-oibreoirí córais dáileacháin san Aontas (‘eintiteas AE DSO’).

4. Cumhdófar leis an tuar ar leordhóthanacht soláthair Eorpach dá dtagraítear i mír 3, pointe (b), leordhóthanacht foriomlán **na gcóras** gáis **agus hidrigine** chun freastal ar éilimh reatha agus ar éilimh réamh-mheasta ar ghás **agus ar hidrigin** don tréimhse cúig bliana atá le teacht chomh maith leis an tréimhse idir 5 bliana agus 10 mbliana ó dháta an tuair sin. Déanfaidh an tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair forbairt ar na tuartha náisiúnta ar leordhóthanacht soláthair a ullmhaíonn gach **oibreoir** córais tarchurtha **gáis agus gach oibreoir gréasáin hidrigine ar leith.**

Cuimseofar samhaltú an ghréasáin chomhtháthaithe, lena n-áirítear gréasáin hidrigine, forbairt cásanna, tuar Eorpach i leith leordhóthanacht soláthair, **measúnú**



*ar thionchar aeráide* agus measúnú ar sheasmhacht an chórais sa phlean forbartha uile-Aontais dá dtagraítear i mír 3, pointe (b). ***Leis an bplean, déanfar bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus comhtháthú an chórais fuinnimh a chur chun cinn, rannchuideofar le húsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha agus le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach.***

5. Is é a bheidh sa chlár oibre bliantúil dá dtagraítear i mír 3, pointe (d) ná liosta de na cóid ghréasáin atá le hullmhú agus tuairisc orthu, plean maidir le comhordú oibriú an ghréasáin agus gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, a dhéanfar an bhliain sin, mar aon le féilire táscach. ***Luafar go soiléir sa chlár bliantúil cé na gníomhaíochtaí a bhaineann le hidrigin, le gás, nó leis an dá rud.***



7. Déanfar na cóid ghréasáin a fhorbairt maidir le saincheistanna a bhaineann le gréasáin trasteorann agus saincheistanna a bhaineann le comhtháthú an mhargaidh agus beidh siad gan dochar do cheart na mBallstát cóid ghréasáin náisiúnta a bhunú nach ndéanann difear don trádáil trasteorann.
8. Déanfaidh ***ENTSO-G&H*** faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 53(13), 54 nó 56, agus ar a n-éifeacht ar chomhchuíbhiú na rialacha is infheidhme arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh a éascú. Déanfaidh ***ENTSO-G&H*** a fhionnachtana a thuairisciú do ACER agus déanfaidh sé torthaí na hanailíse a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i mír 3, pointe (e), den Airteagal seo.
9. Déanfaidh ***ENTSO-G&H*** an fhaisnéis uile a chur ar fáil a éilíonn ACER chun a cúraimí a chomhlíonadh faoi Airteagal 24. ***Chun go mbeidh ENTSO-G&H in ann an ceanglas sin a chomhlíonadh, déanfaidh oibreoírí córais tarchurtha agus na hoibreoírí gréasáin hidrigin an fhaisnéis is gá a chur ar fáil do ENTSO-G&H.***
10. Déanfaidh ACER athbhreithniú ar na pleananna forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá siad i gcomhréir leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais. Má shainaithníonn ACER neamhréireachtaí idir plean forbartha gréasáin deich mbliana náisiúnta agus an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais, molfaidh sé go ndéanfar an plean

forbartha gréasáin náisiúnta deich mbliana nó an plean forbartha gréasáin uile-Aontais a leasú de réir mar is cuí. Má **fhorbraítear** plean forbartha gréasáin náisiúnta deich mbliana den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 51 de [Treoir athmhúnlaith arna moladh in COM(2021) xxx], molfaidh ACER don údarás rialála náisiúnta inniúil an plean forbartha gréasáin deich mbliana a leasú i gcomhréir le hAirteagal 51(5) den Treoir sin agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún. **Leasóidh ENTSO-G&H an plean forbartha gréasáin uile-Aontais agus moltaí ACER á gcur san áireamh. Chun rannpháirtíocht luath agus éifeachtach a áirithiú, foilseoidh ENTSO-G&H a dhréachtphlean forbartha gréasáin uile-Aontais ar bhealach tráthúil leordhóthanach sula gcuirfear faoi bhráid an údaráis rialála é, chun gur féidir na geallsealbhóirí barúlacha a dhéanamh air.**

11. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh **ENTSO-G&H** a thuairimí don Choimisiún maidir le glacadh na dtreoirlínte de réir mar a leagtar síos in Airteagal 56.

**11a. Déanfaidh ENTSO-G&H cibearshlándaíl agus cosaint sonraí a chur chun cinn maidir le gréasáin gáis agus hidrigine i gcomhar le húdaráis ábhartha agus le heintitis rialáilte.**

#### Airteagal 24

##### Faireachán á dhéanamh ag ACER

1. Déanfaidh ACER faireachán ar fhorghníomhú chúraimí **ENTSO-G&H** dá dtagraítear in Airteagal 23(1), (2) agus (3) agus tíolacfaidh sé tuarascáil don Choimisiún.

Déanfaidh ACER faireachán ar an mbealach a ndéanann **ENTSO-G&H** na cóid ghréasáin **arna bhforbairt** faoi Airteagal 23(2) agus na cóid ghréasáin arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 53(1) go (12) **nó le hAirteagal 54(1) go (12)**, ach nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagail 53(13) **nó 54(13)**, a chur chun feidhme. I gcás ina mainneoidh **ENTSO-G&H** na cóid ghréasáin sin a chur chun feidhme, iarrfaidh ACER ar **ENTSO-G&H** míniú cuí-réasúnaithe a thabhairt faoin gcúis ar mhainnigh sí déanamh amhlaidh. Cuirfidh ACER an míniú sin in iúl don Choimisiún agus tabharfaidh sé a thuairim ina leith.

Déanfaidh ACER faireachán agus anailís ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte arna nglacadh ag an gCoimisiún de réir mar a leagtar síos in Airteagail 52, 53, **54**, 55 agus 56, agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha

is infheidhme, arb é is aidhm dóibh comhtháthú an mhargaidh *agus an chórais fuinnimh* a éascú, agus ar neamh-idirdhealú, ar iomaíocht éifeachtach, *ar spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais, ar bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh*, agus ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sí tuarascáil don Choimisiún.

2. Déanfaidh **ENTSO&H** an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Aontais, an dréachtchlár oibre bliantúil, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus na doiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 23(3) a chur faoi bhráid ACER chun a thuairim a fháil. *Ar na doiciméid sin a fháil, cuirfidh ACER an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Aontais agus an dréachtchlár oibre bliantúil faoi bhráid an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide. Foilseoidh an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide anailís agus tuairim neamhspleách maidir lena gcomhsheasmhacht le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais.*

Laistigh de thréimhse 2 mhí ón lá a bhfaighfear é, *foilseoidh* ACER *a* thuairim chuí-réasúnaithe, chomh maith le moltaí, do **ENTSO-G&H** agus don Choimisiún, i gcás ina measfaidh sé nach rannchuideoidh an dréachtchlár oibre bliantúil nó an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Aontais arna thíolacadh ag **ENTSO&H** le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach nó le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh nó le leibhéal sásúil idirnáise trasteorann a bheidh oscailte do rochtain ag tríú páirtithe. *Tabharfar aird chuí sa chlár agus sa phlean ar thuairim agus ar mholtaí ACER.*

Airteagal 25

Údaráis rialála

Agus a bhfreagrachtaí faoin Rialachán seo á bhfeidhmiú acu, áiritheoidh na húdaráis rialála go gcomhlíonfar an Rialachán seo, na cóid ghréasáin agus na treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 52 go 56.

I gcás inarb iomchuí, rachaidh siad i gcomhar lena chéile, leis an gCoimisiún agus le ACER i gcomhréir le Caibidil V den Treoir Athmhúnlaithé maidir le Gás.

Airteagal 26  
Comhairliúchán

1. Agus é ag ullmhú na gcód gréasáin, an dréachtphlean forbartha gréasáin uile-Aontais agus an chláir oibre bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 23(1), (2) agus (3), seolfaidh **ENTSO-G&H** próiseas comhairliúcháin **phoiblí** forleathan, ag céim luath agus ar bhealach trédhearcach agus oscailte, ina n-áireofar na rannpháirtithe ábhartha go léir sa mhargadh, agus, go háirithe, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí uile, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22(1). Áireofar sa chomhairliúchán sin na húdaráis rialála agus údaráis náisiúnta, **réigiúnacha agus áitiúla** eile, gnóthais soláthair agus táirgthe, úsáideoirí gréasáin, lena n-áirítear custaiméirí, oibreoirí córais dáileacháin, lena n-áirítear comhlachais tionsclaíocha ábhartha, comhlachtaí teicniúla, **an tsochaí shibhialta** agus ardáin geallsealbhóirí. **Foilseoidh ENTSO-G&H dréachtaí de na doiciméid sin le haghaidh barúlacha ó na geallsealbhóirí agus tabharfaidh sé dóthain ama do na geallsealbhóirí a bheith rannpháirteach go héifeachtach.** Beidh sé mar aidhm ag **ENTSO-G&H** tuairimí agus tograí na bpáirtithe ábhartha uile a shainaithint i rith an phróisis cinnteoireachta.
2. Poibleofar na doiciméid agus na miontuairiscí uile a bhaineann leis na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1.
3. Sula nglacfaidh sé an clár oibre bliantúil agus na cóid ghréasáin dá dtagraítear in Airteagal 23(1), (2) agus (3), tabharfaidh **ENTSO-G&H** le fios conas a rinneadh na barúlacha a fuarthas le linn an chomhairliúcháin a chur san áireamh. I gcás nach mbeidh barúlacha curtha san áireamh, tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis sin.

*Airteagal 27*

*Costais*

Seasfaidh **na hoibreoírí** córais tarchurtha **gáis agus na hoibreoírí gréasáin hidrigine** na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí **ENTSO-G&H** dá dtagraítear in Airteagail 21, 22, 23, 52, 53 **agus 54** den Rialachán seo, agus in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>20</sup> agus cuirfear na costais sin san áireamh le linn

---

<sup>20</sup> Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39).

na taraifí a bheith á ríomh. Ní fhormheasfaidh na húdaráis rialála na costais sin ach amháin má bhíonn siad réasúnta agus iomchuí.

#### *Airteagal 28*

#### *Comhar réigiúnach idir na hoibreoirí córais tarchurtha agus na hoibreoirí gréasáin hidrigine*

1. Bunóidh oibreoirí córais tarchurtha **agus oibreoirí gréasáin hidrigine** comhar réigiúnach laistigh de **ENTSO&H** d'fhonn rannchuidiú leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 23(1), (2) agus (3).
2. Cuirfidh oibreoirí córais tarchurtha **agus oibreoirí gréasáin hidrigine** socrúithe oibríochtúla chun cinn d'fhonn an bainistiú is fearr ar an ngréasán a áirithiú agus déanfaidh siad forbairt malartuithe fuinnimh, leithdháileadh comhordaithe acmhainne trasteorann trí réitigh neamh-idirdhealaitheacha margadh-bhunaithe, agus aird chuí á tabhairt ar thuillteanais shonracha na gceantanna intuigthe do leithdháileadh gearrthéarmach, agus comhtháthú na sásraí um chomhardú a chur chun cinn.
3. Chun críocha na spriocanna a shocraítear i mír 1 agus i mír 2 a bhaint amach, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 a bhaineann le sainmhíniú an limistéir geografaigh a chumhdaíonn gach struchtúr comhair réigiúnaigh agus na struchtúir chomhair réigiúnaigh atá ann cheana á gcur san áireamh. Ceadófar do gach Ballstát comhar a chur chun cinn i níos mó ná limistéar geografach amháin.

Chun na críche sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ACER agus le ENTSO don Ghás.

#### *Airteagal 29*

#### *Plean forbartha gréasáin uile-Aontais le haghaidh gáis agus hidrigine*

Gach dhá bhliain glacfaidh agus foilseoidh **ENTSO-G&H** plean forbartha gréasáin uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 23(3), pointe (b). Cuimseofar samhltú an ghréasáin chomhtháthaithe, forbairt cásanna, tuar Eorpach ar leordhóthanacht soláthair, **measúnú ar thionchar aeráide** agus measúnú ar stóinseacht an chórais sa phlean forbartha uile-Aontais.

Beidh na nithe seo a leanas i gceist leis an bplean forbartha gréasáin uile-Aontais, go háirithe:

- (a) cuirfidh sé le pleananna infheistíochta náisiúnta agus Caibidil IV de Rialachán (AE) 347/2013;
- (b) i réimse na n-idirnascairí trasteorann, cuirfidh sé le riachtanais réasúnacha úsáideoirí na gcóras éagsúil agus déanfaidh sé gealltanais fhadtéarmacha ó infheisteoirí a chomhtháthú dá dtagraítear in Airteagail 56 agus 52 den [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx] ; agus
- (c) bearnaí infheistíochta a shainaithint, *go háirithe* maidir le hacmhainneachtaí trasteorann, *i gcás ina bhfuil siad ar fáil, i bhfianaise an Phlean Eorpaigh maidir le Conairí Tosaíochta le haghaidh Hidrigine atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/869 agus arna neartú le Plean REPowerEU, mar aon le hinfeistíochtaí maidir le bonneagar a dhíchoimisiúnú nó maidir le bonneagar gáis nádúrtha a athchuspóru chun hidrigin a iompar agus infheistíochtaí le haghaidh réitigh ar thaobh an éilimh nach n-éilíonn infheistíochtaí bonneagair nua, arna dtacú le hanailís costais is tairbhe atá comhsheasmhach leis na modheolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán AE 2022/869;*
- (ca) *comhtháthú breise an chórais fuinnimh, bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, agus rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach;*
- (cb) *a chur san áireamh gur gá tosaíocht a thabhairt d'úsáid hidrigine in earnálacha atá deacair a dhícharbónú.*

I dtaca leis an dara fómhír, pointe (c), féadfar athbhreithniú a chur mar iarscríbhinn leis an bplean forbartha gréasáin uile-Aontais, is é sin, athbhreithniú ar na bacainní atá ar mhéadú acmhainn trasteorann an ghréasáin agus a eascraíonn as nósanna imeachta nó cleachtais formheasta éagsúla, *lena n-áirítear roghanna malartacha ar thaobh an éilimh nach dteastaíonn infheistíochtaí nua bonneagair ina leith.*

*Agus an plean forbartha gréasáin uile-Aontais á fhorbairt, comhoibreoidh ENTSO-G&H le ENTSO don Leictreachas, go háirithe i dtaobh measúnú costais is tairbhe ar an gcóras fuinnimh ina iomláine a fhorbairt, riachtanais acmhainne feadh an chórais fuinnimh, agus an margadh fuinnimh idirnasctha agus an tsamhail ghréasáin, lena n-áirítear an bonneagar iompair leictreachais, gáis agus hidrigine chomh maith le stóráil, cuspóirí aeráide agus éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais, GNL agus críochfoirt hidrigine agus*

*leictirlíí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2022/869, cásanna na bpleananna forbartha gréasáin deich mbliana dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2022/869 agus sainaithe bernaí sa bhonneagar dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/869.*

*Má thíolacann an Coimisiún togra reachtach maidir le hathchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais, áiritheoidh sé, más iomchuí, go ndéanfar na réimsí comhair idir ENTSO-G&H agus ENTSO don Leictreachas dá dtagraítear sa cheathrú fómhír a choinneáil nó a thabhairt isteach i gcúraimí ENTSO don Leictreachas.*

*Faoi 31 Nollaig 2035, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar an ngá atá le comhtháthú breise cúraimí pleanála agus rialachais idir ENTSO-G&H agus ENTSO don Leictreachas agus, más iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil léi.*

#### Airteagal 30

Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le hoibreoírí na gcóras tarchurtha

1. Poibleoidh oibreoír an chórais tarchurtha faisnéis mhionsonraithe maidir leis an acmhainn agus na seirbhísí a bheidh á dtairiscint aige agus maidir leis na coinníollacha ábhartha a chuirfear i bhfeidhm, i dteannta na faisnéise teicniúla is gá le go mbeidh rochtain éifeachtach ar ghréasáin ag úsáideoírí na ngréasán.
2. Chun go n-áiritheofar go mbeidh taraifí trédhearcacha, oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha ann agus chun go n-éascófar úsáid éifeachtúil ghréasán an gháis, foilseoidh oibreoírí na gcóras tarchurtha nó na húdaráis náisiúnta ábhartha faisnéis atá réasúnta mionsonraithe agus atá mionsonraithe go leordhóthanach maidir le díorthú taraife, modheolaíocht taraife agus struchtúr taraife.
3. Maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad, poibleoidh oibreoírí na gcóras tarchurtha uile faisnéis faoi na hacmhainní teicniúla, faoi na hacmhainní conarthacha agus faoi na hacmhainní atá ar fáil, ar bhonn uimhriúil do na pointí ábhartha uile, lena n-áirítear na pointí iontrála agus na pointí scoir, ar bhonn rialta atrátha agus ar bhealach caighdeánaithe agus furasta a úsáid mar a shonraítear in Iarscríbhinn I .
4. Maidir le pointí ábhartha an chórais tarchurtha a bhfuil an fhaisnéis ina leith le poibliú, formheasfaidh na húdaráis inniúla iad tar éis dul i gcomhairle le húsáideoírí an ghréasáin.

5. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh oibreoir an chórais tarchurtha i gcónaí í **ar bhealach atá ciallmhar**, atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
6. Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha faisnéis *ex-ante* agus *ex-post* a bhaineann le soláthar agus le héileamh, faisnéis a bheidh bunaithe ar ainmniúcháin agus leithdháilte, ar réamhaisnéisí agus ar shreafaí réadaithe isteach sa chóras agus amach as an gcóras. Áiritheoidh an t-údarás rialála go gcuirfear an fhaisnéis sin go léir ar fáil don phobal. Léireoidh leibhéal mionsonraithe na faisnéise a phoibleofar an fhaisnéis atá ar fáil d'oibreoir an chórais tarchurtha.  
  
Poibleoidh oibreoir an chórais tarchurtha na bearta a glacadh agus na costais a tabhaíodh agus an t-ioncam a gineadh chun an córas a chomhardú.  
  
Déanfaidh na rannpháirtithe sa mhargadh lena mbaineann na sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar d'oibreoir an chórais tarchurtha.
7. Poibleoidh na hoibreoirí córais tarchurtha faisnéis mhionsonraithe maidir le cáilíocht na **ngús** a iompraítear ar a ghréasán, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibreoirí gréasáin, bunaithe ar Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) 2015/703 ón gCoimisiún.

### Airteagal 31

Ceanglais maidir le trédhearcacht a bhaineann le saoráidí stórais gáis nádúrtha agus hidrigine, saoráidí GNL agus críochfoirt hidrigine

1. Poibleoidh na saoráidí stórála GNL agus hidrigine agus oibreoirí córais stórála (gás nádúrtha) agus oibreoirí críochfoirt hidrigine faisnéis mhionsonraithe a bhaineann leis na seirbhísí uile a sholáthraíonn sé agus leis na coinníollacha ábhartha a chuirtear i bhfeidhm, mar aon leis an bhfaisnéis theicniúil is gá d'úsáideoirí na saoráidí GNL agus saoráidí stórais hidrigine agus críochfoirt hidrigine chun rochtain éifeachtach a fháil ar na saoráidí stórais LNG agus hidrigine agus críochfoirt hidrigine. Féadfaidh na húdaráis rialála iarraidh ar na hoibreoirí sin aon fhaisnéis bhreise ábhartha le haghaidh úsáideoirí córais a phoibliú.
2. Déanfaidh na hoibreoirí córais GNL ionstraimí soláimhsithe a sholáthar chun taraifí a ríomh le haghaidh na seirbhísí.



3. Poibleoidh na saoráidí stórála GNL agus hidrigine chomh maith le hoibreoírí córais stórála gáis nádúrtha, i leith na seirbhísí arna soláthar aige, faisnéis maidir leis an acmhainn chonarthaigh stórála agus acmhainní saoráide GNL agus stórála hidrigine chomh maith le hacmhainn críochfoirt hidrigine atá ar fáil ar bhonn uimhriúil, ar bhonn rialta agus atrátha agus i slí chaighdeánaithe atá furasta le húsáid.
4. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh na saoráidí stórála GNL agus hidrigine chomh maith le hoibreoírí córais stórála gáis nádúrtha i gcónaí i ar bhealach atá ciallmhar, atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
5. Déanfaidh oibreoírí chórais GNL agus na gcóras saoráidí stórála agus oibreoírí saoráidí stórála hidrigine agus críochfort hidrigine an méid gáis i ngach saoráid stórála nó GNL agus i ngach críochfort hidrigine a phoibliú, nó grúpa saoráidí stórála má fhreagraíonn sin leis an mbealach ina dtairgtear an rochtain d'úsáideoírí na gcóras, don insreabhadh agus don eis-sreabhadh, agus an stóráil gáis nádúrtha agus hidrigine atá ar fáil, agus acmhainní saoráidí GNL agus críochfoirt hidrigine, lena n-áirítear na saoráidí sin atá díolmhaithe ó rochtain do thríú páirtithe. Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl freisin d'oibreoír an chórais tarchurtha nó chuig an oibreoír gréasáin hidrigine le haghaidh stóráil hidrigine agus críochfort, agus poibleoidh an t-oibreoír sin ar leibhéal comhiomlánaithe i gcomhair gach córais nó gach fochórais ar leith mar a shainmhínítear leis na pointí ábhartha. Déanfar an fhaisnéis a uasdátú go laethúil ar a laghad.

I gcásanna inar úsáideoir córais stórála gáis nádúrtha nó hidrigine an t-aon úsáideoir amháin a úsáideann saoráid stórála gáis nádúrtha nó hidrigine, féadfaidh úsáideoir an chórais stórála gáis nádúrtha nó hidrigine iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an údaráis rialála go ndéileálfar faoi rún leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás rialála go bhfuil údar maith leis an iarraidh sin, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an gá atá le leas dlísteanaigh chosaint na rún gnó, a mbeadh tionchar diúltach ag gabháil lena nochtadh ar straitéis tráchtála fhoriomlán úsáideoir na stórála, a chomhardú leis an gcuspóir atá ann margadh inmheánach iomaíoch a chruthú don ghás, féadfaidh sé a cheadú nach bpoibleoidh oibreoír an chórais stórála na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, go ceann ré nach faide ná bliain.

Beidh feidhm ag an dara fohmír gan dochar d'oibleagáidí oibreoir an chórais tarchurtha maidir le cumarsáid agus maidir le poibliú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, mura rud é go bhfuil na sonraí comhiomlánaithe comhionann le sonraí leithleacha an chórais stórála gáis nádúrtha nó hidrigine a bhfuil formheas tugtha i leith a neamhphoibliú ag an údarás rialála.

6. D'fhonn taraifí trédhearcacha, oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú agus d'fhonn úsáid éifeachtúil an bhonneagair a éascú, déanfaidh oibreoirí na saoráidí GNL agus na saoráidí stórála gáis nádúrtha nó hidrigine nó na húdaráis rialála ábhartha faisnéis a phoibliú atá mionsonraithe go leor maidir le díorthú taraife, na modheolaíochtaí taraife agus na struchtúir taraife le haghaidh bonneagair a thagann faoi réim rochtana rialaithe ag tríú páirtí; Saoráidí GNL ar deonaíodh díolúine dóibh, de bhun Airteagal 22 de Threoir 2003/55/CE agus Airteagal 36 de Threoir 2009/73/CE chomh maith le hAirteagal 60 den Rialachán seo, agus oibreoirí stórála gáis nádúrtha faoin gcóras rochtana tríú páirtí arna chaibidliú, poibleoidh siad taraifí le haghaidh bonneagair d'fhonn leibhéal leordhóthanach trédhearcachta a áirithiú. Bunóidh oibreoirí córais GNL agus stórála faoi seach aon ardán Eorpach amháin laistigh de 18 mí ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin] chun an fhaisnéis a cheanglaítear san Airteagal seo a fhoilsiú ar bhealach trédhearcach agus furasta a úsáid.

#### Airteagal 32

##### Taifid arna gcoimeád ag oibreoirí córais

Déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha, oibreoirí na gcóras stórála agus oibreoirí na gcóras GNL an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagail 30 agus 31, agus i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a choimeád ar fáil, go ceann tréimhse 5 bliana, do na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear an t-údarás rialála, an t-údarás iomaíochta náisiúnta agus an Coimisiún.

#### Roinn 4

## OIBRIÚ CÓRAS DÁILEACHÁIN

### Airteagal 33

*Acmhainn dhocht le haghaidh **gás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin chuig an gcóras tarchurtha*

1. Áiritheoidh na hoibreoírí córais dáileacháin go mbeidh acmhainn dhocht **agus** **instealladh leanúnach** ann le haghaidh na rochtana ag saoráidí táirgthe **gás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin ar a n-eangach. Chuige sin, **forbróidh** na hoibreoírí córais dáileacháin **■** i gcomhar **leo féin agus** leis na hoibreoírí córais tarchurtha nósanna imeachta agus socruithe, lena n-áirítear infheistíochtaí, chun sreabhadh cúltreo a áirithiú ón **ngréasán** dáileacháin go dtí an gréasán tarchurtha, **agus** **pleananna treisithe gréasáin chun treisiú gréasáin a áirithiú, i gcás inarb iomchuí.**
2. Beidh mír 1 gan dochar don deis atá ag oibreoírí córais dáileacháin roghanna atá malartach ar infheistíochtaí cúltreo a fhorbairt, amhail réitigh eangaí cliste nó nasc le hoibreoírí córais eile. Féadfar rochtain dhocht a theorannú d'acmhainní atá faoi réir srianta oibríochtúla amháin, d'fhonn **sábháilteacht agus** éifeachtúlacht **bonneagair** eacnamaíoch a áirithiú. Áiritheoidh an t-údarás rialála go ndéanfar aon srianta in acmhainn dhocht nó aon srianta oibríochtúla a thabhairt isteach ar bhonn nósanna imeachta trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus nach gcruthóidh na srianta sin bacainní míchuí ar dhul isteach sa mhargadh. I gcás ina seasann an tsaoráid táirgthe na costais a bhaineann leis an acmhainn dhocht a áirithiú, ní bheidh feidhm ar aon srian.
  - 2a. **Chun nascadh eangaí le táirgeadh gáis inathnuaite a chur chun feidhme go tapa, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:**
    - (a) **go gcloífidh an t-oibreoír córais dáileacháin le teorainneacha réasúnta ama chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí ar instealladh gáis in-athnuaite, chun tairiscint a dhéanamh agus chun an nascadh a chur chun feidhme, agus faireachán á dhéanamh ag an údarás rialála i gcomhréir le hAirteagal 41 agus Airteagal 72(1), pointe (t) de [Treoir athmhúnlaithé maidir le gás arna moladh in COM(2021)xxx];**
    - (b) **nach gcuirfear bac ar nósanna imeachta ceadaithe chun an nasc a chur chun feidhme mar gheall ar easpa acmhainneachta riaracháin agus nach**

***gcruthófar bac leo ar bhaint amach na sprice náisiúnta maidir le fuinneamh in-athnuaite.***

*Airteagal 34*

*An comhar idir na hoibreoírí córais dáileacháin, na hoibreoírí córais tarchurtha agus na hoibreoírí gréasáin hidrigine*

Oibreoidh oibreoírí córais dáileacháin i gcomhar le hoibreoírí córais dáileacháin eile, oibreoírí córais tarchurtha ***agus oibreoírí gréasáin hidrigine*** chun comhordú a dhéanamh ar chothabháil, forbairt córais, idirnaisc nua, ***díchoimisiúnú*** agus oibriú an chórais chun sláine an chórais a áirithiú agus d'fhonn an acmhainn a uasmhéadú agus úsáid an gháis breosla a íoslaghdú.

*Airteagal 35*

*Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le hoibreoírí na gcóras dáileacháin*

I gcás ina bhfuil oibreoírí córais dáileacháin freagrach as cáilíocht an gháis ina ngréasáin a bhainistiú, poibleoidh siad faisnéis mhionsonraithe maidir le cáilíocht na ***ngás*** a iompraítear ar a ngréasáin, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibreoírí gréasáin, bunaithe ar Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) 2015/703 ón gCoimisiún.

***Beidh forbairt córais dáileacháin bunaithe ar phlean forbartha gréasáin atá trédhearcach a fhoilseoidh an t-oibreoír córais dáileacháin gach dhá bhliain ar a laghad agus a chuirfidh sé faoi bhráid an údaráis rialála. Leis an bplean forbartha gréasáin, soláthrófar trédhearcacht maidir leis na seirbhísí gáis meántéarmacha agus fadtéarmacha atá ag teastáil.***

***Rachaidh an t-oibreoír córais dáileacháin i gcomhairle le tomhaltóirí, le húdaráis áitiúla, le hoibreoírí córais tarchurtha ábhartha agus le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear ceardchumann, maidir leis an bplean forbartha gréasáin dá dtagraítear sa dara fómhír. Foilseoidh an t-oibreoír córais dáileacháin torthaí an phróisis comhairliúcháin, in éineacht leis an bplean forbartha gréasáin, agus déanfaidh sé torthaí an comhairliúcháin agus an plean forbartha gréasáin a chur faoi bhráid an údaráis rialála. Féadfaidh an t-údarás rialála leasuithe ar an bplean sin a iarraidh.***

***Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an oibleagáid a leagtar amach sa dara fómhír a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoírí córais dáileacháin a fhreastalaíonn ar níos lú ná 100 000 custaiméir nasctha.***

## Airteagal 36

### An t-eintiteas Eorpach d'oibreoírí córais dáileacháin

Oibreoírí córais dáileacháin a bhfuil córas gáis nádúrtha **nó hidrigine** á oibriú acu, oibreoidh siad i gcomhar le chéile ar leibhéal an Aontais trí bhíthin an eintitis Eorpaigh le haghaidh oibreoírí córais dáileacháin ('eintiteas AE d'OCDanna') a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 52 go 57 de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>21</sup> chun comhlánú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha a chur chun cinn, **chun comhoibriú i bhforbairt an mhargaidh hidrigine** agus chun bainistiú optamach agus oibriú comhordaithe córas dáileacháin agus tarchurtha a chur chun cinn.

Féadfaidh na comhaltaí cláraithe páirt dhíreach a ghlacadh san eintiteas AE do OCDanna nó féadfaidh comhlachas náisiúnta, arna ainmniú ag Ballstát nó ag comhlachas ar leibhéal an Aontais, ionadaíocht a dhéanamh orthu.

Na hoibreoírí córais dáileacháin sin a bheidh ina gcomhaltaí cláraithe, is iad a sheasfaidh na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí eintiteas AE d'OCDanna agus cuirfear na costais sin san áireamh le linn na taraifí a bheith á ríomh. Ní fhormheasfaidh na húdaráis rialála ach costais atá réasúnta agus comhréireach **agus tabharfaidh siad cúiseanna i gcásanna nach bhformheastar iad.**

## Article 37

Athrú ar na príomhrialacha agus na nósanna imeachta maidir le heintiteas AE d'OCDanna

1. Na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh rannpháirtíocht oibreoírí córais dáileacháin san eintiteas AE do OCDanna de bhun Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/942, beidh feidhm acu freisin maidir leis na hoibreoírí córais dáileacháin a bhfuil córas gáis nádúrtha **nó gréasán hidrigine** á oibriú acu.
  - 1a. **Ráthófar le rialacha agus struchtúir rialachais eintiteas AE do OCDanna go mbeidh ionadaíocht chóir chothrom ann d'oibreoírí córais dáileacháin gáis agus hidrigine.**
2. De bhun Airteagal 54(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2019/942 beidh freisin sa Ghrúpa Comhairleora Straitéisigh ionadaithe ar chomhlachtaí a dhéanann

---

<sup>21</sup> Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

ionadaíocht ar oibreoirí córais dáileacháin Eorpacha nach ndéanann ach córas gáis nádúrtha **nó gréasán hidrigine** a oibriú.

3. Faoin ... Faoin [bliain amháin tar éis **dháta** theacht i bhfeidhm **an Rialacháin seo**] cuirfidh eintiteas AE do OCDanna chuig an gCoimisiún agus chuig ACER dréacht-reachtanna nuashonraithe, lena n-áirítear cód iompair, liosta comhaltaí cláraithe, dréachtrialacha nuashonraithe maidir le nós imeachta, lena n-áirítear rialacha maidir le nósanna imeachta le haghaidh an chomhairliúcháin leis an ENTSO don Leictreachas, **ENTSO&H** agus geallsealbhóirí eile, agus dréachtrialacha nuashonraithe airgeadais.

Leis na dréacht-rialacha nós imeachta nuashonraithe um eintiteas AE do OCDanna, áiríteofar ionadaíocht chothrom ar oibreoirí uile córais dáileacháin a bheidh rannpháirteach, lena n-áirítear na hoibreoirí sin nach ndéanann ach córais nádúrtha **nó gréasán hidrigine** a shealbhú nó córais nádúrtha **nó gréasán hidrigine** a oibriú.

4. Laistigh de 4 mhí ón lá a bhfaighfear na doiciméid de bhun mhír 3, tabharfaidh ACER tuairim don Choimisiún tar éis dó dul i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí uile, úsáideoirí córais dáileacháin go háirithe, **lena n-áirítear custaiméirí**.
5. Laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim ó ACER, tabharfaidh an Coimisiún tuairim faoi na doiciméid a chuirtear ar fáil de bhun mhír 3, agus tuairim ACER dá bhforáiltear i mír 3 á cur san áireamh.
6. Laistigh de 3 mhí ón lá a bhfaighfear an tuairim fhabhrach ón gCoimisiún, déanfaidh na hoibreoirí córas dáileacháin a reachtanna leasaithe, rialacha nós imeachta agus rialacha airgeadais nuashonraithe a ghlacadh agus a fhoilsiú.
7. Cuirfear na doiciméid sin dá dtagraítear i mír 3 faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER i gcás ina ndéantar iad a athrú nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil. Féadfaidh an Coimisiún agus ACER a dtuairim a thabhairt i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach i míreanna 3, 4 agus 5.

#### Airteagal 38

##### Cúraimí eintiteas AE do OCDanna

1. Déanfaidh eintiteas AE do OCDanna na cúraimí a liostaítear in Airteagal 55(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2019/943 agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí a

liostaítear in Airteagal 55(2), pointí (c) go (e) den Rialachán sin a mhéid a bhaineann chomh maith leis na gréasáin dáileacháin sin ar cuid den chóras gáis nádúrtha ***nó den ghréasán hidrigine*** iad.

2. De bhreis ar na cúraimí a liostaítear in Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) 2019/943 glacfaidh eintiteas AE d'OCDanna páirt i bhforbairt na gcód gréasáin arb ábhartha iad d'oibriú agus do phleanáil na n-eangach dáileacháin agus oibriú comhordaithe na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin de bhun an Rialacháin seo agus rannchuideoidh siad le maolú astaíochta idirleata meatáin ón gcóras gáis nádúrtha.

Agus é rannpháirteach i bhforbairt na gcód gréasáin nua de bhun Airteagal 53, comhlíonfaidh eintiteas AE d'OCDanna na ceanglais maidir le comhairliúchán a leagtar síos in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2019/943.

3. De bhreis ar na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 55(2) de Rialachán (AE) 2019/943 déanfaidh eintiteas AE d'OCDanna an méid seo a leanas:
  - (a) rachaidh sé i gcomhar le ***ENTSO-G&H*** maidir le faireachán ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte, arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, agus arb ábhartha iad d'oibriú agus do phleanáil na n-eangach dáileacháin agus d'oibriú comhordaithe na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin;
  - (b) rachaidh sé i gcomhar leis an ***ENTSO-G&H***, agus glacfaidh sé dea-chleachtais maidir le hoibriú agus pleanáil chomhordaithe na gcóras tarchurtha agus dáileacháin lena n-áirítear saincheistanna amhail malartú sonraí idir na hoibreoírí, agus comhordú na n-acmhainní fuinnimh dáilte;
  - (c) oibreoidh sé ar dhea-chleachtais a shainnithint le haghaidh cur chun feidhme thorthaí na measúnuithe de bhun Airteagal 23(1a) [togra le haghaidh REDIII] agus Airteagal 23 [togra le haghaidh Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh athbhreithnithe] agus an comhoibriú idir oibreoírí ***córas*** dáileacháin leictreachais, ***córas dáileacháin*** gáis nádúrtha, gréasán dáileacháin ***hidrigine*** agus córas téimh agus fuaraithe ceantair lena n-áirítear chun críche measúnúcháin de bhun Airteagal 24(8) [togra le haghaidh REDIII], ***lena n-áirítear moltaí maidir le suiteáil oiriúnach leictrealóirí d'fhonn a chinntiú go n-úsáidfear dramhtheas sa ghréasán téimh ceantair.***

4. Soláthróidh eintiteas AE d'OCDanna ionchur do *ENTSO-G&H*, le haghaidh a thuarascála ar an gcáilíocht gáis *agus hidrigine* a mhéid a bhaineann leis na gréasáin dáileacháin i gcás ina bhfuil oibreoirí córais dáileacháin freagrach as an gcáilíocht gáis a bhainistiú, dá dtagraítear in Airteagal 23(3).

### Caibidil III

## **RIALACHA A BHFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LEIS NA GRÉASÁIN HIDRIGINE TIOMANTA**

### Airteagal 39

#### Comhar trasteorann maidir le cáilíocht na hidrigine

1. Oibreoidh oibreoirí na líonraí hidrigine i gcomhar le chéile chun srianta ar shreafaí trasteorann hidrigine a sheachaint mar gheall ar dhifríochtaí maidir le cáilíocht hidrigine *d'fhonn ceanglais cháilíochta feidhmeanna úsáide deiridh éagsúla a chomhlíonadh i gcomhréir leis na caighdeáin cáilíochta hidrigine is infheidhme.*
2. I gcás nach féidir le hoibreoirí gréasáin hidrigine lena mbaineann, ina ngnáthoibríochtaí, srian ar shreabhadh trasteorann de dheasca difríochtaí cáilíochtaí hidrigine a sheachaint, cuirfidh siad sin in iúl do na húdaráis rialála lena mbaineann gan mhoill. San fhaisnéis sin beidh tuairisc agus réasúnú cuí le haon bheart atá déanta cheana féin ag na hoibreoirí gréasáin hidrigine.
3. Tiocfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann ar chomhaontú go comhpháirteach laistigh de 6 mhí maidir le haitheantas a thabhairt don srian.
4. I gcás ina dtugann na húdaráis rialála lena mbaineann aitheantas don srian, iarrfaidh siad ar na hoibreoirí gréasáin hidrigine lena mbaineann na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh ceann i ndiaidh a chéile, laistigh 12 mhí ón uair a thugtar an t-aitheantas:
  - (a) Oibriú i gcomhar le chéile agus roghanna is indéanta go teicniúil a fhorbairt d'fhonn deireadh a chur leis an srian sainaitheanta;
  - (b) measúnú costais is tairbhe ar na roghanna atá féideartha go teicniúil a dhéanamh go comhpháirteach chun réitigh atá éifeachtúil go heacnamaíoch a shainiú, lena sonrú miondealú ar na costais agus na tairbhí idir na catagóirí éagsúla páirtithe a ndéanfar difear dóibh;



- (c) déanfar meastachán ar an méid ama a thógfar chun gach rogha fhéideartha a chur chun feidhme;
  - (d) comhairliúchán poiblí a sheoladh maidir le réitigh fhéideartha shainaitheanta agus torthaí an chomhairliúcháin a chur san áireamh;
  - (e) togra comhpháirteach le haghaidh réitigh, bunaithe ar mheasúnú costais is tairbhe agus ar thogra an chomhairliúcháin phoiblí, lena mbaintear an srian aitheanta, lena n-áirítear an tráthchlár le haghaidh cur chun feidhme, a chur faoi bhráid a n-údarás rialála faoi seach lena fhorghas agus faoi bhráid na n-údarás náisiúnta rialála eile de chuid gach Ballstáit lena mbaineann mar eolas.
5. I gcás nach dtagann na hoibreoírí gréasáin hidrigine lena mbaineann ar chomhaontú faoi réiteach laistigh de 12 mhí, cuirfidh gach oibreoír córais hidrigine a údarás rialála ar an eolas gan mhoill.
6. Déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann cinneadh comhpháirteach comhordaithe maidir leis an srian aitheanta a bhaint ***nó a choinneáil*** agus, san am céanna, aird á tabhairt ar an measúnú costais is tairbhe arna hullmhú ag na hoibreoírí córais tarchurtha agus ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí laistigh de 6 mhí mar a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. ***Déanfar athbhreithniú gach ceithre bliana ar aon chinneadh an srian aitheanta a choinneáil.***
7. Sa chinneadh comhpháirteach comhordaithe a dhéanfaidh na húdaráis lena mbaineann áireofar cinneadh maidir le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le seasamh ag gach oibreoír gréasáin hidrigine a thiocfaidh as cur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, chomh maith lena gcur san áireamh i dtaraifí tar éis 1 Eanáir 2031, agus aird á tabhairt ar chostais agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil an réitigh sa Bhallstát lena mbaineann.
8. Féadfaidh ACER moltaí a chur chuig na húdaráis rialála maidir le mionsonraí na gcinntí leithdháilte costais sin dá dtagraítear i mír 7.
9. I gás nach féidir leis na húdaráis rialála lena mbaineann teacht ar chomhaontú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an srian, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942. I gcás ina dtugann ACER aitheantas don srian iarrfaidh sé ar na hoibreoírí gréasáin

hidrigine na gníomhartha dá dtagraítear i mír 4, pointí (a) go (e) a dhéanamh, laistigh de 12 mhí, ceann i ndiaidh a chéile.

10. I gcás nach féidir leis na húdaráis rialála **lena mbaineann** teacht ar chinneadh comhordaithe dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 den Airteagal seo, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis an réiteach i ndáil leis an srian aitheanta a bhaint **nó a choinneáil** agus i ndáil le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le tabhú ag gach oibreoir córais le haghaidh chur chun feidhme an réitigh chomhaontaithe, de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.  
**Déanfar athbhreithniú gach ceithre bliana ar aon chinneadh an srian aitheanta a choinneáil.**
11. Maidir le mionsonraí breise is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear mionsonraí ar shonraíocht chomhchoiteann cheangailteach maidir le cáilíocht hidrigine le haghaidh idirnascairí hidrigine trasteorann, measúnuithe costais is tairbhe chun deireadh a chur le srianta ar shreafaí trasteorann a thagann as difríochtaí cáilíochta hidrigine, rialacha idir-inoibritheachta maidir le bonneagar hidrigine trasteorann, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar chomhaontuithe idirnasctha, aonaid, malartú sonraí, cumarsáid agus soláthar faisnéise idir rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh, déanfar an méid sin a shocrú i gcód gréasáin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 54(2), pointe (b).

## Airteagal 48

Ceanglais trédhearcachta a bhaineann le hoibreoírí gréasáin hidrigine

1. Poibleoidh oibreoírí gréasáin hidrigine faisnéis mhionsonraithe maidir leis na seirbhísí a bheidh á dtairiscint acu agus maidir leis na coinníollacha ábhartha a chuirfear i bhfeidhm, i dteannta na faisnéise teicniúla is gá le go mbeidh rochtain éifeachtach ar ghréasáin ag úsáideoírí gréasáin hidrigine.
2. Chun go n-áiritheofar go mbeidh taraifí trédhearcacha oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha ann agus chun go n-éascófar úsáid éifeachtúil an ghréasáin hidrigine ón 1 Eanáir 2031, foilseoidh oibreoírí gréasáin hidrigine nó na húdaráis ábhartha faisnéis iomlán maidir le díorthú taraife, modheolaíocht taraife agus struchtúr taraife.

3. Poibleoidh na hoibreoírí gréasáin hidrigine faisnéis mhionsonraithe maidir leis an hidrigin a iompraítear ina ngréasáin, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'úsáideoírí gréasáin.
4. Maidir le pointí ábhartha gréasáin hidrigine a bhfuil an fhaisnéis ina leith le poibliú, formheasfaidh na húdaráis inniúla iad tar éis dul i gcomhairle le húsáideoírí gréasáin hidrigine.
5. Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán seo a thabhairt, nochtfaidh na hoibreoírí gréasáin hidrigine i gcónaí í ar bhealach atá bríoch, atá soiléir ar dhóigh inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
6. Poibleoidh na hoibreoírí gréasáin hidrigine faisnéis soláthair agus éilimh *ex-ante* agus *ex-post*, lena n-áirítear tuar tréimhsiúil agus faisnéis thairfeadta. Áiritheoidh an t-údarás rialála go gcuirfean an fhaisnéis sin go léir ar fáil don phobal. Léireoidh leibhéal mionsonraithe na faisnéise a phoibleofar an fhaisnéis atá ar fáil do na hoibreoírí gréasáin hidrigine.
7. Déanfaidh na rannpháirtithe sa mhargadh lena mbaineann na sonraí dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar don oibreoír gréasáin hidrigine.
8. Maidir le mionsonraí breise is gá chun na ceanglais trédhearcachta ar oibreoírí gréasáin hidrigine a chur chun feidhme, lena n-áirítear mionsonraí breise ar ábhar, minicíocht agus foirm an tsoláthair faisnéise ag oibreoírí gréasáin hidrigine, socrófar na mionsonraí sin i gcód gréasáin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 54(1) den Rialachán seo.

#### Airteagal 49

##### Coimeád taifead sa chóras hidrigine

Déanfaidh oibreoírí gréasáin hidrigine, oibreoírí stórála hidrigine agus oibreoírí críochfoirt hidrigine an fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagal 31 agus in Airteagal 48 agus i gCuid 4 d'Iarscríbhinn I a choimeád ar fáil, go ceann tréimhse 5 bliana, do na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear an t-údarás rialála, an t-údarás iomaíochta náisiúnta agus an Coimisiún.

## Airteagal 50

### Toimhde comhréireachta le caighdeáin chomhchuibhithe

1. Maidir le caighdeáin chomhchuibhithe nó cuid díobh ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go mbeidh siad i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i gníomhartha tarmligthe a eisítear faoi Airteagal 54(2), pointe (b) den Rialachán seo nó gníomhartha cur chun feidhme a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 51.
2. Cuirfidh an Coimisiún an comhlacht Eorpach um chaighdeánú lena mbaineann ar an eolas agus, más gá, eiseoidh sé sainordú nua d'fhonn na caighdeáin chomhchuibhithe lena mbaineann a leasú.

## Airteagal 51

### Sonraíochtaí comhchoiteanna

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 46 de [Treoir athmhúnlaith maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] nó féadfaidh sé na sonraíochtaí sin a leagan amach i gcód gréasáin de bhun Airteagal 54 (2), pointe (b), den Rialachán seo, sna cásanna seo a leanas:

- (a) nach gcumhdaítear na ceanglais sin le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; or
- (b) ina dtugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil moill mhíchúí ar ghlacadh na gcaighdeán chomhchuibhithe arna n-iarraidh, nó go measann sé nach leor na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha; or
- (c) ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun na caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna díobh lena gcumhdaítear na ceanglais sin a choinneáil ar bun le srian nó na tagairtí do na caighdeáin sin nó do chodanna díobh a tharraingt siar.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

## Caibidil IV

# CÓID GHRÉASÁIN AGUS TREOIRLÍNTE

## Airteagal 52

### Cóid ghréasáin agus treoirlínte a ghlacadh

1. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis na cumhachtuithe atá in Airteagal 53 go hAirteagal 56, gníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe a ghlacadh. Féadfar gníomhartha den sórt sin a ghlacadh mar chóid ghréasáin ar bhonn na moltaí faoin téacs arna bhforbairt ag *ENTSOG&H*, nó, i gcás dá bhforáiltear sa liosta tosaíochta de bhun Airteagal 53(3), ag eintiteas AE do OCDanna, agus i gcás inarb ábhartha i gcomhar frithpháirteach le *ENTSOG&H* agus ACER de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 53 go 55, nó mar threoirlínte de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 56.
2. Beidh an méid seo a leanas fíor faoi na cóid ghréasáin agus na treoirlínte:
  - (a) áiritheofar iontu an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach;
  - (b) cuirfear sonraíochtaí réigiúnacha san áireamh, i gcás inarb iomchuí;
  - (c) ní rachfar thar a bhfuil riachtanach chun críocha phointe (a); agus
  - (d) beidh feidhm acu maidir leis na pointí idirnáisc uile laistigh den Aontas agus pointí iontrála ó thríú tíortha agus pointí scoir chucu.

## Airteagal 53

### Cóid ghréasáin a bhunú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear cóid ghréasáin sna réimsí seo a leanas:
  - (a) rialacha maidir le malartú sonraí agus maidir le socrú sonraí lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 21 agus 22 de [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] maidir leis an idir-inoibritheacht agus malartú sonraí chomh maith le rialacha comhchuibhithe maidir le córais tarchurtha gáis, ardáin áirithe acmhainneachta a oibriú, agus próisis TF atá ábhartha d'fheidmiú an mhargaidh inmheánaigh;

- (b) rialacha idir-inoibritheachta maidir leis an gcóras gáis nádúrtha, lena gcuirtear chun feidhme **Airteagal 19 den Rialachán seo agus** Airteagail 9 agus 35 agus 40 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar chomhaontuithe idirnaisc, rialacha maidir le rialú sreafa agus prionsabail tomhais maidir le cáilíocht agus cainníocht gáis, rialacha meaitseála agus leithdháilte, tacair chomhchoiteanna aonad, malartú sonraí, cáilíocht an gháis, lena n-áirítear rialacha maidir le srianta trádála trasteorann a bhainistiú i ngeall ar dhifríochtaí i gcáilíocht an gháis nó i gcleachtais bholaíthe nó i ngeall ar dhifríochtaí sa toirt hidrigine a chumascetar sa chóras gáis náisiúnta, measúnuithe costais is tairbhe ar dheireadh a chur le srianta ar shreafaí trasteorann, **agus maidir le sonraíocht cheangailteach chomhchoiteann maidir le cáilíocht gáis nádúrtha le haghaidh idirnascairi gáis nádúrtha trasteorann**, aicmiú Innéacs Wobbe, bearta maolaithe, leibhéil íosta ghlaictha le paraiméadair cháilíochta gáis is ábhartha chun sreabhadh trasteorann meatáin gan bac a áirithiú (e.g. cion ocsaigine), faireachán gearrthéarmach agus fhadtéarmach ar an gcáilíocht gáis, soláthar faisnéise agus an comhar idir rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh, tuairisciú ar an gcáilíocht gáis, trédhearcacht, nósanna imeachta cumarsáide lena n-áirítear i gcás imeachtaí eisceachtúla;
- (c) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 27 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagail 7 go 10 den Rialachán seo, lena n-áirítear rialacha maidir le comhoibriú i nósanna imeachta cothabhála agus ríomh acmhainneachta lena ndéantar difear do leithdháileadh acmhainneachta, caighdeánú táirgí agus aonad acmhainneachta lena n-áirítear cuachadh, an mhodheolaíocht leithdháilte lena n-áirítear algartaim cheantála, seicheamh agus nós imeachta le haghaidh acmhainneacht atá ann cheana, acmhainneacht incriminteach, dhocht, agus in-idirbhriste, ardáin áirithinte acmhainneachta, scéimeanna ró-éilimh agus athcheannaigh, scéimeanna ‘mura n-úsáidfeair í caillfeair í’ gearrthéarmacha nó fadtéarmacha agus aon scéim bainistithe ar phlódú lena gcuirtear cosc ar chnapaireacht acmhainneachta;
- (d) rialacha maidir le comhardú lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nós imeachta ainmniúcháin, rialacha maidir le muirir i leith éagthroime agus

rialacha maidir le comhardú oibríochtúil idir chórais oibreoirí na gcóras tarchurtha lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 35(5) de [Treoir athmhúnlaith maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagal 7 go 10 den Rialachán seo lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nósanna imeachta ainmniúcháin, muirir i leith éagothroime, próisis réitigh a bhaineann leis an muirear i leith éagothroime laethúil agus leis an gcothromú idir gréasáin na n-oibreoirí córais tarchurtha;

- (e) rialacha maidir le struchtúir taraiife tarchurtha comhchuibhithe lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 72(7) de [Treoir athmhúnlaith maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx] agus Airteagail 15 agus 16 den Rialachán seo, lena n-áirítear rialacha maidir le cur chun feidhme modheolaíochta praghsála tagartha, na ceanglais ghaolmhara maidir le comhairliúchán agus foilsiú agus ríomh praghsanna cúltaca ar tháirgí acmhainneachta caighdeánacha, lascainí le haghaidh GNL agus stórála, ioncam ceadaithe, nósanna imeachta le haghaidh cur chun feidhme lascaine ar **ghás** in-athnuaite agus ar **ghás** ísealcharbóin a chur ar fáil, lena n-áirítear prionsabail chomhchoiteanna le haghaidh sásraí cúitimh d'oibreoirí córais idir-tharchurtha;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 maidir le cóid ghréasáin a bhunú sna réimsí seo a leanas:
- (a) rialacha maidir le slándáil agus iontaofacht gréasáin lean n-áirítear rialacha maidir le slándáil gréasáin oibríochtúil chomh maith le rialacha iontaofachta lena n-áiríthítear cáilíocht seirbhíse an ghréasáin;
- (b) rialacha maidir le nasc gréasáin lena n-áirítear rialacha maidir le nascadh leis na saoráidí táirgthe gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, nósanna imeachta le haghaidh iarrataí ar nascadh;
- (c) nósanna imeachta oibríochtúla i gcás éigeandála lena n-áirítear na pleananna cosanta córais, na pleananna don athbhunú, idirghníomhaíochtaí an mhargaidh, malartú faisnéise agus cumarsáid agus uirlisí agus saoráidí;

- (d) rialacha trádála a bhaineann le soláthar teicniúil agus oibríochtúil seirbhísí rochtana ar an ngréasán agus le comhardú an chórais;
- (e) éifeachtúlacht fuinnimh na ngréasán gáis agus na gcomhphárteanna chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh maidir le pleanáil gréasáin agus infheistíochtaí lena gcumasaítear an réiteach is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, de réir peirspictíocht córais;
- (f) gnéithe cibearshlándála na sreafaí gáis nádúrtha trasteorann, lena n-áirítear rialacha maidir le híoscheanglais choiteanna, pleanáil, faireachán, tuairisciú agus bainistiú géarchéime;

**(fa) rialacha maidir le rochtain ag tríú páirtithe;**

**(fb) rialacha trédhearcachta.**

3. Tar éis dó dul i gcomhairle le ACER, **ENTSO&H**, eintiteas AE do OCDanna agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún liosta tosaíochta gach 3 bliana, lena sainithneofar na réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 mar réimsí a bheidh le cur san áireamh i bhforbairt na gcód gréasáin. I gcás ina mbíonn baint dhíreach ag ábhar an chóid gréasáin le hoibriú an chórais dáileacháin agus nach mbíonn príomh-bhaint aige leis an gcóras tarchurtha, féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar eintiteas AE do OCDanna, i gcomhar le **ENTSO&H**, coiste dréachtaithe a thionól agus togra maidir le cód gréasáin a chur faoi bhráid ACER.
4. Iarrfaidh an Coimisiún ar ACER creat-treoirlínte neamhcheangailteacha a chur faoina bhráid laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 6 mhí, ar treoirlínte iad lena leagfar amach prionsabail a bheidh oibiachtúil agus soiléir maidir le forbairt cód gréasáin a bhaineann leis na réimsí arna sainithint sa liosta tosaíochta. Féadfar dálaí a chuimsiú san iarraidh sin ón gCoimisiún a dtabharfar aghaidh orthu sna chreat-treoirlínte. Rannchuideoidh gach creat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Ar iarraidh réasúnaithe ó ACER, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse maidir le treoirlínte a chur isteach a fhadú.
5. Rachaidh ACER i gcomhairle le **ENTSO&H**, le heintiteas AE do OCDanna, agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis na creat-treoirlínte, le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.



6. Déanfaidh ACER creat-treoirlíne neamhcheangailteach a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi mhír 4.
7. Má mheasann an Coimisiún nach rannchuidíonn an chreat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach ná le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, féadfaidh sé a iarraidh ar ACER athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat-treoirlíne laistigh de thréimhse réasúnach agus í a chur faoi bhráid an Choimisiúin athuair.
8. Má mhainníonn ACER creat-treoirlíne a chur faoi bhráid an Choimisiúin nó í a chur faoina bhráid athuair laistigh den tréimhse arna socrú ag an gCoimisiún faoi mhír 4 nó faoi mhír 7, déanfaidh an Coimisiún an chreat-treoirlíne neamhcheangailteach i dtrácht a fhorbairt.
9. Iarrfaidh an Coimisiún ar **ENTSO&H** nó, i gcás ina bhforáiltear maidir leis sin sa liosta tosaíochta dá dtagraítear i mír 3, ar eintiteas AE do OCDanna i gcomhar le **ENTSO&H**, togra maidir le cód gréasáin i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha a chur faoi bhráid ACER laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 12 mhí ón lá a bhfaighfear iarraidh an Choimisiún.
10. **ENTSO&H**, nó, i gcás dá bhforáiltear sin sa liosta tosaíochta dá dtagraítear i mír 3, eintiteas AE do OCDanna, i gcomhar le **ENTSO&H**, tionólfaidh sé coiste dréachtaithe a thacóidh leis i bpróiseas forbartha na gcód gréasáin. Ar an gcoiste dréachtaithe sin, beidh ionadaithe ó ACER, ó **ENTSO&H**, i gcás inarb iomchuí ó eintiteas AE do OCDanna, mar aon le líon teoranta de na geallsealbhóirí sin is mó a ndéantar difear dóibh. Déanfaidh **ENTSO&H** nó, i gcás dá bhforáiltear sa liosta tosaíochta de bhun mhír 3, eintiteas AE do OCDanna, i gcomhar le **ENTSO&H**, moltaí a tharraingt suas maidir le cóid ghréasáin sna réimsí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le mír 9.
- 10a. Laistigh de thrí mhí ón dáta a fhaightear an dréachtchód gréasáin, tabharfaidh ACER tuairim réasúnaithe do ENTSO&H nó d'eintiteas AE do OCDanna, de réir mar is iomchuí.**
- 10b. Féadfaidh ENTSO&H nó eintiteas AE do OCDanna i gcomhar le ENTSO&H, de réir mar is iomchuí, an cód gréasáin a leasú i bhfianaise thuairim ACER agus é a chur faoi bhráid ACER arís.**

11. Déanfaidh ACER athbhreithniú ar an gcód gréasáin *arna thíolacadh arís* d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann sé na creat-treoirlínte ábhartha agus go rannchuidíonn le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sé leagan athbhreithnithe den chód gréasáin don Choimisiún laistigh de 6 mhí ón lá a bhfaighfear an togra. Sa togra a chuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin, cuirfidh ACER san áireamh na tuairimí a fuarthas ó gach páirtí agus an togra á dhréachtú faoi stiúir **ENTSOG&H** nó eintiteas AE do OCDanna, agus rachaidh sé i gcomhairle go foirmiúil leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an leagan den chód gréasáin a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin.
12. I gcás **ENTSOG&H** nó eintitis AE do OCDanna a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt laistigh den tréimhse ama a bheidh socraithe ag an gCoimisiún faoi mhír 9, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar ACER dréachtchód gréasáin a ullmhú ar bhonn na creat-treoirlíne ábhartha. Féadfaidh ACER comhairliúchán eile a sheoladh. Déanfaidh ACER dréachtchód gréasáin, arna ullmhú faoin mí seo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sé a mholadh go nglacfar é.
13. I gcás **ENTSOG&H** nó eintiteas AE do OCDanna a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt, nó i gcás ACER a bheith tar éis mainneachtain dréachtchód gréasáin a fhorbairt dá dtagraítear i mír 12, nó ar bhonn togra ó ACER faoi mhír 11, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, cód gréasáin amháin nó níos mó a ghlacadh sna réimsí a liostaítear i míreanna 1 agus 2.
14. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionscnamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ACER, le **ENTSOG&H** agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí.
15. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do cheart an Choimisiúin na treoirlínte a ghlacadh agus a leasú de réir mar a leagtar síos in Airteagal 56. Beidh sé gan dochar don deis atá ag **ENTSOG&H** treoir neamhcheangailteach a fhorbairt sna réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 sa chás nach mbaineann treoir den chineál sin le réimsí a chumhdaítear le hiarraidh a chuirfear chuig **ENTSOG&H** ón gCoimisiún. Cuirfidh **ENTSOG&H** aon treoir den chineál sin faoi bhráid ACER ionas go dtabharfaidh sé tuairim ina leith agus tabharfaidh sé aird chuí ar an tuairim sin.

## Airteagal 54

### Cóid ghréasáin a bhunú le haghaidh hidrigine

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo trí chóid ghréasáin a bhunú i réimse rialacha trédhearcachta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 48 den Rialachán seo, lena n-áirítear mionsonraí breise maidir le hábhar, minicíocht agus foirm an tsoláthair faisnéise a dhéanann oibreoirí gréasáin hidrigine agus lena gcuirtear chun feidhme Iarscríbhinn I, pointe 4 den Rialachán seo, lena n-áirítear mionsonraí maidir le formáid agus ábhar na faisnéise is gá d'úsáideoirí gréasáin chun rochtain éifeachtach a fháil ar an ngréasán, faisnéis a bheidh le foilsíú ag pointí ábhartha, mionsonraí maidir le sceidil ama.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 61(2).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar an Rialachán seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 maidir le cóid ghréasáin a bhunú sna réimsí seo a leanas:
  - (a) éifeachtúlacht fuinnimh maidir leis na gréasáin hidrigine agus na comhpháirteanna chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh maidir le pleanáil gréasáin agus infheistíochtaí lena gcumasaítear an réiteach is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, de réir peirspictíocht córais;
  - (b) rialacha idir-inoibritheachta le haghaidh an ghréasáin hidrigine, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na comhaontuithe idirnasctha, aonaid, malartú sonraí, trédhearcacht, cumarsáid, forálacha maidir le faisnéis agus comhar idir rannpháirtithe margaidh ábhartha chomh maith le cáilíocht hidrigine, lena n-áirítear sonraíochtaí comhchoiteanna agus caighdeánú, bolú, measúnuithe costais is tairbhe ar dheireadh a chur le srianta ar shreabhadh trasteorann i ngeall ar dhifríochtaí cáilíochta gáis agus tuairisciú ar an gcáilíocht hidrigine;
  - (c) rialacha le haghaidh an chórais cúitimh airgeadais don bhonneagar hidrigine trasteorann;
  - (d) rialacha maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú lena n-áirítear rialacha maidir le comhoibriú i nósanna imeachta cothabhála agus

ríomh acmhainneachta lena ndéantar difear do leithdháileadh acmhainneachta, caighdeánú táirgí agus aonad acmhainneachta lena n-áirítear cuachadh, an mhodheolaíocht leithdháilte lena n-áirítear algartaim cheantála, seicheamh agus nós imeachta le haghaidh acmhainneacht atá ann cheana, acmhainneacht incriminteach, dhocht agus in-idirbhriste, ardáin áirithinte acmhainneachta, scéimeanna ró-éilimh agus athcheannaigh, scéimeanna ‘mura n-úsáidfeadh í caillfeadh í’ gearrthéarmacha nó fadtéarmacha agus aon scéim bainistithe ar phlódú lena gcuirtear cosc ar chnappaireacht acmhainneachta;

- (e) rialacha maidir le struchtúir tharaife chomhchuibhithe ar rochtain ar ghréasán hidrigine, lena n-áirítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm modheolaíochta praghsála tagartha, na ceanglais ghaolmhara a bhaineann le comhairliúchán agus foilsiú chomh maith le ríomh praghsanna cúltaca ar tháirgí acmhainneachta caighdeánacha agus ioncam ceadaithe;
- (f) rialacha maidir le luach na sócmhainní a aistríodh agus an muirear tiomanta a chinneadh;
- (g) rialacha maidir le comhardú lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nós imeachta ainmniúcháin, rialacha maidir le muirir i leith éagothroime agus rialacha maidir le comhardú oibríochtúil idir gréasáin oibreoirí gréasáin hidrigine lena n-áirítear rialacha gréasánbhunaithe maidir le nósanna imeachta ainmniúcháin, muirir i leith éagothroime, próisis réitigh a bhaineann leis an muirear i leith éagothroime laethúil agus leis an gcothromú idir gréasáin na n-oibreoirí córais tarchurtha.
- (h) gnéithe cibearshlándála na sreafaí hidrigine trasteorann, lena n-áirítear rialacha maidir le híoscheanglais choiteanna, pleanáil, faireachán, tuairisciú agus bainistiú géarchéime.

3. Tar éis dó dul i gcomhairle le ACER, le **ENTSOG&H**, le heintiteas AE do OCDanna agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún liosta tosaíochta gach 3 bliana, lena sainaitheofar na réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 mar réimsí a bheidh le háireamh i bhforbairt na gcód gréasáin.
4. Iarrfaidh an Coimisiún ar ACER creat-treoirilínte neamhcheangailteacha a chur faoina bhráid laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 6 mhí, ar treoirilínte iad lena leagfar amach prionsabail a bheidh oibiachtúil agus soiléir maidir le forbairt cód

gréasáin a bhaineann leis na réimsí arna sainathint sa liosta tosaíochta. Féadfar dálaí a chuimsiú san iarraidh sin ón gCoimisiún a dtabharfar aghaidh orthu sa chreat-treoirlíne. Rannchuideoidh gach creat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Ar iarraidh réasúnaithe ó ACER, féadfaidh an Coimisiún an tréimhse maidir le treoirlínte a chur isteach a fhadú.

5. Rachaidh ACER i gcomhairle le **ENTSO&H** agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile maidir leis an gcreat-treoirlíne, le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.
6. Déanfaidh ACER creat-treoirlíne neamhcheangailteach a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi mhír 4.
7. Má mheasann an Coimisiún nach rannchuidíonn an chreat-treoirlíne le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach ná le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, féadfaidh sé a iarraidh ar ACER athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat-treoirlíne laistigh de thréimhse réasúnach agus í a chur faoi bhráid an Choimisiúin athuair.
8. Mura gcuireann ACER creat-treoirlíne faoi bhráid an Choimisiúin nó mura gcuireann sé creat-treoirlíne faoina bhráid athuair laistigh den tréimhse arna socrú ag an gCoimisiún faoi mhír 4 nó faoi mhír 6, déanfaidh an Coimisiún an chreat-treoirlíne neamhcheangailteach i dtrácht a fhorbairt.
9. Iarrfaidh an Coimisiún ar **ENTSO&H** togra a sheoladh chuig ACER, laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná 12 mhí ón lá a bhfaighfear iarraidh an Choimisiúin, le haghaidh cód gréasáin i gcomhréir leis an gcreat-treoirlíne ábhartha.
10. Tionólfaidh **ENTSO&H** coiste dréachtaithe a thacóidh leis i bpróiseas forbartha na gcód gréasáin. Ar an gcoiste dréachtaithe sin, beidh ionadaithe ó ACER, ó ENTSO le haghaidh Leictreachais ■ agus, i gcás inarb iomchuí, ó eintiteas AE do OCDanna, agus líon teoranta de na geallsealbhóirí is mó a ndéantar difear dóibh. Forbróidh **ENTSO&H** tograí le haghaidh cóid ghréasáin sna réimsí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

- 10a.** *Laistigh de thrí mhí ón dáta a fhaightear an cód gréasáin, tabharfaidh ACER tuairim réasúnaithe do ENT SOG&H nó do AE d'OCDanna, de réir mar is iomchuí.*
- 10b.** *Déanfaidh ENT SOG&H an cód gréasáin a leasú i bhfianaise thuairim ACER agus é a chur faoi bhráid ACER arís.*
11. Déanfaidh ACER athbhreithniú ar an gcód gréasáin *arna thíolacadh arís* d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann sé na creat-treoirlínte ábhartha agus go rannchuidíonn le comhtháthú an mhargaidh, le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh, agus tíolacfaidh sé leagan athbhreithnithe den chód gréasáin don Choimisiún laistigh de 6 mhí ón lá a bhfaighfear an togra. Sa chód gréasáin athbhreithnithe, cuirfidh ACER san áireamh na tuairimí a fuarthas ó gach páirtí agus an togra á dhréachtú faoi stiúir *ENT SOG&H* agus rachaidh sé i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an leagan athbhreithnithe a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin.
12. I gcás *ENT SOG&H* a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt laistigh den thréimhse a bheidh socraithe ag an gCoimisiún faoi mhír 9, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ACER dréachtchód gréasáin a ullmhú ar bhonn na creat-treoirlíne ábhartha. Féadfaidh ACER dul i mbun tuilleadh comhairliúcháin le linn dréachtchód gréasáin a ullmhú faoin mí seo. Déanfaidh ACER dréachtchód gréasáin, arna ullmhú faoin mí seo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfaidh sé a mholadh go nglacfar é.
13. I gcás *ENT SOG&H* a bheith tar éis mainneachtain cód gréasáin a fhorbairt, nó ACER tar éis mainneachtain dréachtchód gréasáin a fhorbairt dá dtagraítear i mír 12, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, nó ar bhonn togra ó ACER faoi mhír 11, cód gréasáin amháin nó níos mó a ghlacadh sna réimsí a liostaítear i míreanna 1 agus 2.
14. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionscnamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ACER, le *ENT SOG&H* agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach giorra ná 2 mhí.
15. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do cheart an Choimisiúin na treoirlínte a ghlacadh agus a leasú de réir mar a leagtar síos in Airteagal 56. Beidh sé gan dochar

don deis atá ag **ENTSO&H** treoir neamhcheangailteach a fhorbairt sna réimsí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 sa chás nach mbaineann treoir den chineál sin le réimsí a chumhdaítear le hiarraidh a chuirfear chuig **ENTSO&H** ón gCoimisiún. Cuirfidh **ENTSO&H** aon treoir den chineál sin faoi bhráid ACER ionas go dtabharfaidh sé tuairim ina leith agus tabharfaidh sé aird chuí ar an tuairim sin.

#### Airteagal 55

##### Leasuithe ar chóid ghréasáin

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún na cóid ghréasáin a leasú laistigh de na réimsí a liostaítear in Airteagal 53(1) agus (2) agus in Airteagal 54(1) agus (2) i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha a leagtar amach sna hAirteagail sin.
2. Féadfaidh daoine ar dóigh dóibh leas a bheith acu in aon chód gréasáin a ghlacfar faoi Airteagal 52 go hAirteagal 55, lena n-áirítear **ENTSO&H**, eintiteas AE do OCDanna, údaráis rialála, oibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin, úsáideoirí córas agus tomhaltóirí, dréachtleasuithe ar an gcód gréasáin sin a mholadh do ACER. Ar a tionscnamh féin, féadfaidh ACER leasuithe a mholadh freisin.
3. Féadfaidh ACER tograí réasúnaithe le haghaidh leasuithe a chur chuig an gCoimisiún, á mhíniú conas atá na tograí sin i gcomhréir le cuspóirí na gcód gréasáin a leagtar amach in Airteagal (52) den Rialachán seo. I gcás ina measann sé go bhfuil moladh maidir le leasú inghlactha agus i gcás ina molann sé leasuithe ar a thionscnamh féin, rachaidh ACER i gcomhairle leis na geallsealbhóirí go léir i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/942.

#### Airteagal 56

##### Treoirlínte

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún treoirlínte ceangailteacha a ghlacadh sna réimsí a liostaítear san Airteagal seo.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún treoirlínte a glacadh sna réimsí sin ina bhféadfaí na gníomhartha sin a fhorbairt freisin de réir nós imeachta na gcód gréasáin de bhun Airteagail 53 agus 54. Glacfar na treoirlínte sin i bhfoirm gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, ag brath ar an gcumhacht ábhartha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar an Rialachán seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 maidir le treoirlínte a bhunú sna réimsí seo a leanas:
- (a) mionsonraí maidir leis na seirbhísí rochtana tríú páirtithe, lena n-áirítear cineál, ré agus ceanglais eile na seirbhísí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5 go 7 ;
  - (b) mionsonraí maidir leis na prionsabail is bun leis na sásraí maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus sonraí maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú i gcás plódaithe chonarthaigh, i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 10;
  - (c) mionsonraí maidir le soláthar faisnéise agus sainmhíniú ar an bhfaisnéis theicniúil a bhfuil gá ag úsáideoirí gréasán léi chun rochtain éifeachtach a fháil ar an gcóras agus sainmhíniú ar na pointí ábhartha go léir a bhaineann le ceanglais trédhearcachta, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá a fhoilsiú ag na pointí ábhartha go léir agus an sceideal ama a leanfar agus an fhaisnéis sin á foilsiú, i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31;
  - (d) mionsonraí maidir leis an modheolaíocht i leith taraifí a bhaineann le trádáil trasteorann sa ghás nádúrtha, i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16 den Rialachán seo;
  - (e) mionsonraí a bhaineann leis na réimsí a liostaítear in Airteagal 23(6).
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 chun na treoirlínte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.
5. Le linn treoirlínte a ghlacadh nó á leasú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ACER, le *ENTSO G&H*, le heintiteas AE do OCDanna agus, i gcás inarb ábhartha, leis na geallsealbhóirí eile.

#### Airteagal 57

Ceart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le bearta níos mionsonraithe

Beidh an Rialachán seo gan dochar do chearta na mBallstát bearta a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach ar bearta iad ina bhfuil forálacha níos mionsonraithe ná na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, sna treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 56 nó sna cóid ghréasáin dá



dtagraítear in Airteagail 52 go 55, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

## Airteagal 58

### Faisnéis a sholáthar agus rúndacht

1. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála an fhaisnéis go léir is gá chun críocha an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear na treoirlínte agus na cóid ghréasáin arna nglacadh faoin Rialachán seo a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin.
2. Socróidh an Coimisiún teorainn ama réasúnach chun faisnéis a sholáthar, agus castacht na faisnéise is gá agus an phráinn a ghabhann leis an bhfaisnéis sin á gcur san áireamh.
3. Más rud é nach soláthraíonn an Ballstát nó an t-údarás rialála lena mbaineann an fhaisnéis sin laistigh den teorainn ama a shocraíonn an Coimisiún, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis uile is gá chun críche an Rialacháin seo a chur chun feidhme a iarraidh go díreach ar na gnóthais lena mbaineann.

Agus iarraidh ar fhaisnéis á seoladh aige chuig gnóthas, seolfaidh an Coimisiún cóip den iarraidh, an tráth céanna, chuig údarás rialála an Bhallstáit a bhfuil ceannoifig an ghnóthais suite ina chríoch.

4. Ina iarraidh ar fhaisnéis, luafaidh an Coimisiún bonn dlíthiúil na hiarrata sin, an teorainn ama ar laistigh di is gá an fhaisnéis a chur ar fáil, cuspóir na hiarrata, agus na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 59(2) mar gheall ar fhaisnéis a chur ar fáil atá mícheart, neamhiomlán nó míthreorach.
5. Déanfaidh úinéirí na ngnóthas nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha, na daoine nádúrtha a bhfuil údarú acu a bheith ina n-ionadaithe do na gnóthais faoin dlí nó faoina n-ionstraim chorpraithe, an fhaisnéis a iarrrtar a sholáthar. I gcás ina ndéanfaidh dlíodóirí atá údaraithe go cuí chun gníomhú amhlaidh an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a chliant, beidh freagracht iomlán fós ar an gcliant i gcás ina mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
6. I gcás nach soláthraíonn gnóthas an fhaisnéis a iarrrtar laistigh den teorainn ama a shocraíonn an Coimisiún nó i gcás ina soláthraíonn sé faisnéis neamhiomlán, féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, a cheangal go soláthrófar an fhaisnéis.

Sonrófar, leis an gcinneadh sin, an fhaisnéis atá á iarraidh agus socrófar teorainn ama iomchuí ar féidir an fhaisnéis a sholáthar laistigh di. Sonrófar ann na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 59(2). Sonrófar ann freisin, an ceart chun an cinneadh a chur a chur faoi bhráid Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh lena athbhreithniú.

Déanfaidh an Coimisiún, an tráth céanna, cóip dá chinneadh a sheoladh chuig údaráis rialála an Bhallstáit a bhfuil cónaí ar an duine ina chríoch nó a bhfuil ceannoifig an ghnóthais suite ina chríoch.

7. Ní úsáidfean an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ach amháin chun críocha forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme.

Ní nochtfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis ar faisnéis í de chineál a chumhdaítear faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla a gheofar de bhun an Rialacháin seo.

## Airteagal 59

### Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme i gcás sárúithe ar an Rialachán seo, na cóid gréasáin agus treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 52 go 56, agus na treoirlínte arna nglacadh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfean na forálacha sin chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.
2. Féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, fineálacha nach mó ná 1 % de láimhdeachas iomlán na bliana gnó roimhe sin a fhorchur ar ghnóthais i gcás ina ndéanfaidh na gnóthais sin, d'aon ghnó nó go faillíoch, faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar mar fhreagairt ar iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 58(4) nó i gcás ina mainneoidh siad faisnéis a sholáthar laistigh den teorainn ama arna socrú le cinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 58(6), an chéad fhomhír. Le linn méid fineála a shocrú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar thromchúis na mainneachtana ceanglais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

3. Ní pionóis de chineál dlí choiriúil a bheidh sna pionóis dá bhforáiltear de bhun mhír 1 agus ní cinntí de chineál dlí choiriúil a bheidh in aon cheann de na cinntí a ghlacfar de bhun mhír 2.

## Caibidil V

### Forálacha críochnaitheacha

#### Airteagal 60

##### Bonneagar nua gáis nádúrtha agus hidrigine

1. Féadfar mórbhonneagar nua gáis nádúrtha, is é sin le rá idirnascairí, GNL agus saoráidí stórála, arna iarraidh sin, a dhíolmhú, ar feadh tréimhse ama sainithe, ó fhorálacha an Rialacháin seo agus ó Airteagail 28, 27, 29, 54 agus Airteagal 72(7), (9) agus 73(1) de [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás]. Féadfar mórbhonneagar nua hidrigine, is é sin le rá idirnascairí, críochfoirt hidrigine agus stóráil hidrigine faoi thalamh, arna iarraidh sin, a dhíolmhú, ar feadh tréimhse ama sainithe, ó fhorálacha Airteagail 62, 31, 32, 33 de [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás] agus Airteagal 15 den Rialachán seo. ***Beidh aon díolúine den sórt sin faoi réir gach ceann de na coinníollacha seo a leanas*** :
- (a) feabhsaíonn an infheistíocht an iomaíocht sa soláthar gáis agus sa soláthar hidrigine agus feabhsaíonn sí an chinnteacht soláthair;
  - (b) rannchuidíonn an infheistíocht ***le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint*** amach;
  - (c) tá an leibhéal riosca a bhaineann leis an infheistíocht de chineál a fhágann nach ndéanfar an infheistíocht mura dtugtar díolúine;
  - (ca) ***cuireadh san áireamh réitigh atá dírithe ar an éileamh nach bhfuil infheistíochtaí nua bonneagair ag teastáil ina leith agus réitigh mhalartacha ar an mbonneagar nua a d'fhéadfadh a bheith ann;***
  - (d) tá an bonneagar faoi úinéireacht duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh atá ar leithligh, ar a laghad i dtéarmaí a fhoirme dlíthiúla, ó na hoibreoirí córais ar ina gcórais a thógfair an bonneagar sin;
  - (e) gearrfar muirir ar úsáideoirí an bhonneagair sin; **■**

(f) ní dhéanann an díolúine dochar don iomaíocht sna margáí ábhartha ar dócha go ndéanfaidh an infheistíocht difear dóibh, d’fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh **agus chomhtháite fuinnimh, lena n-áirítear gás, leictreachas, hidrigin agus réitigh atá dírithe ar an éileamh**, d’fheidhmiú éifeachtúil na gcóras rialáilte lena mbaineann, don dícharbónú nó do chinnteacht an tsoláthair san Aontas;

**(fa) níl cúnamh airgeadais ón Aontas faighte ag an mbonneagar le haghaidh oibreacha faoi Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>22</sup>;**

**(fb) cuireann an díolúine bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus comhtháthú an chórais fuinnimh chun cinn agus ní dhéantar sócmhainní a thréigean.**

Ba cheart na coinníollacha sin a mheasúnú agus prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh á chur san áireamh. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta an staid i mBallstáit eile a ndéantar difear dóibh a chur san áireamh agus na héifeachtaí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ann a mheá leis na héifeachtaí tairbheacha ar a gcríoch.

2. Beidh feidhm ag an díolúine i mír 1 chomh maith maidir le méaduithe nach beag ar acmhainn i mbonneagar atá ann cheana agus ar mhodhnuithe ar an mbonneagar sin lena gcumasaítear an fhorbairt ar fhoinsí nua **gáis** in-athnuaite agus ar sholáthar **gáis** ísealcharbóin.

3. Feadfaidh an t-údarás rialála, ar bhonn cás ar chás, cinneadh a dhéanamh maidir leis an díolúine dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

Sula nglacfar an cinneadh maidir leis an díolúine, rachaidh an t-údarás rialála, nó i gcás inarb iomchuí údarás inniúil de chuid an Bhallstáit sin, i gcomhairle:

(a) le húdaráis rialála náisiúnta na mBallstát ar dócha a ndéanfaidh an bonneagar nua difear dá margáí; and

---

<sup>22</sup> *Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).*

- (b) údaráis ábhartha na dtríú tíortha, i gcás ina bhfuil an bonneagar i dtrácht nasctha le gréasán an Aontais faoi dhlínse Ballstáit, agus go dtagann sé as nó go gcríochnaíonn sé i dtríú tír amháin nó níos mó.

I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le húdaráis tríú tíortha, agus sa chás nach bhfreagraíonn siad don chomhairliúchán ***nó nach dtugann siad forais leis an díolúine ina bhfreagairt*** laistigh de thréimhse réasúnta ama nó den spriocdháta a leagtar síos nach faide ná 3 mhí é, féadfaidh an t-údarás rialála lena mbaineann an cinneadh is gá a ghlacadh.

4. I gcás ina bhfuil an bonneagar lonnaithe i gcríoch níos mó ná Ballstáit amháin, féadfaidh ACER tuairim chomhairleach a chur chuig údaráis rialála na mBallstát i gceist laistigh de 2 mhí ón dáta a fuair an t-údarás deireadh de na húdaráis sin an iarraidh ar dhíolúine. Féadtar an tuairim sin a chur mar bhunús lena dtuairim.

I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann ar chomhaontú i leith na hiarrata ar dhíolúine laistigh de 6 mhí ón dáta a bhfuair an t-údarás deireanach de na húdaráis rialála í, cuirfidh siad a gcinneadh in iúl do ACER. I gcás inar líne tharchuir idir Ballstát agus tríú tír an bonneagar lena mbaineann, féadfaidh údarás rialála, nó i gcás inarb iomchuí, údarás inniúil eile de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an chéad phointe idirnáise chuig gréasán an Bhallstáit eile, dul i gcomhairle le húdarás ábhartha an tríú tír sin sula nglacfar cinneadh maidir leis an díolmhú, d'fhonn a áirithiú, maidir leis an mbonneagar lena mbaineann, go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcríoch an Bhallstáit agus, i gcás inarb infheidhme, in uiscí teorann an Bhallstáit sin. I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le húdarás an tríú tír, agus sa chás nach bhfreagraíonn sé don chomhairliúchán laistigh de thréimhse réasúnta ama nó an laistigh de spriocdháta nach faide ná 3 mhí é, féadfaidh an t-údarás rialála lena mbaineann an cinneadh is gá a ghlacadh.

Feidhmeoidh ACER na cúraimí a leagfar leis an Airteagal seo ar údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann:

- (a) i gcás nach mbeidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann in ann teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse 6 mhí ón dáta a bhfuair an t-údarás deireanach de na húdaráis rialála sin an iarraidh ar dhíolúine; or
- (b) arna iarraidh sin go comhpháirteach do na húdaráis rialála lena mbaineann.

Féadfaidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann a iarraidh, go comhpháirteach, go gcuirfear síneadh suas le 3 mhí leis an tréimhse dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (a).

5. Sula ndéanfaidh ACER cinneadh, rachaidh sí i gcomhairle leis na húdaráis rialála ábhartha agus leis na hiarratasóirí.
6. Féadfar a chumhdach le díolúine acmhainneacht iomlán nó cuid d'acmhainn an bhonneagair nua, nó acmhainn iomlán nó cuid d'acmhainn an bhonneagair atá ann cheana le méadú suntasach acmhainne.

Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh díolúine a dheonú, breithneofar, ar bhonn cás ar chás, an gá atá le coinníollacha a fhorchur maidir le ré na díolúine agus maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an mbonneagar. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh na gcoinníollacha sin, cuirfear san áireamh, go háirithe, an acmhainn bhreise a bheidh le tógáil nó an modhnú ar an acmhainneacht atá ann cheana, tréimhse ionchasach an tionscadail agus dálaí náisiúnta.

Sula ndeonóidh sé díolúine, déanfaidh an t-údarás rialála cinneadh faoi na rialacha agus na sásraí maidir le hacmhainn a bhainistiú agus a leithdháileadh. Ceanglófar sna rialacha go n-iarrfar ar gach úsáideoir ionchasach de chuid an bhonneagair a spéis a léiriú in acmhainn ar conradh sula ndéanfar leithdháileadh acmhainneachta sa bhonneagar nua, lena n-áirítear dá úsáid féin. Ceanglóidh an t-údarás rialála go n-áireofar i rialacha um bainistiú ar phlódú an oibleagáid maidir le hacmhainn neamhúsáidte a thairiscint ar an margadh, agus ceanglóidh sé go mbeidh úsáideoirí an bhonneagair i dteideal a n-acmhainne conarthaí a thrádáil ar an margadh tánaisteach. Agus measúnú á dhéanamh aige ar na critéir dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (e), cuirfidh an t-údarás rialála san áireamh torthaí an nós imeachta sin um leithdháileadh acmhainne.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh díolúine, lena n-áirítear aon choinníoll dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo, beidh sé cuí-réasúnaithe agus foilseofar é.

7. Agus anailís á déanamh maidir leis an ionchas go bhfeabhsódh mórbonneagar nua an chinnteacht soláthair de bhun mhír 1, pointe (a), déanfaidh an t-údarás ábhartha breith ar an méid a mheastar go bhfeabhsóidh an bonneagar nua comhlíontacht a n-

oibleagáidí ag na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup>, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

8. **Forálfaidh na Ballstáit** go gcuirfidh a n-údarás rialála nó go gcuirfidh ACER, de réir mar a bheidh, chun críocha an chinnidh fhoirmiúil, a dtuairim maidir leis an iarraidh ar dhíolúine faoi bhráid an chomhlachta ábhartha sa Bhallstát. Foilseofar an tuairim sin in éineacht leis an gcinneadh.
9. Déanfaidh an t-údarás rialála cóip de gach iarraidh ar dhíolúine a tharchur chuig an gCoimisiún gan mhoill ar an iarraidh sin a fháil dó. Tabharfaidh na húdaráis rialála náisiúnta fógra, gan mhoill, faoin gcinneadh maidir le díolúine, gan mhoill, don Choimisiún, i dteannta na faisnéise ábhartha uile. Féadfar an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm chomhiomlán, ionas go mbeidh ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le díolúine. Cuimseofar an méid seo a leanas, go háirithe, san fhaisnéis sin:
  - (a) na cúiseanna mionsonraithe ar ar a mbonn a dheonaigh nó a dhiúltaigh an t-údarás rialála, nó an Ballstát, an díolúine, mar aon le tagairt don pointe nó na pointí ábhartha de mhír 1 ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais lena dtugtar údar leis an ngá atá leis an díolúine;
  - (b) an anailís arna déanamh ar an iarmhairt ar iomaíocht agus ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh ar an díolúine a thabhairt;
  - (c) na cúiseanna atá le fad thréimhse na díolúine agus an sciar d'acmhainn iomlán an bhonneagair a bhfuil an díolúine á deonú ina leith;
  - (d) i gcás ina mbaineann an díolúine le hidirnascaire, toradh an chomhairliúcháin leis na húdaráis rialála lena mbaineann;
  - (e) an méid a rannchuidíonn an bonneagar le héagsúlú an tsoláthair gáis.
10. Laistigh de 50 lá oibre ón lá tar éis an dáta a bhfaighfear an fógra faoi mhír 7, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a **ghlacadh** lena n-iarrrfar ar na comhlachtaí a thugann fógra leasú a dhéanamh ar an gcinneadh chun díolúine a dheonú, nó an cinneadh sin a tharraingt siar. **Sula nglacfaidh sé an cinneadh maidir leis an**

---

<sup>23</sup> Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1).

*díolúine, féadfaidh an Coimisiún tuairim a lorg ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide arna bhunú faoi Airteagal 10ú de Rialachán (CE) Uimh. 401/2009<sup>24</sup> i dtaobh an rannchuidíonn an díolúine le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach.* Féadfar an tréimhse sin a fhadú go ceann tréimhse bhreise 50 lá oibre i gcás ina mbeidh faisnéis bhreise á lorg ag an gCoimisiún. Tosóidh an tréimhse bhreise sin ar an lá tar éis an dáta a bhfaighfear an fhaisnéis iomlán. Féadfar an tréimhse tosaigh a fhadú freisin le toiliú an Choimisiúin agus na gcomhlachtaí a thugann fógra araon.

Más rud é nach soláthrófar an fhaisnéis arna hiarraidh laistigh den tréimhse a leagtar síos san iarraidh, measfar go mbeidh an fógra tarraingthe siar mura rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur cuireadh síneadh ama leis an tréimhse le toiliú an Choimisiúin agus an údaráis rialála araon, nó gur chuir an t-údarás rialála an Coimisiún ar an eolas, i ráiteas cuí-réasúnaithe, go measann sé go bhfuil an fógra curtha i gcrích.

An cinneadh ón gCoimisiún maidir leis an gcinneadh i dtaobh díolúine a leasú nó a tharraingt siar, comhlíonfaidh an t-údarás rialála é laistigh de thréimhse aon mhíosa amháin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Caomhnóidh an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le díolúine a fhorghéar, tiocfaidh deireadh le héifeacht an fhorghéara sin:

- (a) 2 bhliain tar éis a ghlactha i gcás nach mbeidh an obair tógála tosaithe faoin dáta sin,
- (b) tar éis 5 bliana ó dháta a ghlactha i gcás nach mbeidh an bonneagar ag feidhmiú faoi dáta sin, is é sin mura gcinneann an Coimisiún gurb ann d'aon mhoill mar gheall ar chonstaicí nach raibh aon neart orthu ag an duine ***nádúrtha nó dlítheanach*** ar deonaíodh an díolúine dó.

---

<sup>24</sup> *Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaoil (IO L 126, 21.5.2009, lch. 13).*



11. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 63 d'fhonn treoirlínte a leagan amach chun na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus chun an nós imeachta a bheidh le leanúint chun míreanna 3, 6, 8 agus 9 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

**11a. Na díolúintí arna ndeonú faoin... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh sé bailí fós.**

#### Airteagal 61

##### An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh [ainm an choiste] arna bhunú le hAirteagal 84 den [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx] cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

#### Airteagal 62

##### Maoluithe

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le córais tarchurtha gáis nádúrtha atá suite i mBallstáit, ar feadh ré na maoluithe arna ndeonú faoi Airteagal 80 de [Treoir nua maidir le Gás] ;

***Maidir leis na maoluithe arna ndeonú faoi Airteagal 81 (den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás XXXX), déanfaidh an Coimisiún, faoin... [trí mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le maoluithe a deonaíodh faoin Airteagal sin de [an Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás]. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a thíolacadh arna iarraidh sin do Bhallstát amháin ar a laghad. Déanfar measúnú sa tuarascáil, go háirithe, ar thionchar na maoluithe ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha agus ar an iomaíocht sa mhargadh sin agus ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus ar leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais agus na mBallstát, agus prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh agus cuspóirí Phlean***

*REPowerEU á gcur san áireamh. Má chinntear sa tuarascáil go bhfuil an maolú a deonaíodh ina bhgairt d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha, do shlándáil an tsoláthair fuinnimh nó do leasanna bunúsacha slándála an Aontais nó na mBallstát, glacfaidh an Coimisiún cinneadh, laistigh de mhí amháin ó thíolacadh na tuarascála, lena gceanglófar ar an údarás inniúil ábhartha an maolú a chúlghairm. Tar éis aon chúlghairm den sórt sin, áiritheoidh an Ballstát ábhartha go gcuirfead san áireamh i bhforfheidhmiú na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus sa [an Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás] cur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha sin ar chríoch an Aontais agus cineál comhtháite na líne tarchuir.*

### Airteagal 63

#### An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in *Airteagail* 28, 53, 54, 56 agus 60 a thabhairt don Choimisiún **go** ceann tréimhse **cúig bliana** amhail ón... [dáta theacht i bhfeidhm]. **Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in *Airteagail* 28, 53, 54, 56 agus 60 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 28, 53, 54, 56 nó 60 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

#### Airteagal 64

##### Leasú ar Chinneadh (AE) Uimh. 2017/684

Na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt le haghaidh comhaontuithe idir-rialtasacha i réimse an fhuinnimh a bhaineann le gás mar a leagtar síos i gCinneadh (AE) 2017/684, déanfar iad a léiriú mar oibleagáidí a chuimsíonn comhaontuithe a bhaineann le hidrigin, lena n-áirítear comhdhúile hidrigine amhail amóinia agus iompróirí hidrigine orgánaí leachtacha.

#### Airteagal 65

##### Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/942

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):
  - ‘(a) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar ar oibreoirí córas tarchurtha, ar ENTSO don Leictreachas, ar **ENTSO-G&H**, ar eintiteas AE do OCDanna, ar na lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha agus ar oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais agus eintitis a bhunaíonn oibreoirí córais tarchurtha le haghaidh gáis, oibreoirí córais GNL, nó oibreoirí córais stórála hidrigine nó oibreoirí gréasán don hidrigin;’;
- (2) In Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad **na chéad** fhomhíre:
  - ‘Arna iarraidh sin do ACER, déanfaidh na húdaráis rialála, **ENTSO-G&H**, na lárionaid comhordaithe, eintiteas AE do OCDanna, na hoibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí gréasáin hidrigine, na hoibreoirí margaidh leictreachais ainmnithe, agus eintitis arna mbunú ag oibreoirí córais tarchurtha le haghaidh, oibreoirí córais **GNL, oibreoirí córais stórála gáis nó hidrigine nó oibreoirí**

*críochfoirt margaidh gáis nó hidrigine agys soláthróirí gáis agus hidrigine,* déanfaidh siad an fhaisnéis a chur ar fáil do ACER ar an leibhéal céanna sonraíochta chun críche cúraimí ACER a dhéanamh faoin Rialachán seo, murar iarr ACER an fhaisnéis sin agus mura bhfuair sé cheana í.’;

- (3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 4(1), 4(2), 4(3)(a) agus (b):
- ‘1. Tabharfaidh Acer tuairim don Choimisiún maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2019/943 agus maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta **ENTSO-G&H** i gcomhréir le hAirteagal 22(2) den [Rialachán Gáis] ■ agus maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta eintiteas AE do OCDanna i gcomhréir le hAirteagal 53(3) de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 37(4) de [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021) 804].
  2. Déanfaidh ACER faireachán ar fhorghníomhú chúraimí ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/943, chúraimí **ENTSO-G&H** i gcomhréir le hAirteagal 24 de [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021) 804] ■ agus cúraimí eintiteas AE do OCDanna mar a leagtar amach in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 38 de [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021) 804].
  3. Féadfaidh ACER tuairim a sholáthar:
    - (a) do ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2019/943 agus do **ENTSO-G&H** i gcomhréir le hAirteagal 23(2) de [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021)804] ■ maidir leis na cóid ghréasáin;
    - (b) do G&H don Leictreachas i gcomhréir le hAirteagal 32(2) de Rialachán (AE) 2019/943, do **ENTSO-G&H** i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021)xxx] ■ maidir leis an dréacthphlean forbartha gréasáin uile-Aontais agus maidir le doiciméid ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2019/943 Airteagal 23(3) agus Airteagal 42(1) den

[Rialachán athmhúnlaithé maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021)804], agus cuspóirí an neamh-idirdhealaithe, na hiomaíochta éifeachtaí agus feidhmiú éifeachtúil agus slán na margaí inmheánacha don leictreachas agus don ghás nádúrtha á gcur san áireamh;’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(6), 4(7) agus 4(8):

- ‘6. Comhordóidh na húdaráis rialála ábhartha d’fhonn a shainaitheint go comhpháirteach an ndéanann an ENTSO don Leictreachas, **ENTSO-G&H**, eintiteas AE do OCDanna nó lárionaid comhordúcháin réigiúnacha a n-oibleagáidí a neamhchomhlíonadh faoi dhlí an Aontais agus gníomhóidh siad go hiomchuí i gcomhréir le hAirteagal 59(1) pointe (c) agus Airteagal 62(1) pointe (f) de Threoir (AE)2019/944 nó le hAirteagal 72(1), pointe (e) de [Treoir Athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx.  
Arna iarraidh sin d’údarás rialála amháin nó níos mó nó ar a tionscnamh féin, déanfaidh ACER tuairim réasúnaithe chomh maith le moladh a eisiúint chuig ENTSO don Leictreachas, **ENTSO-G&H**, eintiteas AE do OCDanna nó na lárionaid chomhordúcháin réigiúnacha maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí.’;
7. I gcás ina sainaitheofar i dtuairim réasúnaithe ó ACER cás ina bhféadfadh sé nár chomhlíon ENTSO don Leictreachas, **ENTSO-G&H**, eintiteas **AE** do OCDanna nó lárionad comhordúcháin réigiúnach a n-oibleagáidí faoi seach, déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann cinntí comhordaithe d’aon toil lena suífear an bhfuil neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí ábhartha ann agus, i gcás inarb infheidhme, lena gcinnfead na bearta a bheidh le déanamh ag ENTSO don Leictreachas, **ENTSO-G&H** eintiteas AE do OCDanna nó an lárionad comhordúcháin réigiúnach chun an neamhchomhlíonadh sin a leigheas. I gcás nach n-éiríonn leis na húdaráis náisiúnta rialála cinntí comhordaithe den sórt sin a dhéanamh d’aon toil laistigh de 4 mhí ó dháta eisiúna tuairim réasúnaithe ACER, cuirfead an cás faoi bhráid ACER lena chinneadh, de bhun Airteagal 6(10).
8. Mura mbeidh an sárú atá déanta ag ENTSO don Leictreachas, **ENTSO-G&H**, eintiteas AE do OCDanna nó lárionad comhordúcháin réigiúnach, a sainaitheintíodh de bhun mhír 6 nó 7 den Airteagal seo, leigheasta laistigh de 3 mhí, nó i gcás nach bhfuil gníomhaíocht déanta ag an údarás rialála sa Bhallstát

ina bhfuil a shuíomh ag an eintiteas chun comhlíonadh a áirithiú, eiseoidh ACER moladh don údarás rialála go ndéanfaí gníomhaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 59(1) pointe (c) agus Airteagal 62(1) pointe (f) de Threoir (AE) 2019/944nó le hAirteagal 74(1), pointe (d) de [Treoir Athmhúnlaithe maidir le Gás in COM(2021) xxx], d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh ENTSO don Leictreachas, *ENTSO-G&H*, eintiteas AE do OCDanna nó an lár ionad comhordúcháin réigiúnach a n-oibleagáidí, agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas.?’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(1):

- ‘1. Beidh ACER rannpháirteach i bhforbairt na gcód gréasáin i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagail 53 agus 54 de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804] agus i bhforbairt treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 61(6) de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 56(5) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]. Déanfaidh sé na nithe seo a leanas go háirithe:
  - (a) cuirfidh ACER creat-treoirlínte neamhcheangailteacha faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le Airteagal 59(4) de Rialachán (AE) 2019/943 nó agus Airteagail 53(4) nó 54(4) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx]. déanfaidh ACER athbhreithniú ar na creat-treoirlínte agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad athuair i gcomhréir le Airteagal 59(7) de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagail 53(7) nó 54(7) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx];
  - (b) an cód gréasáin a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 59(11) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail 53(11) nó 54(11) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]. Ina athbhreithniú, cuirfidh ACER san áireamh na tuairimí a sholáthair gach páirtí lena mbaineann agus an cód gréasáin athbhreithnithe á dhréachtú faoi stiúir ENTSO don Leictreachas, *ENTSO-G&H* nó eintiteas AE do OCDanna, agus rachaidh sí i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an leagan a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin. Chun na críche sin, féadfaidh ACER, i gcás inarb iomchuí, an coiste a bunaíodh

faoi na cóid ghréasáin a úsáid. Déanfaidh ACER tuarascáil don Choimisiún ar thoradh na gcomhairliúchán. Ina dhiaidh sin, cuirfidh ACER an cóid gréasáin athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le Airteagal 59(11) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail 53(11) nó 54(11) den [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021) 804]. I gcás nár fhorbair ENTSO don Leictreachas, **ENTSO-G&H** nó eintiteas AE do OCDanna cóid gréasáin, déanfaidh ACER dréachtchód gréasáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina n-iarrfar sin uirthi faoi Airteagal 59(12) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail 53(12) nó 54(12) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)804];

- (c) tuairim chuí-réasúnaithe a thabhairt don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail 24(1) nó 46(2) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)804], i gcás nár chuir an ENTSO don Leictreachas, **ENTSO-G&H** nó eintiteas AE do OCDanna cóid gréasáin arna mhionshaothrú Airteagal 30(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail 23(1) nó 42(1), pointe (a) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx ] nó cóid gréasáin a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 59(3) go (12) de Rialachán (AE) 2019/943 nó Airteagail 53(3) go (12) nó 54(3) go (12) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)804]] ach nach bhfuil glactha ag an gCoimisiún faoi Airteagal 59(13) de Rialachán (AE) 2019/943 nó faoi Airteagail 53(13) nó 54(13) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx ].
- (d) faireachán agus anailís a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcóid gréasáin arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagail 53 agus 54 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx ] agus na treoirlínte arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 56 de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx ], agus ar a n-éifeacht ar chomhchuibhiú na rialacha is infheidhme atá dírithe ar chomhtháthú margaidh a éascú mar

aon le neamh-idirdhealú, le hiomaíocht éifeachtach agus le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh agus tabharfaidh sí tuarascáil don Choimisiún

- (6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 6(3):
- ‘3. Faoin 5 Iúil 2022 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le neamhspleáchas na n-údarás rialála, de bhun Airteagal 57(7) de Threoir (AE) 2019/944 agus ’Airteagal 70(6) de [Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx]
- (7) In Airteagal 6, cuirtear isteach na míreanna (9a), (9b), (9c) agus (9d) seo a leanas:
- ‘(9a) eiseoidh ACER moltaí chuig údaráis rialála agus oibreoirí gréasáin a bhaineann le sócmhainnbhunuithe rialáilte de bhun Airteagal 4(4) de [Rialachán maidir le Gás].
- (9b) Féadfaidh Acer moltaí a eisiúint do na húdaráis rialála maidir le leithdháileadh chostais na réiteach le haghaidh srianta ar shreafaí trasteorann mar gheall ar dhifríochtaí sa cháilíocht gáis de bhun Airteagal 19(8) de [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás mar a mholtar in COM (2021)804] **agus mar gheall ar shuaitheadh an tsoláthair gáis.**
- (9c) féadfaidh ACER moltaí a eisiúint chuig údaráis rialála maidir le leithdháileadh costas réitigh ar shrianta ar shreafaí trasteorann i ngeall ar dhifríochtaí cáilíochta hidrigine de bhun Airteagal 39(8) de [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás arna mholadh in COM(2021) 804].
- (9d) Foilseoidh Acer tuarascálacha faireacháin maidir le plódú ag pointí idirnáisc de bhun Iarscríbhinn I, roinn 2.2.1, pointe 2 den [Rialachán athmhúnlaithe maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021) 804].’;
- (8) In Airteagal 6(10), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (b) agus pointe (c):
- ‘(b) cóid ghréasáin agus treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 59 go 61 de Rialachán (AE) 2019/943 arna nglacadh roimh an 4 Iúil 2019 agus athbhreithnithe ina dhiaidh sin ar na cóid ghréasáin agus na treoirlínte sin;



- (c) cóid ghréasáin agus treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 59 go 61 de Rialachán (AE) 2019/943 arna nglacadh mar ghníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011; or’;
- (9) In Airteagal 6(10), an chéad fhomhír, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:
- ‘(d) treoirlínte de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an [Rialachán maidir le Gás];  
or
- (e) cóid ghréasáin agus treoirlínte dá dtagraítear in Airteagail 53 go 56 den [Rialachán maidir le Gás].
- (10) In Airteagal 6(10), an dara fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- ‘(a) i gcás nach mbeidh na húdaráis rialála inniúla in ann teacht ar chomhaontú laistigh de shé mhí tar éis an cás a tharchur chuig an údarás deireanach de na húdaráis rialála sin, nó laistigh de cheithre mhí i gcásanna faoi Airteagal 4(7) den Rialachán seo nó faoi phointe (c) d’Airteagal 59(1) nó faoi phointe (f) d’Airteagal 62(1) de Threoir (AE) 2019/944 nó faoi Airteagal 72(1) pointe (e) den [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás mar a mholtar in COM(2021) 803];’;
- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fhomhír d’Airteagal 6(10):
- ‘Féadfaidh na húdaráis rialála inniúla a iarraidh go comhpháirteach go ndéanfar an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fhomhír den mhír seo a fhadú go ceann tréimhse suas go 6 mhí, ach amháin i gcásanna faoi Airteagal 4(7) den Rialachán seo nó faoi pointe (c) d’Airteagal (59)(1) nó pointe (f) d’Airteagal 62(1) de Threoir (AE) 2019/944 nó Airteagal 72(1) pointe (e) den Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh COM(2021) 803].’;
- (12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fhomhír d’Airteagal 6(10):
- I gcás ina mbeidh na hinniúlachtaí chun saincheisteanna trasteorann a chinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír tugtha do na húdaráis rialála i gcóid ghréasáin nua nó i dtreoirlínte nua dá dtagraítear in Airteagail 59 go 61 de Rialachán (AE) 2019/943 arna nglacadh mar ghníomhartha tarmligthe tar éis an 4 Iúil 2019, ní bheidh ACER inniúil ach ar bhonn deonach de bhun phointe (b) den dara fhomhír den mhír seo, agus é sin ar iarraidh a fháil ó 60 % ar a laghad de na húdaráis rialála ábhartha. I gcás nach bhfuil baint ach ag dhá údarás inniúla leis, féadfaidh ceann amháin acu an cás a tharchur chuig ACER.’;

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(12), pointe (a):

‘(a) eiseoidh sé cinneadh laistigh de 6 mhí ó dháta an tarchurtha; nó laistigh de 5 mhí ó dháta an tarchurtha i gcásanna de bhun Airteagal 4(7) den Rialachán seo nó de bhun phointe (c) d’Airteagal (59)(1) nó de bhun phointe (f) d’Airteagal 62(1) de Threoir (AE) 2019/944 nó Airteagal 72(1) pointe (e) den [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021)803]; agus’;

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(1):

Le linn a cúraimí a chur i gcrích, go háirithe sa phróiseas a ghabhann le creat-treoirlínte a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (AE) 2019/943 nó le hAirteagail 53 agus 54 de [Rialachán athmhúnlaithé don Ghás arna moladh in COM(2021) xxx], agus sa phróiseas a ghabhann le leasuithe ar na cóid ghréasáin a mholadh faoi Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2019/943 nó faoi Airteagal 55 de [Rialachán athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021) xxx], rachaidh ACER i gcomhairle go forleathan, agus ag céim luath, le rannpháirtithe sa mhargadh, le hoibreoírí córais tarchurtha, le hoibreoírí gréasáin hidrigine, le tomhaltóirí, le húsáideoirí deiridh agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis iomaíochta, gan dochar dá n-inniúlachtaí faoi seach, ar bhealach oscailte trédhearcach, go háirithe nuair a bhaineann a cúraimí le hoibreoírí córais tarchurtha agus oibreoírí gréasáin hidrigine.’;

(15) In Airteagal 15, cuirtear isteach mír 6 agus mír 7 mar a leanas:

‘(6) eiseoidh ACER staidéir ina ndéanfar comparáid idir éifeachtúlacht costas na n-oibreoírí córais tarchurtha san Aontas de bhun Airteagal 17(2) den [Rialachán athmhúnlaithé maidir le Gás arna mholadh in COM(2021)804].

(7) cuirfidh ACER tuairimí isteach lena bhforálfar maidir le formáid chomhchuibhithe le haghaidh foilsíú faisnéise teicniúla maidir le rochtain ar ghréasáin hidrigine de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.’;

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(1):

‘I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear na húdaráis rialála, agus gan dochar d’inniúlachtaí na n-údarás iomaíochta, déanfaidh ACER faireachán ar na margaí mórdhíola agus miondhíola sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha, ***lena n-áirítear feidhmiú na margaí sin mar aon***

*le praghsanna mórdhíola agus miondíola agus sásra socraithe praghsanna an leictreachais agus an gháis nádúrtha, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach i gconarthaí tráchtála, i dtaca le hiompar na n-oibreoirí margaidh a d'fhéadfadh a bheith frithiomaíoch, éagórach nó neamh-thrédhearcach, agus i dtaca le* comhlíonadh chearta na dtomhaltóirí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/944 agus i [an Treoir athmhúnlaith maidir le Gás mar a mholtar in COM (2021) 803], tionchar na bhforbairtí margaidh ar chustaiméirí teaghlaigh, an rochtain ar na gréasáin lena n-áirítear rochtain ar leictreachas a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, an dul chun cinn a dhéantar i dtaca le hidirnascairí, na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar an trádáil trasteorann, lena n-áirítear an tionchar atá ag hidrigin a chumasc sa chóras gáis nádúrtha agus ag bacainní ar an sreabhadh meatáin trasteorann, na bacainní rialála ar iontrálacha nua ar an margadh agus ar ghníomhaithe níos lú, lena n-áirítear pobail fuinnimh do shaoránaigh **agus pobail fuinnimh in-athnuaite**, na hidirghabhálacha stáit a chuireann cosc ar praghsanna a bheith ina léiriú ar an teirce iarbhír, amhail mar a leagtar amach in Airteagal 10(4) de Rialachán (AE) 2019/943, feidhmíocht an Bhallstáit i réimse chinnteacht an tsoláthair leictreachais bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe Eorpaigh ar leordhóthanacht acmhainní dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán sin, go háirithe agus an mheastóireacht *ex post* dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/941 á cur san áireamh;

(17) Cuirtear an fhomhír 2 seo a leanas le hAirteagal 15(1):

‘Déanfaidh ACER, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear na húdaráis rialála, agus gan dochar d’inniúlachtaí na n-údarás iomaíochta, faireachán ar na margaí hidrigine, go háirithe ar thionchar na bhforbairtí margaidh ar chustaiméirí hidrigine, ar an rochtain ar an ngréasán hidrigine, lena n-áirítear rochtain ar an ngréasán hidrigine a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar an dul chun cinn a dhéanfar i leith na n-idirnascairí, bacainní ar thrádáil a d’fhéadfadh a bheith ann.’;

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(2):

‘Gach bliain, foilseoidh ACER tuarascáil ar thorthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 1. Sa tuarascáil sin, luafaidh sé aon bhacainní, **lena n-áirítear aon iompar ar thaobh na n-oibreoirí margaidh atá frithiomaíoch, éagórach nó neamh-**

*thrédhearcach*, ar chomhlánú na margaí inmheánacha don leictreachas, don ghás nádúrtha agus don hidrigin.’

## Airteagal 66

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 mar a leanas:

- (a) In Airteagal 2, Airteagal 3(3) agus (4), Airteagal 4(1), Airteagal 8(5), in ionad an téarma ‘leictreachas’ agus gás nádúrtha’, cuirtear an téarma “leictreachas, hidrigin nó gás nádúrtha”;
- (aa) In Airteagal 2, cuirtear na sainmhínithe seo a leanas isteach:*
- ‘(16) ciallaíonn ‘trádáil GNL’ tairiscintí ceannaigh, tairiscintí díola nó idirbhearta chun GNL a cheannach nó a dhíol:*
- (a) lena sonraítear seachadadh san Aontas;*
- (b) a bhfuil seachadadh san Aontas mar thoradh orthu; or*
- (c) ina ndéanann contrapháirtí amháin an GNL a athghású ag críochfort san Aontas;*
- (17) ciallaíonn ‘sonraí margaidh GNL’ taifid ar thairiscintí ceannaigh, ar thairiscintí díola nó ar idirbhearta maidir le trádáil GNL le faisnéis chomhfhreagrach mar a shonraítear in Airteagal 8d;*
- (18) ciallaíonn ‘rannpháirtí sa mhargadh GNL’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar áit chorpraithe nó áit sainchónaithe an duine sin, a ghabhann do thrádáil GNL;*
- (19) ciallaíonn ‘measúnú ar phraghasanna GNL’ praghas tagartha laethúil le haghaidh trádáil GNL a chinneadh i gcomhréir le modheolaíocht a bhunóidh an Ghníomhaireacht;*
- (20) ciallaíonn ‘tagarmharc GNL’ raon difríochta a chinneadh idir an measúnú ar phraghasanna GNL agus an praghas socraíochta ar an gconradh ceithre mhí le haghaidh thodhchaíochtaí gáis na Saoráide Aistrithe Teidil (TTF) a bhunaíonn ICE Endex Markets B.V.;*
- (b) In Airteagal 6(2), in ionad an téarma ‘margaí don leictreachas agus don ghás’, cuirtear an téama ‘leictreachas, hidrigin agus margaí gáis náisiúnta’;

*(ba) Cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:*

*‘Airteagal 8a*

*Cúraimí agus cumhachtaí na Gníomhaireachta measúnuithe ar phraghsanna GNL agus tagarmharcanna GNL a dhéanamh*

- 1. Déanfaidh an Gníomhaireacht measúnú ar phraghsanna GNL agus foilseoidh sí an measúnú sin. Chun críoch an mheasúnaithe ar phraghsanna GNL, déanfaidh an Gníomhaireacht sonraí margaidh GNL maidir le hidirbhearta a bhailiú agus a phróiseáil go córasach.*
- 2. Déanfaidh an Gníomhaireacht an tagarmharc GNL a chur ar fáil agus a fhoilsiú agus, chuige sin, déanfaidh sí na sonraí margaidh GNL ar fad a bhailiú agus a phróiseáil go córasach.*
- 3. De mhaolú ar phointe (b) d’Airteagal 3(4) de Rialachán 1227/2011, beidh feidhm ag oibleagáidí agus toirmisc an Rialacháin seo maidir le rannpháirtithe sa mhargadh GNL. Beidh feidhm freisin ag na cumhachtaí a thugtar don Gníomhaireacht faoin Rialachán seo agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 maidir le rannpháirtithe sa mhargadh GNL, lena n-áirítear na forálacha maidir le rúndacht.*

*Airteagal 8b*

*Foilsiú na measúnuithe ar phraghsanna GNL agus tagarmharc GNL*

- 1. Foilseofar an measúnú ar phraghsanna GNL dá dtagraítear in Airteagal 8a(1) ar bhonn laethúil, agus tráth nach déanaí ná 18.00 CET i gcás an mheasúnaithe ar phraghsanna an idirbhirt glan amach. Sa bhreis air sin, foilseoidh an Gníomhaireacht, ar bhonn laethúil, an tagarmharc GNL dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) tráth nach déanaí ná 19.00 CET nó a luaithe is féidir go teicniúil.*
- 2. Chun críocha an Airteagail seo, féadfaidh an Gníomhaireacht úsáid a bhaint as seirbhísí tríú páirtí.*

*Airteagal 8c*

*Sonraí margaidh GNL a sholáthar don Gníomhaireacht*

- 1. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh GNL na sonraí margaidh GNL a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta go laethúil i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach in Airteagal 8d, i bhformáid chaighdeánaithe, trí phrótacal tarchurtha ardcháilíochta, agus chomh gar d’fhíor-am agus is féidir ó thaobh na*

*teicneolaíochta de sula bhfoilseofar an measúnú laethúil ar phraghsanna GNL (18.00 CET).*

- 2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrú ar an pointe ama faoina mbeidh sonraí margaidh GNL le cur isteach roimh fhoilsiú laethúil an mheasúnaithe ar phraghsanna GNL dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).*
- 3. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Ghníomhaireacht, tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, treoirínte a eisiúint maidir leis na nithe seo a leanas:*
  - (a) mionsonraí na faisnéise atá le tuairisciú, sa bhreis ar mhionsonraí reatha na n-idirbheart intuairiscithe agus na sonraí bunúsacha faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014, lena n-áirítear tairiscintí ceannaigh agus tairiscintí díola; and*
  - (b) an nós imeachta, an fhormáid chaighdeánach agus an fhormáid leictreonach agus na ceanglais theicniúla agus eagraíochtúla a bhaineann le sonraí a chur isteach atá le húsáid chun na sonraí margaidh is gá a sholáthar.*
- 4. Cuirfidh rannpháirtithe sa mhargadh GNL na sonraí margaidh GNL is gá faoi bhráid na Gníomhaireachta saor in aisce agus trí na bealaí tuairiscithe arna mbunú ag an nGníomhaireacht, i gcás inar féidir trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta atá ann agus atá ar fáil cheana.*

#### *Airteagal 8d*

#### *Cáilíocht na sonraí margaidh GNL*

- 1. Áireofar sna sonraí margaidh GNL mionsonraí faoi na nithe seo a leanas:*
  - (a) na páirtithe sa chonradh, lena n-áirítear táscaire ceannaigh/díola;*
  - (b) an páirtí tuairiscithe;*
  - (c) praghas an idirbhirt;*
  - (d) cainníochtaí an chonartha;*
  - (e) luach an chonartha;*
  - (f) fuinneog theachta an lasta GNL;*
  - (g) téarmaí an tseachadta;*

- (h) na pointí seachadta;*
- (i) an fhaisnéis stampa ama faoi na nithe seo a leanas uile:*
  - (i) an t-am a rinneadh an tairiscint cheannaigh nó an tairiscint díola;*
  - (ii) am an idirbhirt;*
  - (iii) tráth tuairiscithe na tairisceana ceannaigh, na tairisceana díola nó an idirbhirt;*
  - (iv) an t-am a bhfuair an Ghníomhaireacht na sonraí margaidh GNL.*

**2. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh GNL sonraí margaidh GNL a sholáthar don Ghníomhaireacht ar an mbealach seo a leanas:**

- (a) tuairisceofar praghsanna aonaid idirbhirt, tairisceana ceannaigh agus tairisceana díola san airgeadra a shonraítear sa chonradh agus in €/MWh agus áireofar leo rátaí comhshó agus malairte arna gcur i bhfeidhm más infheidhme;*
- (b) tuairisceofar cainníochtaí conartha sna haonaid a shonraítear sna conarthaí agus in MWh;*
- (c) tuairisceofar fuinneoga teachta i dtéarmaí dátaí seachadta arna sloinneadh i bhformáid AUL;*
- (d) léireofar leis an bpointe seachadta aitheantóir bailí arna liostú ag an nGníomhaireacht, amhail dá dtagraítear sa liosta saoráidí GNL atá faoi réir tuairisciú agus sa Rialachán seo agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún; déanfar an fhaisnéis stampa ama a léiriú i bhformáid AUL;*
- (e) más ábhartha, déanfar foirmle an phraghais sa chonradh fadtéarmach óna ndíorthaítear an praghas a thuairisciú ina hiomláine.*

**3. Eiseoidh an Ghníomhaireacht treoirínte maidir leis na critéir faoina mbeidh aighnitheoir aonair freagrach as cuid mhór de na sonraí margaidh GNL arna gcur isteach laistigh de thréimhse thagartha áirithe agus maidir leis an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an gcás sin ina measúnú ar phraghsanna GNL agus sna tagarmharcanna GNL.**

*Airteagal 8e*  
*Leanúnachas gnó*

*Athbhreithneoidh, nuashonróidh agus foilseoidh an Ghníomhaireacht go tráthrialta a mheasúnú ar phraghsanna tagartha GNL agus a mhodheolaíocht maidir le tagarmharc GNL agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun sonraí margaidh a thuairisciú agus chun a mheasúnuithe ar phraghsanna GNL agus a thagarmharcanna GNL a fhoilsiú, agus tuairimí rannpháirtithe sonraí margaidh á gcur san áireamh.*

Airteagal 67

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1938

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Leis an Rialachán seo, bunaítear forálacha a bhfuil sé d’aidhm acu slándáil an tsoláthair gáis san Aontas a choimirciú trí dhea-fheidhmiú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh i ngás nádúrtha agus i **ngás** in-athnuaite agus **gás** ísealcharbóin (‘gás’) a áirithiú, trína cheadú gur féidir bearta eisceachtúla a chur chun feidhme nuair nach féidir leis an margadh na soláthairtí gáis a bhfuil gá leo a sholáthar a thuilleadh, lena n-áirítear beart dlúthpháirtíochta a dhéanfar mar rogha dheiridh, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le freagrachtaí maidir le gníomhaíocht choiscitheach agus maidir le freagairt a thabhairt ar shuaitheadh nithiúil soláthair gáis araon a shainiú go soiléir agus iad a leithdháileadh orthu go soiléir i measc gnóthas gáis nádúrtha, na mBallstát agus an Aontais.

*Faoin Rialachán seo freisin, déantar bearta coiscitheacha a spreagadh lena laghdaítear an t-éileamh ar ghás, lena n-áirítear bearta lena gcuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus lena méadaítear sciar an fhuinnimh in-athnuaite, chun spleáchas an Aontais ar allmhairiú gáis a laghdú.’;*

(2) In Airteagal 2, cuirtear isteach na sainmhínithe seo a leanas:

‘(27) ‘gás’ – ciallaíonn sin gás nádúrtha mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 2 de [Treoir athmhúnlaithé maidir le Gás arna moladh in COM(2021)xxx];

█



**(29a) ciallaíonn “ionad trádála” aon cheann de na nithe seo a leanas:**

- (a) ‘margadh rialáilte’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (21), de Threoir 2014/65/AE;**
- (b) ‘saoráid trádála iltaobhach’ mar a shainmhínítear i bpointe (22) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE í;**
- (c) ‘saoráid trádála eagraithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (23), de Threoir 2014/65/AE;**

**(29b) ciallaíonn ‘díorthach tráchtearraí atá bainteach le fuinneamh’ díorthach tráchtearraí ar feadh suas le 12 mhí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (30), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>25</sup>, a thrádáiltear ar ionad trádála agus nach sáraíonn a aibíocht 12 mhí;’;**

(3) In Airteagal 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Léirmhíneofar gurb é a bheidh i dtagairtí don ghás nádúrtha tagairtí don ghás mar a shainmhínítear i bpointe (27).’;

**(3a) Sa tríú fomhír d’Airteagal 6b(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):**

**‘(e) úsáid a bhaint as sásraí deonacha chun gás nádúrtha a sholáthar go comhpháirteach;’;**

(4) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Faoin 1 Samhain 2017, déanfaidh ENTSOG ionsamhlúcháin uile-Aontais de chásanna ina bhféadfaí suaitheadh soláthair gáis agus bonneagair a bheith ann. San ionsamhlúchán, déanfar na conairí soláthair gáis éigeandála a shainaithint agus a mheasúnú agus luafar na Ballstáit is féidir leo réiteach a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaitníodh, lena n-áirítear i ndáil le stóráil agus GNL, **agus áireofar**

---

<sup>25</sup> **Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margat in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).**

**ann freisin cásanna ina ndéantar scrúdú ar bhealaí chun an t-éileamh ar ghás a laghdú trí bhearta coigilte fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh.** Is é ENTSOG i gcomhar le GCG a dhéanfaidh na cásanna eiseamláireacha suaithheadh soláthair gáis agus bonneagair agus an mhodheolaíocht don ionsamhlúchán a shainmhíniú. Áiritheoidh ENTSOG leibhéal iomchuí trédhearcachta agus rochtana ar na toimhdí samhaltaithe a úsáidtear ina chásanna eiseamláireacha. Déanfar an t-ionsamhlúchán uile-Aontais de chásanna eiseamláireacha suaithheadh soláthair gáis agus bonneagair a athdhéanamh gach ceithre bliana *go dtí*, de bharr na n-imthosca, gur gá é a dhéanamh ar bhonn is minice.’;

(5) I mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) rioscaí a chur san áireamh a bhaineann le ceannas ag gnóthais gáis nádúrtha ar bhonneagar is ábhartha i dtaca le slándáil an tsoláthair gáis a mhéid a bhféadfadh, *inter alia*, rioscaí tearcinfheistíochta, lagú an éagsúlaithe, mí-úsáid an bhonneagair atá ann faoi láthair cnapaireacht ar acmhainní stórála, nó sárú ar dhlí an Aontais a bheith i gceist leo;’;

(6) Cuirtear an tAirteagal ■ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 7a

Beartha coisctheacha agus éigeandála

Déanfaidh na Ballstáit bearta coisctheacha agus éigeandála is iomchuí, *lena n-áirítear bearta coigilte fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh*. Ní mór a chur san áireamh leis an méid sin torthaí ionsamhlúcháin uile-Aontais na gcásanna suaite dá bhforáiltear in Airteagal 7 agus ní mór dóibh a bheith oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithnítear sna measúnuithe riosca comhchoiteanna agus náisiúnta.’;

(7) Aistrefar Airteagail 8(1) agus 9(3) go 9(10) ionas gurb é a bheidh iontu Airteagal 7a(2) go 71a(12);

(8) Cuirtear na hairteagail ■ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 7b

Úsáid éifeachtúil chomhpháirteach a bhaint as bonneagair agus stóráil gáis

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbainfear úsáid ar bhealach éifeachtúil as an mbonneagar atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach , ar mhaithe leis an gcinnteacht soláthair ar bhonn éifeachtúil. Go háirithe, cumasóidh na Ballstáit an malartú gáis trasteorann agus an rochtain trasteorann ar stóráil agus ar GNL.
2. Cuimseofar sna measúnuithe riosca comhchoiteanna agus ina aon nuashonrú a dhéanfar ina dhiaidh sin anailís ar leordhóthanacht acmhainne na saoráidí stórála atá ar fáil sa réigiún, ar fheidhmiú na n-acmhainní stórála agus an méid a rannchuidíonn siad le slándáil an tsoláthair san Aontas, lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann le ***húinéireacht dhíreach nó indíreach nó rialú an bhonneagair stórála is ábhartha maidir le cinnteacht an tsoláthair gáis ag eintitis tríú tíortha. Saináithneofar sna measúnuithe riosca comhchoiteanna agus in aon nuashonruithe a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin bearta coigilte fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh de bhun [Airteagal X den Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh] agus prionsabal na héifeachtúlachta córais de bhun [Airteagal X den Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh].*** Leis an anailís sin cuirfear ról na stóras gáis i gcomparáid le bearta malartacha amhail infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh agus i mbreoslaí in-athnuaite. ***Beidh costéifeachtúlacht na stórála gáis mar chuid den anailís agus tabharfar aird inti ar an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí tréigthe.***
3. I gcás ina dtugtar tásca leis an anailís sin sa mheasúnú riosca comhchoiteann nó in aon nuashonrú ar an measúnú sin gurb ann do riosca ar an leibhéal réigiúnach, a bhféadfadh a bheith ina riosca le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit sa ghrúpa riosca céanna nach féidir aghaidh a thabhairt air ar bhealach eile, breithneoidh na Ballstáit **█** go bhféadfaí stóráil a chomhtháthú go hiomlán i líonra an oibreora córais tarchurtha i gcás ina gcuirfeadh an stóráil stop le hoibríochtaí murach sin, dá gcuirfeadh stopadh oibríochtaí den sórt sin feidhmiú slán iontaofa an chórais tarchurtha i mbaol. ***Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis an ngrúpa riosca sula gceadófar féidearthacht den sórt sin, go háirithe i ndáil le conas a théann na bearta i ngleic leis na rioscaí a saináithníodh sa mheasúnú riosca comhchoiteann.***

*Beidh feidhm ag an mbeart sin maidir le haon saoráid stórála, lena n-áirítear láithreáin stórála a rialaíonn eintitis tríú tír.*

- 3a. *Tiocfaidh na Ballstáit sa ghrúpa riosca ábhartha ar chomhaontú maidir le nós imeachta comhordaithe comhpháirteach i dtaca leis an ngás a stóráiltear sa stóras dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a tharraingt siar i gcás géarchéime, dá dtagraítear in Airteagal 11(1). Cuimseofar sa nós imeachta comhordaithe comhchoiteann na socrúithe le haghaidh gás a tharraingt siar mar chuid de na gníomhartha arna gcomhordú ag an gCoimisiún i gcás éigeandáil réigiúnach nó Aontais de bhun Airteagal 12(3).*
4. Na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 7a agus mhír 3 den Airteagal seo, ní dhéanfar saobhadh míchuí ar iomaíocht ná ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás leo ná ní chuirfear slándáil sholáthar gáis na mBallstát eile ná an Aontais i gcontúirt mar gheall orthu **agus beidh siad gan dochar do shlándáil náisiúnta na rialacha soláthair lena n-áirítear stoic gháis.**
7. Tar éis an chomhairliúcháin inmheánaigh sa ghrúpa riosca ábhartha dá dtagraítear i mír 3, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le **GCG.**

#### Airteagal 7c

##### Measúnú riosca uile-Aontais

Mar fhoráil idirthréimhseach, laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit i gcrích na measúnaithe comhchoiteanna agus náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme an plean gnímh choiscthigh agus an plean éigeandála, trí bhíthin an aguisín is gá chun Airteagal 7b, míreanna 2 go 6 a chomhlíonadh. Poibleofar na pleananna nuashonraithe sin agus cuirfear in iúl don Choimisiún iad tar éis an nós imeachta in Airteagal 8(7), agus eiseoidh an Coimisiún moladh faoi na coinníollacha a shainmhínítear in Airteagal 8(8), rud a bheidh le cur san áireamh ag an údarás inniúil lena mbaineann tar éis an nós imeachta dá dtugtar tuairisc air in Airteagal 8(9).

#### Airteagal 7d

**Sásra deonach le haghaidh** an tsoláthair chomhpháirtigh **gáis**

1. Féadfaidh na Ballstáit sásra **deonach** a bhunú le haghaidh an tsoláthair chomhpháirtigh **gáis** ag oibreoirí córais tarchurtha **nó ag gnóthais eile arna n-ainmniú ag na Ballstáit** mar chuid de na bearta coisctheacha chun an chinnteacht soláthair a áirithiú.

Déanfar an sásra **sin** a dhearadh i gcomhréir le dlí **an Aontais, go háirithe** rialacha iomaíochta **náisiúnta agus an Aontais** agus ar bhealach **inar féidir an gás a úsáid freisin** mar chuid de na gníomhaíochtaí arna gcomhordú ag an gCoimisiún **i gcás** éigeandáil réigiúnach nó Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

Maidir leis na hoibreoirí córais tarchurtha uile, **nó gnóthais eile arna n-ainmniú ag an mBallstát, soláthraithe gáis nó rannpháirtithe margaidh ábhartha eile** laistigh den Aontas, ar mian leo é, beidh deis acu a bheith rannpháirteach sa sásra tar éis bhunú an tsásra.

2. Cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha an rún atá acu sásra den chineál sin a bhunú in iúl don Choimisiún. Cuimseofar san fhógra sin an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, amhail an toirt gáis a bheidh le ceannach, tréimhse an bhirt, na hoibreoirí córais tarchurtha a bheidh rannpháirteach, **nó gnóthais eile arna n-ainmniú ag an mBallstát agus soláthraithe gáis agus rannpháirtithe margaidh ábhartha eile a bheidh rannpháirteach**, na socruithe rialachais, na nósanna imeachta oibriúcháin agus na coinníollacha maidir le gníomhachtú i gcás stádais éigeandála. Sonrófar ann chomh maith na costais agus na tairbhí ionchasacha. **Cuirfidh an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe Gás, agus i gcás inarb iomchuí, ACER ar an eolas maidir leis an bhfógra a fuarthas.**
3. **Laistigh de thrí mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 2**, féadfaidh an Coimisiún tuairim **■** a eisiúint maidir le comhlíontacht an tsásra atá beartaithe leis an Rialachán seo. **■** Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirteacha an aird is mó ar fad ar an tuairim ón gCoimisiún.

#### *Airteagal 7da*

***Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le húsáid a bhaint as an sásra deonach le haghaidh an tsoláthair chomhpháirtigh gáis***

*Faoin ... [trí mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún treoirlínte maidir le húsáid a bhaint as an sásra deonach le haghaidh an tsoláthair chomhpháirtigh gáis dá dtagraítear in Airteagal 7d den Rialachán seo. Agus na treoirlínte sin á nglacadh aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chomhiomlánú an éilimh agus an ceannach comhpháirteach a leagtar síos faoi Rialachán (AE) 2022/2576.*

#### Airteagal 7e

Tuarascáil ar stóráil agus *sásra deonach le haghaidh an tsoláthair chomhpháirtigh gáis*

*Faoin ... [aon bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7b, 7c agus 7d agus maidir leis an taithí a fuarthas, na buntáistí, na costais agus aon chonstaicí a tháinig chun cinn i dtaca leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as soláthar comhpháirteach gáis. **Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí.***

#### Airteagal 7ea

##### *Trédhearcacht agus malartú faisnéise*

- 1. Gnóthais gáis nádúrtha nó gnóthais a ídíonn gás atá bunaithe san Aontas nó údaráis nó eintitis rialáilte na mBallstát, a bhfuil sé beartaithe acu dul i mbun caibidlíochta le táirgeoirí gáis nádúrtha nó soláthróirí gáis nádúrtha maidir le ceannach, trádáil nó soláthar gáis de thoirt os cionn 5 TWh in aghaidh na bliana, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas go bhfuil sé beartaithe acu conradh soláthair gáis nó meabhrán tuisceana a thabhairt i gcrích sula dtabharfaidh siad conradh den sórt sin nó meabhrán tuisceana i gcrích i gcomhréir leis an Airteagal seo.*
- 2. Déanfaidh gnóthais gáis nádúrtha nó gnóthais a ídíonn gás atá bunaithe san Aontas nó údaráis nó eintitis rialáilte na mBallstát an Coimisiún a chur ar an eolas 6 seachtaine ar a laghad sula dtabharfaidh siad i gcrích conradh nó meabhrán tuisceana atá ceangailteach ó thaobh dlí dá dtagraítear i mír 1, faoi chéannacht an chomhpháirtí conartha nó na gcomhpháirtithe conartha, na toirteanna ábhartha, na dátaí ábhartha, tionscnamh an gháis agus, i gcás*

*inarb infheidhme, an soláthraí seirbhíse a eagraíonn na ceannacháin sin thar ceann Ballstáit.*

- 3. Má mheasann an Coimisiún go bhféadfadh ceannacháin gháis atá pleanáilte ag gnóthais gáis nádúrtha nó gnóthais a ídíonn gás atá lonnaithe san Aontas nó údaráis nó eintitis rialáilte na mBallstát tionchar diúltach a imirt ar fheidhmiú an cheannaigh chomhpháirtigh, ar an margadh inmheánach, ar leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais nó ar shlándáil an tsoláthair nó an dlúthpháirtíocht fuinnimh, molfaidh an Coimisiún do na Ballstáit ábhartha bearta iomchuí a dhéanamh chun tionchar diúltach den sórt sin a sheachaint. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann lánaird ar an moladh ón gCoimisiún.*
- 4. Agus faisnéis á soláthar don Choimisiún i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, féadfaidh na heintitis a sholáthraíonn an fhaisnéis a chur in iúl an bhfuil aon chuid den fhaisnéis, bíodh sí ina faisnéis tráchtála nó faisnéis eile a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí na bpáirtithe lena mbaineann, le meas mar fhaisnéis rúnda agus an féidir an fhaisnéis a sholáthraítear a roinnt le Ballstáit eile.*
- 5. Ní chuirfidh iarrataí ar rúndacht faoin Airteagal seo srian ar rochtain an Choimisiúin féin ar fhaisnéis rúnda. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain ar an bhfaisnéis rúnda teoranta go docht do sheirbhísí an Choimisiúin a bhfuil sé fíor-riachtanach an fhaisnéis a bheith ar fáil dóibh. Láimhseálfaidh ionadaithe an Choimisiúin faisnéis íogair le rúndacht chuí.*
- 6. Gan dochar d'Airteagal 346 CFAE, ní dhéanfar faisnéis atá rúnda a mhalartú leis an gCoimisiún agus le húdaráis ábhartha eile ach amháin i gcás inar gá an malartú sin a dhéanamh chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Ní bheidh san fhaisnéis a mhalartófar ach an méid is ábhartha maidir le cuspóir an mhalartaithe sin agus an méid atá comhréireach leis an gcuspóir sin. Leis an malartú faisnéise sin, caomhnófar rúndacht na faisnéise sin agus cosnófar slándáil agus leasanna tráchtála na n-eintiteas a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ní úsáidfidh an tSaoráid an fhaisnéis a bhaileofar chun aon chríche eile seachas chun an Conradh a chur i gcrích.*

7. *Beidh na freastalaithe agus an fhaisnéis uile lonnaithe go fisiciúil agus stóráilte i gcríoch an Aontais.’;*

(9) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Beidh sa phlean um ghníomhaíocht choisctheach agus sa phlean éigeandála freisin caibidil réigiúnach, nó roinnt caibidlí réigiúnacha, i gcás ina bhfuil Ballstát ina chomhalta de ghrúpaí riosca éagsúla mar a shainítear in Iarscríbhinn I iad.

Déanfaidh gach Ballstát sa ghrúpa riosca na caibidlí réigiúnacha a fhorbairt go comhpháirteach sula gcuirfear isteach sna pleananna náisiúnta faoi seach iad. Gníomhóidh an Coimisiún mar éascaitheoir chun go mbeidh na caibidlí réigiúnacha, le chéile, in ann slándáil an tsoláthair gáis a fheabhsú san Aontas, agus nach n-eascróidh aon chontrárthacht astu, agus chun aon bhac ar an gcomhar a shárú.

Beidh sna caibidlí réigiúnacha bearta iomchuí agus éifeachtacha trasteorann, lena n-áirítear i ndáil le stórais agus GNL, faoi réir comhaontú idir na Ballstáit sin a dhéanfaidh na bearta ón ngrúpa riosca céanna nó ó na grúpaí riosca céanna a ndéanann an beart difear dóibh a chur chun feidhme ar bhonn an ionsamhlúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus ar bhonn an mheasúnaithe riosca chomhchoitinn.’;

(10) i mír 6, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

‘An rannpháirtíocht dheonach i soláthar comhpháirteach stoc straitéiseach, dá dtagraítear in Airteagal 7c, d’fhéadfaí sin a chuimsiú sa togra maidir le comhar.’;

(11) Cuirtear an tAirteagal 8a nua seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8a

Bearta maidir leis an gcibearshlándáil

1. Agus na pleananna gníomhaíochta coiscthí agus na pleananna éigeandála á mbunú, déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí a bhaineann leis an gcibearshlándáil a bhreithniú.



2. Féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19, lena mbunaítear rialacha earnáilsonracha le haghaidh gnéithe cibearshlándála na sreafaí gáis trasteorann, lena n-áirítear rialacha maidir le ceanglais íosta chomhchoiteanna, pleanáil, faireachán, tuarascáil agus bainistiú géarchéime.
3. Chun an gníomh tarmligthe seo a fhorbairt, oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), an Gníomhaireacht um Chibearshlándáil ENISA, Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (ENTSOG) agus líon teoranta geallsealbhóirí lena mbaineann, chomh maith le heintitis a bhfuil inniúlachtaí sa chibearshlándáil acu cheana, faoina sainordú féin, amhail lárionaid oibríochta cibearshlándála (SOCanna) is ábhartha maidir le heintitis rialáilte, agus foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRT), dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2022/xxx maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann cibearshlándála ar fud an Aontais.’;

(12) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) bearta coisctheacha eile a dhearfad chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí arna sainaitheint sa mheasúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 7a(1), amhail na cinn a bhaineann leis an ngá feabhas a chur ar na hidirnaise idir Ballstáit chomharsanachta, chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh, chun cnapaireacht acmhainne a chosc, agus chun an t-éileamh ar ghás a laghdú agus an cumas bealaí gáis agus foinsí soláthair gáis a éagsúlú, mar aon le húsáid réigiúnach na n-acmhainní stórála agus GNL atá ann cheana, más iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bheidh sainaitheanta ionas go ndéanfar an soláthar gáis a choimeád ar bun do gach custaiméir a mhéid is féidir.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

‘(k) faisnéis faoi na hoibleagáidí seirbhíse poiblí go léir a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le hacmhainn stórála agus stoic straitéiseacha;’;

(iii) cuirtear isteach an pointe (l) seo a leanas:

‘(l) faisnéis ar bhearta a bhaineann leis an gcibearshlándáil, dá dtagraítear in Airteagal 8a.’;

(13) In Airteagal 12(3) cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

‘(d) na gníomhaíochtaí a chomhordú maidir le soláthar comhpháirteach stoc straitéiseach, dá dtagraítear in Airteagal 7c.’;

**(14a) Cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:**

– *‘Airteagal 13a*

*Cosaint dlúthpháirtíochta a leathnú chuig toirteanna criticiúla gáis le haghaidh shlándáil an tsoláthair leictreachais*

**1. *De mhaolú ar Airteagal 13(3), ní bheidh feidhm ag beart dlúthpháirtíochta de bhun Airteagal 13(1) agus (2) ach amháin mura raibh an Ballstát a d’iarr an dlúthpháirtíocht in ann na níthe seo a leanas a chumhdach:***

**(a) *an t-easnamh sa soláthar gáis dá custaiméirí atá faoi chosaint leis an dlúthpháirtíocht nó, i gcás ina bhfuil bearta sealadacha déanta ag Ballstát chun tomhaltas neamhriachtanach custaiméirí atá faoi chosaint a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 13b, na toirteanna bunriachtanacha tomhaltais gáis dá chustaiméirí atá faoi chosaint leis an dlúthpháirtíocht;***

**(b) *toirt an gháis chriticiúil le haghaidh shlándáil an tsoláthair leictreachais, d’ainneoin chur i bhfeidhm an bhirt dá dtagraítear in Airteagal 11(3). Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3), pointí (b), (c) agus (d).***

**2. *Na Ballstáit a bhfuil sé d’oibleagáid orthu dlúthpháirtíocht a sholáthar de bhun mhír 1 beidh siad i dteideal na níthe seo a leanas a asbhaint ón tairiscint dlúthpháirtíochta:***

- (a) *soláthairtí dá chustaiméirí atá faoi chosaint leis an dlúthpháirtíocht a mhéid a dhéantar difear do thoirteanna bunriachtanacha nó, i gcás ina bhfuil bearta sealadacha déanta ag Ballstát chun tomhaltas neamhriachtanach custaiméirí atá faoi chosaint a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 13b, soláthar thoirteanna bunriachtanacha tomhaltais gáis a chustaiméirí atá faoi chosaint leis an dlúthpháirtíocht;*
- (b) *soláthar toirteanna criticiúla gáis le haghaidh shlándáil an tsoláthair leictreachais;*
- (c) *soláthar toirteanna gáis le haghaidh an leictreachais is gá chun gás a tháirgeadh agus a iompar; agus*
- (d) *na toirteanna gáis is gá le haghaidh oibríochtaí bonneagair atá criticiúil maidir le slándáil an tsoláthair agus dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIIIb chomh maith le suiteálacha eile atá ríthábhachtach d'fheidhmiú seirbhísí míleata, slándála náisiúnta agus cabhrach daonnúla.*
3. *Ní rachaidh na toirteanna criticiúla gáis le haghaidh shlándáil an tsoláthair leictreachais dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) agus mír 2, pointí (b) agus (d) thar na méideanna a léirítear in Iarscríbhinn VIIIa. Más féidir le Ballstát a léiriú go bhfuil gá le toirt níos airde gáis chun géarchéim leictreachais Ballstáit a sheachaint, féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil, a chinneadh go gceadófar toirteanna níos airde a asbhaint.*
4. *I gcás ina n-iarrfar ar na Ballstáit nach bhfuil a gcóras leictreachais sioncrónaithe ach le córas leictreachais tríú tír bearta dlúthpháirtíochta a sholáthar, féadfaidh siad, ar bhonn eisceachtúil, toirteanna gáis níos airde a asbhaint i gcás ina ndéanfar an córas leictreachais a dhíshioncrónú as córas an tríú tír sin fad is a cheanglaítear ar sheirbhísí córais cumhachta leithlisithe nó ar sheirbhísí eile d'oibreoir an chórais tarchurtha cumhachta oibriú sábháilte iontaofa an chórais cumhachta a áirithiú.*

– *Airteagal 13b*

*Bearta laghdaithe éilimh a bhaineann le custaiméirí atá faoi chosaint*

1. *Féadfaidh na Ballstáit, ar bhonn eisceachtúil, bearta sealadacha a*

*dhéanamh chun caitheamh neamhriachtanach custaiméirí atá faoi chosaint a laghdú, go háirithe nuair a bheidh ceann de na leibhéil ghéarchéime de bhun Airteagal 11(1) agus Airteagal 12, nó foláireamh an Aontais de bhun Rialachán (AE) 2022/1369, dearbhaithe. Beidh bearta den sórt sin teoranta d'úsáidí neamhriachtanacha gáis agus cuirfear san áireamh leo na heilimintí a leagtar amach in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2022/1369. Ní fhéadfar bearta eisceachtúla den sórt sin a dhéanamh ach amháin tar éis measúnú arna dhéanamh ag údaráis inniúla maidir leis na coinníollacha chun na toirteanna neamhriachtanacha gáis sin a chinneadh.*

- 2. Mar thoradh ar bhearta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní laghdófar in imthosca ar bith tomhaltas custaiméirí leochaileacha, arna shainmhíniú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 25 den Treoir athmhúnlaithe 2009/73/CE, agus ní dhéanfaidh na Ballstáit custaiméirí atá faoi chosaint a dhícheangal mar thoradh ar chur i bhfeidhm mhír 1 den Airteagal seo.*

– *Airteagal 13c*  
*Coimircí do shreafaí trasteorann*

- I gcás iarraidh ón gCoimisiún de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 12(6) deireadh a chur le srianta míchuí ar shreafaí gáis trasteorann nó ar rochtain ar bhonneagar gáis, nó ar bhearta lena gcuirtear an soláthar gáis i mbaol i mBallstát eile, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an Ballstát, in ionad an nós imeachta dá bhforáiltear sa dara fómhír d'Airteagal 12(6) a leanúint, a ghníomhaíocht a mhodhnú nó gníomhaíocht a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 12(5).*

– *Airteagal 13d*  
*Oibleagáidí dlúthpháirtíochta a leathnú go sealadach chuig Ballstáit a bhfuil saoráidí GNL acu*

- 1. Ní hamháin go mbeidh feidhm ag an oibleagáid bearta dlúthpháirtíochta a sholáthar de bhun Airteagal 13(1) maidir le Ballstáit a bhfuil nasc díreach acu leis an mBallstát iarrthach, ach beidh feidhm acu freisin maidir le Ballstáit a bhfuil saoráidí GNL acu, ar choinníoll go bhfuil an acmhainneacht is gá sa bhonneagar ábhartha, lena n-áirítear na soithí agus*

*na hiompróirí GNL, ar fáil.*

2. *Beidh feidhm ag mír (2) go mír (9) d’Airteagal 13 maidir le Ballstáit a bhfuil saoráidí GNL acu mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.*
3. *Ballstáit ag a bhfuil saoráidí GNL nach bhfuil nasc díreach acu le Ballstát iarrthach, féadfaidh siad teacht ar chomhaontú go déthaobhach le haon Bhallstát eile maidir leis na socrúithe dlúthpháirtíochta teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais is gá a bhfuil feidhm acu maidir le dlúthpháirtíocht a sholáthar.*
4. *Na rialacha réamhshocrúithe maidir le bearta dlúthpháirtíochta a sholáthar de bhun Airteagal 13e, beidh feidhm acu freisin maidir leis na Ballstáit neamhnasctha a mhéid nach bhfuil socrú déthaobhach tugtha i gcrích tráth a gheofar iarraidh ar dhlúthpháirtíocht.*

– *Airteagal 13e*

*Rialacha réamhshocrúithe maidir le bearta dlúthpháirtíochta*

1. *I gcás nár tháinig dhá Bhallstát ar chomhaontú maidir leis na socrúithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais is gá de bhun Airteagal 13(10) (‘comhaontú dlúthpháirtíochta’), beidh an seachadadh gáis de bhun na hoibleagáide in Airteagal 13(1) i gcás éigeandála faoi réir na gcoinníollacha san Airteagal seo.*
2. *Ní rachaidh an cúiteamh as an mbeart dlúthpháirtíochta thar na costais réasúnacha agus, de mhaolú ar Airteagal 13(8), áireofar an méid seo a leanas ann:*
  - (a) *an praghas ar ghás sa Bhallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht;*
  - (b) *na costais stórála agus iompair, lena n-áirítear táillí a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar dhíall na lastaí GNL chuig an bpointe idirnáisc a iarradh;*
  - (c) *costais dlíthíochta le haghaidh imeachtaí breithiúnacha nó eadrána gaolmhara ina bhfuil an Ballstát a sholáthraíonn dlúthpháirtíocht páirteach;*
  - (d) *costais indíreacha eile nach gcumhdaítear leis an bpraghas ar ghás,*

*cosúil le haisíocaíocht damáistí airgeadais nó damáistí eile a eascraíonn as sceitheadh éigeantach ualaigh dhocht custaiméirí a bhaineann le soláthar dlúthpháirtíochta, ar choinníoll nach sáraíonn na costais indíreacha sin 100 % den phraghas ar ghás.*

- 3. Má iarrann Ballstát cúiteamh ar chostais indíreacha de bhun mhír 2, pointe (d), ar mó é ná 100 % de phraghas an gháis, cinntí an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha, an cúiteamh níos airde iomchuí, agus imthosca sonracha conarthacha agus náisiúnta conarthacha agus náisiúnta an cháis agus prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh á gcur san áireamh.*
- 4. Mura gcomhaontóidh an Ballstát a iarrann an dlúthpháirtíocht agus an Ballstát atá ag soláthar na dlúthpháirtíochta ar phraghas eile, beidh praghas an gháis a sholáthraítear don Bhallstát a iarrann an dlúthpháirtíocht ag freagairt do phraghas an mhargaidh lá roimh ré sa Bhallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht an lá roimh an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht nó an praghas margaidh lá roimh ré comhfhreagrach ag an bpointe trádála fíorúil malairte inrochtana is gaire, nó ag mol comhaontaithe an lá roimh an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht.*
- 5. Cúiteamh ar na toirteanna gáis a sheachadtar i gcomhthéacs iarrata dlúthpháirtíochta de bhun Airteagal 13f, déanfaidh an Ballstát a iarrann an dlúthpháirtíocht é a íoc go díreach leis an mBallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht nó leis an eintiteas a shonraíonn an dá Bhallstát ina bhfreagra ar an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht agus an dearbhú maidir leis an bhfáltas agus leis an toirt atá le glacadh.*
- 6. Déanfaidh Ballstát a bhfuil an iarraidh ar bheart dlúthpháirtíochta dírithe air na bearta dlúthpháirtíochta a sholáthar a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 lá tar éis na hiarrata. Ní fhéadfaidh Ballstát diúltú dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstát a iarrann an dlúthpháirtíocht ach amháin i gcás ina léiríonn an chéad Bhallstát:*
  - (a) nach bhfuil dóthain gáis aige i gcomhair na dtoirteanna dá dtagraítear in Airteagal 13a(2); nó*
  - (b) nach bhfuil acmhainneacht idirnáisc leordhóthanach ar fáil aige, mar*

*a leagtar amach in Airteagal 13(7) agus nach bhfuil sé in ann toirteanna leordhóthanacha GNL a sholáthar.*

7. *Sa bhreis ar na rialacha réamhshocraithe dá bhforáiltear san Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit socrúithe teicniúla agus comhordú ar sholáthar na dlúthpháirtíochta a chomhaontú.*
8. *Beidh an tAirteagal seo gan dochar do shocrúithe atá ann cheana maidir le hoibriú sábháilte iontaofa an chórais gáis.*

– *Airteagal 13f*

*Nós imeachta maidir le bearta dlúthpháirtíochta in éagmais comhaontú dlúthpháirtíochta*

1. *Déanfaidh an Ballstát a iarrann cur i bhfeidhm na mbeart dlúthpháirtíochta iarraidh ar dhlúthpháirtíocht a eisiúint chuig Ballstát eile, ina sonrúfar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:*
  - (a) *sonraí teagmhála údarás inniúil an Bhallstáit;*
  - (b) *sonraí teagmhála oibreoirí córais tarchurtha ábhartha an Bhallstáit (más ábhartha);*
  - (c) *sonraí teagmhála an tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann an Bhallstáit (más ábhartha);*
  - (d) *tréimhse seachadta lena n-áirítear uainiú an chéad seachadta fhéideartha agus fad measta na seachadtaí;*
  - (e) *pointí seachadta agus idirnaisc;*
  - (f) *toirt an gháis in kWh do gach pointe idirnaisc;*
  - (g) *caighdeán an gháis.*
2. *Seolfar an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht go comhuaineach chuig na Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith in ann bearta dlúthpháirtíochta a sholáthar, chuig an gCoimisiún agus chuig na bainisteoirí géarchéime arna n-ainmniú de bhun Airteagal 10(1), pointe (g).*
3. *Seolfaidh na Ballstáit a fhaigheann iarraidh dlúthpháirtíochta freagra ina léireofar na sonraí teagmhála dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), agus an toirt is féidir a sholáthar do na pointí idirnaisc ag an am a iarrtar dá dtagraítear i mír 1, pointí (d) go (g). Sonróidh an freagra an toirt a*



*eascaíonn as ciorrú féideartha nó, i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach, stoic straitéiseacha a scaoileadh i gcás nach leor an méid is féidir a sholáthar trí bhearta deonacha.*

- 4. Déanfar iarrataí dlúthpháirtíochta a thíolacadh 72 uair an chloig ar a laghad roimh an am seachadta sonraithe do GNL agus ar a laghad 24 uair an chloig roimh an am seachadta sonraithe i gcás gás a iompraítear ar phíblíne. Déanfar an fhreagairt ar iarrataí ar dhlúthpháirtíocht a fheidhmiú laistigh de 12 uair an chloig. Déanfar an dearbhú maidir leis an bhfáltas agus leis an toirt atá le glacadh ag an mBallstát a iarrann an dlúthpháirtíocht a fheidhmiú laistigh de cheithre uair an chloig ón tairiscint dlúthpháirtíochta a fháil.*
- 5. Féadfar an iarraidh a chur isteach ar feadh tréimhse lae nó roinnt laethanta, agus beidh an freagra ag teacht leis an bhfad a iarradh.*
- 6. I gcás ina bhfuil roinnt Ballstát ag soláthar na dlúthpháirtíochta agus ina bhfuil socrúithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta i bhfeidhm ag ceann amháin nó níos mó acu, ba cheart tosaíocht a bheith ag na socrúithe sin idir na Ballstáit a bhfuil comhaontú déthaobhach acu. I gcás ina bhfuil roinnt Ballstát ag soláthar na dlúthpháirtíochta agus ina bhfuil socrúithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta i bhfeidhm ag ceann amháin nó níos mó acu, ba cheart tosaíocht a bheith ag na socrúithe sin idir na Ballstáit a bhfuil comhaontú déthaobhach acu.*
- 7. Féadfaidh an Coimisiún cur chun feidhme comhaontuithe dlúthpháirtíochta a éascú, go háirithe trí theimpléad i bhfoirm ardán slán ar líne chun gur féidir iarrataí agus tairiscintí a tharchur i bhfíor-am.*

– *Airteagal 13g*

*Athbhreithniú ar bhearta dlúthpháirtíochta*

- *Faoin 1 Iúil 2025, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar infheidhmeacht agus éifeachtúlacht na dlúthpháirtíochta GNL agus ar indéantacht na dlúthpháirtíochta a bhaineann leis na Ballstáit nach bhfuil nasctha go díreach. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar phríomhthorthaí an mheasúnaithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus, más iomchuí, molfaidh sé leasuithe ar fhorálacha dlúthpháirtíochta an Rialacháin seo.’;*



(15) In Airteagal 14(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

– ‘Tar éis éigeandála, déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1, a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, 6 seachtaine tar éis deireadh a bheith curtha leis an éigeandáil, measúnú mionsonraithe a sholáthar don Choimisiún gan mhoill ar an éigeandáil agus ar éifeachtacht na mbeart a cuireadh chun feidhme, lena n-áirítear measúnú ar an tionchar eacnamaíoch a bhí ag an éigeandáil, ar an tionchar ar earnáil an leictreachais agus ar an gcúnamh a soláthraíodh don Aontas agus dá Bhallstát nó a fuarthas uathu. I gcás inarb ábhartha, cuimseofar leis an measúnú tuairisc mhionsonraithe ar na tosca arbh iad ba chúis leis an sásra in Airteagal 13 a ghníomhachtú agus na coinníollacha faoina bhfuarthas na soláthairtí gáis a bhí in easnamh, lena n-áirítear an praghas agus an cúiteamh airgeadais a íocadh agus – i gás inarb ábhartha – na cúiseanna nár glacadh le tairiscintí dlúthpháirtíochta agus/nó nach ndearnadh gás a sholáthar. Cuirfear an measúnú sin ar fáil do GCG agus léireofar é sna nuashonruithe ar na pleananna um ghníomhaíocht choisctheach agus ar na pleananna éigeandála.’;

(15a) *Cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:*

– *‘Airteagal 14a*

*Sásra bainistíochta luaineachta ionlae*

1. *Faoin ... [mí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh gach ionad trádála ina dtrádáiltear díorthaigh tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh, gach díorthach tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh a thrádáiltear air, sásra bainistíochta luaineachta ionlae bunaithe ar uasteorainn agus íosteorainn praghsanna (‘teorainneacha praghsanna’) lena sainítear na praghsanna nach féidir orduithe a fhorghníomhú os a gcionn agus faoina mbun (‘sásra bainistíocht luaineachta ionlae’). Áiritheoidh ionaid trádála go gcuirfidh an sásra bainistíochta luaineachta praghsanna ionlae cosc ar ghluaiseachtaí iomarcacha praghsanna laistigh de lá trádála le haghaidh díorthach tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh. Agus an sásra bainistíochta luaineachta ionlae á bhunú, áiritheoidh ionaid trádála freisin nach gcuirfidh cur chun feidhme na mbeart sin cosc ar phraghsanna scoir iontaofa ag deireadh an lae a bhunú.*

2. *Maidir le gach díorthach tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh a thrádáiltear ar ionaid trádála, bunóidh ionaid trádála an modh ríofa is infheidhme chun na teorainneacha praghsanna a chinneadh i gcoibhneas le praghas tagartha. Beidh céad phraghas tagartha an lae comhionann leis an bpraghas a chinnfear tráth a osclaítear an tseisiúin trádála ábhartha. Is éard a bheidh sna praghsanna tagartha ina dhiaidh sin an praghas margaidh deireanach a breathnaíodh go tráthrialta. I gcás briseadh i dtrádáil le linn an lae trádála, is éard a bheidh sa chéad phraghas tagartha tar éis an idirbhriste praghas oscailte na trádála atosaithe.*
3. *Sloinnfear na teorainneacha praghsanna i ndearbhluach, nó i dtéarmaí coibhneasta i bhfoirm céatadán d'athrú i gcoibhneas leis an bpraghas tagartha. Déanfaidh ionaid trádála an modh ríofa sin a choigeartú de réir na sainiúlachtaí a bhaineann le gach díorthach tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh, de réir phróifíl leachtachta an mhargaidh le haghaidh díorthach den sórt sin agus de réir a phróifíle luaineachta. Cuirfidh an t-ionad trádála an t-údarás inniúil ar an eolas faoin modh gan moill mhíchuí.*
4. *Déanfaidh ionaid trádála na teorainneacha praghsanna a athnuachan go tráthrialta le linn uaireanta trádála, bunaithe ar an bpraghas tagartha.*
5. *Déanfaidh ionaid trádála gnéithe an tsásra bainistíochta luaineachta ionlae atá curtha ar bun acu a chur ar fáil go poiblí gan moill mhíchuí nó nuair a bheidh modhnú curtha i bhfeidhm acu.*
6. *Cuirfidh ionaid trádála an sásra bainistíochta luaineachta ionlae chun feidhme trína chomhtháthú ina scoradáin chiorcaid atá ann cheana a bunaíodh cheana i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE nó mar shásra breise ina leith.*
7. *I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag ionad trádála an modh ríofa a mhodhnú le haghaidh na dteorainneacha praghsanna is infheidhme maidir le díorthach tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh, cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas faoi na modhnuithe atá beartaithe gan moill mhíchuí.*
8. *I gcás ina léiríonn an fhaisnéis arna bailiú ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margai (ESMA) i gcomhréir le hAirteagal 14b(3) go bhfuil gá le cur chun feidhme níos comhleanúnaí den sásra chun a áirithiú go ndéanfar an*

*iomarca luaineachta praghsanna a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla ar fud an Aontais, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrú na prionsabail aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme an tsásra bainistithe luaineachta ionlae, agus sainiúlachtaí gach díorthaigh tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh, próifíl leachtachta an mhargaidh do dhíorthach den sórt sin agus a phróifíl luaineachta á gcur san áireamh. Go háirithe, chun oibriú rianúil ionaid trádála a áirithiú, ar ionaid trádála iad a thairgeann trádáil i ndíorthaigh tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh, féadfaidh an Coimisiún a shonrú na heatraimh ag a ndéanfar na teorainneacha praghsanna a athnuachan nó na bearta a bheidh le glacadh má bhogann trádáil lasmuigh de na teorainneacha praghsanna sin lena n-áirítear forálacha chun socrú praghsanna scoir iontaofa a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18a(2).*

– *Airteagal 14b*

*Ról na n-údarás inniúil*

- 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla maoirseacht ar chur chun feidhme an tsásra bainistíochta luaineachta ionlae. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh údar cuí le héagsúlachtaí i gcur chun feidhme na sásraí bainistíochta luaineachta ionlae ag ionaid trádála atá bunaithe ina mBallstáit i ngeall ar shainiúlachtaí na n-ionad trádála nó an díorthaigh tráchtearraí a bhaineann le fuinneamh lena mbaineann.*
- 2. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfidh ionaid trádála réamhshásraí iomchuí chun feidhme lena n-áiríteofar go maolófar luaineacht iomarcach i margaí díorthach tráchtearraí atá bainteach le fuinneamh go dtí go mbunófar an sásra bainistíochta luaineachta ionlae dá dtagraítear in Airteagal 14a(1).*
- 3. Tuairisceoidh na húdaráis inniúla do ESMA maidir le cur chun feidhme an tsásra bainistíochta luaineachta ionlae ag ionaid trádála a ndéanann siad maoirseacht orthu laistigh de 3 seachtaine ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 14a(1) agus ar bhonn ráithiúil ar a laghad.*

– *Airteagal 14c*  
*Ról comhordúcháin ESMA*

1. *Déanfaidh ESMA comhordú agus faireachán ar chur chun feidhme na sásraí bainistíochta luaineachta ionlae ar bhonn tuarascálacha a chuirfidh na húdaráis inniúla faoina bhráid i gcomhréir le hAirteagal 14b(3).*
- 2. *Déanfaidh ESMA aon éagsúlacht i gcur chun feidhme na sásraí bainistíochta luaineachta ionlae a dhoiciméadú ar fud dlínsí san Aontas bunaithe ar na tuarascálacha ó údaráis inniúla. Faoin 30 Meitheamh 2023, agus go tráthrialta dá éis sin, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina ndéanfar meastóireacht ar éifeachtúlacht na sásraí bainistíochta luaineachta ionlae. Ar bhonn na tuarascála sin, breithneoidh an Coimisiún an gcuirfidh sé togra reachtach le haghaidh leasú ar an Rialachán seo faoi bhráid na Comhairle.’;*

(15b) *In Airteagal 17a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

- ‘2. *Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, nuair a chuirfidh sé a thuarascáil de bhun mhír 1 isteach faoin 28 Feabhra 2025, measúnú ginearálta ar chur i bhfeidhm Airteagail 6a go 6d, Airteagal 7(1) agus (4)(g), Airteagal 16(3), Airteagal 17a, Airteagal 18a, Airteagal 20(4), agus Iarscríbhinní Ia agus Ib. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí.’;*

(16) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 2:

‘Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(8), in Airteagal 7(5) agus in Airteagal 8(5) agus Airteagal 8a(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ó [dháta glactha na leasuithe].’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 3:

‘3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(8), 7(5), 8(5) agus Airteagal 8a(2) a chúlghairm aon tráth.’;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 6:

‘6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 3(8), Airteagal 7(5), Airteagal 8(5) agus Airteagal 8a(2) (cibearshlándaíl) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle faoi cheann 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfadh siad aon agóid.’;

**(16a) In Airteagal 22, scriostar mír 4.**

(17) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) i roinn 5(a), an dara fómhír, cuirtear isteach an fleasc seo a leanas tar éis an dara fleasc ‘Bearta chun bealaí gáis agus foinsí soláthair a éagsúlú,’

‘- Bearta chun bac a chur le cnapaireacht acmhainne;’;

(b) i roinn 11.3, pointe (a) , an dara fómhír, cuirtear isteach an fleasc seo a leanas tar éis an dara fleasc ‘Bearta chun bealaí gáis agus foinsí soláthair a éagsúlú,’;

‘- Bearta chun bac a chur le cnapaireacht acmhainne;’;

**(17a) Cuirtear na hIarscríbhinní seo a leanas isteach:**

### **‘IARSCRÍBHINN VIIIa**

**(a) Na toirteanna criticiúla gáis uasta le haghaidh slándáil soláthair leictreachais de bhun Airteagal 23 le haghaidh na tréimhse ó mhí na Nollag 2022 go Márta 2023 (luachanna in milliún méadar ciúbach) <sup>(1)</sup>:**

<i>An Ballstát</i>	<i>Nollaig 2022</i>	<i>Eanáir 2023</i>	<i>Feabhra 2023</i>	<i>Márta 2023</i>
<i>AT</i>	<i>74.24</i>	<i>196.83</i>	<i>152.20</i>	<i>139.35</i>
<i>BE</i>	<i>399.05</i>	<i>458.77</i>	<i>382.76</i>	<i>398.99</i>
<i>BG</i>	<i>61.49</i>	<i>71.26</i>	<i>61.55</i>	<i>63.29</i>
<i>CY</i>	-	-	-	-
<i>CZ</i>	<i>17.26</i>	<i>49.64</i>	<i>34.80</i>	<i>28.28</i>
<i>DE</i>	<i>2 090.53</i>	<i>2 419.56</i>	<i>2 090.59</i>	<i>1 863.77</i>
<i>DK</i>	<i>249.48</i>	<i>295.56</i>	<i>254.87</i>	<i>268.09</i>
<i>EE</i>	<i>5.89</i>	<i>5.78</i>	<i>5.00</i>	<i>1.05</i>

<i>EL</i>	<i>209.95</i>	<i>326.68</i>	<i>317.18</i>	<i>232.80</i>
<i>ES</i>	<i>1 378.23</i>	<i>1 985.66</i>	<i>1 597.27</i>	<i>1 189.29</i>
<i>IE</i>	<i>372.76</i>	<i>375.29</i>	<i>364.26</i>	<i>375.74</i>
<i>FI</i>	<i>28.42</i>	<i>39.55</i>	<i>44.66</i>	<i>12.97</i>
<i>FR</i>	<i>876.37</i>	<i>875.58</i>	<i>802.53</i>	<i>771.15</i>
<i>HR</i>	<i>10.95</i>	<i>66.01</i>	<i>59.99</i>	<i>48.85</i>
<i>HU</i>	<i>82.13</i>	<i>133.97</i>	<i>126.44</i>	<i>93.72</i>
<i>IT</i>	<i>2 166.46</i>	<i>3 304.99</i>	<i>3 110.79</i>	<i>2 774.67</i>
<i>LV</i>	<i>89.26</i>	<i>83.56</i>	<i>84.96</i>	<i>66.19</i>
<i>LT</i>	<i>16.13</i>	<i>20.22</i>	<i>18.81</i>	<i>4.21</i>
<i>LU</i>	-	-	-	-
<i>MT</i>	<i>32.88</i>	<i>34.84</i>	<i>31.43</i>	<i>33.02</i>
<i>NL</i>	<i>684.26</i>	<i>762.31</i>	<i>556.26</i>	<i>480.31</i>
<i>PL</i>	<i>158.14</i>	<i>158.64</i>	<i>136.97</i>	<i>148.64</i>
<i>PT</i>	<i>409.97</i>	<i>415.22</i>	<i>368.54</i>	<i>401.32</i>
<i>RO</i>	<i>130.35</i>	<i>179.35</i>	<i>162.41</i>	<i>159.71</i>
<i>SI</i>	<i>12.98</i>	<i>15.15</i>	<i>13.35</i>	<i>12.80</i>
<i>SK</i>	<i>33.99</i>	<i>47.26</i>	<i>34.80</i>	<i>34.76</i>
<i>SE</i>	<i>18.05</i>	<i>18.61</i>	<i>17.71</i>	<i>15.76</i>

*(b) Toirteanna gáis criticiúla uasta le haghaidh slándáil soláthair leictreachais de bhun Airteagal 13a don tréimhse ó Aibreán 2023 go mí na Nollag 2023 (luachanna in milliún méadar ciúbach):*

<i>An Ballstát</i>	<i>Luach míosúil</i>
<i>AT</i>	<i>140.66</i>
<i>BE</i>	<i>409.89</i>
<i>BG</i>	<i>64.40</i>
<i>CY</i>	-
<i>CZ</i>	<i>32.50</i>
<i>DE</i>	<i>2 116.11</i>
<i>DK</i>	<i>267.00</i>
<i>EE</i>	<i>4.43</i>
<i>EL</i>	<i>271.65</i>
<i>ES</i>	<i>1 537.61</i>
<i>IE</i>	<i>372.01</i>

<i>FI</i>	31.40
<i>FR</i>	831.41
<i>HR</i>	46.45
<i>HU</i>	109.06
<i>IT</i>	2 839.23
<i>LV</i>	80.99
<i>LT</i>	14.84
<i>LU</i>	-
<i>MT</i>	33.03
<i>NL</i>	620.79
<i>PL</i>	150.60
<i>PT</i>	398.76
<i>RO</i>	157.96
<i>SI</i>	13.57
<i>SK</i>	37.70
<i>SE</i>	17.53

(L) Tá na figiúirí in Iarscríbhinn I, codanna a) agus b), bunaithe ar shonraí ón measúnú leordhóthanachta geimhridh de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/941 a rinne Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais (ENTSO-E), ach amháin i gcás Mhálta a bhfuil a ghiniúint leictreachais ag brath go heisiach ar sheachadtaí GNL agus nach bhfuil aon acmhainn shuntasach stórála aige. I bhfianaise shainiúlacht an gháis chailraigh ísil, ba cheart luachanna na hÍsiltíre sa tábla seo a iolrú faoi fhachtóir coinbhéartachta 37,89 arna roinnt ar 35,17. I gcuid (a) d'Iarscríbhinn I, léirítear na méideanna míosúla aonair arna ríomh ag ENTSO-E le haghaidh na míonna ó mhí na Nollag 2022 go Márta 2023; léiríonn na figiúirí in Iarscríbhinn I, cuid (b) le haghaidh na míonna ó Aibreán 2023 go mí na Nollag 2023 meán na luachanna sa tréimhse ó mhí na Nollag 2022 go Márta 2023.

### IARSCRÍBHINN VIIIb

*Bonneagar criticiúil maidir le slándáil an tsoláthair de bhun Airteagal 13a(2), pointe (d)*

<i>Earnáil</i>	<i>Fo-earnáil</i>	
<i>I Fuinneamh</i>	<i>1. Leictreachas</i>	<i>Bonneagar agus saoráidí chun leictreachas a ghiniúint agus a tharchur i ndáil leis an soláthar leictreachais</i>
	<i>2. Ola</i>	<i>Táirgeadh, scagadh, cóireáil, agus stóráil ola agus a tarchur trí phíblínte</i>

	3. <i>Gás</i>	<i>Táirgeadh, scagadh, cóireáil agus stóráil gáis agus a tharchur trí phíblínte</i> <i>Críochfoirt GNL</i>
<i>II Iompar</i>	4. <i>Iompar de bhóthar</i>	
	5. <i>Iompar ar iarnród</i>	
	6. <i>Aeriompar</i>	

’;

(18) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1938 mar Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin.

Airteagal 68

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

Airteagal 69

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

■

***Beidh feidhm ag Airteagal 67, pointe (8a) ón... [dáta deiridh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2576].***

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*



## Iarscríbhinn I

### TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS NA NITHE SEO A LEANAS

1. AN FHAINSNÉIS ATÁ LE FOILSIÚ FAOIN MODHEOLAÍOCHT A ÚSÁIDTEAR CHUN IONCAM RIALÁILTE AN OIBREORA CÓRAIS TARCHURTHA A SHOCRÚ

Foilseoidh an t-údarás rialála nó an t-oibreoir córais tarchurtha, arna cinneadh ag an údarás rialála, an fhaisnéis seo a leanas roimh an tréimhse taraife.

Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil ar leithligh le haghaidh ghníomhaíochtaí tarchurtha i gcás ina bhfuil an t-oibreoir córais tarchurtha ina chuid de mhór-eintiteas tráchtála nó sealbhaíochta.

1. An t-eintiteas atá freagrach as comhpháirteanna éagsúla na modheolaíochta a ríomh, a shocrú agus a fhorfhéas.
2. Tuairisc ar an modheolaíocht, lena n-áirítear ar a laghad cur síos ar an méid seo a leanas:
  - (a) an mhodheolaíocht fhoriomlán, amhail caidhp-ioncam, modheolaíocht hibrídeach, costas *plus* nó tagarmharcáil taraifí;
  - (b) an mhodheolaíocht chun an bonn sócmhainní rialáilte (RAB) a shocrú, lena n-áirítear:
    - (i) an mhodheolaíocht chun luach tosaigh (oscailte) na sócmhainní a chinneadh, mar a chuirtear i bhfeidhm ag tús an rialacháin agus sócmhainní nua á n-ionchorprú sa bhonn sócmhainní rialála;
    - (ii) an mhodheolaíocht chun sócmhainní a athluacháil;
    - (iii) mínithe ar an éabhlóid ar luach na sócmhainní;
    - (iv) láimhseáil na sócmhainní díchoimisiúnaithe;
    - (v) an mhodheolaíocht dímheasa a chuirtear i bhfeidhm ar an mbonn sócmhainní rialáilte, lena n-áirítear aon athrú a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna.
  - (c) an mhodheolaíocht chun an costas caipitil a shocrú;

- (d) an mhodheolaíocht chun an caiteachas iomlán (TOTEX) a chinneadh, nó, más infheidhme, chun an caiteachas oibriúcháin (OPEX) agus an caiteachas caipitiúil (CAPEX) a chinneadh;
- (e) an mhodheolaíocht chun an éifeachtúlacht costais a chinneadh, más infheidhme;
- (f) an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun an boilsciú a shocrú;
- (g) an mhodheolaíocht chun préimheanna agus dreasachtaí a chinneadh, más infheidhme;
- (h) na costais neamhrialaithe;
- (i) seirbhísí a chuirtear ar fáil laistigh den chuideachta sealbhaíochta, más infheidhme.

3. Luachanna na bparaiméadar a úsáidtear sa mhodheolaíocht

- (a) luachanna mionsonraithe na bparaiméadar is cuid den chostas cothromais agus den chostas fiachais, nó meánchostas ualaithe an chaipitil arna sloinneadh mar chéatadáin;
- (b) tréimhsí dímheasa i mblianta is infheidhme ar leithligh i leith píblínte agus comhbhrúiteoirí;
- (c) athruithe ar an tréimhse dímheasa nó ar luathú an dímheasa a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní;
- (d) spriocanna éifeachtúlachta mar chéatadáin;
- (e) innéacsanna boilscithe;
- (f) préimheanna agus dreasachtaí.

4. luachanna na gcostas agus na gcaiteachas a úsáidtear chun an t-ioncam ceadaithe nó an sprioc-ioncam a shocrú san airgeadra áitiúil agus in euro agus a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) an bonn sócmhainní rialáilte de réir an chineáil sócmhainne a shonraítear in aghaidh na bliana go dtí a dhímheas iomlán, lena n-áirítear:
- (b) infheistíochtaí a chuirtear leis an mbonn sócmhainní rialáilte, de réir an chineáil sócmhainne;

- (c) an dímheas de réir an chineáil sócmhainne go dtí dímheas iomlán na sócmhainní;
  - (d) an costas caipitil lena n-áirítear an costas cothromais agus an costas fiachais;
  - (e) na caiteachais oibriúcháin;
  - (f) préimheanna agus dreasachtaí a shonraítear ar leithligh in aghaidh gach míre.
5. Táscairí airgeadais atá le soláthar don oibreoir córais tarchurtha. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir córais tarchurtha ina chuid de mhórshealúchas nó de mhórchuideachta, soláthrófar na luachanna sin ar leithligh don oibreoir córais tarchurtha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
- (a) tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh (EBITDA)
  - (b) tuilleamh roimh ús agus cáin (EBIT);
  - (c) fáltas ar shócmhainní I (ROA) =  $EBITDA / RAB$ ;
  - (d) fáltas ar shócmhainní II (ROA) =  $EBIT / RAB$ ;
  - (e) ráta toraidh ar chothromas (ROE) =  $Brabús / Cothromas$ ;
  - (aa) fáltas ar chaipiteal arna úsáid (RoCE);
  - (bb) an cóimheas luamhánaithe;
  - (cc) glanfhiachas / (Glanfhiachas + Cothromas);
  - (dd) glanfhiachas / EBITDA

Soláthróidh an t-údarás rialála nó an t-oibreoir córais tarchurtha samhail taraife shimplithe lena n-áirítear paraiméadair agus luachanna dí-chomhiomlánaithe na modheolaíochta agus lenar féidir ríomh an ioncain cheadaithe nó sprioc-ioncam an oibreora córais tarchurtha a mhacasamhlú.

6. Déanfaidh na hoibreoírí córais tarchurtha cuntas laethúil a choimeád ar an gcothabháil iarbhír agus ar mhíshocraíochtaí sreibhe a tharla, agus cuirfidh siad ar fáil don údarás inniúil é, arna iarraidh sin dó. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil freisin dóibh siúd a ndearna aon mhíshocraíocht difear dóibh, arna iarraidh sin dóibh.

**2. PRIONSABAIL MAIDIR LE SÁSRAÍ LEITHDHÁILTE ACMHAINNE AGUS NÓSANNA IMEACHTA BAINISTITHE PLÓDAITHE A BHAINNEANN LE HOIBREOIRÍ CÓRAIS TARCHURTHA AGUS A GCUR I BHFEIDHM I GCÁS PLÓDÚ CONARTHACH**

**2.1. Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta bainistithe plódaithe a bhaineann le hoibreoirí córais tarchurtha**

1. Déanfaidh sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta bainistithe plódaithe éascú ar fhorbairt na hiomaíochta agus ar thrádáil leachtach na hacmhainne agus beidh siad comhoiriúnach le sásraí margaidh lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála. Beidh na sásraí sin solúbtha agus beidh ar a gcumas oiriúnú do chúinsí athraitheacha an mhargaidh.
2. Cuirfear san áireamh sna sásraí agus sna nósanna imeachta sin sláine an chórais lena mbaineann mar aon le cinnteacht an tsoláthair.
3. Ní bheidh na sásraí ná na nósanna imeachta sin ina mbac ar iontráil rannpháirtithe nua sa mhargadh ná ní chruthóidh siad bacainní míchuí ar iontráil sa margadh. Ní chuirfidh siad cosc ar rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear iontrálaithe nua sa mhargadh agus cuideachtaí a bhfuil sciar beag den mhargadh acu, ó dhul in iomaíocht go héifeachtach.
4. Leis na sásraí agus na nósanna imeachta sin, soláthrófar comharthaí iomchuí eacnamaíochta maidir le húsáid éifeachtach agus uasta na hacmhainne teicniúla agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua.
5. Cuirfear úsáideoirí gréasáin ar an eolas faoin gcineál cúinse a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'infhaigtheacht na hacmhainne conarthaí. Ba cheart go léireodh an fhaisnéis maidir le hidirbhriseadh an leibhéal faisnéise atá ar fáil don oibreoir córais tarchurtha.
6. I gcás ina dtiocfadh deacrachtaí chun cinn i dtaobh na hoibleagáidí conarthacha maidir le seachadadh a chomhlíonadh de bharr cúiseanna a bhaineann le sláine an chórais, ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha fógra a thabhairt d'úsáideoirí gréasáin agus réiteach neamh-idirdhealaitheach a lorg gan mhoill.

Rachaidh na hoibreoirí córais tarchurtha i gcomhairle leis na húsáideoirí gréasáin maidir le nósanna imeachta sula gcuirfear chun feidhme iad agus comhaontóidh siad iad leis an údarás rialála.

## **2.2. Nósanna imeachta bainistithe plódaithe i gcás plódú conarthach**

### *2.2.1. Forálacha ginearálta*

1. Beidh feidhm ag forálacha phointe 2.2 maidir le pointí idirnáise idir córais isteach-amach chongaracha, gan beann ar cibé an córais fhisiceacha nó córais fhíorúla iad, idir dhá Bhallstát nó níos mó nó laistigh den Bhallstát céanna a mhéid atá na pointí faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí. Féadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha sin freisin maidir le pointí isteach ó thríú tíortha agus pointí amach chuig tríú tíortha, faoi réir chinneadh an údaráis rialála náisiúnta ábhartha. Maidir le pointí amach chuig tomhaltóirí deiridh agus gréasáin dáileacháin, pointí isteach ó chríochfoirt GNL agus saoráidí táirgthe GNL, agus pointí isteach-amach ó agus chuig saoráidí stórála, níl siad faoi réir fhorálacha phointe 2.2.
2. Ar bhonn na faisnéise atá foilsithe ag na hoibreoírí córais tarchurtha de bhun Roinn 3 den Iarscríbhinn seo agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis arna bailíochtaithe ag na húdaráis rialála náisiúnta, foilseoidh ACER tuarascáil faireacháin ar phlódú ag pointí idirnáise maidir le táirgí acmhainne doichte a díoladh an bhliain roimhe sin, agus trádáil acmhainne ar an margadh tánaisteach agus úsáid acmhainne in-idirbhriste á gcur san áireamh a mhéid is féidir.

Foilseofar an tuarascáil faireacháin gach 2 bhliain. Foilseoidh ACER tuarascálacha breise bunaithe ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón gCoimisiún uair amháin sa bhliain ar a mhéad.

3. Maidir le haon acmhainn bhreise a chuirfear ar fáil trí cheann amháin de na nósanna imeachta bainistithe plódaithe dá bhforáiltear i bpointí 2.2.2, 2.2.3, 2.2.4 agus 2.2.5 a chur i bhfeidhm, tairgfídh na hoibreoírí córais tarchurtha faoi seach an acmhainn bhreise sin sa ghnáthphróiseas leithdháilte.

### *2.2.2. Méadú ar acmhainn de bharr na scéime ró-shuibscríofa agus aisceannaigh*

1. Déanfaidh oibreoírí córais tarchurtha scéim dreasacht-bhunaithe ró-shuibscríofa agus aisceannaigh a mholadh agus, tar éis formheas a fháil ón údarás rialála náisiúnta ina leith, an scéim sin a chur chun feidhme chun acmhainn bhreise a thairiscint ar bhonn docht. Sula gcuirfear an scéim sin chun feidhme, rachaidh an t-údarás rialála náisiúnta i gcomhairle le húdarás rialála náisiúnta na mBallstát cóngarach agus tabharfaidh sé aird ar thuairimí na n-údarás rialála náisiúnta cóngarach.

Sainmhínítear acmhainn bhreise mar an acmhainn dhocht a thairgtear sa bhreis ar acmhainn theicniúil pointe idirnaise a ríomhtar ar bhonn Airteagal 5 (1) den Rialachán seo.

2. Leis an scéim ró-shuibscríofa agus aisceannaigh, tabharfar dreasacht d'oibreoírí córais tarchurtha acmhainn bhreise a chur ar fáil, agus aird á tabhairt ar dhálaí teicniúla, amhail an luach calrach, teocht agus tomhaltas ionchasach an chórais isteach-amach ábhartha agus na hacmhainneachtaí sna gréasáin chónagaracha. Cuirfidh na hoibreoírí córais tarchurtha cur chuige dinimiciúil i bhfeidhm maidir le hathríomh acmhainn theicniúil nó bhreise an chórais isteach-amach.
3. Beidh an scéim ró-shuibscríofa agus aisceannaigh bunaithe ar chóras dreasachta lena léireofar na rioscaí d'oibreoírí córais tarchurtha maidir le hacmhainn bhreise a chur ar fáil. Déanfar an scéim a struchtúrú ar bhealach ina roinnfear idir na hoibreoírí córais tarchurtha agus na húsáideoírí gréasáin an t-ioncam ón acmhainn bhreise a dhíol agus na costais a eascraíonn as an scéim aisceannaigh nó as bearta de bhun phointe 6. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta cinneadh maidir le dáileadh an ioncaim agus na gcostas idir an t-oibreoír córais tarchurtha agus úsáideoir an ghréasáin.
4. Chun ioncam na n-oibreoírí córais tarchurtha a chinneadh, i gcás acmhainn theicniúil, go háirithe acmhainn a thugtar suas agus, i gcás inarb ábhartha, acmhainn a eascraíonn as cur i bhfeidhm an tsásra dhocht lá roimh ré 'mura n-úsáidfeair í caillfeair í', mar aon leis an sásra docht fadtéarmach 'mura n-úsáidfeair í, caillfeair í', measfar í a bheith leithdháilte roimh aon acmhainn bhreise.
5. Agus an acmhainn bhreise á cinneadh, cuirfidh an t-oibreoír córais tarchurtha san áireamh cásanna staidrimh maidir le méid dóchúil na hacmhainne neamhúsáidte fisicí ag pointí idirnaise ag aon tráth ar leith. Cuirfeair san áireamh leis an scéim sin chomh maith próifíl riosca chun acmhainn bhreise a thairiscint nach mbeidh oibleagáid iomarcach aisceannaigh mar thoradh uirthi. Leis an scéim ró-shuibscríofa agus aisceannaigh, measfar freisin an dóchúlacht agus na costais a bhaineann le hacmhainn a aisceannach ar an margadh agus léireofar é sin i méid na hacmhainne breise atá le cur ar fáil.
6. I gcás inar gá chun sláine an chórais a choimeád ar bun, cuirfidh na hoibreoírí córais tarchurtha nós imeachta aisceannaigh margadhbhunaithe i bhfeidhm inar féidir le

húsáideoirí gréasáin acmhainn a thairiscint. Cuirfear úsáideoirí an ghréasáin ar an eolas faoin nós imeachta aisceannaigh is infheidhme. Tá cur i bhfeidhm an nós imeachta aisceannaigh gan dochar do na bearta éigeandála is infheidhme.

7. Sula gcuirfidh na hoibreoírí córais tarchurtha nós imeachta aisceannaigh i bhfeidhm, fíoróidh siad an féidir sláine an chórais a chóiméad ar bun ar bhealach níos costéifeachtúla le bearta teicniúla agus tráchtála malartacha.
8. Agus an scéim ró-shuibscríofa agus aisceannaigh á moladh ag an oibreoír córais tarchurtha, cuirfidh sé na sonraí, meastacháin agus samhlacha ábhartha uile ar fáil don údarás rialála náisiúnta ionas go ndéanfaidh an t-údarás sin an scéim a mheasúnú. Tuairisceoidh an t-oibreoír córais tarchurtha go tráthrialta don údarás rialála náisiúnta maidir le feidhmiú na scéime agus, arna iarraidh sin don údarás rialála náisiúnta, cuirfidh sé na sonraí ábhartha uile ar fáil. Féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta iarraidh ar an oibreoír córais tarchurtha an scéim a athbhreithniú.

### 2.2.3. *An sásra docht lá roimh ré ‘mura n-úsáidfeair í caillfeair í’*

1. Ceanglóidh na húdaráis rialála náisiúnta ar oibreoírí córais tarchurtha na rialacha a leagtar síos i bpointe 3 ar a laghad a chur i bhfeidhm in aghaidh an úsáideora gréasáin ag pointí idirnaisc maidir leis an ainmniúchán tosaigh a athrú más rud é, ar bhonn na tuarascála bliantúla faireacháin ó ACER i gcomhréir le pointe 2.2.1(2), go léirítear ag na pointí idirnaisc gur mó an t-éileamh ná an tairiscint, ar an bpraghas forchoimeáda agus ceantanna á n-úsáid, le linn nósanna imeachta um leithdháileadh acmhainne sa bhliain a chumhdaítear sa tuarascáil faireacháin i gcás táirgí atá le húsáid sa bhliain sin nó i gceann amháin den dá bhliain ina dhiaidh sin:
  - (a) i gcás trí tháirge acmhainne doichte ar a laghad ag a bhfuil fad tréimhse d’aon mhí amháin; nó
  - (b) i gcás dhá tháirge acmhainne doichte ar a laghad ag a bhfuil fad tréimhse d’aon ráithe amháin; nó
  - (c) i gcás aon táirge acmhainne doichte amháin ar a laghad ag a bhfuil fad tréimhse d’aon bhliain amháin nó níos mó; nó
  - (d) i gcás, ar feadh 6 mhí ar a laghad, nach bhfuil aon táirge acmhainne doichte ag a bhfuil fad tréimhse d’aon mhí amháin tairgthe.

2. Más rud é, ar bhonn na tuarascála bliantúla faireacháin, go léirítear nach dócha go dtarlóidh cás mar a shainmhínítear i bpointe 1 sna 3 bliana ina dhiaidh sin, mar shampla mar thoradh ar an acmhainn a bheith ar fáil ó leathnú fisiceach an ghréasáin nó foirceannadh conarthaí fadtéarmacha, féadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta ábhartha a chinneadh an sásra docht lá roimh ré ‘mura n-úsáidfeair í caillfeair í’ a fhoirceannadh.
3. Ceadaítear athainmniúchán docht de 90 % ar a uasmhéid agus de 10 % ar a íosmhéid den acmhainn arna conrú ag an úsáideoir gréasáin ag an bpointe idirnaisc. Mar sin féin, más rud é gur mó an t-ainmniúchán ná 80 % den acmhainn chonarthach, is féidir leath den mhéid nach bhfuil ainmnithe a athainmniú suas. Más rud nach mó ná 20 % den acmhainn chonarthach an t-ainmniúchán, is féidir leath den mhéid nach bhfuil ainmnithe a athainmniú síos. Tá cur i bhfeidhm an phointe gan dochar do na bearta éigeandála is infheidhme.
4. Féadfaidh sealbhóir bunaidh na hacmhainne conarthaí an chuid shrianta dá acmhainn dhocht chonarthach a athainmniú ar bhonn in-idirbhriste.
5. Ní bheidh feidhm ag Pointe 3 i leith húsáideoirí gréasáin — daoine nó gnóthais ná na gnóthais atá faoina rialú de bhun Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 – a bhfuil seilbh níos lú ná 10 % den mheánacmhainn theicniúil acu sa bhliain roimhe sin ag an bpointe idirnaisc.
6. Maidir le pointí idirnaisc ina ndéantar sásra docht lá roimh ré ‘mura n-úsáidfeair í caillfeair í’ i gcomhréir le pointe 3 a chur i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta meastóireacht ar an ngaol atá aige leis an scéim ró-shuibscríofa agus aischeannaigh de bhun phointe 2.2.2, lena bhféadfadh an t-údarás rialála náisiúnta cinneadh a dhéanamh dá thoradh sin gan forálacha phointe 2.2.2 a chur i bhfeidhm ag na pointí idirnaisc sin. Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin gan mhoill, do ACER agus don Choimisiún.
7. Féadfaidh údarás rialála náisiúnta cinneadh a dhéanamh sásra docht lá roimh ré ‘mura n-úsáidfeair í caillfeair í’ de bhun phointe 3 a chur chun feidhme i dtaca le pointe idirnaisc. Sula nglacfaidh an t-údarás rialála náisiúnta a chinneadh, rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis rialála náisiúnta na mBallstát cóngarach. Agus a chinneadh á ghlacadh ag an údarás rialála náisiúnta, tabharfaidh sé aird ar thuairimí na n-údarás rialála náisiúnta cóngarach.



#### 2.2.4. *Acmhainn chonarthach a thabhairt suas*

Glacfaidh na hoibreoírí córais tarchurtha le haon acmhainn dhocht arna conrú ag an úsáideoir gréasáin a thabhairt suas ag pointe idirnaise, cé is moite de tháirgí acmhainne ag a bhfuil fad tréimhse de lá amháin nó níos giorra. Coimeádfaidh an t-úsáideoir gréasáin a chearta agus a oibleagáidí faoin gconradh acmhainne go dtí go ndéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn a ath-leithdháileadh agus sa mhéid nach bhfuil an acmhainn sin ath-leithdháilte ag an oibreoir córais tarchurtha. Ní mheasfar an acmhainn a thugtar suas a bheith ath-leithdháilte ach amháin tar éis don acmhainn uile atá ar fáil a bheith ath-leithdháilte. Tabharfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha fógra don úsáideoir gréasáin gan mhoill faoi aon ath-leithdháileadh ar an acmhainn atá tugtha suas. Is é an t-údarás rialála náisiúnta a fhormheasfaidh na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le hacmhainn a thabhairt suas, go háirithe i gcásanna ina ndéanann roinnt úsáideoirí gréasáin a n-acmhainn a thabhairt suas.

#### 2.2.5. *Sásra fadtéarmach ‘mura n-úsáidfeair í, caillfeair í’*

1. Ceanglóidh na húdaráis rialála náisiúnta ar oibreoírí córais tarchurtha acmhainn chonarthach úsáideora atá tearcúsáidte go córasach ag úsáideoir gréasáin a tharraingt siar go páirteach nó go hiomlán ar phointe idirnaise, i gcás nach bhfuil a acmhainn neamhúsáidte díolta nó tairgthe ag an úsáideoir sin faoi choinníollacha réasúnta, agus i gcás ina n-iarrann úsáideoirí eile an ghréasáin acmhainn dhocht. Meastar go bhfuil an acmhainn chonarthach neamhúsáidte go córasach go háirithe sna cásanna seo a leanas:
  - (a) go n-úsáideann an t-úsáideoir gréasáin níos lú ná 80 %, ar an meán, dá acmhainn chonarthach ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair agus ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta araon, arb é tréimhse is faide ná bliain amháin fad éifeachtach a chonarthach agus nach bhféadfaí aon údar cuí a thabhairt ina leith; nó
  - (b) ainmníonn an t-úsáideoir gréasáin go córasach nach mór 100 % dá acmhainn chonarthach agus athainmníonn sé a acmhainn síos d’fhonn dul timpeall ar na rialacha a leagtar síos i bpointe 2.2.3(3).
2. Ní mheasfar cur i bhfeidhm an tsásra docht lá roimh ré ‘mura n-úsáidfeair í caillfeair í’ a bheith ina réasúnú chun cosc a chur ar phointe 1 a chur i bhfeidhm.

3. Is é an toradh a bheidh ar an tarraingt siar go gcaillfidh an t-úsáideoir gréasáin a acmhainn chonarthach go páirteach nó go hiomlán ar feadh tréimhse áirithe nó ar feadh a bhfuil fágtha den téarma conarthach éifeachtach. Coimeádfaidh an t-úsáideoir gréasáin a chearta agus a oibleagáidí faoin gconradh acmhainne go dtí go ndéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn a ath-leithdháileadh agus sa mhéid nach bhfuil an acmhainn sin ath-leithdháilte ag an oibreoir córais tarchurtha.
4. Cuirfidh na hoibreoírí córais tarchurtha na sonraí uile is gá ar fáil go tráthrialta do na húdaráis rialála náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar a mhéid a úsáidtear acmhainní conarthacha ag a bhfuil fad éifeachtach conartha ar faide é ná aon bhliain amháin nó ráithí athfhillteacha lena gcumhdaítear 2 bhliain ar a laghad.

**3. SAINIÚ NA FAISNÉISE TEICNIÚLA IS GÁ LE GO MBEIDH ÚSÁIDEOIRÍ GRÉASÁIN IN ANN ROCHTAIN ÉIFEACTACH A FHÁIL AR AN GCÓRAS GÁIS NÁDÚRTHA , SAINIÚ NA BPOINTÍ ÁBHARTHA UILE LE HAGHAIDH CEANGLAIS TRÉDHEARCACHTA AGUS NA FAISNÉISE ATÁ LE FOILSIÚ AG NA POINTÍ ÁBHARTHA UILE AGUS AN SCEIDEAL AMA AR DÁ RÉIR A FHOILSEOFAR AN FHAISNÉIS SIN**

**3.1. Sainiú ar an bhfaisnéis theicniúil is gá le go mbeidh úsáideoirí gréasáin in ann rochtain éifeachtach a fháil ar an gcóras**

*3.1.1. Foirm an fhoilsithe*

1. Soláthróidh oibreoírí córais tarchurtha (OCTanna) an fhaisnéis uile dá dtagraítear faoi phointe 3.1.2 agus faoi phointí 3.3 (1) go 3.3(5) ar an mbealach seo a leanas:
  - (a) ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air, atá saor in aisce agus gan aon ghá clárú nó síniú ar shlí eile leis an oibreoir córais tarchurtha;
  - (b) go tráthrialta/ar bhonn atrátha; beidh an mhinicíocht i gcomhréir leis na hathruithe a tharlóidh agus le fad tréimhse na seirbhíse;
  - (c) ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir;
  - (d) ar bhealach atá *fonta*, soiléir ar dhóigh *inchainníochtaithe agus* atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
  - (e) i bhformáid in-íoslódáilte ata comhaontaithe idir na hoibreoírí córais tarchurtha agus na húdaráis rialála náisiúnta — ar bhonn tuairime maidir le formáid

chomhchuibhithe a chuirfidh ACER ar fáil — agus lenar féidir anailísí cainníochtúla *agus comparáideacha* a dhéanamh;

- (f) in aonaid chomhsheasmhacha, is é kWh go háirithe (ag a bhfuil teocht tagartha dócháin 298,15 K) an t-aonad a bheidh ann i gcás cion fuinnimh agus is é m<sup>3</sup> (ag 273,15 K agus 1,01325 bar) an t-aonad i gcás toirte. Cuirfear an fachtóir coinbhéartachta seasmhach go cion fuinnimh ar fáil. Chomh maith leis an bhformáid thuas, is féidir iad a fhoilsiú in aonaid eile freisin;
- (g) i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit agus i mBéarla.
- (h) cuirfear na sonraí uile ar fáil ar ardán lárnach uile-Aontais amháin, arna bhunú ag ENTSO-G ar bhonn costéifeachtúlachta.

2. Soláthróidh na hoibreoírí córais tarchurtha sonraí maidir le hathruithe iarbhir ar an bhfaisnéis uile dá dtagraítear faoi phointe 3.1.2 agus faoi phointí 3.3 (1) go 3.3(5) ar bhealach tráthúil a luaithe a bheidh siad ar fáil dóibh.

### 3.1.2. *Ábhar an fhoilsithe*

- 1. Foilseoidh oibreoírí córais tarchurtha an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, faoina gcórais agus faoina seirbhísí:
  - (a) tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar na seirbhísí éagsúla a thairgtear agus ar na muirir a ghabhann leo;
  - (b) na cineálacha éagsúla conarthaí iompair atá ar fáil le haghaidh na seirbhísí sin;
  - (c) an cód gréasáin agus/nó na coinníollacha caighdeánacha ina leagtar amach cearta agus freagrachtaí gach úsáideora gréasáin, lena n-áirítear:
    - (i) conarthaí comhchuibhithe iompair agus doiciméid ábhartha eile;
    - (ii) más ábhartha maidir le rochtain ar an gcóras, i gcás na bpointí ábhartha uile mar a shainmhínítear i bpointe 3.2 den Iarscríbhinn seo, sonraíocht ar na paraiméadair ábhartha cáilíochta gáis, lena n-áirítear an t-oll-luach calrach ar a laghad, innéacs Wobbe agus an cion ocsaigine, agus an dliteanas nó na costais tiontaithe d'úsáideoirí gréasáin i gcás ina bhfuil an gás lasmuigh de na sonraíochtaí seo;
    - (iii) más ábhartha le haghaidh rochtain ar an gcóras, i gcás na bpointí ábhartha uile, faisnéis faoi cheanglais bhrú;

- (iv) an nós imeachta i gcás ina n-idirbhrítear an acmhainn in-idirbhriste, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, uainiú, méid agus rangú na n-idirbhristeacha aonair (ar bhonn *pro-rata* nó an t-idirbhriseadh deireanach ar an gceann is túisce, mar shampla);
- (d) na nósanna imeachta comhchuibhithe a chuirtear i bhfeidhm agus an córas tarchurtha á úsáid, lena n-áirítear sainmhíniú ar na phríomhthéarmaí;
- (e) forálacha maidir le leithdháileadh acmhainne, bainistiú ar phlódú agus nósanna imeachta frithchnapaireachta agus athúsáidte;
- (f) na rialacha is infheidhme maidir le trádáil acmhainne ar an margadh tánaisteach *vis-à-vis* an t-oibreoir córais tarchurtha;
- (g) rialacha maidir le cothromúchán agus an mhodheolaíocht chun muirir neamhchothroime a ríomh;
- (h) más infheidhme, na leibhéil solúbthachta agus lamhátais a áirítear sna seirbhísí iompair agus i seirbhísí eile gan muirear ar leithligh, agus aon solúbthacht a thairgtear sa bhreis air sin agus na muirir chomhfhreagracha;
- (i) tuairisc mhionsonraithe ar chóras gáis an oibreora córais tarchurtha agus a phointí idirnaisc ábhartha mar a shainmhínítear i bpointe 3.2 den Iarscríbhinn seo mar aon le hainmneacha oibreoirí na gcóras nó na saoráidí idirnasctha;
- (j) na rialacha is infheidhme maidir le nascadh leis an gcóras a oibríonn an t-oibreoir córais tarchurtha;
- (k) faisnéis faoi shásraí éigeandála, a mhéid atá an fhreagracht ar an oibreoir córais tarchurtha, amhail bearta ar féidir le dícheangal grúpaí custaiméirí agus rialacha ginearálta dliteanais eile a bhfuil feidhm acu i leith an oibreora córais tarchurtha a bheith mar thoradh orthu;
- (l) na nósanna imeachta arna gcomhaontú ag na hoibreoirí córais tarchurtha ag na pointí idirnaisc, nósanna imeachta atá ábhartha maidir le rochtain úsáideoirí gréasáin ar na córais tarchurtha lena mbaineann, nósanna imeachta a bhaineann le hidir-inoibritheacht an ghréasáin, nósanna imeachta comhaontaithe um ainmniúcháin agus nósanna imeachta comhoiriúnaithe agus nósanna imeachta comhaontaithe eile lena leagtar amach forálacha maidir le leithdháiltí na sreibe gáis agus cothromúchán, lena n-áirítear na modhanna a úsáidtear;

- (m) foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha tuairisc mhionsonraithe agus chuimsitheach ar an modheolaíocht agus ar an bpróiseas, lena n-áirítear faisnéis faoi na paraiméadair a úsáidtear agus faoi na príomhthoimhdí, nithe a úsáidtear chun an acmhainn theicniúil a ríomh.

### **3.2. Sainiú na bpointí ábhartha uile maidir le riachtanais trédhearcachta**

1. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sna pointí ábhartha:
  - (a) na pointí isteach agus amach uile chuig agus ó ghréasán tarchurtha, arna n-oibriú ag oibreoir córais tarchurtha, cé is moite de phointí amach atá nasctha le custaiméir aonair deiridh, agus cé is moite de phointí isteach atá nasctha go díreach le saoráid táirgthe táirgeora aonair atá lonnaithe laistigh den Aontas;
  - (b) na pointí isteach agus amach uile lena nasctar criosanna cothromúcháin na n-oibreoirí córais tarchurtha;
  - (c) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora córais tarchurtha le críochfort GNL, moil gáis fhisicigh, saoráidí stórála agus táirgthe, mura bhfuil na saoráidí táirgthe sin díolmhaithe faoi phointe (a);
  - (d) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora córais tarchurtha ar leith leis an mbonneagar is gá chun seirbhísí coimhdeacha a sholáthar mar a shainítear le hAirteagal 2(30) [den Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh le COM(2021)xxx].
2. Foilseofar faisnéis i bhformáid chomhiomlán, in aghaidh an chreasa cothromúcháin ar a laghad, le haghaidh custaiméirí deiridh aonair agus saoráidí táirgthe, ar faisnéis í a eisiatar ón sainmhíniú ar na pointí ábhartha mar a thuairiscítear faoi phointe 3.2(1)(a). Chun an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm, measfar gur pointe ábhartha amháin é comhiomlánú na gcustaiméirí deiridh aonair agus na saoráidí táirgthe a eisiatar ón sainmhíniú ar na pointí ábhartha mar a thuairiscítear faoi phointe 3.2(1)(a).
3. I gcás inarb iad na hoibreoirí tarchurtha lena mbaineann amháin a bhainistíonn na pointí idir dhá oibreoir tarchurtha nó níos mó, gan aon rannpháirtíocht chonarhach nó oibríochtúil úsáideoirí an chórais in aon chor, nó i gcás ina nascann pointí córas tarchurtha le córas dáileacháin agus nach bhfuil aon phlódú conarthach ann ag na pointí sin, díolmhófar oibreoirí córais tarchurtha, i gcás na bpointí sin, ón oibleagáid

i leith na ceanglais faoi phointe 3.3 den Iarscríbhinn seo a fhoilsiú. Féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta ceangal a chur ar na hoibreoirí córais tarchurtha na ceanglais faoi phointe 3.3 den Iarscríbhinn seo a fhoilsiú i gcás cuid de na pointí díolmhaithe nó na pointí díolmhaithe go léir. Sa chás sin, má bhíonn an fhaisnéis sin ar fáil don OCT, foilseofar í i bhfoirm chomhiomlánaithe ar leibhéal bríoch, in aghaidh an chreasa cothromúcháin ar a laghad. Measfar gur pointe ábhartha amháin é comhiomlánú na bpointí sin chun an iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.

### **3.3. Faisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha uile agus an sceideal ama ar dá réir ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú**

1. Ag na pointí ábhartha go léir, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha an fhaisnéis a liostaítear i bpointí (a) go (g), le haghaidh na seirbhísí agus na seirbhísí coimhdeacha uile a chuirtear ar fáil (go háirithe an fhaisnéis maidir le cumasc, ballastú agus tiontú). Foilseofar an fhaisnéis sin ar bhonn uimhriúil, i dtréimhsí in aghaidh na huaire nó in aghaidh an lae, a bheidh coibhéiseach leis an tréimhse thagartha is lú d'áirithint agus do (ath)ainmniúchán acmhainne agus an tréimhse shocraíochta is lú a ndéantar muirir neamhchothroime a ríomh ina leith. Má tá an tréimhse thagartha is lú éagsúil le tréimhse laethúil, cuirfear an fhaisnéis a liostaítear i bpointí (a) go (g) ar fáil freisin maidir leis an tréimhse laethúil. Foilseofar an fhaisnéis agus na nuashonruithe sin a luaithe a bheidh siad ar fáil d'oibreoir an chórais ('neas-fhíoram').

- (a) acmhainn theicniúil le haghaidh sreabha sa dá threo;
- (b) an acmhainn dhocht chonartha chomlán agus an acmhainn in-idirbhriste chonartha chomlán, sa dá threo;
- (c) na hainmniúcháin agus na hathainmniúcháin sa dá threo;
- (d) an acmhainn dhocht agus an acmhainn in-idirbhriste atá ar fáil sa dá threo;
- (e) na sreabha fisiceacha iarbhír;
- (f) idirbhriseadh beartaithe agus iarbhír na hacmhainne in-idirbhriste;
- (g) idirbhristeacha beartaithe agus neamhbheartaithe ar sheirbhísí dochta chomh maith leis an bhfaisnéis faoi athchóiriú na seirbhísí dochta (go háirithe, cothabháil an chórais agus an fad is dócha a mhairfidh aon idirbhriseadh de

bharr cothabhála). Aon idirbhriseadh a bheartaítear, fógrófar é 42 lá roimh ré ar a laghad;

- (h) iarrataí nár éirigh leo, atá bailí ó thaobh an dlí de ar tháirgí acmhainne doichte ag a bhfuil fad tréimhse d'aon mhí amháin nó níos faide, lena n-áirítear an líon agus méid na n-iarrataí nár éirigh leo;
- (i) i gcás ceantanna, an áit agus an uair a bheidh imréiteach déanta ag táirgí acmhainne doichte ag a bhfuil fad tréimhse d'aon mhí amháin nó níos faide ar phraghsanna atá níos airde ná an praghas forchoimeáda;
- (j) an áit agus an uair nach bhfuil aon táirge acmhainne doichte ag a bhfuil fad tréimhse d'aon mhí amháin, tairgthe sa ghnáthphróiseas leithdháilte;
- (k) an acmhainn iomlán a chuirtear ar fáil de réir gach nós imeachta bainistithe plódaithe a chuirtear i bhfeidhm, nósanna imeachta a leagtar síos i bpointí 2.2.2, 2.2.3, 2.2.4 agus 2.2.5.

2. Ag gach pointe ábhartha, foilseofar an fhaisnéis faoi phointí 3.3(1)(a), (b) agus (d) ar feadh thréimhse 24 mhí roimh ré ar a laghad.
3. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha, ag gach pointe ábhartha, faisnéis stairiúil maidir le ceanglais phointí 3.3(1)(a) go (g) le 5 bliana anuas ar bhonn rollach.
4. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha luachanna tomhaiste den oll-luach calrach, innéacs Wobbe, an cion hidrigine a chumasctar sa chóras gáis nádúrtha, an cion meatáin agus an cion ocsaigine ag gach pointe ábhartha, ar bhonn laethúil. Foilseofar réamhfhigiúirí 3 lá ar a dhéanaí i ndiaidh lá an gháis atá i gceist. Foilseofar na figiúirí deiridh laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh na míosa atá i gceist.
5. I gcás gach pointe ábhartha, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha na hacmhainní atá ar fáil, na hacmhainní áirithithe agus teicniúla, ar bhonn bliantúil thar na blianta go léir ina ndéantar acmhainn a chonrú móide 1 bhliain, agus go ceann na 10 mbliana ina dhiaidh sin ar a laghad. Tabharfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta gach mí ar a laghad nó níos minice ná sin má bhíonn faisnéis nua ar fáil. Léireofar san fhoilsiú an tréimhse ar lena linn a thairgtear acmhainn don mhargadh.

#### **3.4. Faisnéis atá le foilsiú maidir leis an gcóras tarchurtha agus an sceideal ama ar dá réir ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú**

1. Áiritheoidh na hoibreoirí córais tarchurtha go bhfoilseofar, ar bhonn laethúil, méideanna comhiomlánaithe na n-acmhainní a thairgfear agus, na n-acmhainní arna gconrú ar an margadh tánaisteach, (i.e. arna ndíol ó úsáideoir gréasáin amháin le húsáideoir gréasáin eile), áiritheoidh siad go dtabharfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta gach lá, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis ar fáil don OCT. Áireofar san fhaisnéis sin na sonraíochtaí seo a leanas:
  - (a) an pointe idirnaisc, áit a ndíoltar an acmhainn;
  - (b) an cineál acmhainne, i.e. isteach, amach, docht, in-idirbhriste;
  - (c) cainníocht agus fad tréimhse na gceart úsáide acmhainne;
  - (d) an cineál díolacháin, e.g. aistriú nó sannachán;
  - (e) an líon iomlán trádálacha/aistrithe;
  - (f) aon choinníoll eile is eol don oibreoir córais tarchurtha mar a luaitear i bpointe 3.3.

A mhéid is tríú páirtí a chuirfidh an fhaisnéis sin ar fáil, beidh oibreoirí córais tarchurtha díolmhaithe ón bhforáil sin.

2. Foilseoidh oibreoirí córais tarchurtha coinníollacha comhchuibhithe faoina nglacfaidh siad le hidirbhearta acmhainne (e.g. aistrithe agus sannacháin). Ní mór an méid seo a leanas, ar a laghad, a áireamh sna coinníollacha sin:
  - (a) tuairisc ar na táirgí caighdeánaithe is féidir a dhíol ar an margadh tánaisteach;
  - (b) an t-aga tionscanta chun trádálacha tánaisteacha a chur chun feidhme/a ghlacadh/a chlárú. Má bhíonn moill ann, ní mór na cúiseanna sin a fhoilsiú;
  - (c) fógra don oibreoir córais tarchurtha ón díoltóir nó ón tríú páirtí dá dtagraítear faoi phointe 3.4(1) faoi ainm an díoltóra agus an cheannaitheora agus faoi shonraíochtaí na hacmhainne mar a leagtar amach i bpointe 3.4(1).

A mhéid is tríú páirtí a chuirfidh an fhaisnéis sin ar fáil, beidh oibreoirí córais tarchurtha díolmhaithe ón bhforáil sin.

3. Maidir le seirbhís cothromúcháin a chórais, soláthróidh gach oibreoir córais tarchurtha do gach úsáideoir gréasáin, i gcás gach tréimhse cothromúcháin, a réamh-mhéideanna neamhcothroime sonracha agus sonraí costais in aghaidh an úsáideora gréasáin aonair, aon mhí amháin ar a dhéanaí tar éis dheireadh na tréimhse



cothromúcháin. Féadfar sonraí deiridh na gcustaiméirí a sholáthraítear de réir na lódphróifílí caighdeánaithe a chur ar fáil 14 mhí ina dhiaidh sin ar a dhéanaí. A mhéid is tríú páirtí a chuirfidh an fhaisnéis sin ar fáil, beidh oibreoirí córais tarchurtha díolmhaithe ón bhforáil sin. Le soláthar na faisnéise sin, urramófar an rúndacht a ghabhann le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

4. I gcás ina dtairgtear seirbhísí solúbthachta, seachas lamháltais, le haghaidh rochtain tríú páirtí, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha réamh-mheasanna laethúla, ar bhonn lá roimh ré, faoi uasmhéid na solúbthachta, an leibhéal solúbthachta atá curtha in áirithe agus infhaighteacht na solúbthachta le haghaidh an mhargaidh don chéad lá gáis eile. Ina theannta sin, foilseoidh an t-oibreoir córais tarchurtha faisnéis *ex-post* maidir le húsáid chomhiomlán gach seirbhíse solúbthachta ag deireadh gach lae gáis. Más deimhin leis an údarás rialála náisiúnta go bhféadfadh úsáideoirí gréasáin mí-úsáid ionchasach a bhaint as an bhfaisnéis sin, féadfaidh sé a chinneadh an t-oibreoir córais tarchurtha a dhíolmhú ón oibleagáid sin.
5. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha, in aghaidh gach creasa cothromúcháin, an méid gáis atá sa chóras tarchurtha ag tús gach lae gáis mar aon le réamh-mheas faoin méid gáis atá sa chóras tarchurtha ag deireadh gach lae gáis. Déanfar an méid gáis réamh-mheasta le haghaidh dheireadh an lae gáis a nuashonrú in aghaidh na huaire i rith an lae gáis. Má ríomhtar muirir neamhchothroime in aghaidh na huaire, foilseoidh an t-oibreoir córais tarchurtha an méid gáis atá sa chóras tarchurtha in aghaidh na huaire. De rogha air sin, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha, in aghaidh gach creasa cothromúcháin, staid neamhchothroime chomhiomlán na n-úsáideoirí uile ag tús gach tréimhse cothromúcháin agus an réamh-mheas maidir le staid neamhchothroime chomhiomlán na n-úsáideoirí uile ag deireadh gach lae gáis. Más deimhin leis an údarás rialála náisiúnta go bhféadfadh úsáideoirí gréasáin mí-úsáid ionchasach a bhaint as an bhfaisnéis sin, féadfaidh sé a chinneadh an t-oibreoir córais tarchurtha a dhíolmhú ón oibleagáid sin.
6. Cuirfidh oibreoirí córais tarchurtha ionstraimí atá soláimhsithe don úsáideoir ar fáil chun taraifí a ríomh.
7. Coimeádfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha ar fáil do na húdaráis ábhartha náisiúnta, ar feadh cúig (5) bliana ar a laghad, taifid éifeachtacha ar na conarthaí acmhainne uile agus an fhaisnéis ábhartha eile go léir i ndáil leis na hacmhainní atá

ar fáil a ríomh agus rochtain a thabhairt orthu, go háirithe ainmniúcháin agus idirbhristeacha aonair. Ní mór do na hoibreoirí córais tarchurtha doiciméadacht na faisnéise ábhartha uile faoi phointe 3.3(4) agus (5) a choimeád ar feadh (5) bliana ar a laghad agus an doiciméadacht sin a chur ar fáil don údarás rialála arna iarraidh sin dó. Urramóidh an dá pháirtí an rúndacht tráchtála.

8. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha, go bliantúil ar a laghad, faoi spriocdháta atá réamhshocraithe, na tréimhsí cothabhála go léir atá beartaithe agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chearta úsáideoirí gréasáin a thagann ó chonarthaí iompair agus an fhaisnéis oibríochtúil chomhfhreagrach mar aon le réamhfhógra leormhaith. Áireofar leis sin go bhfoilseofar, ar bhonn mear agus neamh-idirdhealaitheach, aon athruithe ar na tréimhsí cothabhála atá beartaithe agus go dtabharfar fógra faoi chothabháil neamhphleanáilte, a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil don oibreoir córais tarchurtha. Le linn na dtréimhsí cothabhála, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha faisnéis a dhéantar a uasdátú go tráthrialta maidir le mionsonraí na cothabhála agus maidir leis an ré a cheaptar a bheidh sí ar siúl agus an éifeacht a bheidh aici.

#### **4. FORMÁID AGUS ÁBHAR AN FHOILSITHE FAISNÉISE TEICNIÚLA MAIDIR LE ROCHTAIN OIBREOIRÍ GRÉASÁIN HIDRIGINE AR AN NGRÉASÁN AGUS AN FHAISNÉIS ATÁ LE FOILSIÚ AG NA POINTÍ UILE AGUS AN SCEIDEAL AMA ÁBHARTHA**

##### **4.1. Formáid an fhoilsithe faisnéise teicniúla maidir le rochtain ar an ngréasán**

1. Soláthróidh oibreoirí gréasáin hidrigine an fhaisnéis ar fad is gá d'úsáideoirí gréasáin chun rochtain éifeachtach a fháil ar an ngréasán dá dtagraítear faoi phointe 4.2 agus faoi phointe 4.3 ar an mbealach seo a leanas:
  - (a) ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air, atá saor in aisce agus gan aon ghá clárú nó síniú ar shlí eile leis an oibreoir gréasáin hidrigine;
  - (b) go tráthrialta/ar bhonn atrátha; beidh an mhinicíocht i gcomhréir leis na hathruithe a tharlóidh agus le fad tréimhse na seirbhíse;
  - (c) ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir;
  - (d) ar bhealach atá soiléir inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

- (e) i bhformáid in-íoslódáilte atá comhaontaithe idir na hoibreoírí gréasáin hidrigine agus na húdaráis rialála – ar bhonn tuairime maidir le formáid chomhchuibhithe a chuirfidh ACER ar fáil – agus lenar féidir anailís cainníochtúla a dhéanamh;
- (f) in aonaid chomhsheasmhacha, is é kWh go háirithe an t-aonad a bheidh ann i gcás cion fuinnimh agus is é m<sup>3</sup> an t-aonad i gcás toirte. Cuirfear an fachtóir coinbhéartachta seasmhach go cion fuinnimh ar fáil. Chomh maith leis an bhformáid thuas, is féidir iad a fhoilsiú in aonaid eile freisin;
- (g) i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit agus i mBéarla.
- (h) cuirfear na sonraí uile ar fáil amhail ón [1 Deireadh Fómhair 2025] ar ardán lárnach uile-Aontais amháin, arna bhunú ag Líonra Eorpach na nOibreoírí Gréasáin Hidrigine ar bhonn costéifeachtúlachta.

2. Soláthróidh na hoibreoírí gréasáin hidrigine sonraí maidir le hathruithe iarbhír ar an bhfaisnéis go léir dá dtagraítear faoi phointe 4.2 agus phointe 4.3 ar bhealach tráthúil a luaithe a bheidh siad ar fáil dóibh.

#### **4.2. Inneachar an fhoilsithe faisnéise teicniúla maidir le rochtain ar an ngréasán**

1. Foilseoidh oibreoírí gréasáin hidrigine an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, faoina gcórais agus faoina seirbhísí:
  - (a) tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar na seirbhísí éagsúla a thairgtear agus ar na muirir a ghabhann leo;
  - (b) na cineálacha éagsúla conarthaí iompair atá ar fáil le haghaidh na seirbhísí sin;
  - (c) na cóid gréasáin agus/nó na coinníollacha caighdeánacha ina leagtar amach cearta agus freagrachtaí gach úsáideora gréasáin, lena n-áirítear:
    - (1) conarthaí comhchuibhithe iompair agus doiciméid ábhartha eile;
    - (2) más ábhartha le haghaidh rochtain ar an ngréasán, i gcás na bpointí ábhartha uile, sonraíocht ar na paraiméadair cáilíochta hidrigine ábhartha agus an dliteanas nó na costais tiontaithe d'úsáideoirí gréasáin i gcás ina bhfuil an hidrigin lasmuigh de na sonraíochtaí sin;
    - (3) más ábhartha le haghaidh rochtain ar an gcóras, i gcás na bpointí ábhartha uile, faisnéis faoi cheanglais bhrú;

- (d) na nósanna imeachta comhchuibhithe a chuirtear i bhfeidhm agus an gréasán hidrigine á úsáid, lena n-áirítear sainmhíniú ar na príomhthéarmaí;
- (e) más infheidhme, na leibhéil solúbthachta agus lamháltais a áirítear sna seirbhísí iompair agus i seirbhísí eile gan muirear ar leithligh, agus aon solúbthacht a thairgtear sa bhreis air sin agus na muirir chomhfhreagracha;
- (f) tuairisc mhionsonraithe ar ghréasán hidrigine an oibreora gréasáin hidrigine agus a phointí idirnaisc ábhartha mar a shainmhínítear i bpointe 2 mar aon le hainmneacha oibreoirí na ngréasán nó na saoráidí idirnasctha;
- (g) na rialacha is infheidhme maidir le nascadh leis an ngréasán a oibríonn an t-oibreoir gréasáin hidrigine;
- (h) an fhaisnéis faoi shásraí éigeandála, a mhéid atá an fhreagracht ar an oibreoir gréasáin hidrigine, amhail bearta ar féidir le dícheangal grúpaí custaiméirí agus rialacha ginearálta dliteanais eile a bhfuil feidhm acu i leith an oibreora gréasáin hidrigine a bheith mar thoradh orthu;
- (i) na nósanna imeachta arna gcomhaontú ag oibreoirí gréasáin hidrigine ag pointí idirnaisc, nósanna imeachta atá ábhartha maidir le rochtain na n-úsáideoirí gréasáin ar an ngréasán hidrigine lena mbaineann, a bhaineann le hidir-inoibritheacht an ghréasáin.

2. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sna pointí ábhartha:

- (a) gach pointe isteach agus amach chuig agus ó ghréasán hidrigine a oibríonn oibreoir gréasáin hidrigine, cé is moite de phointí amach atá nasctha le custaiméir aonair deiridh, agus cé is moite de phointí isteach atá nasctha go díreach le saoráid táirgthe táirgeora aonair atá lonnaithe laistigh den Aontas;
- (b) na pointí isteach agus amach uile lena nasctar gréasáin na n-oibreoirí gréasáin hidrigine;
- (c) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora gréasáin hidrigine le críochfort GNL, críochfoirt hidrigine, moil gáis fhisicigh, saoráidí stórála agus táirgthe, mura bhfuil na saoráidí táirgthe sin díolmhaithe faoi phointe (a);
- (d) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora gréasáin hidrigine ar leith leis an mbonneagar is gá chun seirbhísí coimhdeacha a sholáthar.

3. Foilseofar faisnéis i bhformáid chomhiomlán agus a mheasfar mar aon phointe ábhartha amháin, le haghaidh custaiméirí deiridh aonair agus saoráidí táirgthe, ar faisnéis í a eisiatar ón sainmhíniú ar na pointí ábhartha mar a thuairiscítear faoi phointe 2(a) den roinn seo.

#### **4.3. Faisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha uile agus an sceideal ama**

1. Ag na pointí ábhartha uile, foilseoidh oibreoirí gréasáin hidrigine an fhaisnéis a liostaítear i bpointí (a) go (g), i gcás na seirbhísí uile ar bhonn uimhriúil, in aghaidh na huaire nó i dtréimhsí laethúla. Foilseofar an fhaisnéis agus na nuashonruithe sin a luaithe a bheidh siad ar fáil don oibreoir gréasáin hidrigine ('neas-fhíoram'):
  - (a) acmhainn theicniúil le haghaidh sreabha sa dá threo;
  - (b) an acmhainn chonarthatrach iomlán sa dá threo;
  - (c) na hainmniúcháin agus na hathainmniúcháin sa dá threo;
  - (d) an acmhainn atá ar fáil sa dá threo;
  - (e) na sreabha fisiceacha iarbhír;
  - (f) idirbhriseadh beartaithe agus iarbhír na hacmhainne;
  - (g) idirbhristeacha beartaithe agus neamhbheartaithe ar sheirbhísí. Aon idirbhriseadh a bheartaítear, fógrófar é 42 lá roimh ré ar a laghad;
2. Ag gach pointe ábhartha, foilseofar an fhaisnéis faoi phointí 1(a), (b) agus (d) den Airteagal seo ar feadh thréimhse 24 mhí amach romhainn ar a laghad.
3. Ag gach pointe ábhartha, foilseoidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine, faisnéis stairiúil maidir le ceanglais phointí 1(a) go (f) den Airteagal seo faoi na 5 bliana roimhe sin ar bhonn rollach.
4. Foilseoidh oibreoirí gréasáin hidrigine luachanna tomhaiste na hionachta hidrigine agus na n-éilleán ag gach pointe ábhartha, ar bhonn laethúil. Foilseofar réamhfhigiúirí laistigh de 3 lá ar a dhéanaí. Foilseofar na figiúirí deiridh laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh na míosa atá i gceist.
5. Leagfar síos i gcód gréasáin arna bhunú ar bhonn Airteagal 52 den Rialachán seo na sonraí breise is gá chun pointí 4.1, 4.2 agus 4.3 a chur chun feidhme, e.g. sonraí maidir le formáid agus ábhar na faisnéise is gá d'úsáideoirí gréasáin chun rochtain

éifeachtach a fháil ar an ngréasán, an fhaisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha agus na sonraí maidir le sceidil ama.

## Iarscríbhinn II

# SOCRUITHE RÉAMHSHOCRAITHE TEICNIÚLA, DLÍTHIÚLA AGUS AIRGEADAIS DE BHUN AIRTEAGAL 13(14) DE RIALACHÁN (AE) 2017/1938

San Iarscríbhinn seo tá an nós imeachta – agus é i bhfoirm teimpléad éigeantach – chun an beart dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13 a chur chun feidhme, tá an nós imeachta sin le leanúint sa chás nár tháinig an Ballstát a bhfuil an dlúthpháirtíocht á hiarraidh aige (‘an Ballstát Iarrthach’) agus an Ballstát atá faoi oibleagáid an beart dlúthpháirtíochta a sholáthar faoi Airteagal 13(1) agus (2) (‘an Ballstát is Soláthraí’) ar chomhaontú maidir leis na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais faoi Airteagal 13(10), nó nár thug siad chun críche iad.

I gcás ina bhfuil roinnt Ballstát is Soláthraí ann agus a bhfuil socruithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta i bhfeidhm le ceann amháin nó níos mó díobh, ba cheart forlámhas a bheith ag na socruithe sin idir na Ballstáit a bhfuil comhaontú déthaobhach déanta acu. Ní bheidh na socruithe réamhshocraithe infheidhme ach amháin leis an mBallstát is Soláthraí atá fágtha.

Is trí ríomhphost go príomha a dhéanfar an chumarsáid idir na Ballstáit Iarrthacha agus na Ballstáit is Soláthraithe; mura féidir déanamh amhlaidh, déanfar an chumarsáid sin ar an teileafón nó trí aon mheán eile atá ar fáil, meán atá le sonrú san iarraidh ar dhlúthpháirtíocht agus le deimhniú san admháil go bhfuarthas an iarraidh.

Seolfar na teimpléid seo a leanas trí ríomhphost, agus iad líonta isteach, chuig na contrapháirtithe ábhartha sna Ballstáit eile (chuig an bpríomhsheolaí, le haghaidh gníomhaíochta), agus chuig pointe teagmhála an Choimisiúin maidir le bainistiú géarchéime gáis (bíodh sé i gcóip, mar eolas dó).

### 1. Iarraidh ar dhlúthpháirtíocht *(le líonadh isteach i mBéarla)*

**Treoracha:**

Le seoladh 20 uair an chloig roimh thús an lae seachadta ar a dhéanaí (*seachas i gcás force majeure*).

I gcás ina bhfuil roinnt Ballstát is Soláthraí ann, seolfar an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht chuig gach Ballstát acu sin an tráth céanna, agus úsáidfean an ríomhphost céanna, más féidir.

Ní mór na bearta dlúthpháirtíochta a iarraidh don lá gáis dár gcionn, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) Uimh. 984/2013. Más gá, déanfar an iarraidh sin arís le haghaidh laethanta gáis breise.

Dáta: \_\_\_\_\_

An t-am: \_\_\_\_\_

1. Thar ceann (*an Ballstát Iarrthach*), iarraim ar (*an Ballstát is Soláthraí*) na bearta dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) (*scrios Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha*) a chur chun feidhme. Deimhním go gcomhlíontar na ceanglais in Airteagal 13(3).

2. Tuairisc ghairid ar na bearta atá á gcur chun feidhme ag (*an Ballstát Iarrthach*) (bearta dá bhforáiltear in Airteagal 13(3)(c)):

\_\_\_\_\_

3. Geallann (*an Ballstát Iarrthach*) cúiteamh cothrom a íoc go mear leis an (*an Ballstát is Soláthraí*) as na bearta dlúthpháirtíochta i gcomhréir le hAirteagal 13(8). Íocfar an cúiteamh in EUR laistigh de 30 lá tar éis an admháil a fháil.

4. Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh:

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Ríomhphost: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_ teileafón cúltaca:

\_\_\_\_\_

Teachtaireachtaí meandracha malartacha: + \_\_\_\_\_



5. Údarás inniúil an Bhallstáit is Soláthraí (deimhnigh an t-údarás i d'admháil fála):

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Ríomhphost: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_ teileafón cúltaca:  
\_\_\_\_\_

Teachtaireachtaí meandracha malartacha: + \_\_\_\_\_

6. OCT freagrach sa Bhallstát iarrthach:

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón + \_\_\_\_\_

7. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh sa Bhallstát iarrthach (i gcás inarb ábhartha): \_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón + \_\_\_\_\_

8. I gcás bearta dlúthpháirtíochta deonacha (margadhbhunaithe), déanfar conarthaí seachadta gáis le rannpháirtithe sa mhargadh sa Bhallstát is Soláthraí a thabhairt i gcrích

- ag an mBallstát iarrthach nó
- ag gníomhaire atá ag gníomhú dó thar ceann an Bhallstáit iarrthaigh (faoi ráthaíocht Stáit).

Ainm: \_\_\_\_\_.

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_.

9. Sonraí teicniúla na hiarrata

a) An méid gáis is gá (iomlán)

\_\_\_\_\_ kWh,

arb é atá ann

gás calrach ard: \_\_\_\_\_ kWh;

gás calrach íseal: \_\_\_\_\_ kWh.

b) Pointí seachadta (idirnascairí):

\_\_\_\_\_;

\_\_\_\_\_;

\_\_\_\_\_;

\_\_\_\_\_.

Tá teorainneacha ann maidir leis na pointí seachadta:

Níl

Tá

Má tá, sonraigh na pointí seachadta sin go díreach agus na toirteanna gáis is gá:

An pointe seachadta:

Toirt an gháis:

\_\_\_\_\_ kWh

\_\_\_\_\_ kWh

\_\_\_\_\_ kWh

\_\_\_\_\_ kWh

Síniú: \_\_\_\_\_

## 2. Admháil fála / iarraidh ar fhaisnéis bhreise (le líonadh isteach i mBéarla)

Treoracha:

Le seoladh laistigh de 30 nóiméad tar éis an iarraidh a fháil.

Le cur faoi bhráid (*Údarás inniúil an Bhallstáit Iarrthaigh*):

Thar ceann (*an Ballstát is Soláthraí*) Admhaím go bhfuarthas d'iarraidh ar na bearta dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) (*scrios Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha*).

Deimhním na sonraí teagmhála atá le húsáid sna chéad chéimeanna eile, nó cheartaigh mé iad:

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Ríomhphost: \_\_\_\_\_

Teileafón:           + \_\_\_\_\_           teileafón           cúltaca:  
\_\_\_\_\_

Teachtaireachtaí meandracha malartacha: + \_\_\_\_\_

(*Má bhíonn an iarraidh neamhiomlán/má bhíonn earráidí nó easnaimh ann*) Tar éis d'iarraidh a fhíorú, is cosúil go bhfuil na hearráidí seo a leanas/an fhaisnéis seo a leanas ar iarraidh inti:

.....  
.....

Seol iarraidh leasaithe chugainn, iarraidh ina bhfuil an fhaisnéis atá ar iarraidh/an fhaisnéis cheart laistigh de 30 nóiméad, más féidir.

Arna dhéanamh an (dáta) ..... an (t-am) .....

Síniú: .....

### 3. Tairiscint dlúthpháirtíochta (le líonadh isteach i mBéarla)

Treoracha:

(1) Le seoladh 11 uair an chloig roimh thús an lae seachadta ar a dhéanaí (seachas i gcás force majeure).

(2) Áireofar go príomha sa tairiscint dlúthpháirtíochta tairiscintí ar ghás atá bunaithe ar bhearta deonacha ('Tairiscintí príomhúla'). Ina theannta sin, más rud é nach leor na tairiscintí príomhúla chun na méideanna a luaitear san iarraidh ar dhlúthpháirtíocht a chumhdach, áireofar sa tairiscint dlúthpháirtíochta tairiscintí breise ar ghás ('Tairiscintí tánaisteacha'), agus iad bunaithe ar bhearta éigeantacha. Más rud é nach leor na tairiscintí príomhúla ó Bhallstáit eile is Soláthraithe (más ábhartha) chun an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht a chumhdach, beidh (údarás inniúil an Bhallstáit is soláthraí) réidh chun bearta nach bearta margadhbhunaithe iad a ghníomhachtú agus chun na méideanna atá in easnamh a sholáthar.

Áireofar sa chúiteamh de bhun Airteagal 13(8) maidir le gás dlúthpháirtíochta atá bunaithe ar bhearta deonacha, praghas an gháis (praghas a eascraíonn as clásail chonartha, tairiscintí nó sásra margadhbhunaithe eile a chuirtear i bhfeidhm) agus na costais tarchuir go dtí an pointe seachadta. Íocfaidh an Ballstát Iarrthach an cúiteamh sin go díreach le soláthraithe gáis an Pháirtí is Soláthraí.

(4) Áireofar an méid seo a leanas sa chúiteamh (atá le híoc leis an mBallstát is Soláthraí) de bhun Airteagal 13(8) maidir le soláthar an gháis bunaithe ar bhearta éigeantacha:

a. praghas an gháis, a chomhfhreagraíonn don spotphraghas margaidh deireanach atá ar fáil, maidir le cáilíocht an gháis, ar mhalartán an Bhallstáit is Soláthraí ar dháta soláthair an bhirt dlúthpháirtíochta; más ann do roinnt malartáin ar chríoch an Bhallstáit is Soláthraí, comhfhreagraíonn an praghas do mheán uimhríochtúil na spotphraghsanna margaidh deireanacha atá ar fáil ar na malartáin uile; d'éagmais malartán ar chríoch an Bhallstáit is Soláthraí, comhfhreagraíonn an praghas do mheán uimhríochtúil na spotphraghsanna margaidh deireanacha atá ar fáil ar na malartáin uile ar chríoch an Aontais.

b. aon chúiteamh atá le híoc ag an mBallstát is Soláthraí le tríú páirtithe dá ndéantar difear ar bhonn na ndlíthe agus rialachán ábhartha mar thoradh ar an mbeart éigeantach, lena n-áirítear, más iomchuí, aon chostas ar imeachtaí neamhbhreithiúnacha agus imeachtaí

breithiúnacha, agus

na costais iompair go dtí an pointe seachadta.

(5) Titfidh ualach an riosca maidir le hiompar ar an mBallstát is Soláthraí i dtaca le hiompar an gháis go dtí an pointe seachadta.

Áiritheoidh an Ballstát iarrthach go ndéanfar na méideanna gáis arna soláthar ag na pointí seachadta comhaontaithe a dhíluchtú. Beidh an cúiteamh as na bearta dlúthpháirtíochta dlíte gan beann ar shonraíocht iarbhír na dtoirteanna gáis arna soláthar i gcomhréir leis an gconradh.

Dáta .....

An t-am.....

Le cur faoi bhráid (*Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh*).

1. Tar éis d'iarraidh ar dhlúthpháirtíocht, déanann bearta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) (*scrios Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha*), a fuarthas an (dáta) ar (am), (*údarás inniúil an Bhallstáit is Soláthraí*) na tairiscintí seo a leanas a tharchur duit:

2. Faisnéis faoin bpáirtí arb é soláthraí an gháis é

a. An soláthraí gáis / an rannpháirtí sa mhargadh a bhfuil an conradh á shíniú aige

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_

b. An t-údarás inniúil conarthach

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_

c. OCT freagrach:

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_

d. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh (i gcás inarb ábhartha):

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón + \_\_\_\_\_

### 3. Tairiscintí príomhúla – atá bunaithe ar bhearta deonacha ('margadhbhunaithe')

a. Toirt an gháis (iomlán):

\_\_\_\_\_ kWh, arb é atá ann

gás calrach ard: \_\_\_\_\_ kWh,

gás calrach íseal: \_\_\_\_\_ kWh.

b. Tréimhse an tsoláthair:

\_\_\_\_\_

c. An acmhainn iompair iomlán;

\_\_\_\_\_ kWh, arb é atá ann

acmhainn dhocht: \_\_\_\_\_ kWh/h;

acmhainn in-idirbhriste: \_\_\_\_\_ kWh/h.

d. Pointí seachadta (idirnascairí):

An pointe seachadta	An acmhainn iompair dhocht	An acmhainn iompair in-idirbhriste
---------------------	----------------------------	------------------------------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

e. Tagairt don ardán áirithinte acmhainne:

\_\_\_\_\_

f. an cúiteamh measta as an mbeart deonach:

praghas an gháis: EUR;

costais eile EUR (tabhair sonraí)

g. Sonraí íocaíochta

Faighteoir: \_\_\_\_\_

Sonraí bainc: \_\_\_\_\_

**4. Tairiscintí tánaisteacha – bunaithe ar bhearta éigeantacha (‘ nach bhfuil margadhbhunaithe’)**

a. Toirt an gháis (iomlán):

\_\_\_\_\_ kWh, arb é atá ann

gás calrach ard: \_\_\_\_\_ kWh,

gás calrach íseal: \_\_\_\_\_ kWh.

b. Tréimhse an tsoláthair:

\_\_\_\_\_

c. An acmhainn iompair iomlán;

\_\_\_\_\_ kWh, arb é atá ann

acmhainn dhocht: \_\_\_\_\_ kWh/h;

acmhainn in-idirbhriste: \_\_\_\_\_ kWh/h.

d. Pointí seachadta (idirnascairí):

An pointe seachadta	An acmhainn iompair dhocht	An acmhainn iompair in-idirbhriste
---------------------	----------------------------	------------------------------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

_____	_____ kWh/h	_____ kWh/h
-------	-------------	-------------

e. Tagairt don ardán áirithinte acmhainne:

\_\_\_\_\_



f. Costais dhóchúla na mbeart éigeantach:

Praghas measta an gháis in aghaidh kWh: \_\_\_\_\_ EUR;

costais dhóchúla an iompair: \_\_\_\_\_ EUR;

an méid measta íocaíochtaí cúitimh le hearnálacha de gheilleagar an Bhallstáit is Soláthraí a ndéantar difear dóibh le laghduithe ar an soláthar:

\_\_\_\_\_ EUR.

g. Sonraí íocaíochta

Faighteoir: \_\_\_\_\_

Sonraí bainc: \_\_\_\_\_

Arna dhéanamh an (dáta) ..... an (t-am) .....

Síniú: .....

**4. Admháil go bhfuarthas an tairiscint dlúthpháirtíochta** (*le líonadh isteach i mBéarla*)

Treoracha:

Le seoladh laistigh de 30 nóiméad tar éis an tairiscint dlúthpháirtíochta a fháil.

Le cur faoi bhráid (*Údarás Inniúil an Bhallstáit is Soláthraí*).

Thar ceann (*an Ballstát Iarrthach*), admhaím go bhfuarthas do thairiscint ar dhlúthpháirtíocht, fuarthas é an (dáta)...., ar ..... (am).

(*Údarás inniúil an Pháirtí Iarrthaigh*)

Teagmhálaí: .....

Teileafón: + .....

Arna dhéanamh an (dáta) ..... an (t-am) .....

Síniú: .....

5. Tairiscintí dlúthpháirtíochta a ghlacadh / a dhiúltú bunaithe ar bhearta deonacha (*le líonadh isteach i mBéarla*)

Treoracha:

(1) Le seoladh laistigh de 2 uair an chloig tar éis an tairiscint a fháil.

(2) Má ghlactar leis an tairiscint ina hiomláine, déanfar téarmaí beachta na tairisceana a atáirgeadh leis an nglacadh, amhail a fuarthas ón mBallstát is Soláthraí. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag glacadh páirteach na tairisceana ach leis na méideanna atá le soláthar.

Dáta ..... Am .....

1. Thar ceann (*an Ballstát Iarrthach*), glacaim / diúltaím (*go hiomlán / go páirteach*) don tairiscint atá déanta ag an (*Ballstát is Soláthraí*) an (*data*) an (*t-am*) i gcur chun feidhme na mbeart dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) (*scrios Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha*).

2. Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh:

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_

3. OCT freagrach sa Bhallstát iarrthach:

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_

4. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh sa Bhallstát iarrthach (i gcás inarb ábhartha):

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón + \_\_\_\_\_

5. Na tairiscintí príomhúla, bunaithe ar bhearta deonacha, (*tabhair téarmaí beachta na 'dTairiscintí príomhúla', mar a glacadh leo*):

.....

Arna dhéanamh an (dáta) ..... an (t-am) .....

Síniú: .....

**6. Glacadh leis na tairiscintí dlúthpháirtíochta bunaithe ar bhearta éigeantacha (le líonadh isteach i mBéarla)**

Treoracha:

- (1) Le seoladh laistigh de 3 uair an chloig tar éis an tairiscint dlúthpháirtíochta a fháil.
- (2) Má ghlactar leis an tairiscint ina hiomláine, déanfar téarmaí beachta na tairisceana a atáirgeadh leis an nglacadh, amhail a fuarthas ón mBallstát is Soláthraí. Ní fhéadfaidh baint a bheith ag glacadh páirteach na tairisceana ach leis na méideanna atá le soláthar ag an bpointe seachadta.
- (3) Áireofar an méid seo a leanas le glacadh le tairiscintí bunaithe ar bhearta éigeantacha:
  - (a) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta deonacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí; (b) más ábhartha, na cúiseanna nár glacadh leis na tairiscintí sin (nóta: d'fhéadfadh sé nach mbaineann na cúiseanna le praghas); (c) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta éigeantacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí; (d) léiriú ar glacadh leis na tairiscintí sin agus, mura glacadh, na cúiseanna atá lena ndiúltú.
- (4) Féadfaidh an Coimisiún glao comhordúcháin a ghairm leis an mBallstát Iarrthach agus leis na Ballstáit is Soláthraithe uile; déanfaidh sé amhlaidh arna iarraidh sin d'aon Bhallstát amháin. Cuirfear an glao teileafóin sin laistigh de 30 nóiméad tar éis glacadh leis na tairiscintí ar dhlúthpháirtíocht bunaithe ar bhearta éigeantacha (más ar thionscnamh an Choimisiúin iad) nó tar éis an iarraidh ar ghlaó comhordúcháin a fháil ó Bhallstát.

Dáta ..... Am .....

1. Thar ceann (*an Ballstát Iarrthach*), glacaim / diúltaím (*go hiomlán / go páirteach*) don tairiscint atá déanta ag an (*Ballstát is Soláthraí*) an (*data*) an (*t-am*) i gcur chun feidhme na mbeart dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) (*scríos Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha*).

2. Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh:

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_

3. OCT freagrach sa Bhallstát iarrthach:

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón: + \_\_\_\_\_

4. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh sa Bhallstát iarrthach (i gcás inarb ábhartha):

\_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Teileafón + \_\_\_\_\_

5. An tairiscint thánaisteach a glacadh, bunaithe ar bhearta éigeantacha (*tabhair foclaíocht bheacht na 'tairisceana tánaistí', mar a fuarthas ón mBallstát is Soláthraí*).

.....

6. Faisnéis bhreise maidir le glacadh le tairiscintí tánaisteacha:

(a) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta deonacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí;

.....

(b) ar glacadh leis na tairiscintí sin? Murar glacadh leo, sonraigh na cúiseanna leis sin:

.....

(c) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta éigeantacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí;

.....

(a) ar glacadh leis na tairiscintí sin? Murar glacadh leo, sonraigh na cúiseanna leis sin:

.....

Arna dhéanamh an (dáta) ..... an (t-am) .....

Síniú

## Iarscríbhinn III

### An Rialachán aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha atá déanta air

Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36)	
Cinneadh 2010/685/AE ón gCoimisiún (IO L 293, 11.11.2010, lch. 67)	
Cinneadh 2012/490/AE ón gCoimisiún (IO L 231, 28.8.2012, lch. 16)	
Rialachán (CE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39)	(Airteagal 22 agus an tAirteagal sin amháin)
Cinneadh (AE) 2015/715 ón gCoimisiún (IO L 114, 5.5.2015, lch. 9)	
Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1)	(Airteagal 50 agus an tAirteagal sin amháin)



## Iarscríbhinn IV

### Tábla Comhghaoil

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 1, an chéad fhomhír (an fhoclaíocht tosaigh)	Airteagal 1, an chéad fhomhír (an fhoclaíocht tosaigh)
Airteagal 1, pointe (a)	Airteagal 1(a)
Airteagal 1, pointe (b)	-
Airteagal 1, pointe (c)	Airteagal 1(b)
Airteagal 1, an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír	Airteagal 1, an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír
Airteagal 2(1) (an fhoclaíocht tosaigh)	Airteagal 2(1) (an fhoclaíocht tosaigh)
-	Airteagal 2(1) pointe 1
Airteagal 2(1) pointe 1	Airteagal 2(1) pointe 2
Airteagal 2(1) pointe 2	Airteagal 2(1) pointe 3
Airteagal 2(1) pointe 3	Airteagal 2(1) pointe 4
Airteagal 2(1) pointe 4	Airteagal 2(1) pointe 5
Airteagal 2(1) pointe 5	Airteagal 2(1) pointe 6
Airteagal 2(1) pointe 6	Airteagal 2(1) pointe 7
Airteagal 2(1) pointe 7	Airteagal 2(1) pointe 8

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 2(1) pointe 8	Airteagal 2(1) pointe 9
Airteagal 2(1) pointe 9	Airteagal 2(1) pointe 10
Airteagal 2(1) pointe 10	Airteagal 2(1) pointe 11
Airteagal 2(1) pointe 11	Airteagal 2(1) pointe 12
Airteagal 2(1) pointe 12	Airteagal 2(1) pointe 13
Airteagal 2(1) pointe 13	Airteagal 2(1) pointe 14
Airteagal 2(1) pointe 14	Airteagal 2(1) pointe 15
Airteagal 2(1) pointe 15	Airteagal 2(1) pointe 16
Airteagal 2(1) pointe 16	Airteagal 2(1) pointe 17
Airteagal 2(1) pointe 17	Airteagal 2(1) pointe 18
Airteagal 2(1) pointe 18	Airteagal 2(1) pointe 19
Airteagal 2(1) pointe 19	Airteagal 2(1) pointe 20
Airteagal 2(1) pointe 20	Airteagal 2(1) pointe 21
Airteagal 2(1) pointe 21	Airteagal 2(1) pointe 22
Airteagal 2(1) pointe 22	Airteagal 2(1) pointe 23
Airteagal 2(1) pointe 23	Airteagal 2(1) pointe 24

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 2(1) pointe 24	Airteagal 2(1) pointe 25
Airteagal 2(1) pointe 25	Airteagal 2(1) pointe 26
Airteagal 2(1) pointe 26	Airteagal 2(1) pointe 27
Airteagal 2(1) pointe 27	Airteagal 2(1) pointe 28
Airteagal 2(1) pointe 28	Airteagal 2(1) pointe 29
-	Airteagal 2(1) pointe 30
-	Airteagal 2(1) pointe 31
-	Airteagal 2(1) pointe 32
-	Airteagal 2(1) pointe 33
-	Airteagal 2(1) pointe 34
-	Airteagal 2(1) pointe 35
-	Airteagal 2(1) pointe 36
-	Airteagal 2(1) pointe 37
-	Airteagal 2(1) pointe 38
Airteagal 2(2)	Airteagal 2(2)
-	Airteagal 3

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
-	Airteagal 4
Airteagal 14	Airteagal 5
Airteagal 14(1)	Airteagal 5(1) go (2)
-	Airteagal 5(3)
Airteagal 14(3)	Airteagal 5(4)
Airteagal 14(2)	Airteagal 5(5)
-	Airteagal 6
Airteagal 15	Airteagal 7
Airteagal 7(1) go (2)	Airteagal 7(1) go (2)
-	Airteagal 7(3)
Airteagal 7(3)	Airteagal 7(4)
-	Airteagal 7(4), an dara fomhír
Airteagal 7(4)	Airteagal 7(5)
Airteagal 7(5)	Airteagal 7(6)
-	Airteagal 8
Airteagal 16	Airteagal 9

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 16(1) go (3)	Airteagal 9 (1) go (3)
-	Airteagal 9(4)
Airteagal 9(4)	-
Airteagal 9(5)	-
Airteagal 17	Airteagal 10
Airteagal 22	Airteagal 11
Airteagal 21	Airteagal 12
Airteagal 3	Airteagal 13
-	Airteagal 14
Airteagal 13	Airteagal 15
-	Airteagal 16
-	Airteagal 17
-	Airteagal 18
-	Airteagal 19
-	Airteagal 20
Airteagal 4	Airteagal 21

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 5	Airteagal 22
Airteagal 5(1) go (4)	Airteagal 22 (1) go (4)
Airteagal 8	Airteagal 23
Airteagal 8 (1) go (3)(f)	Airteagal 23 (1) go (3)(f)
-	Airteagal 23(3), pointe (g)
-	Airteagal 23(3) fomhír 2
Airteagal 8(4)	Airteagal 23(4)
-	Airteagal 23(4) fomhír 2
Airteagal 8(5) go (6), pointe 1	Airteagal 23(5) go (6), pointe 1
-	Airteagal 23(6)(m)
Airteagal 8 (7) go (11)	Airteagal 23 (7) go (11)
Airteagal 8(11)	Airteagal 23(10)
Airteagal 8(12)	Airteagal 23(11)
Airteagal 9	Airteagal 24
Airteagal 24	Airteagal 25
Airteagal 10	Airteagal 26

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 11	Airteagal 27
Airteagal 12	Airteagal 28
Airteagal 29	Airteagal 29
-	Airteagal 29(a)
Airteagal 29(b) agus (c)	Airteagal 29(b) agus (c)
Airteagal 18	Airteagal 30
Airteagal 18(1) go 6	Airteagal 30(1) go 6
-	Airteagal 30(7)
Airteagal 19	Airteagal 31
Airteagal 19(1)	Airteagal 31(1)
-	Airteagal 31(2)
Airteagal 19(2)	Airteagal 31(3)
Airteagal 19(3)	Airteagal 31(4)
Airteagal 19(4)	Airteagal 31(5)
Airteagal 19(5)	Airteagal 31(6)
-	Airteagal 31(6), an dara fomhír

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 20	Airteagal 32
-	Airteagal 33
-	Airteagal 34
-	Airteagal 35
-	Airteagal 36
-	Airteagal 37
-	Airteagal 38
-	Airteagal 39
-	Airteagal 40
-	Airteagal 41
-	Airteagal 42
-	Airteagal 43
-	Airteagal 44
-	Airteagal 45
-	Airteagal 46
-	Airteagal 47



<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
-	Airteagal 48
-	Airteagal 49
-	Airteagal 50
-	Airteagal 51
	Airteagal 52
Airteagal 6	Airteagal 53
	Airteagal 53 (1) go (15)
Airteagal 6 (1) go (12)	-
-	Airteagal 54
	Airteagal 55
Airteagal 7	Airteagal 55 (1) go (3)
Airteagal 7(1) go (4)	-
Airteagal 23	Airteagal 56
Airteagal 23(1)	-
-	Airteagal 56 (1) go (5)
Airteagal 23(6) agus (7)	-

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 25	-
Airteagal 23	Airteagal 57
Airteagal 58(1) agus (2)	Airteagal 58(1) agus (2)
	Airteagal 58 (3) go (7)
Airteagal 27	Airteagal 59
-	Airteagal 59 (1) go (3)
Airteagal 27(1) agus (2)	-
-	Airteagal 60
Airteagal 28	Airteagal 61
Airteagal 28(1)	Airteagal 61(1)
-	Airteagal 61(2) agus (3)
Airteagal 28(2)	-
Airteagal 30	Airteagal 62
Airteagal 30, pointe (a)	-
Airteagal 30, pointe (b)	-
Airteagal 30, pointe (c)	-

<b>Rialachán (AE) Uimh. 715/2009</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 30 fomhír 2	-
-	Airteagal 63
-	Airteagal 64
-	Airteagal 65
-	Airteagal 66
-	Airteagal 67
Airteagal 31	Airteagal 68
Airteagal 32	Airteagal 69
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
-	Iarscríbhinn II
-	Iarscríbhinn III
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn IV

### *Réasúnú*

*Bhí gá le leasuithe ar chodanna den togra atá fós gan athrú ('páirteanna bána') ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs nó toisc go bhfuil dlúthbhaint idir na leasuithe agus leasuithe inghlactha eile*

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é an rochtain ar fhoinsí fuinnimh agus na bealaí ina ndéantar iad a thiontú a chinnfidh forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus sibhialta ár bpláinéid. Is iad breoslaí iontaise an phríomhfhoinsí fuinnimh a bhí ann agus atá fós ann, agus tá an méadú ollmhór ar an úsáid a bhaintear astu ina shiocair, ní hamháin leis an díghrádú díreach ar an gcomhshaol, ach le téamh domhanda radacach freisin agus leis na rioscaí drámatúla a bhaineann leis sin, rud a dhearbhaigh 196 thír i bPáras in 2015 ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir leis an Aeráid.

Tá sé in am, dá bhrí sin, deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite atá saor ó charbón agus é sin a dhéanamh go mear. Ó thaobh na dtomhaltóirí de — tomhaltóirí aonair, tionsclaíocha, comhchoiteanna — is é an leictreachas an t-iompróir fuinnimh is sábháilte ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de. Mar sin féin, ní féidir gach próiseas tionsclaíoch, iompar nó modh cumarsáide a leictriú. De bhrí gur gá, dá bhrí sin, foinsí eile atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de a chur san áireamh - an hidrigin, arb é an t-uisce an t-aon dramhaíl iar-úsáide atá aici; is í an hidrigin freisin an bealach is fearr chun leictreachas a stóráil ar mórscaála sa todhchaí.

Tá ré na hidrigine ag teacht, mar atá tuartha leis na deicéanna de bhlianta; ach anois, a bhuíochas le hinfheistíocht an Aontais Eorpaigh i dtaighde ceannródaíoch ar tháirgeadh, iompar agus úsáid hidrigine, tá an ré sin linn anois. Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, tá ár Straitéis Hidrigine againn cheana féin. Is é an Rialachán seo, in éineacht leis an Treoir a bhfuil teideal comhchosúil aige, an chéad phacáiste reachtach chun an bealach a réiteach do chruthú bhunchloch na hidrigine agus d'úsáid fhorleathan na hidrigine mar iompróir fuinnimh. Beidh sé mar aidhm ag Parlaimint na hEorpa a áirithiú go mbeidh an Pacáiste um Hidrigin agus Gáis Dhícharbhonaithe i gcomhréir leis an Dlí Aeráide agus comhsheasmhach leis an bPacáiste 'Oiriúnach do 55' agus go gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha a bhaineann le reachtaíocht Eorpach chobhsaí.

Tar éis roinnt cruinnithe le hearnáil na tionsclaíochta, le FBManna, le hacadóirí, le ceardchumann, le heagraíochtaí áitiúla agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, is féidir leis an Rapóirtéir a chur in iúl gur geal leis na geallsealbhóirí an togra le haghaidh Rialachán ón gCoimisiún Eorpach. Eascraíonn na barúlacha seo a leanas, chomh maith le leasuithe an Rapóirtéara, go háirithe as na cruinnithe sin.

Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sainmhínithe beachta agus comhlíonadh na sainmhínithe sin gan eisceachtaí. Measadh go raibh cumasc na hidrigine agus an gháis nádúrtha thar a bheith mífhabhrach, cé go raibh sé inghlactha i gcásanna eisceachtúla. Agus costais agus

astaíochtaí breoslaí á ríomh, moltar go láidir an slabhra iomlán táirgthe, soláthair, iompair, diúscartha, etc. a chur san áireamh.

Éilíonn na riachtanais ollmhóra infheistíochta dreasachtaí do tháirgeoirí agus do thomhaltóirí hidrigine, lena n-áirítear fíorlascaí tarraife agus dreasachtaí airgeadais eile, rochtain ar thaighde agus nuálaíocht theicneolaíoch agus cruthú margaidh inmheánaigh Eorpaigh don hidrigin, chomh maith le comhar le comhpháirtithe iontaofa ó na tríú tíortha.

Laistigh den Aontas, is den bhunriachtanas é an comhar atá idir údarais pholaitiúla, an lucht tionscail, FBManna, an eolaíocht agus ENRanna agus an tsochaí shibhialta. Is é sin an fáth a bhfuil gníomhaíochtaí institiúidí amhail an Chomhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan agus Hydrogen Europe chomh tábhachtach sin. Ba cheart tacaíocht phoiblí leathan a lorg don Chomhaontú Glas don Eoraip, agus go háirithe do tháirgeadh, iompar agus úsáid hidrigine. Ceanglaítear ar na Ballstáit straitéisí hidrigine a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta. Féachfaidh na hinstiúidí Eorpacha le maoiniú infheistíochtaí le haghaidh hidrigin a áirithiú ó chlár agus ó chistí an Chomhphobail.

Cuirtear san áireamh sna leasuithe freisin na réitigh a glacadh i bPlean RePowerEU ón gCoimisiún Eorpach, ar freagairt é ar ionsaí foréigneach agus coiriúil na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar an ngá atá ann don Aontas imeacht go mear ó allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Tá sé molta conair éifeachtach, lán-trédhearcach i dtreo infheistíochtaí bonneagair a bheith ann a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh chuig an Aontas; ní mór do na hinfeistíochtaí freagairt do réitigh a sheasfaidh an aimsir agus cosaint a thabhairt i gcoinne cruthú sócmhainní tréigthe. Tá réitigh molta freisin chun bithmheatán a chur chun cinn, agus é mar sprioc 35bcm ar a laghad de bithmheatán a tháirgeadh agus a instealladh isteach sa chóras gáis nádúrtha faoin 31 Nollaig 2030. Tá sainmhíniú déanta ar an teorainn a bheidh le hallmhairí gáis ag Ballstát ó thríú tír agus an gá atá le hathbheithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an maolú ar phíblínte gáis ó thríú tíortha - sa dá chás ó thíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá neartú déanta ar na rialacha a bhaineann leis an bhféidearthacht gás a cheannach go comhpháirteach ó thríú tíortha - mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa cheana féin 12 bhliain ó shin. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na forálacha maidir leis an gcómhargadh fuinnimh a oscailt do thíortha an Chomhphobail Fuinnimh, go háirithe don Úcráin. Leis na leasuithe ar an Rialachán, tugadh isteach réitigh a glacadh le déanaí faoin Rialachán maidir le Stóráil Gáis.

Níor luadh aon fhorchoimeádais thromchúiseacha faoin dréacht-Rialachán a thíolaic an Coimisiún Eorpach ach amháin maidir leis an togra le haghaidh bhainistiú an mhargaidh agus an bhonneagair nuachruthaithe hidrigine ag an institiúid nua: Líonraí Eorpacha na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine (ENNOH) Mar thoradh ar an iliomad plé fada, tá réiteach molta ag an Rapóirtéir a sheachnaíonn institiúid margaidh fuinnimh eile a chruthú san Aontas, ós rud é go bhfuil an chuid sin den mhargadh fós ag a chéim thosaigh forbartha; ag an am céanna, is mór

ag an Rapóirtéir go ndéantar cur síos soiléir, agus poiblí, ar riachtanais, rioscaí agus údair dóchais na rannpháirtithe sa mhargadh hidrigine trí struchtúr hidrigine ar leithligh a bhunú laistigh de ENTSO-G. Cúis thábhachtach leis an togra sin is ea an gá atá le bonneagar gáis nádúrtha a athchuspóru isteach sa bhonneagar hidrigine agus sócmhainní tréigthe a íoslaghdú. Léireofar sna deich mbliana amach romhainn an mbeidh gá le struchtúr (ENNOH) ar leithligh.

Is mór ag an Rapóirtéir freisin ról ENTSO-E maidir leis an margadh hidrigine a chruthú agus tacú leis, go háirithe maidir le hidrigin inathnuaite a tháirgeadh ó fhuinneamh in-athnuaite, ós rud é nach bhfuil ach dhá phríomhiompróir fuinnimh ag an réiteach a bheidh ann amach anseo san Aontas: leictreachas agus hidrigin, le sciar beag de bhithghás/bithmheatán agus bithmhais. Déanfar hidrigin a tháirgeadh trí leictrealú agus, chomh maith lena húsáid dhíreach sa tionscal nó san iompar, úsáidfear í freisin chun leictreachas a stóráil.

**IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE  
ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR**

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
<i>Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)</i>
Comhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa (CEER)
an Comhphobal Fuinnimh
Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)
Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Gáis (ENTSO-G)
Hydrogen Europe
Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC)
an Tascfhórsa um Aer Glan
an Comhlachas Idirnáisiúnta um Tháirgeoirí Ola & Gáis ( <i>IOGP</i> )
an Comhlachas Eorpach um Bithghás
Eurogas
An Líonra um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAN) Eoraip
Agora Energiewende
Emerson Automation Solutions
Comhlachas Cruach na hEorpa (EUROFER)
Fondúireacht Bellona
Coiste Eorpach na nDéantóirí Fearais Téimh Baile agus Cócaireachta CEFACD - (CEFACD - )
PGNiG S.A.
SolarPower Europe
an Chomhairle Eorpach um Thionscal na gCeimiceán (CEFIC)
SSAB
Gas Distributors for Sustainability (GD4S)

France Hydrogen
Energinet
Eurelectric
ENGIE
Iberdrola
Gaz-System S.A.
Cónaidhm Fhiontar na hIorua (NHO)
Gas Naturally
Euroheat & Power
Comhlachas Eorpach na nGás Tionsclaíoch (EIGA)
Polenergia S.A.



2.2.2023

## LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA

Cristian-Silviu Buşoi

An Cathaoirleach

An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

AN BHRUISÉIL

Ábhar: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú) (COM(2021)0804 – C9-0470/2021 – 2021/0424(COD))

A Cathaoirligh, a chara,

Tá scrúdú déanta ag an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an togra dá dtagraítear thuas de bhun Riail 110 maidir le Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa a athmhúnlú.

Seo a leanas mír 3 den Riail sin:

*‘Má mheasann an coiste atá freagrach as gnóthaí dlíthiúla nach bhfuil aon athruithe substainteacha i gceist leis an togra, seachas na hathruithe sin a shainaitnítear sa togra mar athruithe den sórt sin, cuirfidh sé an méid sin in iúl don choiste atá freagrach as ábhar an togra.*

*I gcás den sórt sin, de bhreis ar na coinníollacha a leagtar síos i Riail 180 agus i Riail 181, ní bheidh leasuithe inghlactha laistigh den choiste atá freagrach as an ábhar ach amháin má bhaineann siad leis na codanna sin den togra ina bhfuil athruithe.*

*Féadfaidh Cathaoirleach an choiste atá freagrach as an ábhar, áfach, mar eisceacht agus ar bhonn cás ar chás, glacadh le leasuithe ar chodanna den togra a fhanann gan athrú, má mheasann sé nó sí go bhfuil gá leis sin mar gheall ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs nó toisc go bhfuil dlúthbhaint idir na leasuithe agus leasuithe inghlactha eile. Caithfear cúiseanna den sórt sin a shonrú i réasúnú i scríbhinn ar na leasuithe.’*

Tar éis an tuairim atá i gceangal leis seo a fháil ó Mheitheal Chomhairleach Sheirbhísí Dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, a bhfuil scrúdú déanta aici ar an togra athmhúnlaithe, agus i gcomhréir leis na moltaí ón Rapóirtéir, measann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla nach bhfuil aon leasuithe substainteacha i gceist leis an togra atá i dtrácht seachas na leasuithe sin a shainaitnítear sa togra mar leasuithe den sórt sin, agus, a mhéid a bhaineann le códú na bhforálacha neamhathraithe ón ngníomh a bhí cheana ann in éineacht leis na leasuithe substainteacha sin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar an téacs atá cheana

ann, gan aon athrú ina shubstaint.

Mar fhocal scoir, ag a chruinniú úrghnách an 31 Eanáir 2023, chinn an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla d'aon toil<sup>26</sup> a mholadh go ndéanfaidh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), mar an coiste atá freagrach, scrúdú ar an togra thuasluaite i gcomhréir le Riail 110.

Mise, le meas,

Adrián Vázquez Lázara

---

<sup>26</sup> Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Adrián Vázquez Lázara (Uachtarán), Sergey Lagodinsky (Leas-Uachtarán), Marion Walsmann (Leas-Uachtarán), Lara Wolters (Leas-Uachtarán), Raffaele Stancanelli (Leas-Uachtarán), Pascal Arimont, Manon Aubry, Alessandra Basso, Brando Benifei, Jérémy Decerle (ar son Pierre Karleskind, de bhun Riail 209(7)), Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Frances Fitzgerald (ar son Esteban González Pons, de bhun Riail 209(7)), Virginie Joron, Andrzej Halicki, Heidi Hautala, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Franco Roberti, Axel Voss, Tiemo Wölken.

# IARSCRÍBHINN: TUAIRIM Ó MHEITHEAL CHOMHAIRLEACH SHEIRBHÍSÍ DLÍ PHARLAIMINT NA hEORPA, NA COMHAIRLE AGUS AN CHOIMISIÚIN



MEITHEAL CHOMHAIRLEACH  
NA SEIRBHÍSÍ DLÍ

An Bhruiséil, an 6 Nollaig 2022

## TUAIRIM

### LE CUR FAOI BHRÁID PHARLAIMINT NA hEORPA NA COMHAIRLE AN CHOIMISIÚIN

#### **Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margáí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine COM(2021)804 of 15.12.2021 – 2021/0424(COD)**

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha den teicníc um athmhúnlú maidir le gníomhartha dlí, agus go háirithe pointe 9 de, bhí cruinniú ag an Meitheal Chomhairleach, atá comhdhéanta de sheirbhísí dlí Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin faoi seach, an 7 agus an 30 Meán Fómhair 2022, chun scrúdú a dhéanamh ar an togra thuasluaite arna thíolacadh ag an gCoimisiún.

Le linn na gcrúinnithe sin<sup>27</sup>, is é an toradh a bhí ar an scrúdú ar an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-athmhúnláitear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na líonraí tarchurtha gáis nádúrtha, ná go ndearna an Meitheal Chomhairleach, i gcomhthoil a chéile, an méid seo a leanas a shuí.

1. Ba cheart an méid seo a leanas a mharcáil le cló a bhfuil scáthú liath air a úsáidtear de ghnáth chun leasuithe substainteacha a shainaithint:

- i dteideal an ghnímh, na focail '*ar na margáí inmheánacha le haghaidh*' a chur in ionad na bhfocal '*faoi choinníollacha rochtana ar*' agus na focail '*in-athnuaite agus*' agus '*agus le haghaidh hidrigine*' a chur isteach;
- in aithris 15, scriosadh an fhocail '*tarchur*';
- in aithris 16, cuirtear '*gáis*' in ionad an fhocail deiridh '*gás*'-,
- téacs iomlán Airteagal 5(5);
- sa dara fómhír d'Airteagal 9(3), déantar tagairt do '*an chéad fhomhír, pointe (a)*' a chur in ionad na tagartha a dhéantar do '*phointe (b) den chéad fhomhír*'-,
- in Airteagal 10(1), cuirtear an focal '*nó*' roimh na focail '*stóras hidrigine*'-.

<sup>27</sup> Is bunaithe ar an leagan Béarla a rinne an Meitheal Chomhairleach a cuid oibre, arb é an leagan Béarla sin an mháistirchóip den téacs a bhí á phlé.

- in Airteagal 22(1), déantar na focail ‘an ENTSO’ a chur in ionad na bhfocal ‘na hoibreoírí córais tarchurtha gáis’;
  - in Airteagal 22(2), déantar an focal ‘ceathair’ a chur in ionad an fhocail ‘dó’;
  - in Airteagal 23(8), déantar na focail ‘nó 56’ a chur isteach;
  - in Airteagal 25, an chéad mhír, déantar tagairt do ‘Airteagal 52 go hAirteagal 56’ a chur in ionad na tagartha a dhéantar do ‘Airteagal 23’;
  - in Airteagal 27, déantar tagairt do ‘Airteagail 21 go 23’ a chur in ionad na tagartha a dhéantar do ‘Airteagail 4 go 12’;
  - i bpointe (b) den dara mír d’Airteagal 29, déantar tagairt do ‘Airteagal 56 agus Airteagal 52’ a chur in ionad na tagartha a dhéantar do ‘Airteagal 14 agus Airteagal 22’;
  - in Airteagal 56(3), pointe (a), déantar tagairt do ‘Airteagail 5 go 7’ a chur in ionad na tagartha a dhéantar do ‘Airteagail 14 agus 15’;
  - in Airteagal 56(3), pointe (d), déantar tagairt do ‘Airteagal 15 agus Airteagal 16’ a chur in ionad na tagartha a dhéantar do ‘Airteagal 13’;
  - in Airteagal 58(1), déantar na focail deiridh ‘Airteagal 23’ a scriosadh;
  - in Iarscríbhinn 1, déantar pointe 1.9 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 a scriosadh;
  - in Iarscríbhinn 1, pointe 2.2.2.1, déantar tagairt do ‘Airteagal 5’ a chur in ionad na tagartha a dhéantar do ‘Airteagal 16(1)’.
2. Ba cheart comharthaí foirmiúla oiriúnaithe a bheith marcáilte ar an méid seo a leanas:
- i dteideal an ghnímh, na focail ‘gáis nádúrtha’ a chur in ionad na bhfocal ‘na líonraí tarchurtha gáis nádúrtha’ agus na focail ‘agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005’ a scriosadh;
- sa dara fómhír d’Airteagal 9(3), na focail ‘a mhéid a bhaineann le’ a chur in ionad na bhfocal ‘Maidir le’.

Dá réir sin, d’fhág scrúdú an togra go raibh sé ar chumas na Meithle Comhairlí a theacht ar an tátal, gan aon easaontú, nach bhfuil aon leasuithe substainteacha i gceist leis an togra seachas na leasuithe sin a shainaithnítear sa togra sin mar leasuithe den sórt sin. Tháinig an Mheitheal Chomhairleach ar an tátal freisin, a mhéid a bhaineann le códú na bhforálacha neamhathraithe ó ghníomhartha a bhí cheana ann in éineacht leis na leasuithe substainteacha sin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar na téacsanna atá cheana ann, gan aon athrú ina shubstaint.

F. DREXLER

J.B. LAIGNELOT

D. CALLEJA CRESPO

Comhairleoir Dlí

Ard-Stiúrthóir gníomhach

Ard-Stiúrthóir

3.6.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

Cristian-Silviu Buşoi  
An Cathaoirleach  
An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh  
ASP 11E102  
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim AGRI maidir leis na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán agus Treoir maidir le margáí gáis agus hidrigine

A Chathaoirligh, a chara,

Ag an gcrúinniú a bhí acu an 2 Feabhra 2022, chinn Comhordaitheoirí AGRI tuairim a eisiúint i bhfoirm litreach chuig an gcoiste ITRE, mar an príomhchoiste, maidir leis an dá thogra a leanas ón gCoimisiún:

- Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir leis na margáí inmheánacha do gháis in-athnuaite agus nádúrtha agus do hidrigin (COM/2021/804-2021/0424(COD));
- Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le rialacha comhchoiteanna do na margáí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin (COM/2021/803 - 2021/0425(COD)).

Ar an iomlán, tá dearcadh dearfach ag an gCoiste AGRI maidir leis an dá thogra ón gCoimisiún (ar a dtugtar an ‘Pacáiste Gáis’) mar chreat atá riachtanach agus éifeachtúil chun rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear bithghás agus bithmheatán inbhuanaithe, ar na heangacha dáileacháin agus tarchurtha a éascú. Tá sé sin níos tábhachtaí fós i bhfianaise na géarchéime a d’eascair as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Go deimhin, ní raibh an cás le haghaidh aistriú mear fuinnimh ghlain riamh níos láidre agus níos soiléire.

Rud eile tábhachtach ná an gá atá le fuinneamh in-athnuaite, ísealcharbóin agus bithgháis chun go mbainfidh an tAontas Eorpach amach na spriocanna aeráide a leagtar síos sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ agus chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha a bhfuil sé deacair iad a cheansú. Leis an bPacáiste Gáis atá á bhreithniú, leathnaítear cearta tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh agus rannpháirtíocht sa mhargadh inmheánach freisin. Thairis sin, measann an Coiste AGRI go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach feirmeoirí atá ag táirgeadh bithghás agus bithmheatán inbhuanaithe cheana féin, nó a bhfuil sé beartaithe acu tús a chur le táirgeadh laistigh agus lasmuigh den eangach araon, a spreagadh agus tacú leo.

Leagann an Coiste AGRI béim ar an ngá atá le sineirgí a bhaint amach le reachtaíocht eile. Ba cheart, go háirithe, comhleanúnachas a áirithiú idir an Pacáiste Gáis agus Treoir RED II (Treoir 2018/2001 an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi mar RED III). Ina theannta sin, iarrann an coiste

AGRI ar an gcoiste ITRE, mar an coiste freagrach, na saincheisteanna seo a leanas a chur i gcuntas:

- Slándáil an tsoláthair:

I bhfianaise na géarchéime fuinnimh a bhfuil ar an Aontas aghaidh a thabhairt uirthi faoi láthair, ba cheart na tograí ón gCoimisiún atá á mbreithniú a athbhreithniú, de réir mar is gá, i bhfianaise imeachtaí a thit amach le déanaí. Sa teachtaireacht uaidh, dar teideal ‘REPowerEU’, an 8 Márta 2022 (COM(2022)108), molann an Coimisiún go ndéanfaí táirgeadh bithmheatáin a mhéadú go 35bcm faoi 2030, arb ionann é agus 10 % de tháirgeadh gáis nádúrtha an lae inniu. Is ionann sin agus níos mó ná dhá oiread an mhéid a leagtar amach sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ ach is ionann an sprioc bithmheatáin agus os cionn 20 % d’allmhairí gáis reatha an Aontais ón Rúis. Chun an sprioc sin a ghnóthú, beidh gá le dlúthchomhar idir an Coimisiún, na Ballstáit agus an slabhra luacha iomlán bithmheatáin. Ní mór aird a thabhairt ar an sprioc sin sa treo agus sa rialachán atá beartaithe. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na geallsealbhóirí, a mheas cibé an bhfuil gá le tuilleadh bearta sonracha rialála chun an sprioc a bhaint amach. Dá bhrí sin, iarrann an coiste AGRI ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta a ullmhú chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainneacht na n-acmhainní tánaisteacha nó dramh-bhithmhaise nach bhfuil aon úsáid mhalartach bhia ná bheathaithe i gceist leo, ón talmhaíocht agus ón bhforaoiseacht chun bithghás agus bithmheatán a tháirgeadh agus a dháileadh;

- Táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin a nascadh le talmhaíocht:
- ✓ Chun borradh a chur faoi tháirgeadh bithgháis agus bithmheatáin atá bunaithe ar thalmhaíocht, ba cheart don Choimisiún béim níos soiléire a leagan ar an ról is féidir leis a imirt maidir leis na spriocanna aeráide atá leagtha síos a ghnóthú. Thairis sin, ba cheart go n-áiríteofaí leis, nuair is féidir, go dtacódh na modhanna reachtacha uile (RED II, an Pacáiste Gáis, CBT, an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, rialacha maidir le Státchabhair, etc.) le táirgeadh méadaithe bithgháis agus bithmheatáin inbhuanaithe sa talmhaíocht agus go n-aithneofaí ann na tairbhí iomadúla a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis;
- ✓ Is féidir le táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin ioncam feirmeoirí a éagsúlú, sruthanna ioncaim breise a ghiniúint agus deiseanna forbartha agus infheistíochta a chur ar fáil i gceantair thuaithe;
- ✓ Is féidir dramhaíl talmhaíochta nach féidir a athchúrsáil (i.e. aoileach) agus sruthanna fuill nach bhfuil aon úsáid mhalartach bhia ná bheathaithe i gceist leo a úsáid i ndíleáiteoirí anaeróbacha chun bithghás agus bithmheatán a tháirgeadh. Nuair a úsáidtear iad chun bithghás a tháirgeadh, is féidir leis na hamhábhair sin rannchuidiú go héifeachtach le hastaíochtaí meatáin ó phróisis dianscaoilte anaeróbaigh sa dúlra a laghdú;
- ✓ Cabhróidh bithghás agus bithmheatán in-athnuaite a tháirgtear go hinbhuanaithe le hastaíochtaí a laghdú (in earnáil an iompair, i dtéamh, i dtáirgeadh cumhachta, sa tionsclaíocht) agus le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú;
- ✓ Is féidir le táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin athchúrsáil éifeachtúil cothaitheach a chur ar fáil. Is féidir cothaithe a ghnóthaítear ón díleáiteán plandaí sin a phróiseáil chun leasacháin orgánacha a dhéanamh astu san fheirmeoireacht nó d’úsáid

thionsclaíoch, rud a laghdaíonn an spleáchas ar leasacháin iontaise. Ba cheart an acmhainneacht sin a chur san áireamh freisin sna Pleananna Straitéiseacha faoi CBT.

Thairis sin, is mian leis an gcoiste AGRI na moltaí a leanas a dhéanamh maidir leis an bPacáiste Gáis atá beartaithe:

- Is gá sainmhíniú soiléir a thabhairt ar tháirgeadh bithgháis agus bithmheatáin ar leithligh ó ghás nádúrtha.

Áirítear bithghás agus bithmheatán araon sa sainmhíniú reatha ar ghás nádúrtha. Tá fadhbanna ag baint leis sin ós rud é go ndéantar gás nádúrtha ar thaobh amháin agus bithghás/bithmheatán ar an taobh eile a tháirgeadh ar bhealaí éagsúla agus gur cheart go léireofaí an méid sin leis an rialachán agus leis an treoir atá beartaithe;

- An ceart chun instealladh a dhéanamh agus costais a roinnt:

Is gá a áirithiú nach mbeadh ar fheirmeoirí na costais ar fad a bhaineann le dul isteach sa mhargadh gáis ná san eangach a sheasamh. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an bPacáiste Gáis go bhfuil sé éasca agus simplí do tháirgeoirí bithgháis agus bithmheatáin a dtáirgeadh a instealladh san eangach gháis. Is féidir é sin a dhéanamh tríd an ‘ceart chun instealladh a dhéanamh’ a áirithiú do tháirgeoirí bithgháis agus bithmheatáin, faoi réir na tástála agus anailíse cáilíochta agus sábháilteachta is gá, chomh maith le comhroinnt costais idir táirgeoirí agus oibreoirí eangaí. Is ar mionscála atá formhór na dtáirgeoirí bithgháis agus bithmheatáin ag feidhmiú, rud a chiallaíonn go mbeadh sé ina bhacainn shuntasach dóibh dá mbeadh orthu na costais go léir a sheasamh;

- Tacaíocht do tháirgeadh bithgháis lasmuigh den eangach freisin :

Tá a lán den táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin ag tarlú lasmuigh den eangach, go príomha i limistéir thalmhaíochta. Dá bhrí sin, cé go ndírítear sa Phacáiste Gáis ar tháirgeadh laistigh den eangach a rialáil, tá sé tábhachtach a chur san áireamh agus a áirithiú go ndéanfar déileáil le táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin lasmuigh den eangach ar an gcaoi chéanna is a dhéantar le bithghás agus bithmheatán a instealltar sa chóras tarchurtha gáis. Mar shampla, ba cheart na nósanna imeachta cuíchóirithe a mholtar sa treoir a bheith infheidhme freisin maidir le láithreáin táirgthe lasmuigh den eangach. Ba cheart taighde a dhéanamh ar chórais nuálaíochta bailithe agus iad a phríomhshruthú;

- Bheadh an sprioc maidir le laghdú ar dhéine GCT maidir leis an soláthar gáis faoi 2030 ar leibhéal an Aontais ina spreagadh breise do gháis in-athnuaite.

Leis an sprioc chun déine GCT i soláthar gáis a laghdú, mhéadófaí an t-éileamh ar bhithghás agus ar bhithmheatán ar ndóigh, ós rud é gurb é sin ceann de na bealaí is éifeachtúla chun úsáid gáis iontaise-bhunaithe a laghdú. Comhartha soiléir a bheadh sa sprioc sin chun táirgeadh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a spreagadh agus chuirfeadh sé go mór le hintuarthacht agus le muinín i measc infheisteoirí sa slabhra luacha gáis;

- Táthar ag iarraidh ar an gCoimisiún mapáil réigiúnach a chur i gcrích maidir le hacmhainneacht táirgthe inbhuanaithe bithgháis agus bithmheatáin:

Chuideodh an mhapáil sin leis an táirgeadh a optamú agus bheadh sí ina bonn d'fhorbairt tionscadal agus do mheasúnú ar riachtanais atreisithe na heangaí. Ba cheart údaráis réigiúnacha, gníomhaireachtaí fuinnimh phoiblí, comhlachais náisiúnta bithgháis agus oibreoirí líonraí a bheith san áireamh sa mhapáil. Thairis sin, i bhfianaise na n-imthosca atá ann faoi láthair, bheadh sé tábhachtach go leagfadh an tAontas amach na modhanna uile chun freagairt don ghá atá le hionadú allmhairí fuinnimh ón Rúis.

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste AGRI, ba mhaith liom a iarraidh ar an gcoiste ITRE aird chuí a thabhairt ar an tuairim sin ina thuarascálacha ar an rialachán agus an treoir maidir leis an bPacáiste Gáis atá beartaithe.

Mise, le meas,

Norbert Lins



## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú)			
<b>Tagairtí</b>	COM(2021)0804 – C9-0470/2021 – 2021/0424(COD)			
<b>Dáta tíolactha chun na Parlaiminte</b>	15.12.2021			
<b>An Coiste freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 17.2.2022			
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG 17.2.2022	ECON 17.2.2022	ENVI 17.2.2022	IMCO 17.2.2022
	AGRI 17.2.2022			
<b>Gan tuairim a thabhairt</b> Dáta an chinnidh	BUDG 13.1.2022	ECON 25.1.2022	ENVI 26.1.2022	IMCO 25.1.2022
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Jerzy Buzek 16.2.2022			
<b>Pléite sa choiste</b>	13.7.2022			
<b>Dáta an ghlactha</b>	9.2.2023			
<b>Toradh an vótála críochnaithí</b>	+: 54 –: 17 0: 1			
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Michael Bloss, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Valter Flego, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Eva Maydell, Iskra Mihaylova, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Robert Roos, Sara Skytvedal, Maria Spyrali, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho			
<b>Comhaltai ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Damian Boeselager, Jakop G. Dalunde, Margarita de la Pisa Carrión, Matthias Ecke, Cornelia Ernst, Klemen Grošelj, Elena Kountoura, Dace Melbārde, Alin Mituța, Jutta Paulus, Massimiliano Salini			
<b>Comhaltai ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Marco Campomenosi, Rosanna Conte, Jarosław Duda, France Jamet, Aušra Maldeikienė, Tilly Metz, Alessandro Panza, Rovana Plumb			
<b>Dáta don chur síos</b>	16.2.2023			



## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

54	+
ECR	Izabela-Helena Kloc, Margarita de la Pisa Carrión, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski
ID	Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Rosanna Conte, Marie Dauchy, France Jamet, Alessandro Panza
PPE	Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Jarosław Duda, Christian Ehler, Seán Kelly, Aušra Maldeikienė, Eva Maydell, Dace Melbārde, Markus Pieper, Massimiliano Salini, Sara Skyttedal, Maria Spyraiki, Henna Virkkunen, Pernille Weiss
Renew	Nicola Beer, Nicola Danti, Valter Flego, Bart Groothuis, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Alin Miţuţa, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen
S&D	Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Matthias Ecke, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Tsvetelina Penkova, Rovana Plumb, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho

17	-
ECR	Johan Nissinen, Robert Roos
ID	Markus Buchheit
NI	András Gyürk, Clara Ponsatí Obiols
The Left	Marc Botenga, Cornelia Ernst, Elena Kountoura
Verts/ALE	Michael Bloss, Damian Boeselager, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Henrike Hahn, Tilly Metz, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa

1	0
PPE	François-Xavier Bellamy

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

- + : i bhfabhar
- : i gcoinne
- 0 : staonadh: